

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I Gníomhartha reachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh ⁽¹⁾ 1
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1228/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 429/73 ón gComhairle lena ndéantar forálacha speisialta maidir le hearraí áirithe a allmhairiú isteach sa Chomhphobal, ar earraí iad a thagann faoi réim Rialachán (CEE) Uimh. 1059/69 agus ar earraí de thionscnamh na Tuirce iad 17
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1229/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe ón gComhairle atá imithe i seandacht i réimse an chomhbheartais talmhaíochta 18
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1230/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le haisghairm gníomhartha áirithe ón gComhairle atá imithe i seandacht i réimse an chomhbheartais tráchtála 21
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1231/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 ón gComhairle maidir leis na rialacha le haghaidh chur chun feidhme an mhodhnaithe dheonaigh ar íocaíochtaí díreacha faoin gcomhbheartas talmhaíochta 24
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1232/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle lena ndéantar córas Comhphobail a chur ar bun chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú agus ar bhróicéireacht ítimí dé-úsáide agus ar iad a bheith ar idirthuras 26

Praghas: EUR 7

(ar leanúint ar an gcéad leathanach eile)

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE

GA

* Faoin tagairt L 326 a foilsíodh ábhar an eagrán seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2001/76/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2001/77/CE ón gComhairle 45



I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1227/2011 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Deireadh Fómhair 2011

maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá sé tábhachtach a áirithiú gur féidir le tomhaltóirí agus rannpháirtithe eile sa mhargadh muinín a bheith acu as sláine na margaí leictreachais agus gáis, go bhfreagraítear le praghsanna arna socrú ar mhargaí mórdhíola fuinnimh idirghníomhú cóir agus iomaíoch idir soláthar agus éileamh, agus nach féidir aon bhrabúis a ghnóthú as droch-úsáid mhargaidh.

(2) Ba cheart gurb é an aidhm a bheadh ag sláine mhéadaithe agus ag trédhearcacht sna margaí mórdhíola fuinnimh ná iomaíocht oscailte agus chóir a chothú sna margaí mórdhíola fuinnimh, rud a rachadh chun tairbhe do thomhaltóirí deiridh fuinnimh.

(3) Sa chomhairle ó Choiste na Rialtóirí Urrús Eorpacha agus ó Ghrúpa Rialálaithe na hEorpa um Leictreachas agus um Ghás (ERGEG), daingníodh go bhféadfadh sé nach dtugtar aghaidh mar is cuí, faoi raon feidhme na reachtaíochta reatha, ar shaincheisteanna maidir le sláine margaidh sna margaí gáis agus leictreachais agus moladh go ndéanfaí breithniú ar chreat iomchuí reachtaíochta a cheapfaí go sainiúil don earnáil fuinnimh agus trína gcoiscfí droch-úsáid margaidh agus a chuirfeadh dálaí sainiúla earnála san áireamh nach bhfuil cumhdaithe le teoracha agus rialacháin eile.

(4) Tá margaí mórdhíola fuinnimh idirnasctha ar fud an Aontais níos mó ná riamh. Is minic a dhéanann droch-úsáid margaidh i mBallstát amháin difear ní amháin do phraghsanna mórdhíola gáis nádúrtha agus leictreachais thar teorainneacha náisiúnta ach do phraghsanna miondíola do thomhaltóirí agus do mhicrifhiontair freisin. Ní féidir, dá bhrí sin, gur faoi Bhallstáit aonair, agus fúthu amháin, atá sé sláine margaí a áirithiú. Tá faireachán margaidh láidir trasteorann sár-riachtanach chun margadh fuinnimh inmheánach atá lánfheidhmiúil, idirnasctha agus lánpháirtithe a chomhlánú.

(5) Cuimsíonn margaí mórdhíola fuinnimh margaí tráchtarraí agus margaí díorthach araon, ar margaí iad atá rithábhachtach do na margaí fuinnimh agus airgeadais, agus tá foirmiú praghsanna sa dá earnáil idirnasctha. Áirítear orthu sin, *inter alia*, margaí rialáilte, saoráidí trádála iltaobhacha agus idirbhearta thar an gcuntar (OTC) agus conarthaí déthaobhacha, cibé acu go díreach nó trí bhróicéirí.

(6) Go dtí seo, tá cleachtais maidir le faireachán ar mhargaí fuinnimh sainiúil don Bhallstát agus don earnáil. Ag brath ar chreat foriomlán an mhargaidh agus ar an staid ó thaobh cúrsaí rialála, is féidir gurb é atá mar thoradh air sin go bhfuil gníomhaíochtaí trádála faoi réir ildlíní agus go bhfuil faireachán á dhéanamh ag roinnt údarás éagsúil a d'fhéadfadh a bheith suite i mBallstáit éagsúla. Is féidir gurb é atá mar thoradh air sin go bhfuil easpa soiléireachta faoi cé atá freagrach agus fiú amháin, nach bhfuil aon fhaireachán den sórt sin ann.

⁽¹⁾ IO C 132, 3.5.2011, lch. 108.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Meán Fómhair 2011 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2011.

- (7) Ní dhéantar iompraíocht a bhaineann an bonn de shláine an mhargaidh fuinnimh a thoirmeasc go soiléir faoi láthair ar chuid de na margaí fuinnimh is tábhachtaí. Chun na tomhaltóirí deiridh a chosaint agus chun praghsanna fuinnimh inacmhainne a ráthú do shaoránaigh na hEorpa, tá sé sár-riachtanach iompraíocht den sórt sin a thoirmeasc.
- (8) Déantar trádáil díorthach, a fhéadtar a shocrú go fisiceach nó ar bhonn airgeadais, agus trádáil tráchtearraí a úsáid in éineacht lena chéile ar margaí mórdhíola fuinnimh. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeidh na sainmhínte ar thrádáil chos istigh agus ar chúbláil mhargaidh, arb ionann agus droch-úsáid mhargaidh iad, comhoiriúnach i dtaca le margaí díorthach agus margaí tráchtearraí. Ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo, i bprionsabal, maidir le gach idirbheart a thugtar i gcrích ach, ag an am céanna, ba cheart go gcuirfí san áireamh leis saintréithe sonracha na margaí mórdhíola fuinnimh.
- (9) Níl conarthaí miondhíola lena gcumhdaítear soláthar leictreachais nó gáis nádúrtha do thomhaltóirí deiridh a chur faoi réir cúblála margaidh ar an gcaoi chéanna le conarthaí mórdhíola, ar conarthaí iad sin is féidir a cheannach agus a dhíol go héasca. Mar sin féin, is féidir le cinntí tomhaltais na n-úsáideoirí fuinnimh is mó difear a dhéanamh freisin do phraghsanna ar na margaí mórdhíola fuinnimh, rud a bhfuil éifeachtaí aige thar teorainneacha náisiúnta. Dá bhrí sin, is iomchuí conarthaí soláthair úsáideoirí móra den sórt sin a bhreithniú i gcomhthéacs áiritiú shláine na margaí mórdhíola fuinnimh.
- (10) Agus aird á tabhairt ar thorthaí an scrúdaithe atá leagtha amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2010 dar teideal "I dtreo creata feabhsaithe formhaoirseachta margaidh do Scéim Trádála Astaíochtaí an AE", ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh i dtuairim togra reachtach a thabhairt ar aghaidh chun dul i ngleic leis na heasnamh atá sainaitheanta maidir le trédhearcacht, sláine agus maoirseacht an mhargaidh carbóin san Eoraip laistigh de thráthchlár iomchuí.
- (11) Le Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha rochtana ar an ngréasán um malartuithe trasteorann sa leictreachas⁽¹⁾ agus le Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin tarchurtha gáis nádúrtha⁽²⁾, aithnítear go bhfuil gá le rochtain chomhionann ar fhaisnéis maidir le stádas fisiceach agus le héifeachtúlacht an chórais chun a chumasú do gach rannpháirtí margaidh staid fhoriomlán an éilimh agus an tsoláthair a mheasúnú agus na cúiseanna le luaineachtaí sa phraghas mórdhíola a shain-aithint.
- (12) Ba cheart úsáid faisnéise cos istigh, nó féachaint lena húsáid, ag duine chun trádáil ar chuntas an duine féin nó ar chuntas tríú páirtí a thoirmeasc go soiléir. Is féidir gurb ionann úsáid faisnéise cos istigh agus trádáil i dtáirgí mórdhíola fuinnimh ag daoine, a bhfuil a fhios acu, nó ar cheart dóibh fios a bheith acu, gur faisnéis chos istigh í an fhaisnéis atá acu. Níor cheart go measfaí gur faisnéis chos istigh í faisnéis i ndáil le pleananna agus straitéisí an rannpháirtí margaidh féin le haghaidh trádála. Maidir le faisnéis a cheanglaítear a phoiblíú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 nó le Rialachán (CE) Uimh. 715/2009, lena n-áirítear treoirlínte agus cóid ghréasáin arna nglacadh de bhun na Rialachán sin, más faisnéis phraghas-íogair í, féadfar í a úsáid mar bhonn le cinntí de chuid rannpháirtithe margaidh chun idirbhearta a dhéanamh i dtáirgí mórdhíola fuinnimh agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé gurb ionann í agus faisnéis chos istigh go dtí tráth a foilsithe.
- (13) Is é atá i gceist le cúbláil ar margaí mórdhíola fuinnimh ná gníomhaíochtaí a dhéanann daoine agus a chuireann faoi deara go saorga do phraghsanna a bheith ar leibhéal nach bhfuil údar maith leis de réir fhórsaí soláthair agus éilimh an mhargaidh, lena n-áirítear infhaighteacht iarbhir acmhainneachta táirgthe, stórála nó iompair, agus éileamh. Áirítear na nithe seo a leanas i measc cineálacha cúblála margaidh: orduithe bréagacha a dhéanamh agus a tharraingt siar; faisnéis bhréagach nó mhíthreorach nó ráflaí a scaipeadh trí na meáin, lena n-áirítear ar an idirlíon, nó ar aon mhodh eile; faisnéis bhréagach a sholáthar d'aon ghnó do ghnóthais a sholáthraíonn praghasmheasúnuithe nó tuarascálacha margaidh, ar faisnéis í a mbeadh d'éifeacht aici go ndéanfaí rannpháirtithe margaidh, ag gníomhú dóibh ar bhonn na bpraghasmheasúnuithe nó na dtuarascálacha margaidh sin, a chur ar míthreoir; agus é a thabhairt le tuiscint, d'aon ghnó, go bhfuil infhaighteacht acmhainneachta giniúna leictreachais nó infhaighteacht gáis nádúrtha, nó infhaighteacht acmhainneachta tarchurtha, de chineál nach ionann agus an acmhainneacht atá ar fáil iarbhir go teicniúil i gcás ina ndéanadh an fhaisnéis sin difear, nó inar dóigh di difear a dhéanamh, do phraghas na dtáirgí mórdhíola fuinnimh. Féadfaidh cúbláil agus éifeachtaí na cúblála tarlú thar teorainneacha, idir margaí leictreachais agus gáis, agus thar na margaí airgeadais agus tráchtearraí, lena n-áirítear margaí na lamhálas i gcomhair astaíochtaí.
- (14) I measc na samplaí de chúbláil mhargaidh agus d'iarrachtaí cúbláil a dhéanamh ar an margadh, áirítear iompraíocht duine, nó iompraíocht daoine atá ag gníomhú i gcomhar lena chéile, chun ról cinntitheach a bhaint amach i ndáil le soláthar táirge mórdhíola fuinnimh, nó i ndáil le héileamh ar tháirge den sórt sin, rud a mbeadh d'éifeacht dhíreach aige, nó a bhféadfadh sé go mbeadh sé d'éifeacht dhíreach aige, praghsanna a shocrú, go díreach nó go hindíreach, nó go gcruthófaí coinníollacha trádála éagóracha eile; agus táirgí mórdhíola fuinnimh a thairiscint, a cheannach nó a dhíol agus é mar chuspóir rannpháirtithe sa mhargadh, ag gníomhú dóibh ar bhonn praghsanna tagartha, a chur ar míthreoir nó le hintinn rannpháirtithe den sórt sin a chur ar míthreoir nó arb é is éifeacht leis sin ná rannpháirtithe den sórt sin a chur ar míthreoir. D'fhéadfadh sé, áfach, gur bealach dlisteanach é do rannpháirtithe margaidh chun praghas fabhrach a bhaint amach do tháirge mórdhíola fuinnimh na cleachtais mhargaidh a bhfuil glacadh leo amháil na cleachtais sin a chuirtear i bhfeidhm sa réimse seirbhíse airgeadais agus a shainmhíntear faoi láthair le hAirteagal 1(5) de Threoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh (droch-úsáid mhargaidh)⁽³⁾, ar cleachtais iad a fhéadfar a oiriúnú más rud é go ndéanfar an Treoir sin a leasú.

⁽¹⁾ IO L 211, 14.8.2009, lch. 15.

⁽²⁾ IO L 211, 14.8.2009, lch. 36.

⁽³⁾ IO L 96, 12.4.2003, lch. 16.

- (15) I gcás ina ndéanfadh iriseoirí, ag gníomhú ina gcáil ghairmiúil dóibh, faisnéis chos istigh a nochtadh i ndáil le táirge mórthíola fuinnimh, ba cheart an nochtadh sin a mheasúnú agus aird á tabhairt ar na rialacha lena rialáítear a ngairm agus ar na rialacha lena rialáítear saoirse an phreasa, mura rud é go ndéanann na daoine sin, go díreach nó go hindíreach, buntáiste nó brabúis a fháil as scaipeadh na faisnéise i drácht nó mura rud é go ndéantar an nochtadh sin le hintinn an margadh a chur ar míthreoir i dtaca le soláthar na dtáirgí mórthíola fuinnimh nó i dtaca leis an éileamh nó leis na praghsanna atá orthu.
- (16) De réir mar a thagann forbairt ar na margáí airgeadais, déanfar oiriúnú ar choincheapa na droch-úsáide margaidh a bhaineann leis na margáí sin. Dá bhrí sin, chun an tsolúbthacht is gá chun freagairt go mear do na forbairtí sin a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le nuashonrú teicniúil a dhéanamh ar na sainmhínithe ar fhaisnéis chos istigh agus ar chúbláil mhargaidh chun comhleánúchais a áirithiú le reachtaíocht ábhartha eile an Aontais i réimsí na seirbhísí airgeadais agus an fhuinnimh. Tá sé tábhachtach go háirithe go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (17) Tá faireachán éifeachtúil ar an margadh ar leibhéal an Aontais rithábachtach chun droch-úsáid mhargaidh ar mhargáí mórthíola fuinnimh a bhrath agus a dhíspreagadh. Is í an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh arna bunú le Rialachán (CE) Uimh. 713/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ (“an Ghníomhaireacht”) atá sa riocht is fearr chun an faireachán sin a dhéanamh, toisc dearcadh uile-Aontais a bheith aici ar mhargáí gáis agus leictreachais agus, ina theannta sin, toisc an saineolas riachtanach a bheith aici maidir le hoibriú na margáí leictreachais agus gáis agus na gcóras leictreachais agus gáis san Aontas. Maidir le húdarais rialála náisiúnta, a bhfuil tuisicint chuimsitheach acu ar fhorbairtí ar mhargáí fuinnimh ina mBallstát, ba cheart go mbeadh ról tábhachtach acu maidir le faireachán éifeachtúil ar an margadh a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta. Dá bhrí sin, tá gá le dlúthchomhar agus le dlúthchomhordú idir an Ghníomhaireacht agus údarais náisiúnta chun faireachán cuí agus trédhearcacht chuí a áirithiú sna margáí fuinnimh. Beidh an bailiú sonraí a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht gan dochar do cheart údarais náisiúnta sonraí breise a bhailiú chun críocha náisiúnta.
- (18) Tá gá le rochtain rialta agus thráthúil ar thaifid na n-idirbheart, mar aon le rochtain ar shonraí struchtúrtha maidir le hacmhainneacht agus úsáid na saoráidí do tháirgeadh, stóráil, tomhaltas nó tarchur leictreachais nó gáis nádúrtha, ionas gur féidir faireachán éifeachtúil a dhéanamh ar an margadh. Ar an gcúis sin, ba cheart a cheangal ar rannpháirtithe margaidh, lena n-áirítear oibreoirí córas tarchurtha, soláthróirí, trádálaithe, táirgeoirí, bróicéirí agus úsáideoirí móra, a dhéanann trádáil ar tháirgí mórthíola fuinnimh, an fhaisnéis sin a sholáthar don Ghníomhaireacht. Féadfaidh an Ghníomhaireacht, óna thaobh féin de, naisc láidre a bhunú le mórmhargáí eagraithe.
- (19) Chun coinníollacha combhionanna a áirithiú do chur chun feidhme na bhforálacha maidir le bailiú sonraí, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún⁽²⁾. Ba cheart oibleagáidí tuairiscithe a choimeád chomh híseal agus is féidir agus níor cheart go gcruthódís costais ná ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo do rannpháirtithe margaidh. Ba cheart, dá bhrí sin, go ndéanfaí anailís chostais/sochair *ex ante* ar na rialacha combhionanna don tuairiscíú ar fhaisnéis, ba cheart tuairiscíú dúbailte a sheachaint agus ba cheart go dtabharfaí aird ar na creataí tuairiscithe leo, ar creataí iad arna bhforbairt faoi reachtaíocht ábhartha eile. Thairis sin, ba cheart an fhaisnéis is gá, nó codanna den fhaisnéis sin, a bhailiú ó dhaoine eile agus ó fhoinsí atá cheana ann, aon uair is féidir. Más rud é go bhfuil rannpháirtí margaidh, nó tríú páirtí atá ag gníomhú thar a cheann, córas tuairiscithe trádála, margadh eagraithe, córas meaitseála trádála, nó duine eile a shocraíonn idirbhearta go gairmiúil tar éis a chuid oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh i ndáil le húdarás inniúil i gcomhréir le Treoir 2004/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais⁽³⁾ nó i gcomhréir le reachtaíocht infheidhme de chuid an Aontais maidir le hidirbhearta díorthacha, contrapháirtithe lárnacha agus taisclanna trádála, ba cheart go measfaí go bhfuil a oibleagáidí tuairiscithe comhlíonta freisin faoin Rialachán seo, ach sin go feadh an méid go bhfuil an fhaisnéis go léir is gá a thabhairt faoin Rialachán seo tuairiscithe, agus go feadh an méid sin amháin.
- (20) Tá sé tábhachtach go n-oibreodh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht go dlúth lena chéile le linn an Rialachán seo a chur chun feidhme agus go rachaidís i gcomhairle, de réir mar is iomchuí, le Gréasáin Eorpacha Oibreoirí Córas Tarchurtha i leith Leictreachais agus Gáis agus leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margáí arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁴⁾ (ÚEUM), le húdarais rialála náisiúnta, le húdarais airgeadais inniúla agus le húdarais eile de chuid Ballstát, amhail údarais iomaíochta náisiúnta, agus le geallsealbhoirí amhail ionaid mhargaidh eagraithe (e.g. malartáin fuinnimh) agus le rannpháirtithe margaidh.

⁽²⁾ IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

⁽³⁾ IO L 145, 30.4.2004, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 331, 15.12.2010, lch. 84.

⁽¹⁾ IO L 211, 14.8.2009, lch. 1.

- (21) Ba cheart go mbunófaí clár Eorpach rannpháirtithe margaidh, agus é bunaithe ar chláir náisiúnta, chun feabhas a chur ar thrédhearcacht fhoriomlán agus ar shláine fhoriomlán margaí mórdhíola fuinnimh. Bliain amháin tar éis an clár sin a bhunú, ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis an nGníomhaireacht, i gcomhréir leis na tuarascálacha arna gcur faoi bhráid an Chomisiúin ag an nGníomhaireacht, agus i gcomhar leis na húdaráis rialála náisiúnta, measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar fhóinteacht Chlár Eorpach na rannpháirtithe margaidh. Má mheastar gurb iomchuí sin, ar bhonn an mheasúnaithe sin, ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún breithniú i dtaobh tuilleadh ionstraimí a thíolacadh chun feabhas a chur ar thrédhearcacht fhoriomlán agus ar shláine fhoriomlán margaí mórdhíola fuinnimh agus chun machaire réidh a áirithiú ar fud an Aontais do rannpháirtithe margaidh.
- (22) Chun faireachán éifeachtúil ar na gnéithe ar fad a bhaineann le trádáil i dtáirgí mórdhíola fuinnimh a éascú, ba cheart don Gníomhaireacht sásraí a bhunú chun rochtain ar an bhfaisnéis a fhaigheann sí faoi idirbhearta ar mhargaí mórdhíola fuinnimh a thabhairt d'údarais ábhartha eile, go háirithe do ÚEUM, d'údarais rialála náisiúnta, d'údarais airgeadais inniúla na mBallstát, d'údarais náisiúnta iomaíochta agus d'údarais ábhartha eile.
- (23) Ba cheart don Gníomhaireacht slándáil agus cosaint oibríochtúil na sonraí a fhaigheann sí a áirithiú, rochtain neamhúdaraíthe ar an bhfaisnéis a choinníonn an Gníomhaireacht a chosc, agus nósanna imeachta a bhunú lena áirithiú nach mbainfidh daoine, a bhfuil rochtain údaraíthe acu ar na sonraí a bhailíonn sí, mí-úsáid astu. Ba cheart don Gníomhaireacht a fhionnadh freisin an bhfuil na húdaráis sin a bhfuil rochtain acu ar na sonraí atá i seilbh na Gníomhaireachta in ann leibhéal slándála a chothabháil atá chomh hard lena leibhéal slándála féin agus an bhfuil siad faoi cheangal ag socruithe rúndachta iomchuí. Is gá, dá bhrí sin, slándáil oibríochtúil na gcóras TF a úsáidtear chun na sonraí a phróiseáil agus a tharchur a áirithiú freisin. Chun córas TF, a áiritheoidh an leibhéal is airde is féidir maidir le rúndacht sonraí a chur ar bun, ba cheart go ndéanfaí an Gníomhaireacht a spreagadh chun oibriú go dlúth leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise (ENISA). Ba cheart go mbeadh feidhm ag na rialacha sin freisin maidir le húdaráis eile atá i dteideal rochtain a bheith acu ar shonraí chun críche an Rialacháin seo.
- (24) Leis an Rialachán seo, urramaítear cearta bunúsacha agus déantar de réir na bprionsabal a aithnítear, go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ar nithe iad sin dá dtagraítear in Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus de réir na dtraidisiún bunreachtúla sna Ballstáit, agus ba cheart an Rialachán seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an gceart ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil ar ceart í a aithnítear in Airteagal 11 den Chairt.
- (25) I gcás nach bhfuil faisnéis íogair ó thaobh na tráchtála nó na slándála de, nó nach bhfuil an fhaisnéis sin íogair a thuilleadh, ba cheart go mbeadh an Gníomhaireacht in ann an fhaisnéis sin a chur ar fáil do rannpháirtithe margaidh agus don phobal i gcoitinne d'fhonn rannchuidiú a dhéanamh maidir le heolas feabhsaithe ar an margadh. Cabhróidh trédhearcacht den sórt sin cur le muinín as an margadh agus cothóidh sí an fhorbairt ar eolas maidir le feidhmiú margaí mórdhíola fuinnimh. Ba cheart don Gníomhaireacht rialacha a bhunú agus a chur ar fáil go poiblí faoin tslí ina gcuirfidh sí an fhaisnéis sin ar fáil ar mhodh cóir agus trédhearcach.
- (26) Ba cheart d'údarais rialála náisiúnta a bheith freagrach as a áirithiú go ndéantar an Rialachán seo a fhorfheidhmiú sna Ballstáit. Chuige sin, ba cheart go mbeadh acu na cumhachtaí imscrúdaithe is gá ionas gur féidir leo an cúram sin a chur i gcrích go héifeachtúil. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus féadfar iad a chur faoi réir formhaoirseachta iomchuí.
- (27) Ba cheart don Gníomhaireacht a áirithiú go ndéantar an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach comhordaithe ar fud an Aontais, agus ar bhealach atá comhsheasmhach le cur i bhfeidhm Threoir 2003/6/CE. Chuige sin, ba cheart don Gníomhaireacht, de réir mar is iomchuí, treoraíocht neamhcheangailteach a fhoilsiú maidir le cur i bhfeidhm na sainmhínte a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart go dtabharfadh an treoraíocht sin aghaidh, *inter alia*, ar an tsaincheist i ndáil le cleachtas margaidh a bhfuil glactha leo. Thairis sin, ós rud é gur minic a dhéanann droch-úsáid margaidh ar mhargaí mórdhíola fuinnimh difear do nós mó ná Ballstát amháin, ba cheart go mbeadh ról tábhachtach ag an nGníomhaireacht maidir lena áirithiú go ndéantar imscrúduithe a chur i gcrích ar bhealach éifeachtúil agus comtháite. Chun an méid sin a bhaint amach, ba cheart go mbeadh an Gníomhaireacht in ann comhar a iarraidh, agus comhordú a dhéanamh ar oibriú na ngrúpaí imscrúdúcháin arb é a bheidh iontu ná ionadaithe na n-údarais rialála náisiúnta lena mbaineann agus, i gcás inarb iomchuí, ionadaithe údarais eile lena n-áirítear údarais náisiúnta iomaíochta.
- (28) Ba cheart go ndéanfaí na hacmhainní iomchuí airgeadais agus daonna a sholáthar don Gníomhaireacht, ionas go bhféadfaidh sí na cúraimí breise a shanntar di faoin Rialachán seo a chomhall go leordhóthanach. Chun na críche sin, ba cheart go ndéanfaí aird chuí a thabhairt ar na cúraimí sin sa nós imeachta maidir lena buiséad a bhunú, a chur chun feidhme agus a rialú de réir mar a leagtar amach in Airteagal 23 agus in Airteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 713/2009. Ba cheart go n-áiritheodh an t-údarás buiséadach go ndéantar na caighdeáin éifeachtúlachta is fearr a chomhlíonadh.
- (29) Ba cheart go rachadh údarais rialála náisiúnta, údarais airgeadais inniúla na mBallstát agus, i gcás inarb iomchuí, údarais náisiúnta iomaíochta i gcomhar lena chéile chun cur chuige comhordaithe a áirithiú i dtaca le dul i ngleic le droch-úsáid mhargaidh ar mhargaí mórdhíola fuinnimh ar margaí iad lena n-áirítear margaí tráchtearraí agus margaí díorthach araon. Ba cheart go n-áireofaí sa chomhar sin, malartú frithpháirteach faisnéise maidir le hábhair dhrochamhrais go bhfuil gníomhaíochtaí, ar dóigh dóibh a bheith ina sárú ar an Rialachán seo, ar Threoir 2003/6/CE, nó ar dhlí na hiomaíochta, á ndéanamh nó déanta ar mhargaí mórdhíola fuinnimh. Thairis sin, ba cheart go mbeadh an comhar sin ina chuid de chur chuige comhordaithe agus comhsheasmhach i leith imscrúduithe agus imeachtaí breithiúnacha.

- (30) Tá sé tábhachtach go mbeadh feidhm ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla maidir leo siúd a fhaigheann faisnéis rúnda i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ba cheart go ndéanadh an Ghníomhaireacht, údarais rialála náisiúnta, údarais airgeadais inniúla na mBallstát agus na húdarais náisiúnta iomaíochta rúndacht, sláine agus cosaint na faisnéise a fhaigheann siad a áirithiú.
- (31) Tá sé tábhachtach go mbeadh na pionóis i leith sáruithe ar an Rialachán seo comhréireach, éifeachtach agus athchomhairleach, agus go léireofaí leo tromaiócht na sáruithe, an damáiste atá déanta do thomhaltóirí agus na gnóchain a d'fhéadfadh teacht as trádáil ar bhonn faisnéise cos istigh agus ar bhonn cúblála margaidh. Ba cheart cur i bhfeidhm na bpionós sin a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Agus aitheantas á thabhairt do na hidirghníomhaíochtaí idir an trádáil i dtáirgí díorthacha leictreachais agus gáis nádúrtha agus an trádáil sa leictreachas iarbhrí agus sa ghás nádúrtha iarbhrí, ba cheart go mbeadh na pionóis i leith sáruithe ar an Rialachán seo i gcomhréir leis na pionóis arna nglacadh ag na Ballstáit le linn dóibh Treoir 2003/6/CE a chur chun feidhme. Agus aird á tabhairt ar an gcomhairliúchán maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2010 dar teideal "Na réimeanna smachtbhannaí in earnáil na seirbhísí airgeadais a athneartú", ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh maidir le tograí a thíolacadh chun cuíchuibhiú a dhéanamh, laistigh de thráthchlár iomchuí, ar chaighdeán íosta le haghaidh chórais pionós Ballstát. Ní dhéanann an Rialachán seo difear do na rialacha náisiúnta ar an gcaighdeán cruthúnais ná ar oibleagáidí údarás rialála náisiúnta agus chúirteanna na mBallstát chun fórais ábhartha cáis áirithe a fhionnadh, ar choinníoll go bhfuil rialacha agus oibleagáidí den sórt sin comhoiriúnach le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais.
- (32) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon creat comhchuibhithe a sholáthar chun trédhearcacht agus sláine an mhargaidh mórdhíola fuinnimh a áirithiú, a bhaint amach go leordhóthanach agus, dá bhrí sin, gur fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar, raon feidhme agus gaolmhaireacht le reachtaíocht eile an Aontais

1. Leis an Rialachán seo, bunaítear rialacha lena dtoirmistear cleachtais droch-úsáide a dhéanann difear do mhargáí mórdhíola fuinnimh, atá comhsheasmhach leis na rialacha is infheidhme i margáí airgeadais agus le feidhmiú cuí na margáí mórdhíola fuinnimh sin, agus, ag an am céanna, aird á tabhairt ar shaintréithe sonracha na margáí sin. Déantar foráil leis maidir

le faireachán a dhéanamh ar mhargáí mórdhíola fuinnimh ag an nGníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ("an Ghníomhaireacht") i ndlúthchomhpháirt leis na húdarais rialála náisiúnta agus aird á tabhairt ar na hidirghníomhaíochtaí idir an Scéim Trádála Astaíochtaí agus na margáí mórdhíola fuinnimh.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an trádáil i dtáirgí mórdhíola fuinnimh. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 ná ag Airteagal 5 den Rialachán seo maidir le táirgí mórdhíola fuinnimh ar ionstraimí airgeadais iad agus a bhfuil feidhm ag Airteagal 9 de Threoir 2003/6/CE maidir leo. Tá an Rialachán seo gan dochar do Threoir 2003/6/CE agus do Threoir 2004/39/CE agus tá sé gan dochar freisin do chur i bhfeidhm dhlí Eorpach iomaíochta maidir leis na cleachtais a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

3. Rachaidh an Ghníomhaireacht, údarais rialála náisiúnta, ÚEUM, údarais airgeadais inniúla na mBallstát agus, i gcás inarb iomchuí, údarais náisiúnta iomaíochta i gcomhar lena chéile chun a áirithiú go nglacfar cur chuige comhordaithe i leith fhorfheidhmiú na rialacha ábhartha i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí le hionstraim airgeadais amháin nó níos mó a bhfuil feidhm ag Airteagal 9 de Threoir 2003/6/CE maidir léi nó maidir leo agus i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí sin freisin le táirge mórdhíola fuinnimh amháin nó níos mó a bhfuil feidhm ag Airteagal 3, ag Airteagal 4 agus ag Airteagal 5 maidir leis nó maidir leo.

4. Áiríteoidh Bord Riaracháin na Gníomhaireachta go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht na cúraimí a shanntar di faoin Rialachán seo a chur i gcrích i gcomhréir leis an Rialachán seo agus i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 713/2009.

5. Rachaidh Stiúrthóir na Gníomhaireachta i gcomhairle le Bord Rialálaithe na Gníomhaireachta maidir le gach gné de chur chun feidhme an Rialacháin seo agus beidh aird chuí aige ar chomhairle agus ar thuairimí an Bhoird.

Airteagal 2

Sainmhíntithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhíntithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn "faisnéis chos istigh" faisnéis de chineál beacht nár poiblíodh, a bhaineann go díreach nó go hindíreach le táirge mórdhíola fuinnimh amháin nó níos mó agus, dá bpoibleofaí í, ar dóigh di difear suntasach a dhéanamh do phraghsanna na dtáirgí mórdhíola fuinnimh sin.

Chun críocha an tsainmhíntithe seo, ciallaíonn "faisnéis":

- (a) faisnéis a cheanglaítear a phoibliú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 agus le Rialachán (CE) Uimh. 715/2009, lena n-áirítear treoirínte agus cóid ghréasáin arna nglacadh de bhun na Rialachán sin;
- (b) faisnéis a bhaineann le hacmhainneacht agus úsáid saoráidí i ndáil le táirgeadh, stóráil, tomhaltas nó tarchur leictreachais nó gáis nádúrtha, nó faisnéis a bhaineann le hacmhainneacht agus le húsáid saoráidí LNG, lena n-áirítear neamh-infhaighteacht phleanáilte nó neamhphleanáilte na saoráidí sin;

- (c) faisnéis a cheanglaítear a nochtadh i gcomhréir le forálacha dlíthiúla nó rialála ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta, i gcomhréir le rialacha margaidh, agus i gcomhréir le conarthaí nó nósmaireachtaí ar an margadh mórdhíola fuinnimh ábhartha, sa mhéid gur dóigh don fhaisnéis sin éifeacht shuntasach a bheith aici ar phraghsanna táirgí mórdhíola fuinnimh; agus
- (d) faisnéis eile ar dóigh do rannpháirtí réasúnach margaidh í a úsáid mar chuid den bhunús dá chinneadh chun idirbheart a dhéanamh a bhaineann le táirge mórdhíola fuinnimh nó chun ordú a eisiúint chun trádáil a dhéanamh i dtáirge mórdhíola fuinnimh.

Measfar go mbeidh faisnéis ina faisnéis de chineál beacht má léirítear leis an bhfaisnéis sin gur ann do shraith imthosca nó go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go dtiocfadh ann don tsraith imthosca sin, nó gur ann do theagmhas atá tarlaíthe nó go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go dtarlódh sé, agus má tá an fhaisnéis sin sách sonrach chun go bhféadfar teacht ar chonclúid faoin éifeacht fhéideartha a bheadh ag an tsraith imthosca sin nó ag an teagmhas sin ar phraghsanna táirgí mórdhíola fuinnimh;

(2) ciallaíonn “cúbláil mhargaidh”:

- (a) aon idirbheart a dhéanamh nó aon ordú a eisiúint chun trádáil a dhéanamh i dtáirgí mórdhíola fuinnimh más rud é gur idirbheart nó ordú é:
- (i) lena ndéantar, nó ar dóigh dó, comharthaí bréagacha nó míthreoracha a thabhairt maidir le soláthar táirgí mórdhíola fuinnimh nó maidir leis an éileamh nó leis an bpraghas atá orthu;
- (ii) lena ndéanann duine, nó daoine ag gníomhú i gcomhar le chéile, a chur faoi deara go mbeadh an praghas atá ar tháirge mórdhíola fuinnimh amháin nó níos mó ar leibhéal saorga, nó lena bhféachann duine, nó daoine ag gníomhú i gcomhar le chéile lena chur faoi deara go mbeadh an praghas sin amhlaidh, mura rud é go suíonn an duine a rinne na hidirbhearta nó a d'eisigh na horduithe chun trádáil a dhéanamh go bhfuil cúiseanna dlisteanacha aige chun déanamh amhlaidh agus go bhfuil na hidirbhearta sin nó na horduithe sin chun trádáil a dhéanamh i gcomhréir le cleachtais mhargaidh a nglactar leo ar an margadh mórdhíola fuinnimh lena mbaineann; nó
- (iii) lena n-úsáidtear seift shamhailteach nó aon chineál eile meabhlaireachta nó saorgachta, nó lena bhféachtar lena n-úsáid, ar ní é sin lena ndéantar, nó ar dóigh dó, comharthaí bréagacha nó míthreoracha a thabhairt maidir le soláthar táirgí mórdhíola fuinnimh nó maidir leis an éileamh nó leis an bpraghas atá orthu;

nó

- (b) lena ndéantar faisnéis a scaipeadh trí na meáin, lena n-áirítear ar an idirlíon, nó ar aon mhodh eile, ar faisnéis í lena ndéantar, nó ar dóigh di, comharthaí bréagacha nó míthreoracha a thabhairt maidir le soláthar táirgí mórdhíola fuinnimh nó maidir leis an éileamh nó leis an bpraghas atá orthu, lena n-áirítear ráflaí agus scéala

bréagach nó míthreoracha a scaipeadh, i gcás ina raibh a fhios ag an duine a scaip í, nó inar cheart dó fios a bheith aige, gur faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a bhí inti.

Nuair a dhéantar faisnéis a scaipeadh chun críocha iriseoireachta nó mar léiriú ealaíne, déanfar an scaipeadh faisnéise sin a mheasúnú agus aird á tabhairt ar na rialacha lena rialaítear saoirse an phreasa agus an tsaoirse tuairimí a nochtadh i meáin eile:

- (i) mura rud é go bhfaigheann na daoine sin, go díreach nó go hindíreach, buntáiste nó brabúis as scaipeadh na faisnéise atá i dtrácht; nó
- (ii) mura rud é go ndéantar an nochtadh nó an scaipeadh le hintinn an margadh a chur ar míthreoir i dtaca le soláthar táirgí mórdhíola fuinnimh nó i dtaca leis an éileamh nó leis an bpraghas atá orthu;

(3) ciallaíonn “iarracht chun an margadh a chúbláil”:

- (a) aon idirbheart a dhéanamh, aon ordú a eisiúint chun trádáil a dhéanamh, nó aon ghníomhaíocht eile a dhéanamh a bhaineann le táirge mórdhíola fuinnimh le hintinn na nithe seo a leanas a dhéanamh:
- (i) comharthaí bréagacha nó míthreoracha a thabhairt maidir le soláthar táirgí mórdhíola fuinnimh nó maidir leis an éileamh nó leis an bpraghas atá orthu;
- (ii) a áirithiú go gcuirfeadh duine nó daoine atá ag gníomhú i gcomhar lena chéile faoi deara go mbeadh an praghas atá ar tháirge mórdhíola fuinnimh amháin nó níos mó ar leibhéal saorga, nó féachaint le déanamh amhlaidh, mura rud é go suíonn an duine a rinne na hidirbhearta nó a d'eisigh na horduithe chun trádáil a dhéanamh go bhfuil cúiseanna dlisteanacha aige chun déanamh amhlaidh agus go bhfuil na hidirbhearta sin nó na horduithe sin chun trádáil a dhéanamh i gcomhréir le cleachtais mhargaidh a nglactar leo ar an margadh mórdhíola fuinnimh lena mbaineann; nó
- (iii) seift shamhailteach nó aon chineál eile meabhlaireachta nó saorgachta a úsáid, ar ní é ar dóigh dó comharthaí bréagacha nó míthreoracha a thabhairt maidir le soláthar táirgí mórdhíola fuinnimh nó maidir leis an éileamh nó leis an bpraghas atá orthu;

nó

- (b) faisnéis a scaipeadh trí na meáin, lena n-áirítear an t-idirlíon, nó ar aon mhodh eile le hintinn comharthaí bréagacha nó míthreoracha a thabhairt maidir le soláthar táirgí mórdhíola fuinnimh nó maidir leis an éileamh nó leis an bpraghas atá orthu;

(4) ciallaíonn “táirgí mórdhíola fuinnimh” na conarthaí agus na díorthaigh seo a leanas, gan spleáchas don áit agus don dóigh ina dtrádáiltear iad:

- (a) conarthaí maidir le leictreachas nó gás nádúrtha a sholáthar i gcás ina ndéantar an seachadadh san Aontas;

- (b) díorthaigh a bhaineann le leictreachas nó gás nádúrtha a tháirgtear, a thrádáiltear nó a sheachadtar san Aontas;
- (c) conarthaí a bhaineann le leictreachas nó gás nádúrtha a iompar san Aontas;
- (d) díorthaigh a bhaineann le leictreachas nó gás nádúrtha a iompar san Aontas.
- Ní táirgí mórdhíola fuinnimh iad conarthaí maidir le leictreachas nó gás nádúrtha a sholáthar agus a dháileadh lena n-úsáid ag custaiméirí deiridh. Maidir le conarthaí chun leictreachas nó gás nádúrtha a sholáthar do chustaiméirí deiridh, agus a dháileadh orthu, áfach, ar custaiméirí iad ag a bhfuil acmhainneacht tomhaltas leictreachais nó gáis nádúrtha is mó ná an tairseach a leagtar amach sa dara mír de phointe (5), déileálfar leo mar tháirgí mórdhíola fuinnimh;
- (5) ciallaíonn “acmhainneacht tomhaltas” tomhaltas leictreachais nó gáis nádúrtha custaiméara deiridh agus lánúsáid á baint as acmhainneacht táirgeachta an chustaiméara sin. Cuimsítear leis tomhaltas uile an chustaiméara sin mar eintiteas eacnamaíoch aonair, sa mhéid go dtarlaíonn an tomhaltas ar mhargaí ag a bhfuil praghsanna mórdhíola idirghaolmhara.
- Chun críocha an tsainmhíne seo, ní dhéanfar an tomhaltas i ngléasraí ar leithligh atá faoi rialú eintitis eacnamaíoch aonair, agus ag a bhfuil acmhainneacht tomhaltas is lú ná 600 GWh in aghaidh na bliana, a chur san áireamh sa mhéid nach bhfuil tionchar comhpháirteach ag na gléasraí sin ar phraghsanna an mhargaidh mórdhíola fuinnimh mar gheall ar an ábhar go bhfuil siad suite i margaí éagsúla geografacha ábhartha;
- (6) ciallaíonn “margadh mórdhíola fuinnimh” aon mhargadh laistigh den Aontas ar a ndéantar trádáil i dtáirgí mórdhíola fuinnimh;
- (7) ciallaíonn “rannpháirtí margaidh” aon duine, lena n-áirítear oibreoirí córas tarchurtha, a dhéanann idirbhearta, lena n-áirítear orduithe a dhéanamh chun trádáil a dhéanamh, i margadh mórdhíola fuinnimh amháin nó níos mó;
- (8) ciallaíonn “duine” aon duine nádúrtha nó dlítheanach;
- (9) ciallaíonn “údarás airgeadais inniúil” údarás inniúil arna ainmniú i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 11 de Threoir 2003/6/CE;
- (10) ciallaíonn “údarás rialála náisiúnta” údarás rialála náisiúnta arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 35(1) de Threoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa leictreachas ⁽¹⁾ nó i gcomhréir le hAirteagal 39(1) de Threoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha ⁽²⁾;
- (11) tá le “oibreoir córas tarchurtha” an bhrí atá leagtha amach i bpointe 4 d’Airteagal 2 de Threoir 2009/72/CE agus i bpointe 4 d’Airteagal 2 de Threoir 2009/73/CE;

⁽¹⁾ IO L 211, 14.8.2009, lch. 55.

⁽²⁾ IO L 211, 14.8.2009, lch. 94.

- (12) ciallaíonn “máthairghnóthas” máthairghnóthas de réir bhrí Airteagal 1 agus Airteagal 2 den Seachtú Treoir 83/349/CEE ón gComhairle an 13 Meitheamh 1983 arna fothú ar Airteagal 54(3)(g) den Chonradh maidir le cuntais chomhdhlúite ⁽³⁾;
- (13) ciallaíonn “gnóthas gaolmhar” fochuideachta nó gnóthas eile ina sealbhaítear rannpháirtíocht, nó gnóthas atá nasctha le gnóthas eile trí bhíthin gaolmhaireachta de réir bhrí Airteagal 12(1) de Threoir 83/349/CEE;
- (14) tá le “dáileadh gáis nádúrtha” an bhrí a leagtar amach i bpointe (5) d’Airteagal 2 de Threoir 2009/73/CE;
- (15) tá le “dáileadh leictreachais” an bhrí a leagtar amach i bpointe (5) d’Airteagal 2 de Threoir 2009/72/CE.

Airteagal 3

Trádáil chos istigh a thoirmeasc

1. Toirmiscear ar dhaoine a bhfuil faisnéis chos istigh, maidir le táirge mórdhíola fuinnimh, acu na nithe seo a leanas a dhéanamh:
- (a) an fhaisnéis sin a úsáid chun táirgí mórdhíola fuinnimh lena mbaineann an fhaisnéis sin a fháil nó a dhiúscairt, nó trí fhéachaint le táirgí mórdhíola fuinnimh lena mbaineann an fhaisnéis sin a fháil nó a dhiúscairt, go díreach nó go hindíreach, ar a gcuntas féin, nó ar chuntas tríú páirtí;
- (b) an fhaisnéis sin a nochtadh d’aon duine eile, mura rud é go ndéantar an nochtadh sin i ngnáthchúrsa fheidhmiú a bhfostaíochta, a ngairme nó a ndualgas;
- (c) ar bhonn faisnéise cos istigh, a mholadh do dhuine eile táirgí mórdhíola fuinnimh lena mbaineann an fhaisnéis sin a fháil nó a dhiúscairt nó duine eile a aslú chun táirgí mórdhíola fuinnimh lena mbaineann an fhaisnéis sin a fháil nó a dhiúscairt.
2. Tá feidhm ag an toirmeasc atá leagtha amach i mír 1 maidir leis na daoine seo a leanas a bhfuil faisnéis chos istigh acu i ndáil le táirge mórdhíola fuinnimh:
- (a) comhaltaí de chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta de chuid gnóthais;
- (b) daoine a bhfuil sealúchais acu i gcaipiteal de chuid gnóthais;
- (c) daoine a bhfuil rochtain acu ar an bhfaisnéis trí fheidhmiú a bhfostaíochta, a ngairme nó a ndualgas;
- (d) daoine a bhfuil faisnéis den sórt sin faighte acu trí ghníomhaíocht choiriúil;
- (e) daoine a bhfuil a fhios acu, nó ar cheart dóibh fios a bheith acu, gur faisnéis chos istigh í.

⁽³⁾ IO L 193, 18.7.1983, lch. 1.

3. Ní bheidh feidhm ag pointe (a) agus pointe (c) de mhír 1 den Airteagal seo maidir le hoibreoírí córas tarchurtha nuair atá siad ag ceannach leictreachais nó gáis nádúrtha lena áirithiú go n-oibreoidh an córas go slán sábháilte i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi phointe (d) agus faoi phointe (e) d'Airteagal 12 de Threoir 2009/72/CE nó faoi phointe (a) agus faoi phointe (c) d'Airteagal 13(1) de Threoir 2009/73/CE.

4. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) idirbhearta a dhéantar le linn oibleagáid a chomhlíonadh atá tagtha chun bheith dlite i ndáil le táirgí mórdhíola fuinnimh a fháil nó a dhiúscairt i gcás ina n-eascaíonn an oibleagáid sin as comhaontú a tugadh i gcrích, nó as ordú a rinneadh chun trádáil a dhéanamh, sula bhfuair an duine lena mbaineann seilbh ar fhaisnéis chos istigh;

(b) idirbhearta a dhéanann táirgeoírí leictreachais agus gáis nádúrtha, oibreoírí saoráidí stórála gáis nádúrtha nó oibreoírí saoráidí allmhairithe LNG, ar idirbhearta iad arb é is aon chuspóir leo ná cumhdach a dhéanamh ar chaillteanas fisiceach láithreach a eascaíonn as éirtheáil neamhphleanáilte, dá mba rud é, mura ndéanfaí amhlaidh, gurbh é an toradh a bheadh ann ná nach mbeadh an rannpháirtí margaidh in ann na hoibleagáidí conarthacha atá ann a chomhlíonadh nó i gcás ina ndéantar an ghníomhaíocht sin le comhaontú ó oibreoírí/oibreoírí córas tarchurtha lena mbaineann chun oibriocht shlán shábháilte an chórais a áirithiú. I gcás den sórt sin, déanfar an fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis na hidirbhearta a thuairisciú don Ghníomhaireacht agus don údarás rialála náisiúnta. Tá an oibleagáid sin maidir le tuairisciú gan dochar don oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 4(1);

(c) rannpháirtithe margaidh atá ag gníomhú faoi rialacha éigeandála náisiúnta, i gcás ina bhfuil údarás náisiúnta tar éis idirghabháil a dhéanamh chun a chur faoi deara go ndéanfar an soláthar leictreachais nó gáis nádúrtha a choimeád ar bun agus ina bhfuiltear tar éis sásraí margaidh a chur ar fionraí i mBallstát, nó i gcodanna de Bhallstát. Sa chás sin, déanfaidh an t-údarás atá inniúil do phleanáil éigeandála foilsíú a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 4.

5. Más duine dlítheanach an duine a shealbhaíonn faisnéis chos istigh i ndáil le táirge mórdhíola fuinnimh, beidh feidhm ag na toirmisc atá leagtha síos i mír 1 freisin maidir leis na daoine nádúrtha a ghlacann páirt sa chinneadh chun an t-idirbheart a dhéanamh ar chuntas an duine dhlítheanaigh lena mbaineann.

6. Nuair a scaiptear faisnéis chun críocha iriseoireachta nó mar léiriú ealaíne, déanfar an scaipeadh faisnéise sin a mheasúnú agus aird á tabhairt ar na rialacha lena rialaítear saoirse an phreasa agus an tsaoirse tuairimí a nochtadh i meáin eile mura rud é:

(a) go bhfaigheann na daoine sin, go díreach nó go hindíreach, buntáiste nó brabúis as scaipeadh na faisnéise i dtrácht; nó

(b) go ndéantar an nochtadh nó an scaipeadh sin le hintinn an margadh a chur ar míthreoir i dtaca le soláthar táirgí mórdhíola fuinnimh nó i dtaca leis an éileamh nó leis an bpraghas atá orthu.

Airteagal 4

Oibleagáid faisnéis chos istigh a fhoilsíú

1. Déanfaidh rannpháirtithe margaidh faisnéis chos istigh a shealbhaíonn siad i ndáil le gnó nó le saoráidí ar leis an rannpháirtí margaidh lena mbaineann, nó ar lena mháthairghnóthas nó ar le gnóthas gaolmhar é nó iad, nó a rialaíonn an rannpháirtí margaidh lena mbaineann, nó a rialaíonn máthairghnóthas nó gnóthas gaolmhar, nó a bhfuil an rannpháirtí margaidh sin nó an gnóthas sin freagrach as cúrsaí oibriochtúla ina leith, go hiomlán nó go páirteach, a nochtadh go poiblí, go héifeachtach agus go tráthúil. Aireofar ar an nochtadh faisnéise sin, faisnéis a bhaineann le hacmhainneacht agus úsáid saoráidí i ndáil le táirgeadh, stóráil, tomhaltas nó tarchur leictreachais nó gáis nádúrtha, nó faisnéis a bhaineann le hacmhainneacht agus úsáid saoráidí LNG, lena n-áirítear neamh-infhaighteacht phleanáilte nó neamhphleanáilte na saoráidí sin.

2. Féadfaidh rannpháirtí margaidh, faoina fhreagracht féin ar bhonn eisceachta, moill a chur le faisnéis chos istigh a nochtadh go poiblí, ionas nach ndéanfar dochar dá leasanna dlítheanacha féin ar choinníoll nach dóigh go gcuirfí an pobal ar míthreoir toisc nár nocht sé í agus ar choinníoll go bhfuil an rannpháirtí margaidh in ann rúndacht na faisnéise sin a áirithiú agus nach ndéanann sé cinntí a bhaineann le trádáil i dtáirgí mórdhíola fuinnimh agus atá bunaithe ar an bhfaisnéis sin. I gcás den sórt sin déanfaidh an rannpháirtí margaidh an fhaisnéis sin, mar aon le húdar maith a thabhairt i leith na moille ar nochtadh na faisnéise go poiblí, a sholáthar gan mhoill don Ghníomhaireacht agus don údarás rialála náisiúnta ábhartha ag féachaint d'Airteagal 8(5).

3. Aon uair a dhéanann rannpháirtí margaidh, nó duine atá fostaithe ag rannpháirtí margaidh nó atá ag gníomhú thar a cheann, faisnéis chos istigh a nochtadh maidir le táirge mórdhíola fuinnimh i ngnáthfheidhmiú a fhostaíochta, a ghairme nó a dhualgas, ar nithe iad sin dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 3(1), áiritheoidh sé, maidir le nochtadh poiblí na faisnéise sin, go ndéanfar é go comhuaineach, go hiomlán agus go héifeachtach. I gcás ina nochtar an fhaisnéis sin go neamhbheartaithe, áiritheoidh an rannpháirtí margaidh go ndéanfar nochtadh iomlán agus éifeachtach go poiblí ar an bhfaisnéis a luaithe is féidir tar éis an nochtá neamhbheartaithe. Ní bheidh feidhm ag an mír seo má tá dualgas rúndachta ar an duine a fhaigheann an fhaisnéis, is cuma an eascaíonn an dualgas sin as dlí, as rialachán, as airteagail chomhlachais nó as conradh.

4. Maidir le foilsíú faisnéise cos istigh, lena n-áirítear i bhfoirm chomhiomlánaithe, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 nó Rialachán (CE) Uimh. 715/2009, nó le treoirlínte agus cóid ghréasáin arna nglacadh de bhun na Rialachán sin, is ionann é agus nochtadh go poiblí atá comhuaineach, iomlán agus éifeachtach.

5. Más rud é, maidir leis an oibleagáid chun sonraí áirithe a fhoilsíú, go mbeifear tar éis díolúine ón oibleagáid sin a dheonú d'oibreoír córas tarchurtha i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 nó Rialachán (CE) Uimh. 715/2009, díolmhaítear leis sin an t-oibreoír sin freisin ón oibleagáid a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo i ndáil leis na sonraí sin.

6. Tá mír 1 agus mír 2 gan dochar d'oibleagáidí na rannpháirtithe margaidh faoi Threoir 2009/72/CE agus faoi Threoir 2009/73/CE, agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 715/2009, lena n-áirítear treoirlínte agus cóid ghréasáin arna nglacadh de bhun na dTeoracha agus na Rialachán sin, go háirithe maidir le tráthú agus modh foilsithe na faisnéise.

7. Tá mír 1 agus mír 2 gan dochar do cheart na rannpháirtithe margaidh chun moill a chur ar nochtadh faisnéise íogaire a bhaineann le cosaint bonneagair chriticiúil, dá bhforáiltear i bpointe (d) d'Airteagal 2 de Threoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagair criticiúla Eorpacha a shainaithe agus a ainmniú agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an ngá le cosaint na mbonneagar sin a fheabhsú⁽¹⁾ má tá an fhaisnéis sin aicmithe mar fhaisnéis rúnda ina dtír féin.

Airteagal 5

Cúbláil mhargaidh a thoirmeasc

Déanfar aon rannpháirtíocht i gcúbláil mhargaidh, nó aon iarracht a dhéanamh chun gabháil le rannpháirtíocht den sórt sin, ar mhargaí mórdhíola fuinnimh a thoirmeasc.

Airteagal 6

Nuashonrú teicniúil a dhéanamh ar na sainmhínithe ar fhaisnéis chos istigh agus ar chúbláil mhargaidh

1. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) na sainmhínithe a leagtar amach i bpointí (1), (2), (3) agus (5) d'Airteagal 2 a ailíniú chun comhchuibheas a áirithiú le reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais i réimsí na seirbhísí airgeadais agus fuinnimh; agus
 - (b) nuashonrú a dhéanamh ar na sainmhínithe sin chun aird a thabhairt ar forbairtí amach anseo sna margaí mórdhíola fuinnimh agus chun na críche sin amháin.
2. Maidir leis na gníomhartha tarmilgthe dá dtagraítear i mír 1, tabharfar aird leo ar na nithe seo a leanas, ar a laghad:
- (a) feidhmiú sonrath na margaí mórdhíola fuinnimh, lena n-áirítear sainiúlachtaí na margaí leictreachais agus gáis, agus an idirghníomhaíocht idir margaí tráchtearraí agus margaí díorthach;
 - (b) an t-ionchas atá ann maidir le cúbláil thar theorainneacha, idir margaí leictreachais agus gáis, agus thar mhargaí tráchtearraí agus margaí díorthach;
 - (c) an tionchar ionchasach ar phraghsanna an mhargaidh mórdhíola fuinnimh mar gheall ar tháirgeadh, ar thomhaltas, ar úsáid tarchurtha nó ar úsáid acmhainneachta stórála, atá pleanáilte nó atá ann iarbhair; agus

(d) cóid ghréasáin agus creat-treoirlínte arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009.

Airteagal 7

Faireachán a dhéanamh ar an margadh

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar ghníomhaíocht trádála i dtáirgí mórdhíola fuinnimh chun trádáil atá bunaithe ar fhaisnéis chos istigh agus ar chúbláil mhargaidh a bhrath agus a chosc. Baileoidh sí na sonraí chun measúnú agus faireachán a dhéanamh ar mhargaí mórdhíola fuinnimh de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 8.

2. Comhoibreoidh údarás rialála náisiúnta ar an leibhéal réigiúnach agus leis an nGníomhaireacht chun faireachán a dhéanamh ar mhargaí mórdhíola fuinnimh dá dtagraítear i mír 1. Chun na críche sin, beidh rochtain ag údarás rialála náisiúnta ar fhaisnéis ábhartha arna sealbhú ag an nGníomhaireacht agus atá bailithe aici i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, faoi réir Airteagal 10(2). Féadfaidh údarás rialála náisiúnta faireachán a dhéanamh freisin ar ghníomhaíocht trádála i dtáirgí mórdhíola fuinnimh ar an leibhéal náisiúnta.

Féadfaidh Ballstáit a fhoráil go ndéanfaidh a n-údarás náisiúnta iomaíochta nó comhlacht faireacháin margaidh, arna bhunú laistigh den údarás sin, faireachán margaidh a dhéanamh in éineacht leis an údarás rialála náisiúnta. Le linn an faireachán margaidh sin a dhéanamh, beidh ag an údarás náisiúnta iomaíochta nó ag an gcomhlacht faireacháin margaidh na cearta céanna agus na hoibleagáidí céanna atá ag an údarás rialála náisiúnta de bhun na chéad fhomhíre den mhír seo, an dara habairt den dara fómhír de mhír 3 den Airteagal seo, an dara habairt d'Airteagal 4(2), na chéad abairte d'Airteagal 8(5), agus Airteagal 16.

3. Déanfaidh an Ghníomhaireacht, uair sa bhliain ar a laghad, tuarascáil a thíolacadh don Choimisiún maidir lena cuid gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo agus cuirfidh sí an tuarascáil sin ar fáil go poiblí. Sna tuarascálacha sin, déanfaidh an Ghníomhaireacht measúnú ar oibriú agus ar thrédhearcacht catagóirí éagsúla d'ionaid mhargaidh agus ar bhealaí trádála, agus féadfaidh sí moltaí a dhéanamh don Choimisiún i ndáil le rialacha margaidh, caighdeáin mhargaidh agus nósanna imeachta margaidh lena bhféadfaí feabhas a chur ar shláine an mhargaidh agus ar fheidhmiú an mhargaidh innmheánaigh. Féadfaidh sí meastóireacht a dhéanamh freisin i dtaobh an bhféadfaí cur le thrédhearcacht fheabhsaithe sa mhargadh le haon cheanglais íosta i gcomhair margaí eagraithe. Féadfar tuarascálacha a chumascadh leis an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 713/2009.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht moltaí a dhéanamh don Choimisiún maidir leis na taifid ar idirbhearta, lena n-áirítear orduithe chun trádáil a dhéanamh, ar taifid iad a measann sí ina leith go bhfuil gá leo chun faireachán éifeachtach agus éifeachtúil a dhéanamh ar mhargaí mórdhíola fuinnimh. Sula ndéanfaidh sí moltaí den sórt sin, rachaidh an Ghníomhaireacht i gcomhairle le páirtithe leasmhara, go háirithe le húdarás rialála náisiúnta, le húdarás airgeadais inniúla sna Ballstáit, le húdarás náisiúnta iomaíochta agus le ÚEUM.

Ba cheart na moltaí go léir a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún Eorpach agus ba cheart iad a chur ar fáil don phobal.

⁽¹⁾ IO L 345, 23.12.2008, lch. 75.

Airteagal 8

Sonraí a bhailiú

1. Déanfaidh rannpháirtithe margaidh, nó duine nó údarás thar a gceann atá liostaithe i bpointe (b) go pointe (f) de mhír 4, taifead ar idirbhearta sa mhargadh mórdhíola fuinnimh, lena n-áirítear orduithe chun trádáil a dhéanamh, a sholáthar don Ghníomhaireacht. Áireofar ar an bhfaisnéis a thuairiscítear sain-aithint bheacht ar na táirgí mórdhíola fuinnimh a cheannaítear agus a dhíoltar, an praghas agus an chainníocht atá comhaontaithe, dátaí agus tráthanna an fhorghníomhaithe, na páirtithe san idirbheart agus tairbhíthe an idirbheart mar aon le haon fhaisnéis ábhartha eile. Cé go bhfuil an fhreagracht fhoriomlán ar na rannpháirtithe margaidh, measfar go mbeidh oibleagáid an rannpháirtí margaidh i dtrácht maidir le tuairisciú comhlíonta aige a luaithe a bheidh an fhaisnéis a cheanglaítear a thabhairt faighte ó dhuine nó údarás atá liostaithe i bpointe (b) go pointe (f) de mhír 4.

2. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:

- (a) liosta a tharraingt suas de na conarthaí agus de na díorthaigh, lena n-áirítear orduithe chun trádáil a dhéanamh, ar nithe iad atá le tuairisciú i gcomhréir le mír 1, agus, i gcás inarb iomchuí, tairseacha *de minimis* iomchuí maidir le tuairisciú idirbheart a tharraingt suas;
- (b) rialacha comhionanna a ghlacadh maidir leis an tuairisciú faisnéise atá le soláthar i gcomhréir le mír 1;
- (c) an tráthú agus an fhoirm ina mbeidh an fhaisnéis sin le tuairisciú a leagan síos.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 21(2). Tabharfaidh siad aird ar na córais tuairiscithe atá ann cheana.

3. Níl daoine dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (d) de mhír 4 agus a mbeidh idirbhearta tuairiscithe acu i gcomhréir le Treoir 2004/39/CE nó le reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir le hidirbhearta díorthacha, contrapháirtithe lárnacha agus taisclanna trádála faoi réir oibleagáidí tuairiscithe dúbailte a bhaineann leis na hidirbhearta sin.

Gan dochar don chéad fhomhír den mhír seo, féadfar leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 a cheadú do mhargaí eagraithe agus do chórais mheaitseála trádála nó do chórais tuairiscithe trádála taifid ar idirbhearta mórdhíola fuinnimh a sholáthar don Ghníomhaireacht.

4. Chun críocha mhír 1, déanfaidh siad seo a leanas faisnéis a sholáthar:

- (a) an rannpháirtí margaidh;
- (b) tríú páirtí atá ag gníomhú thar ceann an rannpháirtí margaidh;
- (c) córas tuairiscithe trádála;

(d) margadh eagraithe, córas meaitseála trádála nó duine eile a shocraíonn idirbhearta go gairmiúil;

(e) taisclann trádála atá cláraithe nó aitheanta faoi reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir le hidirbhearta díorthacha, contrapháirtithe lárnacha agus taisclanna trádála; nó

(f) údarás inniúil a bhfuil an fhaisnéis sin faighte aige i gcomhréir le hAirteagal 25(3) de Threoir 2004/39/CE nó UEUM nuair atá an fhaisnéis sin faighte aige i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir le hidirbhearta díorthacha, contrapháirtithe lárnacha agus taisclanna trádála.

5. Déanfaidh rannpháirtithe margaidh faisnéis a sholáthar don Ghníomhaireacht agus do na húdaráis rialála náisiúnta a bhaineann le hacmhainneacht agus le húsáid na saoráidí i gcomhair tháirgeadh, stóráil, thomhaltas nó tharchur leictreachais nó gáis nádúrtha nó a bhaineann le hacmhainneacht agus úsáid saoráidí LNG, lena n-áirítear neamhinfhaighteacht phleanáilte nó neamhphleanáilte na saoráidí sin, chun faireachán a dhéanamh ar thrádáil i margaí mórdhíola fuinnimh. Déanfar oibleagáidí rannpháirtithe margaidh maidir le tuairisciú a íoslághdú tríd an bhfaisnéis a cheanglaítear a thabhairt, nó codanna di, a bhailiú ó fhoinsí atá ann cheana nuair is féidir é sin a dhéanamh.

6. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:

- (a) rialacha comhionanna a ghlacadh maidir le tuairisciú faisnéise atá le soláthar i gcomhréir le mír 5 agus, i gcás inarb iomchuí, maidir le tairseacha iomchuí do thuairisciú den sórt sin;
- (b) an tráthú agus an fhoirm ina bhfuil an fhaisnéis sin le tuairisciú a leagan síos.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2). Tabharfar aird leo ar na hoibleagáidí tuairiscithe atá ann cheana faoi Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 715/2009.

Airteagal 9

Rannpháirtithe margaidh a chlárú

1. Maidir le rannpháirtithe margaidh a dhéanann idirbhearta a cheanglaítear a thuairisciú don Ghníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagal 8(1), cláróidh siad leis an údarás rialála náisiúnta sa Bhallstát ina bhfuil siad bunaithe nó ina bhfuil cónaí orthu nó, mura bhfuil siad bunaithe san Aontas nó mura bhfuil cónaí orthu ann, cláróidh siad i mBallstát ina bhfuil siad gníomhach.

Ní chláróidh rannpháirtí margaidh ach amháin le húdarás rialála náisiúnta amháin. Ní cheanglóidh Ballstáit ar rannpháirtí margaidh atá cláraithe cheana féin i mBallstát eile clárú athuair.

Tá clárú rannpháirtithe margaidh gan dochar do na hoibleagáidí chun na rialacha trádála agus comhardúcháin is infeidhme a chomhlíonadh.

2. Tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis an dáta a ghlacann an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme a leagtar amach in Airteagal 8(2), bunóidh na húdaráis rialála náisiúnta clár náisiúnta rannpháirtithe margaidh agus coinneoidh siad na clár sin cothrom le dáta. Sa chlár sin, tabharfar sainaitheantóir uathúil do gach rannpháirtí margaidh agus beidh dóthain faisnéise ann chun an rannpháirtí margaidh a shainithint, lena n-áirítear mionsonraí ábhartha a bhaineann lena uimhir chánach breisluacha, a áit bhunaíochta, na daoine atá freagrach as a chinntí oibríochtúla agus trádála agus rialtóir deiridh nó tairbhí deiridh ghníomhaíochtaí trádála an rannpháirtí margaidh.

3. Déanfaidh na húdaráis rialála náisiúnta an fhaisnéis atá ina gclár náisiúnta a tharchur chuig an nGníomhaireacht i bhformáid a chinneadh an Gníomhaireacht. Déanfaidh an Gníomhaireacht, i gcomhar leis na húdaráis sin, an fhoráid sin a chinneadh agus a fhoilsiú faoin 29 Meitheamh 2012. Ar bhonn na faisnéise a sholáthraíonn na húdaráis rialála náisiúnta, bunóidh an Gníomhaireacht clár Eorpach rannpháirtithe margaidh. Beidh rochtain ag údaráis rialála náisiúnta agus ag údaráis ábhartha eile ar an gclár Eorpach. Faoi réir Airteagal 17, féadfaidh an Gníomhaireacht a chinneadh an clár Eorpach, nó sleachta as, a chur ar fáil go poiblí ar choinníoll nach ndéanfar faisnéis faoi rannpháirtithe aonair margaidh, ar faisnéis í atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a nochtadh.

4. Déanfaidh rannpháirtithe margaidh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo an fhoirm chláirúcháin a chur faoi bhráid an údaráis rialála náisiúnta sula ndéanfaidh siad idirbheart a cheanglaítear a thuairisciú don Gníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagal 8(1).

5. Déanfaidh rannpháirtithe margaidh dá dtagraítear i mír 1 aon athrú a bheidh tar éis tarlú i ndáil leis an bhfaisnéis arna soláthar san fhoirm chláirúcháin a chur in iúl go pras don údarás rialála náisiúnta.

Airteagal 10

Faisnéis a chomhroinnt idir an Gníomhaireacht agus údaráis eile

1. Bunóidh an Gníomhaireacht sásraí chun faisnéis a fhaigheann sí i gcomhréir le hAirteagal 7(1) agus le hAirteagal 8 a chomhroinnt le húdaráis rialála náisiúnta, le húdaráis airgeadais inniúla na mBallstát, le húdaráis iomaíochta náisiúnta, le ÚEUM agus le húdaráis ábhartha eile. Sula mbunófar sásraí den sórt sin, rachaidh an Gníomhaireacht i gcomhairle leis na húdaráis sin.

2. Ní thabharfaidh an Gníomhaireacht rochtain ar na sásraí dá dtagraítear i mír 1 ach amháin d'údaráis a bhfuil córais curtha ar bun acu trína gcumasáitear don Gníomhaireacht ceanglais Airteagal 12(1) a chomhlíonadh.

3. Maidir le taisclanna trádála atá cláraithe nó aitheanta faoi reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir le hidirbhearta díorthacha, contrapháirtithe lárnacha agus taisclanna trádála,

déanfaidh siad faisnéis ábhartha a bhaineann le táirgí mórdhíola fuinnimh agus le díorthaigh lámhaltas astaíochtaí arna mbailiú acu a chur ar fáil don Gníomhaireacht.

Déanfaidh ÚEUM tuarascálacha maidir le hidirbhearta i dtáirgí mórdhíola fuinnimh a fhaightear faoi Airteagal 25(3) de Threoir 2004/39/CE, agus faoi reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir le hidirbhearta díorthacha, contrapháirtithe lárnacha agus taisclanna trádála, a tharchur chuig an nGníomhaireacht. Déanfaidh údaráis inniúla a fhaigheann tuarascálacha maidir le hidirbhearta i dtáirgí mórdhíola fuinnimh, ar tuarascálacha iad a fhaightear faoi Airteagal 25(3) de Threoir 2004/39/CE, na tuarascálacha sin a tharchur chuig an nGníomhaireacht.

Comhoibreoidh an Gníomhaireacht agus na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar thrádáil i lámhaltas astaíochtaí nó i ndíorthaigh a bhaineann le lámhaltas astaíochtaí lena chéile agus bunóidh siad sásraí iomchuí chun rochtain a thabhairt don Gníomhaireacht ar thaifid ar na hidirbhearta i lámhaltas agus i ndíorthaigh den sórt sin i gcás ina mbailíonn na húdaráis sin faisnéis ar idirbhearta den sórt sin.

Airteagal 11

Cosaint sonraí

Beidh an Rialachán seo gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát i ndáil leis an bpróiseáil a dhéanann siad ar shonraí pearsanta faoi Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin⁽¹⁾ nó d'oibleagáidí na Gníomhaireachta, nuair atá a cuid freagrachtaí á gcomhlíonadh aici i ndáil leis an bpróiseáil a dhéanann sí ar shonraí pearsanta faoi Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin⁽²⁾.

Airteagal 12

Iontaofacht oibríochtúil

1. Áiritheoidh an Gníomhaireacht rúndacht, sláine agus cosaint na faisnéise a fhaightear faoi Airteagal 4(2), Airteagal 8 agus Airteagal 10. Déanfaidh an Gníomhaireacht gach beart is gá chun cosc a chur ar mhí-úsáid na faisnéise a choimeádtar ina córais agus ar aon rochtain neamhúdaraithe ar an bhfaisnéis sin.

Déanfaidh údaráis rialála náisiúnta, údaráis airgeadais inniúla na mBallstát, údaráis náisiúnta iomaíochta, ÚEUM agus údaráis ábhartha eile rúndacht, sláine agus cosaint na faisnéise a fhaigheann siad faoi Airteagal 4(2), faoi Airteagal 7(2), faoi Airteagal 8(5) nó faoi Airteagal 10 a áiritiú agus déanfaidh siad bearta chun cosc a chur ar mhí-úsáid na faisnéise sin.

Sainaitheoidh an Gníomhaireacht foinsí riosca oibríochtúil agus déanfaidh sí iad a íoslághdú trí chórais, rialuithe agus nósanna imeachta iomchuí a fhorbairt.

⁽¹⁾ IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.

⁽²⁾ IO L 8, 12.1.2001, lch. 1.

2. Faoi réir Airteagal 17, féadfaidh an Ghníomhaireacht a chinneadh codanna den fhaisnéis atá ina seilbh a chur ar fáil go poiblí ar choinníoll nach ndéanfar faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de maidir le rannpháirtithe aonair margaidh nó maidir le hidirbhearta aonair nó maidir le hionaid mhargaidh aonair a nochtadh agus nach féidir faisnéis den sórt sin a bhaint mar thátal as na codanna sin den fhaisnéis a chuirtear ar fáil go poiblí.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht a bhunachar sonraí ar thrádáil nach bhfuil íogair ó thaobh na tráchtála de a chur ar fáil chun críocho eolaíochta, ach sin faoi réir ceanglas rúndachta.

Déanfar faisnéis a fhoilsiú nó a chur ar fáil ar mhaithe le feabhas a chur ar thrédhearcacht na margáí mórdhíola fuinnimh agus déanfar é sin ar choinníoll nach dóigh di aon saobhadh a chruthú san iomaíocht ar na margáí fuinnimh sin.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht faisnéis a scaipeadh ar bhealach cóir de réir rialacha trédhearcacha a tharraingeoidh sí féin suas agus a chuirfidh sí féin ar fáil go poiblí.

Airteagal 13

Toirmisc a chur chun feidhme i gcoinne droch-úsáide margaidh

1. Áiritheoidh údarás rialála náisiúnta go ndéanfar na toirmisc atá leagtha amach in Airteagal 3 agus in Airteagal 5, agus na hoibleagáidí atá leagtha amach in Airteagal 4, a chur i bhfeidhm.

Faoin 29 Meitheamh 2013, áiritheoidh gach Ballstát go bhfuil na cumhachtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin is gá ag a údarás rialála náisiúnta chun an fheidhm sin a fheidhmiú. Feidhmeofar na cumhachtaí sin ar bhealach comhréireach.

Féadfar na cumhachtaí sin a fheidhmiú:

- (a) go díreach;
- (b) i gcomhar le húdarás eile; nó
- (c) trí iarratas a dhéanamh chuig na húdarás bhreithiúnacha inniúla.

I gcás inarb iomchuí, féadfaidh na húdarás rialála náisiúnta a gcuid cumhachtaí imscrúdúcháin a fheidhmiú i gcomhar le margáí eagraithe, le córais mheaitseála trádála nó le daoine eile a shocraíonn idirbhearta go gairmiúil agus dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 8(4).

2. Beidh na cumhachtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin dá dtagraítear i mír 1 teoranta d'aidhm an imscrúdaithe. Feidhmeofar na cumhachtaí sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus áireofar iontu an ceart chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) rochtain a fháil ar aon doiciméad ábhartha in aon fhoirm, agus cóip de a fháil;
- (b) faisnéis a éileamh ó aon duine ábhartha, lena n-áirítear iad sin a bhfuil baint comhleánúnach acu le tarchur orduithe nó

le seoladh na n-oibríochtaí lena mbaineann, chomh maith lena gcuid príomhaithe, agus más gá, an ceart chun duine nó príomhaí den sórt sin a thoghairm agus a éisteacht;

- (c) cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh;
- (d) taifid theileafóin atá ann cheana agus taifid de shreabhadh sonraí atá ann cheana a éileamh;
- (e) a éileamh go scoirfead d'aon chleachtas atá contrártha don Rialachán seo nó do na gníomhartha tarmlichte nó do na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn;
- (f) a iarraidh ar chúirt sócmhainní a chalcadh nó a fhorlámhú;
- (g) a iarraidh ar chúirt nó ar aon údarás inniúil toirmeasc sealadach a fhorchur ar ghníomhaíocht ghairmiúil.

Airteagal 14

Ceart achomhairc

Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil sásraí oiriúnacha ar marthain, ar an leibhéal náisiúnta, ar sásraí iad faoina mbeidh ceart ag páirtí a ndearna cinneadh de chuid an údarás rialála difear dó chun achomharc a dhéanamh chuig comhlacht atá neamhspleách ar na páirtithe lena mbaineann agus ar aon rialtas.

Airteagal 15

Oibleagáidí daoine a shocraíonn idirbhearta go gairmiúil

Maidir le haon duine a shocraíonn idirbhearta go gairmiúil i dtáirgí mórdhíola fuinnimh agus a bhfuil amhras réasúnach air go bhféadfadh idirbheart Airteagal 3 nó Airteagal 5 a shárú, déanfaidh sé fógra ina leith sin a thabhairt don údarás rialála náisiúnta gan a thuilleadh moille.

Maidir le daoine a shocraíonn idirbhearta go gairmiúil i dtáirgí mórdhíola fuinnimh, déanfaidh siad socruithe éifeachtacha agus nósanna imeachta éifeachtacha a bhunú agus a choimeád ar bun chun sárúithe ar Airteagal 3 nó ar Airteagal 5 a shainaithint.

Airteagal 16

Comhar ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta

1. Beidh sé mar aidhm ag an nGníomhaireacht a áirithiú go ndéanfaidh údarás rialála náisiúnta a gcuid cúraimí faoin Rialachán seo a chur i gcrích ar bhealach comhordaithe agus comhsheasmhach.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht treoraíocht neamhcheangailteach a fhoilsiú maidir le cur i bhfeidhm na sainmhínte a leagtar amach in Airteagal 2, de réir mar is iomchuí.

Comhoibreoidh údarás rialála náisiúnta leis an nGníomhaireacht agus lena chéile, lena n-áirítear ar leibhéal réigiúnach, chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Féadfaidh údarás rialála náisiúnta, údarás airgeadais inniúla agus an t-údarás náisiúnta iomaíochta i mBallstát cineálacha iomchuí comhair a bhunú chun imscrúdú éifeachtach agus éifeachtúil agus forfheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú, agus chun rannchuidiú le cur chuige comhordaithe agus comhsheasmhach i leith imscrúdúcháin, imeachtaí breithiúnacha agus fhorfheidhmiú an Rialacháin seo agus an dlí ábhartha airgeadais agus iomaíochta.

2. Cuirfidh údarás rialála náisiúnta an Gníomhaireacht ar an eolas gan mhoill sa tslí is sonraí agus is féidir i gcás ina bhfuil forais réasúnacha acu chun droch-amhras a bheith orthu go bhfuil gníomhaíochtaí lena sáraítear an Rialachán seo á ndéanamh nó déanta sa Bhallstát sin nó i mBallstát eile.

I gcás ina bhfuil drochamhras ar údarás rialála náisiúnta go bhfuil gníomhartha lena ndéantar difear do mhargáí mórdhíola fuinnimh nó do phraghas táirgí mórdhíola fuinnimh sa Bhallstát sin á ndéanamh i mBallstát eile, féadfaidh sé a iarraidh ar an nGníomhaireacht gníomhaíocht a dhéanamh i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo agus, má dhéanann na gníomhartha difear d'ionstraimí airgeadais atá faoi réir Airteagal 9 de Threoir 2003/6/CE, i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo.

3. Chun cur chuige comhordaithe agus comhsheasmhach a áirithiú i dtaca le droch-úsáid mhargaidh ar mhargáí mórdhíola fuinnimh:

(a) cuirfidh údarás rialála náisiúnta údarás airgeadais inniúla a mBallstáit agus an Gníomhaireacht ar an eolas más rud é go bhfuil forais réasúnacha acu chun droch-amhras a bheith orthu go bhfuil gníomhartha á ndéanamh nó déanta ar mhargáí mórdhíola fuinnimh ar gníomhartha iad atá in ionannas le droch-úsáid mhargaidh de réir bhrí Threoir 2003/6/CE, agus ar gníomhartha iad a dhéanann difear d'ionstraimí airgeadais atá faoi réir Airteagal 9 den Treoir sin; chun na gcríoch sin, féadfaidh údarás rialála náisiúnta cineálacha iomchuí comhair a bhunú leis an údarás airgeadais inniúil ina mBallstát;

(b) cuirfidh an Gníomhaireacht ÚEUM agus an t-údarás airgeadais inniúil iomchuí ar an eolas más rud é go bhfuil forais réasúnacha aici chun droch-amhras a bheith uirthi go bhfuil gníomhartha á ndéanamh nó déanta ar mhargáí mórdhíola fuinnimh ar gníomhartha iad atá in ionannas le droch-úsáid mhargaidh de réir bhrí Threoir 2003/6/CE agus ar gníomhartha iad lena ndéantar difear d'ionstraimí airgeadais a thagann faoi réir Airteagal 9 den Treoir sin;

(c) cuirfidh údarás airgeadais inniúil Ballstáit ÚEUM agus an Gníomhaireacht ar an eolas más rud é go bhfuil forais réasúnacha aige chun droch-amhras a bheith air go bhfuil gníomhartha lena sáraítear Airteagal 3 agus Airteagal 5, á ndéanamh nó déanta ar mhargáí mórdhíola fuinnimh i mBallstát eile;

(d) cuirfidh údarás rialála náisiúnta údarás náisiúnta iomaíochta a mBallstáit, an Coimisiún agus an Gníomhaireacht ar an eolas más rud é go bhfuil forais réasúnacha acu chun droch-amhras a bheith orthu go bhfuil gníomhartha ar dóigh

dóibh a bheith ina sárú ar dhlí na hiomaíochta á ndéanamh nó déanta ar an margadh mórdhíola fuinnimh.

4. Chun a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh faoi mhír 1, i gcás ina bhfuil droch-amhras ar an nGníomhaireacht, *inter alia* ar bhonn measúnuithe tosaigh nó anailísí tosaigh, go ndearnadh sárú an Rialachán seo, beidh sé de chumhacht aici:

(a) a iarraidh ar údarás rialála náisiúnta amháin nó níos mó aon fhaisnéis a bhaineann leis an sárú a bhfuil droch-amhras ann ina leith a sholáthar;

(b) a iarraidh ar údarás rialála náisiúnta amháin nó níos mó tús a chur le himscrúdú faoin sárú a bhfuil droch-amhras ann ina leith, agus gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh chun aon sárú a dhéantar a fhionnadh a leigheas. Maidir le haon chinneadh i ndáil leis an ngníomhaíocht iomchuí a bheidh le déanamh chun aon sárú a aimsítear a leigheas, beidh sé mar fhreagracht ar an údarás rialála náisiúnta lena mbaineann;

(c) i gcás ina measann sí go bhfuil nó go raibh tionchar trasteorann ag an sárú a d'fhéadfadh a bheith ann, déanfaidh sí grúpa imscrúdúcháin a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe ó údarás rialála náisiúnta ar cas leo an t-ábhar a bhunú agus a chomhordú chun imscrúdú a dhéanamh i dtaobh ar sáraíodh an Rialachán seo agus cén Ballstát inar tharla an sárú. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Gníomhaireacht a iarraidh freisin go mbeidh ionadaithe ó údarás airgeadais inniúil nó ó údarás ábhartha eile as Ballstát amháin nó níos mó rannpháirteach sa ghrúpa imscrúdúcháin.

5. Mura rud é go bhfuil feidhm ag ceann de na díolúintí atá leagtha amach thíos, déanfaidh údarás rialála náisiúnta a fhaigheann iarraidh ar fhaisnéis faoi phointe (a) de mhír 4, nó a fhaigheann iarraidh chun tús a chur le himscrúdú maidir le sárú a bhfuil droch-amhras ann ina leith faoi phointe (b) de mhír 4, na bearta is gá a dhéanamh láithreach chun an iarraidh sin a chomhlíonadh. Mura bhfuil an t-údarás rialála náisiúnta in ann an fhaisnéis a cheanglaítear a sholáthar láithreach, tabharfaidh sé fógra don Gníomhaireacht gan a thuilleadh moille maidir leis na cúiseanna atá leis sin.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh údarás rialála náisiúnta diúltú gníomhú de bhun iarrata, más rud é:

(a) go bhféadfadh comhlíonadh difear dochrach a dhéanamh do cheannasacht nó do shlándáil an Bhallstáit ar díriodh an iarraidh sin chuige;

(b) go ndearnadh imeachtaí breithiúnacha a thionscnamh cheana féin i ndáil leis na gníomhaíochtaí céanna agus i gcoinne na ndaoine céanna os comhair údarás an Bhallstáit ar díriodh an iarraidh sin chuige; nó

(c) gur tugadh breithiúnas críochnaitheach cheana féin i ndáil leis na daoine sin i dtaca leis na gníomhaíochtaí céanna sa Bhallstát ar díriodh an iarraidh sin chuige.

In aon chás den sórt sin, tabharfaidh an t-údarás rialála náisiúnta sin fógra don Gníomhaireacht dá réir agus soláthróidh sé faisnéis atá chomh mionsonraithe agus is féidir i dtaobh na n-imeachtaí sin nó an bhreithiúnais sin.

Beidh údaráis rialála náisiúnta rannpháirteach i ngrúpa imscrúdúcháin arna thionól i gcomhréir le pointe (c) de mhír 4, agus soláthróidh siad gach cúnaimh is gá. Beidh an grúpa imscrúdúcháin faoi réir a chomhordaithe ag an nGníomhaireacht.

6. Ní bheidh feidhm ag an abairt deiridh d'Airteagal 15(1) de Rialachán (CE) Uimh. 713/2009 maidir leis an nGníomhaireacht nuair atá a cúraimí á gcur i gcrích aici faoin Rialachán seo.

Airteagal 17

Rúndacht ghairmiúil

1. Beidh aon fhaisnéis rúnda a gheofar, a mhalartófar nó a tharchuirfear de bhun an Rialacháin seo faoi réir choinníollacha na rúndachta gairmiúla atá leagtha síos i mír 2, i mír 3 agus i mír 4.

2. Beidh feidhm ag an oibleagáid maidir le rúndacht ghairmiúil i leith na nithe seo a leanas:

- (a) daoine atá ag obair nó a d'oibrigh le haghaidh na Gníomhaireachta;
- (b) iniúcháirí agus saineolaithe a fhaigheann teagasc ón nGníomhaireacht;
- (c) daoine atá ag obair nó a d'oibrigh le haghaidh na n-údarás rialála náisiúnta nó le haghaidh údarás ábhartha eile;
- (d) iniúcháirí agus saineolaithe a fhaigheann teagasc ó údarás rialála náisiúnta nó ó údarás ábhartha eile a fhaigheann faisnéis rúnda i gcomhréir leis an Rialachán seo.

3. Ní fhéadfar faisnéis rúnda a fhaigheann na daoine dá dtagraítear i mír 2 i gcúrsa a gcuid dualgas a nochtadh d'aon duine eile nó d'aon údarás eile, seachas i bhfoirm achomair nó i bhfoirm chomhiomlán ionas nach féidir rannpháirtí aonair margaidh nó ionad margaidh aonair a shainiú, ach sin gan dochar do chásanna a chumhdaítear leis an dlí coiriúil, le forálacha eile an Rialacháin seo nó le reachtaíocht ábhartha eile an Aontais.

4. Gan dochar do chásanna a chumhdaítear leis an dlí coiriúil, ní fhéadfaidh an Gníomhaireacht, údarás rialála náisiúnta, údarás airgeadais inniúla na mBallstát, ÚEUM, na comhlachtaí nó na daoine a fhaigheann faisnéis rúnda de bhun an Rialacháin seo an fhaisnéis sin a úsáid ach amháin le linn a ndualgas a chomhlíonadh agus chun a bhfeidhmeanna a fheidhmiú. Féadfaidh údarás, comhlachtaí nó daoine eile an fhaisnéis sin a úsáid chun na críche ar soláthraíodh an fhaisnéis sin dóibh nó i gcomhthéacs imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha a bhaineann go sonrach le feidhmiú na bhfeidhmeanna sin. Féadfaidh an t-údarás a fhaigheann an fhaisnéis í a úsáid chun críoch eile, ar choinníoll go dtailíonn an Gníomhaireacht, údarás rialála náisiúnta, údarás airgeadais inniúla na mBallstát, ÚEUM, comhlachtaí, nó daoine a dhéanann faisnéis a chur in iúl, leis an méid sin a dhéanamh.

5. Ní chuirfidh an tAirteagal seo cosc ar údarás i mBallstát faisnéis rúnda a mhalartú nó a tharchur i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ar choinníoll nach bhfuarthas í ó údarás de chuid Bhallstáit eile nó ón nGníomhaireacht faoin Rialachán seo.

Airteagal 18

Pionóis

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sárúithe ar an Rialachán seo agus déanfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór go mbeidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach, agus go léireoidh siad cineál, fad agus tromchúis an tsárúithe, an damáiste a rinneadh do thomhaltóirí agus na gnóchain ionchasacha ó thrádáil ar bhonn faisnéise cos istigh agus ar bhonn cúblála margaidh.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis na forálacha sin faoin 29 Meitheamh 2013 ar a dhéanaí agus tabharfaidh siad fógra dó gan mhoill maidir le haon leasú ina dhiaidh sin a dhéanann difear dóibh.

Forálfaidh Ballstáit go bhféadfaidh an t-údarás rialála náisiúnta bearta nó pionóis a fhorchuirtear mar gheall ar shárú ar an Rialachán seo a nochtadh don phobal, mura rud é go mbeadh an nochtadh sin ina chúis le damáiste míréireach do na páirtithe atá i gceist.

Airteagal 19

Caidreamh idirnáisiúnta

A mhéid is gá chun na cuspóirí atá leagtha amach sa Rialachán seo a bhaint amach, agus gan dochar d'inniúlachtaí faoi seach na mBallstát agus institiúidí an Aontais, lena n-áirítear an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, féadfaidh an Gníomhaireacht teagmhálacha a fhorbairt agus comhaontuithe riaracháin a dhéanamh le húdarás mhaoirseachta, le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le córais riaracháin tríú tíortha, go háirithe iad sin a bhfuil tionchar acu ar mhargadh mórdhíola fuinnimh an Aontais, chun comhchuíbhiú an chreata rialála a chur chun cinn. Ní chruthóidh na socruithe sin oibleagáidí dlíthiúla i dtaca leis an Aontas agus lena Bhallstáit, ná ní choiscfidh siad ar na Ballstáit agus a gcuid údarás inniúil socruithe déthaobhacha nó socruithe iltaobhacha a thabhairt i gcrích leis na húdarás mhaoirseachta sin, leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin agus le córais riaracháin de chuid tríú tíortha.

Airteagal 20

An tarmligean a fheidhmiú

1. Déantar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ón 28 Nollaig 2011. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle i gcoinne an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6 a chúlghairm aon tráth. Cuirfidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis ar an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ag an am céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí ón tráth a thugtar fógra i dtaobh an ghnímh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula rachaidh an tréimhse sin in éag, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 25 Deireadh Fómhair 2011.

Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán
J. BUZEK

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. DOWGIELEWICZ

Airteagal 21

An nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 22

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag mír 1, ag an gcéad fhomhír de mhír 3, ag mír 4 agus ag mír 5 d'Airteagal 8 le héifeacht ó shé mhí tar éis an dáta a nglacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme ábhartha dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 6 den Airteagal sin.

RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN

Measann an Coimisiún nach bhféadfar na tairseacha do thuairisciú na n-idirbheart mar a shainmhínítear iad in Airteagal 8(2)(a) agus na tairseacha do thuairisciú faisnéise mar a shainmhínítear iad in Airteagal 8(6)(a) a shocrú ach amháin le gníomhartha cur chun feidhme.

I gcás inarb iomchuí, cuirfidh an Coimisiún togra reachtach síos lena socrófar na tairseacha sin.

RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE

Thug reachtóir an AE cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 291 CFAE maidir le bearta dá bhforáiltear in Airteagal 8. Tá an méid sin ceangailteach ó thaobh an dlí de i gcás an Choimisiúin in ainneoin an dearbhú a rinne sé i ndáil le hAirteagal 8(2)(a) agus 8(6)(a).

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 1228/2011 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 16 Samhain 2011**

lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 429/73 ón gComhairle lena ndéantar forálacha speisialta maidir le hearraí áirithe a allmhairiú isteach sa Chomhphobal, ar earraí iad a thagann faoi réim Rialachán (CEE) Uimh. 1059/69 agus ar earraí de thionscnamh na Tuirce iad

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá feabhsú thrédhearcacht dhlí an Aontais ina ghné shárriachtanach den straitéis um reachtóireacht níos fearr atá á cur chun feidhme ag institiúidí an Aontais. Sa chomhthéacs sin, is iomchuí na gníomhartha sin nach bhfuil fíoréifeacht acu a thuilleadh a bhaint as an reachtaíocht atá i bhfeidhm.
- (2) Rinneadh Rialachán (CEE) Uimh. 429/73 ón gComhairle ⁽²⁾ a ghlacadh chun an chomhchuid sheasta laghdaithe de na dleachtanna allmhairiúcháin a chinneadh i leith táirgí talmhaíochta próiseáilte de thionscnamh na Tuirce agus arna n-allmhairiú faoi chuimsiú an Phrótacail Bhreise a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Tuirce, a síníodh an 23 Samhain 1970.
- (3) Le Cinneadh Uimh. 1/95 ó Chomhairle Chomhlachais CE-na Tuirce an 22 Nollaig 1995 maidir leis an gcéim

dheireanach den Aontas Custaim a chur chun feidhme ⁽³⁾, leagtar síos na rialacha chun na dleachtanna custaim a chinneadh i leith táirgí talmhaíochta próiseáilte de thionscnamh na Tuirce agus arna n-allmhairiú isteach san Aontas Eorpach. Dá bhrí sin, tá Rialachán (CEE) Uimh. 429/73 imithe i seandacht.

- (4) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla agus soiléireachta, ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CEE) Uimh. 429/73 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 429/73.
2. Beidh aisghairm an ghnímh dá dtagraítear i mír 1 gan dochar don mhéid seo a leanas:
 - (a) gníomhartha Aontais arna nglacadh ar bhonn an ghnímh dá dtagraítear i mír 1 a choimeád i bhfeidhm; agus
 - (b) bailíocht leantach leasuithe arna ndéanamh leis an ngníomh dá dtagraítear i mír 1, ar leasuithe iad ar ghníomhartha eile de chuid an Aontais nach n-aisghairtear leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 16 Samhain 2011.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
J. BUZEK

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
W. SZCZUKA

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2011 (nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil*) agus cinneadh ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2011.

⁽²⁾ IO L 59, 5.3.1973, lch. 85.

⁽³⁾ IO L 35, 13.2.1996, lch. 1.

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 1229/2011 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 16 Samhain 2011**

**lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe ón gComhairle atá imithe i seandacht i réimse an
chomhbheartais talmhaíochta**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais 1979, agus go háirithe Airteagal 60, Airteagal 61(5) agus Airteagal 72(1) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais 1985, agus go háirithe Airteagal 234(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus leis an gceanglas le haghaidh aontoilíochta sa Chomhairle dá bhforáiltear in Airteagal 234(3) d'Ionstraim Aontachais 1985 ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá feabhsú thrédhearcacht dhlí an Aontais ina ghné shárriachtanach den straitéis um reachtóireacht níos fearr atá á cur chun feidhme ag institiúidí an Aontais. Sa chomhthéacs sin, is iomchuí na gníomhartha sin nach bhfuil fíoréifeacht acu a thuilleadh a bhaint as an reachtaíocht atá i bhfeidhm.
- (2) Tá roinnt rialachán a bhaineann leis an gcomhbheartas talmhaíochta imithe i seandacht, cé go bhfuil siad fós i bhfeidhm go foirmiúil.
- (3) Tá éifeachtaí Rialachán (CEE) Uimh. 2052/69 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 1969 maidir le maoiniú Comhphobail le haghaidh caiteachais a eascraíonn as cur chun feidhme an Choinbhinsiúin um Chúnamh Bia ⁽³⁾ ídithe ós rud é gur ionchorpraíodh a inneachar i ngníomhartha comhleanúnacha.
- (4) Tá éifeachtaí Rialachán (CEE) Uimh. 1467/70 ón gComhairle an 20 Iúil 1970 lena socraítear rialacha ginearálta

áirithe lena rialaítear idirghabháil ar an margadh i dtobac amh ⁽⁴⁾ ídithe de bharr athchóirithe comhleanúnacha ar an earnáil tobac ón mbliain 1992.

- (5) Tá éifeachtaí Rialachán (CEE) Uimh. 3279/75 ón gComhairle an 16 Nollaig 1975 maidir le caighdeánú ar an gcaoi a láimhseáilann na Ballstáit aonair allmhairí crann beo agus plandaí eile, bleibíní, fréamhacha agus a leithéidí, bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach ó thíortha nach Balltíortha iad ⁽⁵⁾ ídithe ós rud é gur ionchorpraíodh a inneachar i ngníomhartha comhleanúnacha.
- (6) Le Rialachán (CEE) Uimh. 1078/77 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 lena dtugtar isteach córas préimheanna maidir le neamh-mhargú bainne agus táirgí bainne agus maidir le tiontú tréad déiríochta ⁽⁶⁾, tugadh isteach bearta a bhí infheidhme go dtí an bhliain 1981 agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.
- (7) Le Rialachán (CEE) Uimh. 1853/78 ón gComhairle an 25 Iúil 1978 lena nglactar rialacha ginearálta maidir le bearta speisialta i leith síolta ricne ⁽⁷⁾, tugadh isteach bearta maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CEE) Uimh. 2874/77 ón gComhairle an 19 Nollaig 1977 lena leagtar síos bearta speisialta maidir le síolta ricne ⁽⁸⁾ ar bearta iad ar tháinig deireadh lena mbailíocht an 30 Meán Fómhair 1984 agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (8) Maidir le Rialachán (CEE) Uimh. 2580/78 ón gComhairle an 31 Deireadh Fómhair 1978 lena leathnaítear bliain mhargaíochta 1977/78 i gcomhair ola olóige, lena ndéantar foráil maidir le bearta speisialta don earnáil sin agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 878/77 maidir leis na rátaí malairte atá le cur i bhfeidhm ó thaobh na talmhaíochta de ⁽⁹⁾, níor chumhdaigh sé ach na blianta margáíochta 1977/78 agus 1978/79 agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (9) Bhí Rialachán (CEE) Uimh. 1/81 ón gComhairle an 1 Eanáir 1981 lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le córas na suimeanna cúiteacha aontachais i gcomhair gránach ⁽¹⁰⁾ beartaithe lena chur i bhfeidhm san idirthréimhse tar éis aontachas na Gréige leis na Comhphobail Eorpacha agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (10) Tá éifeachtaí Rialachán (CEE) Uimh. 1946/81 ón gComhairle an 30 Meitheamh 1981 lena ndéantar cabhair infheistíochta a shrianadh maidir le táirgeadh bainne ⁽¹¹⁾ ídithe ós rud é gur ionchorpraíodh a inneachar i ngníomhartha comhleanúnacha.

⁽¹⁾ IO C 107, 6.4.2011, lch. 72.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2011 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2011.

⁽³⁾ IO L 263, 21.10.1969, lch. 6.

⁽⁴⁾ IO L 164, 27.7.1970, lch. 32.

⁽⁵⁾ IO L 326, 18.12.1975, lch. 1.

⁽⁶⁾ IO L 131, 26.5.1977, lch. 1.

⁽⁷⁾ IO L 212, 2.8.1978, lch. 1.

⁽⁸⁾ IO L 332, 24.12.1977, lch. 1.

⁽⁹⁾ IO L 309, 1.11.1978, lch. 13.

⁽¹⁰⁾ IO L 1, 1.1.1981, lch. 1.

⁽¹¹⁾ IO L 197, 20.7.1981, lch. 32.

- (11) Maidir le Rialachán (CEE) Uimh. 2989/82 ón gComhairle an 9 Samhain 1982 maidir le cabhair a dheonú i leith tomhaltais ime sa Danmhairg, sa Ghréig, san Iodáil agus i Lucsamburg ⁽¹⁾, níor tugadh isteach leis ach bearta sealadacha agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (12) Bhí Rialachán (CEE) Uimh. 3033/83 ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 1983 lena ndíothaítear an tsum chuíteach “aontachais” is infheidhme maidir le fronta licéir ⁽²⁾ beartaithe lena chur i bhfeidhm san idirthrímhse tar éis aontachas na Gréige leis na Comhphobail Eorpacha agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (13) Maidir le Rialachán (CEE) Uimh. 564/84 ón gComhairle an 1 Márta 1984 ar chabhair i gcomhair infheistíochtaí i réimse an táirgthe bainne a chur ar fionraí ⁽³⁾, níor chumhdaigh sé ach an bhliain 1984 agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (14) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2997/87 ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 1987 lena leagtar síos, maidir le leann-lusanna, méid na cabhrach do tháirgeoirí le haghaidh fhómhar 1986 agus lena ndéantar foráil maidir le bearta speisialta i gcomhair réigiún táirgthe áirithe ⁽⁴⁾, tugadh isteach beart speisialta a bhí infheidhme go dtí an bhliain 1995 agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (15) Le Rialachán (CEE) Uimh. 1441/88 ón gComhairle an 24 Bealtaine 1988 lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 822/87 maidir le comheagraíocht mhargadh an fhíona ⁽⁵⁾, tugadh de chumhacht don Chomhairle forálacha idirthrímhseacha áirithe a d’eascair ó aontachas na Portaingéile leis na Comhphobail Eorpacha a choigeartú agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (16) Le Rialachán (CEE) Uimh. 1720/91 ón gComhairle an 13 Meitheamh 1991 lena leasaítear Rialachán Uimh. 136/66/CEE maidir le bunú chomheagrú an mhargaidh in olaí agus i saille a chomheagrú ⁽⁶⁾, tugadh isteach roinnt beart eisceachtúil maidir le comheagrú an mhargaidh in olaí agus i saille, ar bearta iad a bhí infheidhme go dtí an 30 Meitheamh 1992 ar a dhéanaí, agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (17) Le Rialachán (CEE) Uimh. 740/93 ón gComhairle an 17 Márta 1993 lena socraítear cúiteamh ón gComhphobal maidir le foirceannadh cinntitheach an táirgthe bainne sa Phortaingéil ⁽⁷⁾, tugadh isteach beart speisialta a bhí le cur chun feidhme go dtí an bhliain 1996 agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (18) Bhí Rialachán (CEE) Uimh. 741/93 ón gComhairle an 17 Márta 1993 maidir le cur i bhfeidhm an phraghais idirghabhála choitinn i gcomhair ola olóige sa Phortaingéil ⁽⁸⁾ beartaithe lena chur i bhfeidhm san idirthrímhse tar éis aontachas na Portaingéile leis na Comhphobail Eorpacha agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (19) Maidir le Rialachán (CEE) Uimh. 744/93 ón gComhairle an 17 Márta 1993 lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir leis an sásra forlíontach trádála a chur i bhfeidhm i leith seachadtaí táirgí seachas torthaí agus glasraí sa Phortaingéil ⁽⁹⁾, bhain sé le hinfheidhmeacht Rialachán (CEE) Uimh. 3817/92 ón gComhairle an 28 Nollaig 1992 lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le cur i bhfeidhm an tsásra fhorlíontaigh trádála i leith táirgí seachas torthaí agus glasraí a allmhairiú isteach sa Spáinn ⁽¹⁰⁾, maidir leis an bPortaingéil, ar Rialachán é a aisghaireadh ina dhiaidh sin agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (20) Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 2443/96 ón gComhairle an 17 Nollaig 1996 lena ndéantar foráil maidir le bearta breise le haghaidh tacaíochta díri d’ioncain táirgeoirí nó d’earnáil na mairteola agus na laofheola ⁽¹¹⁾, níor chumhdaigh sé ach an bhliain 1997 agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (21) Ba é a bhí beartaithe le Rialachán (CE) Uimh. 2200/97 ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 1997 maidir le táirgeadh úll, piorraí, péitseog agus neachtairíní sa Chomhphobal a fheabhsú ⁽¹²⁾ ná préimh speisialta a thabhairt isteach don bhliain mhargaíochta 1997/1998 agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (22) Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 2330/98 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 1998 lena ndéantar foráil maidir le cúiteamh a thairiscint do tháirgeoirí áirithe bainne agus táirgí bainne a bhfuil srian sealadach orthu i dtaca lena dtrádáil a sheoladh ⁽¹³⁾, níor chumhdaigh sé ach beart sealadach agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (23) Ní raibh sé i gceist le Rialachán (CE) Uimh. 2800/98 ón gComhairle an 15 Nollaig 1998 maidir le bearta idirthrímhseacha atá le cur i bhfeidhm faoin gcomhbheartas talmhaíochta d’fhonn an euro a thabhairt isteach ⁽¹⁴⁾ foráil a dhéanamh ach amháin maidir le bearta idirthrímhseacha agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (24) Ba é a bhí beartaithe le Rialachán (CE) Uimh. 2802/98 ón gComhairle an 17 Nollaig 1998 maidir le clár chun táirgí talmhaíochta a sholáthar do Chónaidhm na Rúise ⁽¹⁵⁾ ná foráil a dhéanamh maidir le beart aonair aon uaire agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (25) Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 660/1999 ón gComhairle an 22 Márta 1999 lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2075/92 agus lena socraítear na préimheanna agus na tairseacha ráthaíochta i leith tobac duilleog de réir grúpa cineáil agus Ballstáit le haghaidh fhómhar 1999, fhómhar 2000 agus fhómhar 2001 ⁽¹⁶⁾, níor chumhdaigh sé ach fómhar 1999, fómhar 2000 agus fómhar 2001 agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.

⁽¹⁾ IO L 314, 10.11.1982, lch. 25.

⁽²⁾ IO L 297, 29.10.1983, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 61, 2.3.1984, lch. 34.

⁽⁴⁾ IO L 284, 7.10.1987, lch. 19.

⁽⁵⁾ IO L 132, 28.5.1988, lch. 1.

⁽⁶⁾ IO L 162, 26.6.1991, lch. 27.

⁽⁷⁾ IO L 77, 31.3.1993, lch. 5.

⁽⁸⁾ IO L 77, 31.3.1993, lch. 7.

⁽⁹⁾ IO L 77, 31.3.1993, lch. 11.

⁽¹⁰⁾ IO L 387, 31.12.1992, lch. 12.

⁽¹¹⁾ IO L 333, 21.12.1996, lch. 2.

⁽¹²⁾ IO L 303, 6.11.1997, lch. 3.

⁽¹³⁾ IO L 291, 30.10.1998, lch. 4.

⁽¹⁴⁾ IO L 349, 24.12.1998, lch. 8.

⁽¹⁵⁾ IO L 349, 24.12.1998, lch. 12.

⁽¹⁶⁾ IO L 83, 27.3.1999, lch. 10.

- (26) Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 546/2002 ón gComhairle an 25 Márta 2002 lena socraítear na préimheanna agus na tairseacha ráthaíochta i leith tobac duilleog de réir grúpa cineáil agus de réir Ballstáit le haghaidh fhómhar 2002, fhómhar 2003 agus fhómhar 2004, agus ar Rialachán é lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2075/92 ⁽¹⁾, níor chumhdaigh sé ach Fómhair 2002, 2003, 2004 agus 2005 agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (27) Ba é a bhí beartaithe le Rialachán (CE) Uimh. 527/2003 ón gComhairle an 17 Márta 2003 lena n-údaítear fionta áirithe arna n-allmhairiú ón Airgintín a thairiscint agus a sheachadadh lena gcaitheamh go díreach ag daoine, ar fionta iad a bhféadfadh próisis fhíoneolaíoch nach bhforáiltear dóibh i Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 a bheith déanta orthu ⁽²⁾ ná maolú a thabhairt isteach nach mbeadh infheidhme ach go dtí an 31 Nollaig 2008 agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (28) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla agus soiléireachta, ba cheart na Rialacháin sin atá imithe i seandacht a aisghairm,
- (CEE) Uimh. 1853/78, (CEE) Uimh. 2580/78, (CEE) Uimh. 1/81, (CEE) Uimh. 1946/81, (CEE) Uimh. 2989/82, (CEE) Uimh. 3033/83, (CEE) Uimh. 564/84, (CEE) Uimh. 2997/87, (CEE) Uimh. 1441/88, (CEE) Uimh. 1720/91, (CEE) Uimh. 740/93, (CEE) Uimh. 741/93, (CEE) Uimh. 744/93, (CE) Uimh. 2443/96, (CE) Uimh. 2200/97, (CE) Uimh. 2330/98, (CE) Uimh. 2800/98, (CE) Uimh. 2802/98, (CE) Uimh. 660/1999, (CE) Uimh. 546/2002, agus Rialachán (CE) Uimh. 527/2003.
2. Beidh aisghairm na ngníomhartha dá dtagraítear i mír 1 gan dochar don mhéid seo a leanas:
- (a) gníomhartha Aontais arna nglacadh ar bhonn na ngníomhartha dá dtagraítear i mír 1 a choimeád i bhfeidhm; agus
- (b) bailíocht leantach leasuithe arna ndéanamh leis na gníomhartha dá dtagraítear i mír 1 ar leasuithe iad ar ghníomhartha eile de chuid an Aontais nach n-aisghairtear leis an Rialachán seo.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2052/69, (CEE) Uimh. 1467/70, (CEE) Uimh. 3279/75, (CEE) Uimh. 1078/77,

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 16 Samhain 2011.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
J. BUZEK

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
W. SZCZUKA

⁽¹⁾ IO L 84, 28.3.2002, lch. 4.

⁽²⁾ IO L 78, 25.3.2003, lch. 1.

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 1230/2011 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 16 Samhain 2011**

**maidir le haisghairm gníomhartha áirithe ón gComhairle atá imithe i seandacht i réimse an
chomhbheartais tráchtála**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá feabhsú thrédhearcacht dhlí an Aontais ina ghné shárriachtanach den straitéis um reachtóireacht níos fearr atá á cur chun feidhme ag institiúidí an Aontais. Sa chomhthéacs sin, is iomchuí na gníomhartha sin nach bhfuil fíoréifeacht acu a thuilleadh a bhaint as an reachtaíocht atá i bhfeidhm.
- (2) Tá roinnt gníomhartha a bhaineann leis an gcomhbheartas tráchtála imithe i seandacht, cé go bhfuil siad fós i bhfeidhm go foirmiúil.
- (3) Tá éifeachtaí Rialachán (CEE) Uimh. 1471/88 ón gComhairle an 16 Bealtaine 1988 maidir leis na socrúithe is infheidhme maidir le prátaí milse agus stáirse casabhaigh atá beartaithe i gcomhair úsáidí áirithe ⁽²⁾ ídithe ós rud é gur ionchorpraíodh a inneachar i ngníomhartha comhleanúnacha.
- (4) Bhí Rialachán (CEE) Uimh. 478/92 ón gComhairle an 25 Feabhra 1992 lena n-oscáiltear cuóta taraife bliantúil Comhphobail le haghaidh bia madraí nó bia cat, ar bia é arna chur ar miondíol agus a thagann faoi réim chód AC 2309 10 11 agus cuóta taraife bliantúil Comhphobail le haghaidh bia éisc a thagann faoi réim chód AC ex 2309 90 41, ar nithe iad de thionscnamh Oileáin Fharó agus a thagann as Oileáin Fharó ⁽³⁾, beartaithe chun cuóta taraife a oscailt don bhliain 1992 agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (5) Ba le cás sealadach a dhéileáil Rialachán (CEE) Uimh. 3125/92 ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 1992 maidir leis na socrúithe is infheidhme maidir le táirgí caoireola agus feola gabhair de thionscnamh na Boisia-Heirseagaivéine, na Cróite, na Slóivéine, Mhontainéagró, na Seirbia agus Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine a allmhairiú isteach sa Chomhphobal ⁽⁴⁾ agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (6) Is é a bhí i gceist le Rialachán (CE) Uimh. 2184/96 ón gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 1996 maidir le rís de thionscnamh na hÉigipte agus a thagann ón Éigipt a allmhairiú isteach sa Chomhphobal ⁽⁵⁾ ná laghdúithe ar dhleacht chustaim a dheonú mar thoradh ar chomhaontú idirnáisiúnta ar glacadh a ionad ina dhiaidh sin leis an gcomhaontú leis an Éigipt a síníodh an 28 Deireadh Fómhair 2009 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2010 agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (7) Tá éifeachtaí Rialachán (CE) Uimh. 2398/96 ón gComhairle an 12 Nollaig 1996 lena n-oscáiltear cuóta taraife le haghaidh feola turcaí de thionscnamh Iosrael agus a thagann ó Iosrael agus dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhlachais agus sa Chomhaontú Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach agus Stát Iosrael ⁽⁶⁾ ídithe ós rud é go raibh sé bunaithe ar an gComhaontú Comhlachais a síníodh sa bhliain 1995 agus ar glacadh a ionad ina dhiaidh sin leis an gComhaontú Comhlachais le hIosrael a síníodh an 4 Samhain 2009 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2010 agus lena ndearnadh foráil maidir le cuótaí nua ráta taraife.
- (8) Tá éifeachtaí Rialachán (CE) Uimh. 1722/1999 ón gComhairle an 29 Iúil 1999 maidir le bran, meánaigh agus iarmharaigh eile ó rilleadh, ó mhuilleoireacht nó ó oibriú eile ar ghránaigh áirithe de thionscnamh na hAilgéire, Mharacó agus na hÉigipte a allmhairiú agus cruithneacht chrua de thionscnamh Mharacó a allmhairiú ⁽⁷⁾ ídithe ós rud é go raibh sé i gceist gur ionstraim eatramhach a bheadh ann don tréimhse roimh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhlachais leis an Ailgéir, a síníodh an 22 Aibreán 2002 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2005, an Chomhaontaithe Comhlachais le Maracó, a síníodh an 26 Feabhra 1996 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Márta 2000 agus a ndearnadh na harscríbhinní talmhaíochta a ghabhann leis a mhodhnú le comhaontuithe a tháinig i bhfeidhm sa bhliain 2003 agus sa bhliain 2005, agus an Chomhaontaithe Comhlachais leis an Éigipt, a síníodh an 28 Deireadh Fómhair 2009 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2010.
- (9) Le Rialachán (CE) Uimh. 2798/1999 ón gComhairle an 17 Nollaig 1999 lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le hola olóige de thionscnamh na Túinése a allmhairiú don tréimhse ón 1 Eanáir 2000 go dtí an 31 Nollaig 2000 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 906/98 ⁽⁸⁾, tugadh isteach beart nach raibh infheidhme ach sa bhliain 2000 amháin agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2011 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2011.

⁽²⁾ IO L 134, 31.5.1988, lch. 2.

⁽³⁾ IO L 55, 29.2.1992, lch. 2.

⁽⁴⁾ IO L 313, 30.10.1992, lch. 3.

⁽⁵⁾ IO L 292, 15.11.1996, lch. 1.

⁽⁶⁾ IO L 327, 18.12.1996, lch. 7.

⁽⁷⁾ IO L 203, 3.8.1999, lch. 16.

⁽⁸⁾ IO L 340, 31.12.1999, lch. 1.

- (10) Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 215/2000 ón gComhairle an 24 Eanáir 2000 lena ndéantar athnuachan, don bhliain 2000, ar na bearta atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 1416/95 lena mbunaítear lamháltais áirithe i bhfoirm cuótaí taraife Comhphobail sa bhliain 1995 le haghaidh táirgí próiseáilte áirithe talmhaíochta⁽¹⁾, níor chumhdaigh sé ach an bhliain 2000 agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (11) Bhí Cinneadh 2004/910/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 2004 maidir le tabhairt i gcrích na gComhaontuithe i bhfoirm Malartaithe Litreacha idir an Comhphobal Eorpach agus, de pháirt amháin, Barbadós, an Bheilís, Poblacht an Chongó, Fidsí, Comharphoblacht na Guáine, Poblacht an Chósta Eabhair, Iamáice, Poblacht na Céinia, Poblacht Mhadagascar, Poblacht na Maláive, Poblacht Oileán Mhuirís, Poblacht Shuranam, San Críostóir-Nimheas, Ríocht na Suasalainne, Poblacht Aontaithe na Tansáine, Poblacht Oileán na Tríonóide agus Tobága, Poblacht Uganda, Poblacht na Saimbia agus Poblacht na Siombáibe agus, den pháirt eile, Poblacht na hIndia, maidir le praghsanna ráthaithe le haghaidh siúcra cána do na tréimhsí seachadta 2003/2004 agus 2004/2005⁽²⁾ de chineál sealadach agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (12) Le Rialachán (CE) Uimh. 1923/2004 ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena mbunaítear lamháltais áirithe do Chónaidhm na hEilvéise i bhfoirm cuótaí taraife Comhphobail le haghaidh táirgí próiseáilte áirithe talmhaíochta⁽³⁾, tugadh isteach beart a bhí infheidhme ón 1 Bealtaine 2004 go dtí an 31 Nollaig 2004 agus, dá bhrí sin, tá a éifeachtaí ídithe.
- (13) Tá éifeachtaí Chinneadh 2007/317/CE ón gComhairle an 16 Aibreán 2007 lena mbunaítear an seasamh a bheidh le glacadh, thar ceann an Chomhphobail, laistigh den Chomhairle Idirnáisiúnta Gráin i leith leathnú an Choinbhinsiúin Trádála Gráin 1995⁽⁴⁾ ídithe ós rud é gur ionchorpraíodh a inneachar i ngníomh ina dhiaidh sin.
- (14) Tá roinnt gníomhartha maidir le tíortha áirithe imithe i seandacht tar éis aontachas na dtíortha sin leis an Aontas.
- (15) Tá Cinneadh 98/658/CE ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 1998 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Bhreise a ghabhann leis an gComhaontú Eatramhach maidir le trádáil agus nithe a bhaineann le trádáil idir an Comhphobal Eorpach, an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Poblacht na Slóivéine, den pháirt eile, agus a ghabhann le Comhaontú na hEorpa idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Slóivéine, den pháirt eile⁽⁵⁾, imithe i seandacht tar éis aontachas na Slóivéine leis an Aontas.
- (16) Tá Rialachán (CE) Uimh. 278/2003 ón gComhairle an 6 Feabhra 2003 lena nglactar bearta uathrialaitheacha agus idirthréimhseacha maidir le táirgí próiseáilte áirithe talmhaíochta de thionscnamh na Polainne a allmhairiú⁽⁶⁾ imithe i seandacht tar éis aontachas na Polainne leis an Aontas.
- (17) Tá Rialachán (CE) Uimh. 999/2003 ón gComhairle an 2 Meitheamh 2003 lena nglactar bearta uathrialaitheacha agus idirthréimhseacha maidir le táirgí próiseáilte áirithe talmhaíochta de thionscnamh na hUngáire a allmhairiú agus táirgí próiseáilte áirithe talmhaíochta a onnmhairiú chun na hUngáire⁽⁷⁾ imithe i seandacht tar éis aontachas na hUngáire leis an Aontas.
- (18) Tá Rialachán (CE) Uimh. 1039/2003 ón gComhairle an 2 Meitheamh 2003 lena nglactar bearta uathrialaitheacha agus idirthréimhseacha maidir le táirgí próiseáilte áirithe talmhaíochta de thionscnamh na hEastóine a allmhairiú agus táirgí áirithe talmhaíochta a onnmhairiú chun na hEastóine⁽⁸⁾ imithe i seandacht tar éis aontachas na hEastóine leis an Aontas.
- (19) Tá Rialachán (CE) Uimh. 1086/2003 ón gComhairle an 18 Meitheamh 2003 lena nglactar bearta uathrialaitheacha agus idirthréimhseacha maidir le táirgí próiseáilte áirithe talmhaíochta de thionscnamh na Slóivéine a allmhairiú agus táirgí próiseáilte áirithe talmhaíochta a onnmhairiú chun na Slóivéine⁽⁹⁾ imithe i seandacht tar éis aontachas na Slóivéine leis an Aontas.
- (20) Tá Rialachán (CE) Uimh. 1087/2003 ón gComhairle an 18 Meitheamh 2003 lena nglactar bearta uathrialaitheacha agus idirthréimhseacha maidir le táirgí próiseáilte áirithe talmhaíochta de thionscnamh na Laitvia a allmhairiú agus táirgí próiseáilte áirithe talmhaíochta a onnmhairiú chun na Laitvia⁽¹⁰⁾ imithe i seandacht tar éis aontachas na Laitvia leis an Aontas.
- (21) Tá Rialachán (CE) Uimh. 1088/2003 ón gComhairle an 18 Meitheamh 2003 lena nglactar bearta uathrialaitheacha agus idirthréimhseacha maidir le táirgí próiseáilte áirithe talmhaíochta de thionscnamh na Liotuáine a allmhairiú agus táirgí próiseáilte áirithe talmhaíochta a onnmhairiú chun na Liotuáine⁽¹¹⁾ imithe i seandacht tar éis aontachas na Liotuáine leis an Aontas.
- (22) Tá Rialachán (CE) Uimh. 1089/2003 ón gComhairle an 18 Meitheamh 2003 lena nglactar bearta uathrialaitheacha agus idirthréimhseacha maidir le táirgí próiseáilte áirithe talmhaíochta de thionscnamh Phoblacht na Slóvaice a allmhairiú agus táirgí próiseáilte áirithe talmhaíochta a onnmhairiú chuig Poblacht na Slóvaice⁽¹²⁾ imithe i seandacht tar éis aontachas na Slóvaice leis an Aontas.

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2000, lch. 9.

⁽²⁾ IO L 391, 31.12.2004, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 331, 5.11.2004, lch. 9.

⁽⁴⁾ IO L 119, 9.5.2007, lch. 30.

⁽⁵⁾ IO L 314, 24.11.1998, lch. 6.

⁽⁶⁾ IO L 42, 15.2.2003, lch. 1.

⁽⁷⁾ IO L 146, 13.6.2003, lch. 10.

⁽⁸⁾ IO L 151, 19.6.2003, lch. 1.

⁽⁹⁾ IO L 163, 1.7.2003, lch. 1.

⁽¹⁰⁾ IO L 163, 1.7.2003, lch. 19.

⁽¹¹⁾ IO L 163, 1.7.2003, lch. 38.

⁽¹²⁾ IO L 163, 1.7.2003, lch. 56.

- (23) Tá Rialachán (CE) Uimh. 1090/2003 ón gComhairle an 18 Meitheamh 2003 lena nglactar bearta uathrialaitheacha agus idirthréimhseacha maidir le táirgí próiseáilte áirithe talmhaíochta de thionscnamh Phoblacht na Seice a allmhairiú agus táirgí próiseáilte áirithe talmhaíochta a onnmhairiú chuig Poblacht na Seice ⁽¹⁾ imithe i seandacht tar éis aontachas Phoblacht na Seice leis an Aontas.
- (24) Ar chúiseanna deimhneachta agus soiléireachta dlíthiúla, ba cheart na gníomhartha sin atá imithe i seandacht a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Aisghairtear leis seo Rialacháin (CEE) Uimh. 1471/88, (CEE) Uimh. 478/92, (CEE) Uimh. 3125/92, (CE) Uimh. 2184/96, (CE) Uimh. 2398/96, (CE) Uimh. 1722/1999, (CE) Uimh. 2798/1999, (CE) Uimh. 215/2000, (CE) Uimh. 278/2003, (CE) Uimh. 999/2003, (CE) Uimh. 1039/2003, (CE) Uimh. 1086/2003, (CE)

Uimh. 1087/2003, (CE) Uimh. 1088/2003, (CE) Uimh. 1089/2003, (CE) Uimh. 1090/2003, (CE) Uimh. 1923/2004 agus Cinneadh 98/658/CE, Cinneadh 2004/910/CE, agus Cinneadh 2007/317/CE.

2. Beidh aisghairm na ngníomhartha dá dtagraítear i mír 1 gan dochar don mhéid seo a leanas:

- (a) gníomhartha Aontais arna nglacadh ar bhonn na ngníomhartha dá dtagraítear i mír 1 a choimeád i bhfeidhm; agus
- (b) bailíocht leantach leasuithe arna ndéanamh leis na ngníomhartha dá dtagraítear i mír 1 ar leasuithe iad ar ghníomhartha eile de chuid an Aontais nach n-aisghairtear leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 16 Samhain 2011.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
J. BUZEK

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
W. SZCZUKA

⁽¹⁾ IO L 163, 1.7.2003, lch. 73.

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 1231/2011 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 16 Samhain 2011**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 ón gComhairle maidir leis na rialacha le haghaidh
chur chun feidhme an mhodhnaithe dheonaigh ar íocaíochtaí díreacha faoin gcomhbheartas
talmhaíochta**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (1),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach (2),

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 ón gComhairle an 27 Márta 2007 lena leagtar síos rialacha maidir le modhnú deonach ar íocaíochtaí díreacha dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna le haghaidh scéimeanna tacaíochta díri faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna tacaíochta áirithe le haghaidh feirmeoirí (3), tugtar cumhachtaí don Choimisiún chun forálacha áirithe den Rialachán sin a chur chun feidhme.
- (2) Mar thoradh ar theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, is gá na cumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún faoi Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 a ailíniú le hAirteagal 290 agus le hAirteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
- (3) Chun coinníollacha comhionanna a áirithiú maidir le Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 a chur chun feidhme sna Ballstáit lena mbaineann, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún.
- (4) Maidir leis na cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann le forálacha sonracha a ghlacadh i ndáil le modhnú deonach a lánpháirtiú sa chláreagrú forbartha tuaithe

(1) IO C 132, 3.5.2011, lch. 87.

(2) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2011 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2011.

(3) IO L 95, 5.4.2007, lch. 1.

agus i ndáil le bainistiú airgeadais an mhodhnaithe dheonaigh sin, ba cheart iad a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (4).

- (5) Ba cheart don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme agus, ag féachaint dá gcineál speisialta, ag gníomhú dóibh gan Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a chur i bhfeidhm, na glanmhéideanna atá ann de thoradh chur i bhfeidhm an mhodhnaithe dheonaigh a shocrú.
- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 leis seo mar a leanas:

- (1) in Airteagal 4(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

“1. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme gan Airteagal 6a a chur i bhfeidhm, na glanmhéideanna atá ann de thoradh chur i bhfeidhm an mhodhnaithe dheonaigh a shocrú ar bhonn na nithe seo a leanas:”;

- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

“Airteagal 6

1. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, forálacha sonracha a ghlacadh chun modhnú deonach a lánpháirtiú sa chláreagrú forbartha tuaithe. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 6a(1).

2. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, forálacha sonracha a ghlacadh chun bainistiú airgeadais a dhéanamh ar an modhnú deonach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 6a(2).”;

(4) IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

(3) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 6a

1. Déanfaidh an Coiste um Fhorbairt Tuaithe, arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005, cúnaimh a thabhairt don Choimisiún. Tá an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 (*).

I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. Déanfaidh an Coiste um chistí talmhaíochta, arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005, cúnaimh a thabhairt don Choimisiún. Tá an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 16 Samhain 2011.

Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán
J. BUZEK

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
W. SZCZUKA

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 1232/2011 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 16 Samhain 2011**

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle lena ndéantar córas Comhphobail a chur ar bun chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú agus ar bhróicéireacht ítimí dé-úsáide agus ar iad a bheith ar idirthuras

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena ndéantar córas Comhphobail a chur ar bun chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú agus ar bhróicéireacht ítimí dé-úsáide agus ar iad a bheith ar idirthuras ⁽²⁾, ceanglaítear ítimí dé-úsáide (lena n-áirítear bogearraí agus teicneolaíocht) a bheith faoi réir rialaithe éifeachtaigh agus iad á n-onnmhairiú ón Aontas nó nuair a dhéanann siad idirthuras tríd an Aontas, nó nuair a dhéantar iad a sheachadadh chuig tríú tír mar thoradh ar sheirbhísí bróicéireachta arna soláthar ag bróicéir atá ina chónaí nó atá bunaithe san Aontas.
- (2) Is inmhianaithe cur i bhfeidhm comhionann agus comhsheasmhach rialuithe a bhaint amach ar fud an Aontais, chun iomaíocht éagórach a sheachaint i measc onnmhairí Aontais, raon feidhme na nÚdaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas agus coinníollacha a n-úsáide a chomhchuihbhiú i measc onnmhairí Aontais agus éifeachtúlacht agus éifeachtacht na rialuithe slándála a áirithiú san Aontas.
- (3) Ina Theachtaireacht dar dáta 18 Nollaig 2006, mhol an Coimisiún Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin nua ón Aontas a chruthú d'fhonn cumas iomaíochta an tionscail a fheabhsú, agus machaire réidh a bhaint amach i gcomhair onnmhairí uile an Aontais Eorpaigh le linn dóibh ítimí dé-úsáide sonracha áirithe a onnmhairiú chuig cinn scríbe sonracha áirithe agus ag an am céanna, ardleibhéal slándála a áirithiú agus comhlíonadh iomlán oibleagáidí idirnáisiúnta a áirithiú.
- (4) Le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 1334/2000 ón gComhairle an 22 Meitheamh 2000 lena mbunaítear córas Comhphobail chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú ítimí

agus teicneolaíochtaí dé-úsáide ⁽³⁾ a aisghairm le héifeacht ón 27 Lúnasa 2009. Leanfaidh na forálacha ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 1334/2000 d'fheidhm a bheith acu i gcás iarratais ar údaruithe onnmhairiúcháin a rinneadh roimh an dáta sin, áfach.

- (5) Chun Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin nua ón Aontas a chruthú le haghaidh ítimí dé-úsáide sonracha áirithe a onnmhairiú chuig cinn scríbe sonracha áirithe, is gá forálacha ábhartha Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 a leasú trí bhíthin larscríbhinní nua a chur leis.
- (6) Ba cheart go gcuirfí an fhéidearthacht ar fáil d'údarais inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhairí bunaithe toirmeasc a chur ar na hÚdaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas a úsáid faoi na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 arna leasú leis an Rialachán seo.
- (7) Ó tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, déantar trádhaic arm faoi chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais a ghlacadh le Cinní ón gComhairle. De bhun Airteagal 9 de Phrótocal (Uimh. 36) maidir le forálacha idirthréimhseacha, táthar chun éifeachtaí dlíthiúla comhsheasamh a ghlac an Chomhairle faoi Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach roimh theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin a chaomhnú go dtí go ndéanfar iad a aisghairm, a neamhniú nó a leasú agus na Conarthaí á gcur chun feidhme.
- (8) Ba cheart dá bhrí sin Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 leis seo mar a leanas:

- (1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 9:

“9. ciallóidh ‘Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas’ údarú onnmhairiúcháin le haghaidh onnmhairí chuig tíortha ceann scríbe áirithe, ar údarú é atá ar fáil do na honnmhairí uile a chomhlíonann a choinníollacha agus a cheanglais maidir le húsáid de réir mar a liostaítear iad in larscríbhinní IIa go II f.”;

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Meán Fómhair 2011 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2011.

⁽²⁾ IO L 134, 29.5.2009, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 159, 30.6.2000, lch. 1.

(2) in Airteagal 4(2), cuirtear na focail “arna fhorchur le cinneadh nó le comhsheasamh” in ionad “arna chinneadh le comhsheasamh nó le comhghníomhaíocht”;

(3) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Bunaítear leis an Rialachán seo Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas le haghaidh onnmhairí áirithe mar atá leagtha amach in Iarscríbhinní Ila go II.

Féadfaidh údarais inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir bunaithe toirmeasc a chur ar an onnmhaireoir na húdaruithe sin a úsáid más rud é go bhfuil amhras réasúnta ann i leith a chumais údarú den sórt sin nó foráil de chuid na reachtaíochta um rialú onnmhairiúcháin a chomhlíonadh.

Déanfaidh údarais inniúla na mBallstát faisnéis a mhalartú i leith onnmhaireoirí ar baineadh an ceart Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin a úsáid díobh, mura ndéanann siad a chinneadh nach ndéanfaidh an t-onnmhaireoir iarracht ar ítimí dé-úsáide a onnmhairiú trí Bhallstát eile. Úsáidfear an córas dá dtagraítear in Airteagal 19(4) chun na críche sin.”;

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) na hítimí a liostaítear in Iarscríbhinn IIg a eisiadh óna raon feidhme”;

(c) i mír 4(c), cuirtear na focail “arna fhorchur le cinneadh nó le comhsheasamh” in ionad na bhfocal “arna chinneadh le comhsheasamh nó le comhghníomhaíocht”;

(4) sa chéad abairt d’Airteagal 11(1), cuirtear tagairt do “Iarscríbhinn Ila” in ionad na tagartha do “Iarscríbhinn II”;

(5) in Airteagal 12(1)(b), cuirtear na focail “cinneadh nó comhsheasamh” in ionad “comhsheasamh nó comhghníomhaíocht”;

(6) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Déanfar na fógraí uile a cheanglaítear faoin Airteagal seo trí bhithin meán slán leictreonach lena n-áirítear an córas dá dtagraítear in Airteagal 19(4).”;

(7) leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) i mír 2(a), cuirtear na focail “Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas” in ionad “Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin ón gComhphobal”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Córas atá slán agus criptithe i gcomhair malar-taithe faisnéise idir Ballstáit agus, nuair is iomchuí, déanfaidh an Coimisiún an Coimisiún a chur ar bun, i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid arna chur ar bun faoi Airteagal 23. Cuirtear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir le buiséad, forbairt agus leagan amach sealadach agus críochnaitheach an chórais, mar aon le feidhmiú agus costais líonra an chórais.”;

(8) cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 23:

“3. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil a thólacadh do Parlaimint na hEorpa maidir le gníomhaíochtaí, scrúduithe agus comhairliúcháin an Ghrúpa Comhordúcháin um Dhé-úsáid, a bheidh faoi réir Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Parlaimint na hEorpa, de chuid na Comhairle agus de chuid an Choimisiúin (*).

(*) IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.”;

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25:

“Airteagal 25

1. Cuirfidh gach Ballstát an Coimisiún ar an eolas maidir leis na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin arna nglacadh agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta dá dtagraítear in Airteagal 24. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis ar aghaidh chuig na Ballstáit eile.

2. Gach trí bliana déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus cuirfidh sé tuarascáil chuimsitheach um chur chun feidhme agus um measúnú tionchair faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle, agus féadfaidh sé go mbeidh tograí san áireamh sa tuarascáil i ndáil leis an Rialachán a leasú. Tabharfaidh Ballstáit an fhaisnéis uile is iomchuí don Choimisiún chun an tuarascáil a ullmhú.

3. I ranna speisialta de chuid na tuarascála déileálfar leis na nithe seo a leanas:

(a) an Grúpa Comhordúcháin um Dhé-úsáid agus a chuid gníomhaíochtaí. Déileálfar go rúnda le faisnéis a sholáthraíonn an Coimisiún maidir le scrúduithe agus comhairliúcháin an Ghrúpa Comhordúcháin de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001. I ngach cás, measfar go bhfuil faisnéis rúnda más rud é gur dóigh go mbeadh éifeacht dhíobhálach ar shlí shuntasach ag a nochtadh ar sholáthróir nó ar fhoinsé faisnéise den sórt sin;

- (b) cur chun feidhme Airteagal 19(4), agus déanfar tuairisc ar an gcéim atá sroichte maidir leis an gcóras a chur ar bun, ar córas é atá slán agus criptithe, i gcomhair malartaithe faisnéise idir na Ballstáit agus an Coimisiún;
- (c) cur chun feidhme Airteagal 15(1);
- (d) cur chun feidhme Airteagal 15(2);
- (e) faisnéis chuimsitheach arna soláthar maidir leis na bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi Airteagal 24 agus ar ina leith a cuireadh fógra chuig an gCoimisiún faoi mhír 1 den Airteagal seo.

4. Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2013, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar tuarascáil í lena ndéanfar meastóireacht ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus díreofar léi go speisialta ar chur chun feidhme Iarscríbhinn IIb, Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin Uimh. EU002 ón Aontas, lena ngabhfaidh, más iomchuí, togra reachtach chun an Rialachán seo a leasú, go háirithe maidir leis an tsaincheist i dtaobh lastais ar luach íseal.”;

- (10) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 25a

Gan dochar do na forálacha a bhaineann le comhaontuithe um chúnamh frithpháirteach riaracháin nó le prótacail i gcúrsaí custaim arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas agus tríú tíortha, féadfaidh an Chomhairle údarú a thabhairt don Choimisiún comhaontuithe a chaibidil le tríú tíortha lena bhforálfar d’aitheantas frithpháirteach maidir le rialuithe onnmhairiúcháin i ndáil le hítimí dé-úsáide arna gcumhdach leis an Rialachán seo agus go háirithe chun na ceanglais údarúcháin i leith athonnmhairí laistigh de chríoch an Aontais a dhíchur. Déanfar an chaibidlíocht seo a sheoladh i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna mbunú in Airteagal 207(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, de réir mar is iomchuí.”;

- (11) athuimhrítear Iarscríbhinn II mar Iarscríbhinn IIa agus leasaítear mar a leanas í:

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 16 Samhain 2011.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
J. BUZEK

- (a) déantar an méid seo a chur in ionad an teidil:

“ÚDARÚ GINEARÁLTA ONNMHAIIRIÚCHÁIN UIMH. EU001 ÓN AONTAS

(dá dtagraítear in Airteagal 9(1) den Rialachán seo)

Onnmhairí chuig an Astráil, Ceanada, an tSeapáin, an Nua-Shéalainn, an Iorua, an Eilvéis, lena n-áirítear Lich-tinstéin, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

An t-údarás eisiúna: An tAontas Eorpach”;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid 1:

“Cuid 1

Leis an údarú ginearálta onnmhairiúcháin seo, cumhdaítear gach ítim dhé-úsáide atá sonraithe in aon cheann de na hiontrálacha atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, seachas iad siúd atá liostaithe in Iarscríbhinn IIg.”;

- (c) scriostar Cuid 2;

- (d) athuimhrítear Cuid 3 mar Chuid 2 agus leasaítear mar a leanas í:

(i) sa chéad mhír, cuirtear na focail “an Aontais” in ionad na bhfocal “an Chomhphobail”;

(ii) cuirtear na focail “an Eilvéis, lena n-áirítear Lich-tinstéin” in ionad na bhfocal “an Eilvéis”;

(iii) cuirtear “an t-údarú seo” in ionad na bhfocal “Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin ón gComhphobal” agus “an tÚdarú Ginearálta Onnmhairiúcháin seo ón gComhphobal”;

(iv) cuirtear na focail “arna fhorchur le cinneadh nó le comhsheasamh” in ionad “arna chinneadh le comhsheasamh nó le comhghníomhaíocht”;

- (12) cuirtear isteach Iarscríbhinní IIb go IIg mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríochadú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
W. SZCZUKA

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN IIb

ÚDARÚ GINEARÁLTA ONNMHAIRIÚCHÁIN Uimh. EU 002 ÓN AONTAS

(dá dtagraítear in Airteagal 9(1) den Rialachán seo)

Ítimí áirithe dé-úsáide a onnmhairiú chuig cinn scríbe áirithe

An t-údarás eisiúna: An tAontas Eorpach

Cuid 1 — Ítimí

Leis an údarú ginearálta onnmhairiúcháin seo, déantar na hítimí dé-úsáide seo a leanas atá sonraithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a chumhdach:

- 1A001,
- 1A003,
- 1A004,
- 1C003 b-c,
- 1C004,
- 1C005,
- 1C006,
- 1C008,
- 1C009,
- 2B008,
- 3A001a3,
- 3A001a6-12,
- 3A002c-f,
- 3C001,
- 3C002,
- 3C003,
- 3C004,
- 3C005,
- 3C006.

Cuid 2 — Cinn scríbe

Tá an t-údarú seo bailí ar fud an Aontais le haghaidh onnmhairí chuig na cinn scríbe seo a leanas:

- An Airgintín,
- An Chróit,
- An Íoslainn,
- An Afraic Theas,
- An Chóiré Theas,
- An Tuirc.

Cuid 3 — Coinníollacha agus ceanglais úsáide

1. Ní údaraítear leis an údarú seo ítimí a onnmhairiú sna cásanna seo a leanas:
 - (1) más rud é gur chuir údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir bunaithe de réir mar a shainítear é in Airteagal 9(6) den Rialachán seo in iúl don onnmhaireoir sin go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, nó go bhféadfaidh siad a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach:
 - (a) lena n-úsáid chun airm cheimiceacha, bhitheolaíochá nó núicléacha, nó feistí pléascáin núicléacha eile, a fhorbairt, a tháirgeadh, a láimhseáil, a oibriú, a chothabháil, a stóráil, a bhrath, a shainathint nó a scaipeadh, nó chun diuracáin a fhorbairt, a tháirgeadh, a chothabháil nó a stóráil, ar diuracáin iad ar féidir leo airm den chineál sin a sheachadadh;
 - (b) le haghaidh úsáide deiridh míleata, de réir mar a shainítear í in Airteagal 4(2) den Rialachán seo, i dtír atá faoi réir trádhaic arm arna fhorchur le cinneadh nó le comhsheasamh arna ghlacadh ag an gComhairle nó le cinneadh ón Eagraíocht um Shlándaíl agus Comhar san Eoraip nó le trádhaic arm arna fhorchur le rún ceangailteach ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe; nó
 - (c) lena n-úsáid mar pháirteanna nó mar chomhpháirteanna ítimí míleata atá liostaithe i liostaí náisiúnta míleata agus a onnmhairíodh ó chríoch an Bhallstáit i dtrácht gan údarú nó de shárú ar údarú arna fhorordú le reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit sin;
 - (2) más rud é go bhfuil a fhios ag an onnmhaireoir, faoina oibleagáid dícheall cuí a fheidhmiú, go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear i bhfómhír (1);
 - (3) más rud é go n-onnmhairítear na hítimí ábhartha chuig limistéar saor ó chustaim nó chuig stóras saor atá suite i gceann scríbe atá cumhdaithe leis an údarú seo.
2. Ní mór d'onnmhaireoirí an uimhir thagartha AE X002 a lua i mbosca 44 den Doiciméad Riaracháin Aonair agus a shonrú go bhfuil na hítimí á n-onnmhairiú faoi Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin EU002 ón Aontas sa bhosca céanna.
3. Ní mór d'aon onnmhaireoir a úsáideann an t-údarú seo fógra a thabhairt d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe maidir le céad-úsáid an údaraithe seo tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an dáta a rinneadh an chéad onnmhairiú nó, ina mhalairt de chás, agus i gcomhréir le ceanglas údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir bunaithe, tabharfar an fógra roimh chéad-úsáid an údaraithe seo. Déanfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún i dtaobh an tsásra fógrúcháin arna roghnú don údarú seo. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis ar ina leith a tugadh fógra dó a fhoilsiú i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Is iad na Ballstáit a shainíonn na ceanglais maidir le tuairisciú a chuirtear ag gabháil le húsáid an údaraithe seo agus is iad a shainíonn aon fhaisnéis bhreise a d'fhéadfadh an Ballstát as a ndéantar an t-onnmhairiú a éileamh i dtaobh ítimí a onnmhairítear faoin údarú seo.

Féadfaidh Ballstát a cheangal ar onnmhaireoirí atá bunaithe sa Bhallstát sin clárú sula ndéantar an t-údarú seo a úsáid den chéad uair. Beidh an clárú uathoibríoch, agus déanfaidh na húdaráis inniúla admháil i ndáil leis an gclárú a thabhairt don onnmhaireoir gan mhoill, agus i ngach cás laistigh de 10 lá oibre ón iarraidh ar chlárú a fháil, faoi réir Airteagal 9(1) den Rialachán seo.

I gcás inarb infheidhme, beidh na ceanglais a leagtar amach sa dara mír agus sa tríú mír bunaithe ar na ceanglais sin a shainítear le haghaidh úsáid údaraithe ginearálta náisiúnta onnmhairiúcháin arna ndeonú ag na Ballstáit sin a dhéanann foráil d'údaruithe den sórt sin.

IARSCRÍBHINN IIc

ÚDARÚ GINEARÁLTA ONNMHAIRIÚCHÁIN Uimh. EU 003 ÓN AONTAS

(dá dtagraítear in Airteagal 9(1) den Rialachán seo)

Onnmhairiú tar éis deisiúcháin/athsholáthair

An t-údarás eisiúna: An tAontas Eorpach

Cuid 1 — Ítimí

1. Leis an údarú ginearálta onnmhairiúcháin seo, cumhdaítear na hítimí dé-úsáide uile atá sonraithe in aon cheann de na hiontrálacha atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, seachas na hítimí sin atá liostaithe i mír 2 thíos:
 - (a) más ítimí iad a athallmhairíodh isteach i gcríoch chustaim an Aontais Eorpaigh chun críocha cothabhála, deisiúcháin nó athsholáthair, agus a ndéantar a onnmhairiú nó a athonnmhairiú, gan aon athrú a bheith déanta ar a saintréithe bunaidh, chuig tír an choinsínithe laistigh de thréimhse cúig bliana i ndiaidh an dáta a ndearnadh an t-údarú bunaidh onnmhairiúcháin a dheonú; nó
 - (b) más ítimí iad a onnmhairítear chuig tír an choinsínithe mar mhalairt ar ítimí atá ar aon cháilíocht agus ar aon líon leo agus a ndearnadh, laistigh de chúig bliana tar éis an dáta a ndearnadh an t-údarú bunaidh onnmhairiúcháin a dheonú, iad a athallmhairiú isteach i gcríoch chustaim an Aontais Eorpaigh, lena gcothabháil, lena ndeisiú nó lena n-athsholáthar.
2. Ítimí atá eisiata:
 - (a) gach ítim a shonraítear in Iarscríbhinn IIg;
 - (b) gach ítim atá i Roinn D agus i Roinn E atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;
 - (c) na hítimí seo a leanas a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo:
 - 1A002a,
 - 1C012a,
 - 1C227,
 - 1C228,
 - 1C229,
 - 1C230,
 - 1C231,
 - 1C236,
 - 1C237,
 - 1C240,
 - 1C350,
 - 1C450,
 - 5A001b5,
 - 5A002a2 go 5A002a9,
 - 5B002 Trealamh mar a leanas:
 - a. trealamh arna cheapadh go speisialta le haghaidh 'forbairt' nó 'táirgeadh' trealamh atá sonraithe le 5A002a2 go 5A002a9;

b. trealamh tomhais arna cheapadh go speisialta chun meastóireacht agus bailíochtú a dhéanamh ar fheidhmeanna 'slándáil faisnéise' trealamh atá sonraithe le 5A002a2 go 5A002a9,

- 6A001a2a1,
- 6A001a2a5,
- 6A002a1c,
- 6A008l3,
- 8A001b,
- 8A001d,
- 9A011.

Cuid 2 — Cinn scríbe

Tá an t-údarú seo bailí ar fud an Aontais Eorpaigh le haghaidh onnmhairí chuig na cinn scríbe seo a leanas:

| | |
|--|---------------------------------|
| An Albáin | Meicsiceo |
| An Airgintín | Montainéagró |
| An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin | Maracó |
| An Bhrasaíl | An Rúis |
| An tSile | An tSeirbia |
| An tSín (lena n-áirítear Hong Cong agus Macao) | Singepór |
| An Chróit | An Afraic Theas |
| Poblacht Iar-Lúgslavach na Macadóine | An Chóiré Theas |
| Críocha Thar Lear na Fraince | An Túinéis |
| An Íoslainn | An Tuirc |
| An India | An Úcráin |
| An Chasacstáin | Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha |

Cuid 3 — Coinníollacha agus ceanglais maidir le húsáid

1. Ní fhéadfar an t-údarú seo a úsáid ach i gcás ina ndearnadh an t-onnmhairiú tosaigh faoi Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas nó nuair a dheonaigh údarás inniúla an Bhallstáit ina raibh an bun-onnmhairiú bunaithe údarú tosaigh onnmhairiúcháin chun ítimí a onnmhairiú a ndearnadh a athallmhairiú ina dhiaidh sin isteach i gcóir chustaim an Aontais Eorpaigh lena gcothabháil, lena ndeisiú nó lena n-athsholáthar agus sna cásanna sin amháin. Is le haghaidh onnmhairí chuig an úsáideoir deiridh bunaidh, agus lena n-aghaidh sin amháin, atá an t-údarú ginearálta sin bailí.

2. Ní údaraítear leis an údarú seo ítimí a onnmhairiú sna cásanna seo a leanas:

(1) más rud é gur chuir údarás inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhairiú bunaithe arna shainmhíniú in Airteagal 9(6) den Rialachán seo an t-onnmhairiú sin ar an eolas go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, nó go bhféadfaid siad a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach,

(a) lena n-úsáid chun airm cheimiceacha, bhitheolaíocha nó núicléacha, nó feistí pléascáin núicléacha eile, a fhorbairt, a tháirgeadh, a láimhseáil, a oibriú, a chothabháil, a stóráil, a bhrath, a shainmhíniú nó a scaipeadh, nó chun diúracáin a fhorbairt, a tháirgeadh, a chothabháil, nó a stóráil, ar diúracáin iad ar féidir leo airm den chineál sin a sheachadadh;

(b) le haghaidh úsáide deiridh míleata arna sainmhíniú in Airteagal 4(2) den Rialachán seo más rud é go bhfuil an tír is ceannaitheoir nó an tír cinn scríbe faoi réir trádhaic arm arna fhorchur le cinneadh nó le comhsheasamh arna ghlacadh ag an gComhairle nó le cinneadh ón Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip nó faoi réir trádhaic arm arna fhorchur le rún ceangailteach ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe; nó

- (c) lena n-úsáid mar pháirteanna nó mar chomhpháirteanna d'ítimí míleata atá liostaithe sa liosta náisiúnta míleata agus a onnmhairíodh ó chríoch an Bhallstáit lena mbaineann gan údarú nó de sháru ar údarú arna fhorordú le reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit sin;
- (2) más rud é go bhfuil a fhios ag an onnmhaireoir go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear i bhfómhír (1);
- (3) más rud é go n-onnmhairítear na hítimí ábhartha chuig limistéar saor ó chustaim nó chuig stóras saor atá suite i gceann scríbe atá cumhdaithe leis an údarú seo;
- (4) más rud é go ndearnadh an t-údarú tosaigh a neamhniú, a fhionrú, a mhodhnú nó a chúilghairm;
- (5) más rud é go bhfuil a fhios ag an onnmhaireoir, faoina oibleagáid dícheall cuí a fheidhmiú, go bhfuil úsáid deiridh na n-ítimí atá i dtrácht éagsúil leis an úsáid atá sonraithe san údarú bunaidh onnmhairiúcháin.
3. Ar aon cheann de na hítimí a onnmhairiú dóibh de bhun an údaraithe seo, ní mór d'onnmhaireoirí:
- (1) uimhir thagartha an údaraithe onnmhairiúcháin tosaigh a lua ar an dearbhú onnmhairíochta do na custaim mar aon le hainm an Bhallstáit a dheonaigh an t-údarú, an uimhir thagartha AE X002 agus sonrú go bhfuil na hítimí á n-onnmhairiú faoi Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas EU003, a lua i mbosca 44 den Doiciméad Aonair Riaracháin;
- (2) fianaise dhoiciméadach a thabhairt d'oifigigh chustaim, má iarrtar é, maidir leis an dáta a allmhairíodh na hítimí isteach san Aontas, maidir le haon chothabháil, deisiúchán nó athsholáthar a rinneadh ar na hítimí san Aontas agus maidir leis an bhfóras go bhfuil na hítimí á seoladh ar ais chuig an úsáideoir deiridh agus chuig an tír ónar allmhairíodh iad isteach san Aontas.
4. Ní mór d'aon onnmhaireoir a úsáideann an t-údarú seo fógra a thabhairt d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe maidir le céad-úsáid an údaraithe seo tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an dáta a rinneadh an chéad onnmhairiú nó ina mhalairt de chás, agus i gcomhréir le ceanglas de chuid údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir bunaithe, tabharfar an fógra roimh chéad-úsáid an údaraithe seo. Déanfaidh Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún i dtaobh an tsásra fógrúcháin arna roghnú don údarú seo. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis ar ina leith a tugadh fógra dó a fhoilsiú i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
- Is iad na Ballstáit a shainíonn na ceanglais maidir le tuairisciú a ghabhann le húsáid an údaraithe seo agus is iad a shainíonn aon fhaisnéis bhreise a d'fhéadfadh an Ballstát as a ndéantar an t-onnmhairiú a éileamh i dtaobh ítimí a onnmhairítear faoin údarú seo.
- Féadfaidh Ballstát a cheangal ar an onnmhaireoir atá bunaithe sa Bhallstát sin clárú sula ndéantar an t-údarú seo a úsáid den chéad uair. Beidh an clárú uathoibríoch, agus déanfaidh na húdaráis inniúla admháil i ndáil leis an gclárú a thabhairt don onnmhaireoir gan mhoill, agus i ngach cás laistigh de 10 lá oibre ón iarraidh ar chlárú a fháil faoi réir Airteagal 9(1) den Rialachán seo.
- I gcás inarb infheidhme, beidh na ceanglais a leagtar amach sa dara fómhír agus sa tríú fómhír bunaithe ar na ceanglais sin a shainítear le haghaidh úsáid na n-údaruithe ginearálta náisiúnta onnmhairiúcháin arna ndeonú ag na Ballstáit sin a dhéanann foráil d'údaruithe den sórt sin.
5. Cuimsítear leis an údarú seo ítimí atá ceaptha do 'deisiú', 'athsholáthar' agus do 'cothabháil'. D'fhéadfadh sé gurbh é a bheadh i gceist leis sin feabhsú teagmhasach a dhéanamh ar na hearraí bunaidh, mar shampla, feabhsuithe a éiríonn as páirteanna spártha nua-aimseartha a úsáid nó a éiríonn as caighdeáin tógála níos úire a chur i bhfeidhm ar mhaithe le hiontaofacht nó sábháilteacht, ar an gcoinníoll nach bhfeabhsófar leo cumas feidhmeach na n-ítimí ná nach gcuirfidh siad feidhmeanna breise leo.

IARSCRÍBHINN II*d*

ÚDARÚ GINEARÁLTA ONNMHAIRÍÚCHÁIN Uimh. EU004 ÓN AONTAS

(dá dtagraítear in Airteagal 9(1) den Rialachán seo)

Onnmhairiú sealadach le haghaidh taispeántais nó aonaigh

An t-údarás eisiúna: An tAontas Eorpach

Cuid 1 — Ítimí

Leis an údarú ginearálta onnmhairiúcháin seo, cumhdaítear na hítimí dé-úsáide uile atá sonraithe in aon cheann de na hiontrálacha atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, seachas:

- (a) gach ítim a liostaítear in Iarscríbhinn IIg;
- (b) gach ítim atá i Roinn D agus a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo (ní áirítear leis seo bogearraí atá riachtanach do fheidhmiú cuí an trealamh chun críoche léirithe);
- (c) gach ítim atá i Roinn E a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;
- (d) na hítimí seo a leanas a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo:

— 1A002a,

— 1C002.b.4,

— 1C010,

— 1C012.a,

— 1C227,

— 1C228,

— 1C229,

— 1C230,

— 1C231,

— 1C236,

— 1C237,

— 1C240,

— 1C350,

— 1C450,

— 5A001b5,

— 5A002a2 go 5A002a9,

— 5B002 Trealamh mar a leanas:

- a. trealamh arna cheapadh go speisialta le haghaidh ‘forbairt’ nó ‘táirgeadh’ trealamh ar trealamh é atá sonraithe le 5A002a2 go 5A002a9;

- b. trealamh tomhais arna cheapadh go speisialta chun meastóireacht agus bailíochtú a dhéanamh ar fheidhmeanna ‘slándála faisnéise’ trealamh atá sonraithe le 5A002a2 go 5A002a9,

— 6A001,

— 6A002a,

— 6A008I3,

— 8A001b,

— 8A001d,

— 9A011.

Cuid 2 — Cinn scríbe

Tá an t-údarú seo bailí ar fud an Aontais le haghaidh onnmhairí chuig na cinn scríbe seo a leanas:

An Albáin, an Airgintín, an Chróit, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Bhrasaíl, an tSile, an tSín (lena n-áirítear Hong Cong agus Macao), Poblacht Iar-Lúgslavach na Macadóine, Críocha Thar Lear na Fraince, an Íoslainn, an India, an Chasacstáin, Meicsiceo, Montainéagro, Maracó, an Rúis, an tSeirbia, Singeapór, an Afraic Theas, an Chóiré Theas, an Túinéis, an Tuirc, an Úcráin, Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha.

Cuid 3 — Coinníollacha agus ceanglais maidir le húsáid

1. Údaraítear leis an údarú seo na hítimí atá liostaithe i gCuid 1 a onnmhairiú ar an gcoinníoll gur onnmhairiú sealadach le haghaidh taispeántais nó aonaigh, arna shainmhíniú i bpointe 6, atá san onnmhairiú agus go ndéantar na hítimí, i riocht iomlán gan mhodhnú, a athallmhairiú isteach i gcríoch chustaim an Aontais Eorpaigh laistigh de thréimhse 120 lá tar éis an onnmhairiúcháin tosaigh.
2. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhairiú bunaithe de réir mar a shainítear in Airteagal 9(6) den Rialachán seo, an ceanglas ar dá réir nach mór na hítimí a athallmhairiú mar atá luaite i mír 1 a tharscaoileadh arna iarraidh sin don onnmhairiú. Chun an ceanglas a tharscaoileadh, beidh feidhm dá réir sin ag an nós imeachta um údaruithe aonair a leagtar síos in Airteagal 9(2) agus in Airteagal 14(1) den Rialachán seo.
3. Ní údaraítear leis an údarú seo ítimí a onnmhairiú sna cásanna seo a leanas:
 - (1) más rud é gur chuir údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhairiú bunaithe an t-onnmhairiú sin ar an eolas go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, nó go bhféadfaidh siad a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach:
 - (a) lena n-úsáid chun airm cheimiceacha, bhithéolaíochá nó núicléacha, nó feistí pléascáin núicléacha eile, a fhorbairt, a tháirgeadh, a láimhseáil, a oibriú, a chothabháil, a stóráil, a bhrath, a shainaithint nó a scaipeadh, nó chun diúracáin a fhorbairt, a tháirgeadh, a chothabháil nó a stóráil, ar diúracáin iad ar féidir leo airm den chineál sin a sheachadadh;
 - (b) le haghaidh úsáide deiridh míleata arna sainmhíniú in Airteagal 4(2) den Rialachán seo más rud é go bhfuil an tír is ceannaitheoir nó an tír cinn scríbe faoi réir trádhaic arm arna fhorchur le cinneadh nó le comh-sheasamh arna ghlacadh ag an gComhairle nó le cinneadh ón Eagraíocht um Shlándaíl agus Comhar san Eoraip nó faoi réir trádhaic arm arna fhorchur le rún ceangailteach ó Chomhairle Slándála na Náisiúna Aontaithe; nó
 - (c) lena n-úsáid mar pháirteanna nó mar chomhpháirteanna d'ítimí míleata atá liostaithe sa liosta náisiúnta míleata agus a onnmhairíodh ó chríoch an Bhallstáit lena mbaineann gan údarú nó de shárú ar údarú arna fhorordú le reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit sin;
 - (2) más rud é gur eol don onnmhairiú go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear i bhfomhír (1);
 - (3) más rud é go n-onnmhairítear na hítimí ábhartha chuig limistéar saor ó chustaim nó chuig stóras saor atá suite i gcéann scríbe atá cumhdaithe leis an údarú seo;
 - (4) más rud é gur chuir údarás inniúil de chuid an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe an onnmhairiú ar an eolas, nó gur feasach don onnmhairiú ar shlí eile é (e.g. de bharr na faisnéise a fuair sé ón monaróir), go ndearna an t-údarás inniúil na hítimí i dtrácht a rúnaicmiú mar ítimí a bhfuil leibhéal cosanta rúnaicmithe slándála náisiúnta acu atá coibhéiseach le *CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL*, nó is airde ná é;
 - (5) más rud é nach féidir leis an onnmhairiú a ráthú go gcuirfead ar ais ina riocht bunaidh iad, gan aon chomhpháirt nó bogearra a asbhaint, a chóipeáil ná a scaipeadh, nó más rud é go bhfuil aistriú teicneolaíochta ag baint le cur i láthair;
 - (6) más rud é gur le haghaidh cur i láthair nó léiriú príobháideach (e.g. i seomraí taispeántais intí) na hítimí atá le honnmhairiú;
 - (7) más rud é go bhfuil na hítimí ábhartha le cumasc in aon phróiseas táirgíochta;
 - (8) más rud é go bhfuil na hítimí ábhartha le húsáid chun a gcríocha beartaithe, taobh amuigh den mhéid úsáide íosta is gá chun cur i láthair éifeachtach a dhéanamh, ach gan aschuir shainiúla tástála a chur ar fáil do thríú páirtithe;
 - (9) más rud é go bhfuiltear chun an t-onnmhairiú a dhéanamh mar thoradh ar idirbheart tráchtála, go háirithe i ndáil leis na hítimí ábhartha a dhíol, a ligean ar cíos nó a ligean ar léas;

- (10) más rud é gur chun a ndíola, a ligean ar cíós nó a ligean ar léas, agus chun na críche sin amháin, atá sé beartaithe na hítimí ábhartha a stóráil ag taispeántas nó aonach agus nach bhfuil sé i gceist iad a chur i láthair ná a léiriú;
- (11) más rud é go ndéanann an t-onnmhaireoir aon socrú a d'fhágfadh nach mbeadh na hítimí ábhartha i gcónaí faoina rialú an t-achar a mhairfidh an t-onnmhairiú sealadach.
4. I mbosca 44 den Doiciméad Riaracháin Aonair, ní mór d'onnmhaireoirí an uimhir thagartha AE X002 a lua agus beidh orthu a shonrú go bhfuil na hítimí á n-onnmhairiú faoi Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin EU004 ón Aontas.
5. Aon onnmhaireoir a úsáideann an t-údarú seo, ní mór dó fógra a thabhairt d'údarás inniúla an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe maidir le céad-úsáid an údaraithe seo tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an dáta a rinneadh an chéad onnmhairiú nó, mar mhalairt air sin, agus i gcomhréir le ceanglas údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir bunaithe, tabharfar an fógra roimh chéad-úsáid an údaraithe seo. Déanfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún i dtaobh an tsásra fógrúcháin arna roghnú don údarú ginearálta onnmhairiúcháin seo. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a gcuirfear fógra ina leith chuige a fhoilsiú i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
- Is iad na Ballstáit a shainíonn na ceanglais maidir le tuairisciú a ghabhann le húsáid an údaraithe seo agus is iad a shainíonn an fhaisnéis bhreise a d'fhéadfadh an Ballstát as a ndéantar an t-onnmhairiú a éileamh i dtaobh ítimí a onnmhairítear faoin údarú seo.
- Féadfaidh Ballstát a cheangal ar onnmhaireoirí atá bunaithe sa Bhallstát sin clárú sula ndéantar an t-údarú a úsáid den chéad uair. Beidh an clárú uathoibríoch, agus déanfaidh na húdarás inniúla admháil i ndáil leis an gclárú a thabhairt don onnmhaireoir gan mhoill, agus in aon chás laistigh de 10 lá oibre ón iarraidh ar chlárú a fháil, faoi réir Airteagal 9(1) den Rialachán seo.
- I gcás inarb infheidhme, beidh na ceanglais a leagtar amach sa dara fomhír agus sa tríú fomhír bunaithe ar na ceanglais sin a shainítear le haghaidh úsáid na n-údaruithe náisiúnta ginearálta onnmhairiúcháin arna ndéonú ag na Ballstáit sin a fhorálann d'údaruithe den sórt sin.
6. Chun críocha an údaraithe seo, ciallaíonn 'taispeántas nó aonach' imeachtaí tráchtála a mhaireann ar feadh tréimhse ar leith mar a ndéanann roinnt taispeántóirí éagsúla cur i láthair ar a gcuid táirgí os comhair cuairteoirí trádála nó os comhair an phobail i gcoitinne.
-

IARSCRÍBHINN IIe

ÚDARÚ GINEARÁLTA ONNMHAIRIÚCHÁIN Uimh. EU005 ÓN AONTAS

(dá dtagraítear in Airteagal 9(1) den Rialachán seo)

Teileachumarsáid

An t-údarás eisiúna: An tAontas Eorpach

Cuid 1 — Ítimí

Leis an údarú ginearálta onnmhairiúcháin seo, cumhdaítear na hítimí dé-úsáide seo a leanas atá sonraithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo:

- (a) na hítimí a leanas a bhaineann le Catagóir 5, Cuid 1:
- (i) ítimí, lena n-áirítear comhpháirteanna agus gabhálais dá gcuid a ceapadh nó a forbraíodh go speisialta agus atá sonraithe in 5A001b2 agus 5A001c agus d;
 - (ii) ítimí atá sonraithe in 5B001 agus 5D001, i gcás trealamh tástála, cigireachta agus táirgthe, agus bogearraí i gcás ítimí atá sonraithe faoi i);
- (b) teicneolaíocht atá á rialú ag 5E001a, nuair atá gá léi chun ítimí a shuiteáil, a oibriú, a chothabháil nó a dheisiú agus atá ceaptha don úsáideoir deiridh céanna.

Cuid 2 — Cinn Scríbe

Tá an t-údarú seo bailí ar fud an Aontais Eorpaigh le haghaidh onnmhairí chuig na cinn scríbe seo a leanas:

An Airgintín, an tSín (lena n-áirítear Hong Cong agus Macao), an Chróit, an India, an Rúis, an Afraic Theas, an Chóiré Theas, an Tuirc, an Úcráin.

Cuid 3 — Coinníollacha agus ceanglais maidir le húsáid

1. Ní údaraítear leis an údarú seo ítimí a onnmhairiú:

- (1) más rud é gur chuir údarás inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir bunaithe arna shainmhíniú in Airteagal 9(6) den Rialachán seo in iúl don onnmhaireoir sin go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, nó go bhféadfaidh siad a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach:
 - (a) lena n-úsáid chun airm cheimiceacha, bhitheolaíoch nó núicléacha nó feistí pléascáin núicléacha eile a fhorbairt, a tháirgeadh, a láimhseáil, a oibriú, a chothabháil, a stóráil, a bhrath, a shainmhíniú nó a scaipeadh, nó chun diúracáin a fhorbairt, a tháirgeadh, a chothabháil, nó a stóráil ar diúracáin iad ar féidir leo airm den chineál sin a sheachadadh;
 - (b) le haghaidh úsáide deiridh míleata (arna sainmhíniú in Airteagal 4(2) den Rialachán seo) más rud é go bhfuil an tír is ceannaitheoir nó an tír cinn scríbe faoi réir trádhaic arm arna fhorchur le cinneadh nó le comhshéasamh arna ghlacadh ag an gComhairle nó le cinneadh ón Eagraíocht um Shlándaíl agus Comhar san Eoraip) nó faoi réir trádhaic arna fhorchur le rún ceangailteach ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe; nó
 - (c) lena n-úsáid mar pháirteanna nó mar chomhpháirteanna d'ítimí míleata atá liostaithe sa liosta náisiúnta míleata agus a onnmhairíodh ó chríoch an Bhallstáit i dtrácht gan údarú nó de shárú ar údarú arna fhorordú le reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit sin; nó
 - (d) lena n-úsáid maidir le sárú ar chearta an duine, prionsabail dhaonlathacha nó saoirse cainte mar a shainítear iad le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, trí theicneolaíochtaí um thascradh agus feistí um aistriú sonraí digiteacha a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar fhóin phóca agus teachtaireachtaí téacs agus chun faireachas spriodhírthe a dhéanamh ar úsáid an idirlín (e.g. trí Ionaid Faireacháin agus trí Gheataí um Thascradh Dleathach);
- (2) más rud é go bhfuil a fhios ag an onnmhaireoir, faoina oibleagáid dícheall cuí a fheidhmiú, go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, d'aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear i bhfomhír 1;

- (3) más rud é go bhfuil a fhios ag an onnmhaireoir, faoina oibleagáid dícheall cúí a fheidhmiú, go ndéanfar na hítimí i dtrácht a athonnmhairiú chuig aon cheann scribe seachas na cinn scribe a liostaítear i gCuid 2 den údarú seo, na cinn scribe a liostaítear i gCuid 2 den Iarscríbhinn seo nó i gCuid 2 d'Iarscríbhinn IIa nó chuig Ballstáit;
- (4) más rud é go n-onnmhairítear na hítimí ábhartha chuig limistéar saor ó chustaim nó chuig stóras saor atá suite i gceann scribe atá cumhdaithe faoin údarú seo.
2. I mbosca 44 den Doiciméad Riaracháin Aonair, ní mór do na honnmhaireoirí an uimhir thagartha AE X002 a lua agus a shonrú go bhfuil na hítimí á n-onnmhairiú faoi Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin EU005 ón Aontas.
3. Aon onnmhaireoir a úsáideann an t-údarú seo, ní mór dó fógra a thabhairt d'údarás inniúla an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe maidir le céad-úsáid an údaraithe sin tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an dáta a rinneadh an chéad onnmhairiú nó, mar mhalairt air sin, agus i gcomhréir le ceanglas de chuid údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir bunaithe, tabharfar an fógra roimh chéad-úsáid an údaraithe seo. Déanfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún i dtaobh an tsásra fógrúcháin arna roghnú don údarú seo. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a gcuirfeadh fógra chuige ina leith a fhoilsiú i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Is iad na Ballstáit a shainíonn na ceanglais maidir le tuairisciú a ghabhann le húsáid an údaraithe seo agus is iad a shainíonn an fhaisnéis bhreise a d'fhéadfadh an Ballstát as a ndéantar an t-onnmhairiú a éileamh i dtaobh ítimí a onnmhairítear faoin údarú seo.

Féadfaidh Ballstát a cheangal ar onnmhaireoirí atá bunaithe sa Bhallstát sin clárú sula ndéantar an t-údarú seo a úsáid den chéad uair. Beidh an clárú uathoibríoch agus déanfaidh na húdaráis inniúla admháil i ndáil leis an gclárú a thabhairt don onnmhaireoir gan mhoill, agus in aon chás laistigh de 10 lá oibre ón iarraidh ar chlárú a fháil, faoi réir Airteagal 9(1) den Rialachán seo.

I gcás inarb infheidhme, beidh na ceanglais a leagtar amach sa dara fomhír agus sa tríú fomhír bunaithe ar na ceanglais sin a shainítear le haghaidh úsáid na n-údaruithe náisiúnta ginearálta onnmhairiúcháin arna ndéonú ag na Ballstáit sin a dhéanann foráil d'údaruithe den sórt sin.

IARSCRÍBHINN Iif

ÚDARÚ GINEARÁLTA ONNMHAIRIÚCHÁIN Uimh. EU006 ÓN AONTAS

(dá dtagraítear in Airteagal 9(1) den Rialachán seo)

Ceimiceáin

Cuid 1 — Ítimí

Leis an údarú ginearálta onnmhairiúcháin seo, cumhdaítear na hítimí dé-úsáide seo a leanas a shonraítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo:

1C350:

1. Tiadéghliocól (111-48-8);
2. Ocsaclóiríd fosfair (10025-87-3);
3. Meitiofosfónáit démhéiteile (756-79-6);
5. Déchlóiríd mheitiofosfóinil (676-97-1);
6. Foisfít démhéiteile (DMP) (868-85-9);
7. Tríchlóiríd fosfair (7719-12-2);
8. Foisfít Trímhéiteile (TMP) (121-45-9);
9. Clóiríd tianile (7719-09-7);
10. 3-Hiodrocsa-1-meitilphipiridín (3554-74-3);
11. Clóiríd N,N-Dé-iseapróipil-(béite)-aiméiteile (96-79-7);
12. Tiól N,N-Dé-iseapróipil-(béite)-amíneatán (5842-07-9);
13. Cuinuclidín-3-ól (1619-34-7);
14. Fluairíd photaisiam (7789-23-3);
15. 2-Clóireatánól (107-07-3);
16. Démheitiolaimín (124-40-3);
17. Eitiofosfónáit dé-eitile (78-38-6);
18. Dé-eitil-N,N-démheitiolfosfaramadáid (2404-03-7);
19. Foisfít dé-eitile (762-04-9);
20. Hidreaclóiríd démhéitiolaimín (506-59-2);
21. Déchlóiríd foisfónail eitile (1498-40-4);
22. Déchlóiríd foisfónail eitile (1066-50-8);
24. Fluairíd hidrigine (7664-39-3);
25. Beinsíoláit mheitile (76-89-1);
26. Déchlóiríd foisfónail meitile (676-83-5);
27. Eatánól N,N-Dé-iseapróipil-(béite)-aimín (96-80-0);
28. Alcól pineacóilile (464-07-3);
30. Foisfít Trí-eitile (122-52-1);

31. Tríchlóiríd arsanaice (7784-34-1);
32. Aigéad beinsíleach (76-93-7);
33. Meitilfosfóinít dé-eitile (15715-41-0);
34. Eitilfosfónáit démheitile (6163-75-3);
35. Défhlúairíd foisfónail eitile (430-78-4);
36. Défhlúairíd foisfónail meitile (753-59-3);
37. 3-Cuinicliodón (3731-38-2);
38. Peinteaclóiríd fosfair (10026-13-8);
39. Pineacólón (75-97-8);
40. Ciainíd photaisiam (151-50-8);
41. Défhlúairíd photaisiam (7789-29-9);
42. Fluairíd hidrigine amóiniam nó défhlúairíd amóiniam (1341-49-7);
43. Fluairíd sóidiam (7681-49-4);
44. Défhlúairíd sóidiam (1333-83-1);
45. Ciainíd sóidiam (143-33-9);
46. Trí-eatánólaimín (102-71-6);
47. Peinteasulfíd fosfair (1314-80-3);
48. Dé-iseapróipiólaimín (108-18-9);
49. Dé-eitiolaimíneatánól (100-37-8);
50. Suilfid sóidiam (1313-82-2);
51. Monachlóiríd sulfair (10025-67-9);
52. Déchlóiríd sulfair (10545-99-0);
53. Hidreaclóiríd Trí-eatánólaimín (637-39-8);
54. Hidreaclóiríd N,N-Dé-iseapróipil-(Béite)-aimíneitile-clóiríde (4261-68-1);
55. Aigéad Meitilfosfónach (993-13-5);
56. Meitilfosfónáit dé-eitile (683-08-9);
57. Déchlóiríd N,N-Démheitilaimíneafosforal (677-43-0);
58. Foisfít Trí-iseaprópaille (116-17-6);
59. Eitildé-eatánólaimín (139-87-7);
60. Fosfaraitiáit O,O-Dé-eitil (2465-65-8);
61. Fosfaraidéthiáit O,O-Dé-eitile (298-06-6);
62. Heicseafluaraisileacáit sóidiam (16893-85-9);
63. Déchlóiríd meitilfosfónaitiach (676-98-2).

1C450 a:

4. Foisgéin: Déchlóiríd charbóinile (75-44-5);
5. Clóiríd cianaigine (506-77-4);
6. Ciainíd hidrigine (74-90-8);
7. Clóraipicrin: Tríchlórainítrimeatán (76-06-2).

1C450 b:

1. Ceimiceáin, seachas iad siúd atá sonraithe sna Rialuithe maidir le hEarraí Míleata nó in 1C350, a bhfuil adamh fosfair iontu a bhfuil grúpa amháin meitile, eitile nó próipile (gnáth nó isea-) nasctha leis ach gan aon adaimh bhreise charbóin ann;
2. Fosfaramidáití Déailcile [meitil, eitel nó próipil (gnáth nó isea-) N,N-Déailcile seachas Déchlóiríd N,N-démheitilaimíneafosoraile atá sonraithe in 1C350.57];
3. Fosfaramadáid dé-ailcile [meitil, eitel nó próipil (gnáth nó isea-)] N,N-Déailcile [meitile eitel nó próipil (gnáth nó isea-)], seachas Dé-eitel-N,N-démheitiolfosfaramadáid atá sonraithe in 1C350
4. Aimíneitil-2-clóirídí N,N-Dé-ailcile [meitil, eitel nó próipil (gnáth nó isea-)] agus salainn chomhfhreagracha phrótón-áitithe; seachas clóiríd N,N-Dé-iseapróipil-(béite) aimíneitile nó hidreachlóiríd N,N-Dé-iseapróipil-(béite)-aimíneitile clóiríde atá sonraithe in 1C350;
5. Aimíneitil-2-clóirídí N,N-Dé-ailcile [meitil, eitel nó próipil (gnáth nó isea-)] agus salainn chomhfhreagracha phrótón-áitithe; seachas N,N-Dé-iseapróipil-(béite) aimíneaeatánól (96-80-0) agus N,N-Dé-eitilaimíneaeatánól (100-37-8) atá sonraithe in 1C350;
6. Aimíneatán-2-tiól N,N-Dé-ailcile [meitil, eitel nó próipil (gnáth nó isea-)] agus na salainn chomhfhreagracha phrótón-áitithe, seachas tiól N,N-Dé-iseapróipil-(béite)-amíneatán atá sonraithe in 1C350;
8. Meitildé-eatánólaimín (105-59-9).

Cuid 2 — Cinn Scríbe

Tá an t-údarú seo bailí ar fud an Aontais le haghaidh onnmhairí chuig an cinn scríbe seo a leanas:

An Airgintín, an Chróit, an Íoslainn, an Chóiré Theas, an Tuirc, an Úcráin.

Cuid 3 — Coinníollacha agus ceanglais maidir le húsáid

1. Ní údaraítear leis an údarú seo ítimí a onnmhairiú sna cásanna seo a leanas:

- (1) más rud é gur chuir údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir bunaithe arna shainmhíniú in Airteagal 9(6) den Rialachán seo in iúl don onnmhaireoir sin go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, nó go bhféadfaidh siad a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach,
 - (a) lena n-úsáid chun airm cheimiceacha, bhithleolaíoch nó núicléacha nó feistí pléascáin núicléacha eile a fhorbairt, a tháirgeadh, a láimhseáil, a oibriú, a chothabháil, a stóráil, a bhrath, a shainithint nó a scaipeadh, nó chun diúracáin a fhorbairt, a tháirgeadh, a chothabháil, nó a stóráil ar diúracáin iad ar féidir leo airm den chineál sin a sheachadadh;
 - (b) le haghaidh úsáide deiridh míleata arna sainmhíniú in Airteagal 4(2) den Rialachán seo más rud é go bhfuil an tír ceannaigh nó an tír cinn scríbe faoi réir trádbhaic arm arna fhorchur le cinneadh nó comhsheasamh arna ghlacadh ag an gComhairle nó le Cinneadh ón Eagraíocht um Shlándaíl agus Comhar san Eoraip nó faoi réir trádbhaic arna fhorchur le rún ceangailteach ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe; nó
 - (c) lena n-úsáid mar pháirteanna nó mar chomhpháirteanna d'ítimí míleata atá liostaithe sa liosta náisiúnta míleata agus a onnmhairíodh ó chríoch an Bhallstáit i dtrácht gan údarú nó de shárú ar údarú arna fhorordú le reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit;
- (2) más rud é gur eol don onnmhaireoir, faoina oibleagáid dícheall cuí a fheidhmiú, go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, d'aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear i bhfomhír 1;

- (3) más rud é gur eol don onnmhaireoir, faoina oibleagáid dícheall cuí a fheidhmiú, go ndéanfar na hítimí a athonnmhairiú chuig aon cheann scríbe seachas na cinn scríbe a liostaítear i gCuid 2 den Iarscríbhinn seo nó i gCuid 2 d'Iarscríbhinn IIa nó chuig Ballstáit; nó
- (4) onnmhairítear na hítimí ábhartha chuig limistéar saor ó chustaim nó chuig stóras saor atá suite i gceann scríbe atá cumhdaithe leis an údarú seo.
2. I mbosca 44 den Doiciméad Riaracháin Aonair, ní mór do na honnmhaireoirí an uimhir thagartha AE X002 a lua agus a shonrú go bhfuil na hítimí á n-onnmhairiú faoi Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin EU006 ón Aontas.
3. Aon onnmhaireoir a úsáideann an t-údarú seo, ní mór dó fógra a thabhairt d'údarais inniúla an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe maidir le céad-úsáid an údaraithe sin tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an dáta a rinneadh an chéad onnmhairiú nó, mar mhalairt air sin, agus i gcomhréir le ceanglas de chuid údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir bunaithe, tabharfar an fógra roimh chéad-úsáid an údaraithe seo. Déanfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún i dtaobh an tsásra fógrúcháin a bheidh roghnaithe don údarú seo. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a gcuirfeadh fógra chuige ina leith a fhoilsiú i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Is iad na Ballstáit a shainíonn na ceanglais maidir le tuairisciú a ghabhann le húsáid an údaraithe seo agus is iad a shainíonn an fhaisnéis bhreise a d'fhéadfadh an Ballstát as a ndéantar an t-onnmhairiú a éileamh i dtaobh ítimí a onnmhairítear faoin údarú seo.

Féadfaidh Ballstát a cheangal ar onnmhaireoirí atá bunaithe sa Bhallstát sin clárú sula ndéantar an t-údarú seo a úsáid den chéad uair. Beidh an clárú uathoibríoch, agus déanfaidh na húdarais inniúla admháil i ndáil leis an gclárú a thabhairt don onnmhaireoir gan mhoill, agus in aon chás laistigh de 10 lá oibre ón iarraidh ar chlárú a fháil, faoi réir Airteagal 9(1) den Rialachán seo.

I gcás inarb infheidhme, beidh na ceanglais a leagtar amach sa dara fomhír agus sa tríú fomhír bunaithe ar na ceanglais sin a shainítear le haghaidh úsáid na n-údaruithe náisiúnta ginearálta onnmhairiúcháin arna ndéonú ag na Ballstáit sin a dhéanann foráil d'údaruithe den sórt sin.

IARSCRÍBHINN IIg

(Liosta dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a) den Rialachán seo agus in Iarscríbhinn IIa, Iarscríbhinn IIc agus Iarscríbhinn IID a ghabhann leis an Rialachán seo)

Ní i gcónaí a bhíonn tuairisc iomlán sna hiontrálacha ar na hítimí agus ar na nótaí gaolmhara in Iarscríbhinn I. Is in Iarscríbhinn I amháin atá tuairisc iomlán ar na hítimí sin.

Ní dhéantar aon difear do chur i bhfeidhm an Nóta Ghinearálta Bogearraí (GSN) in Iarscríbhinn I má luaitear ítim san Iarscríbhinn seo.

- Gach ítim atá sonraithe in Iarscríbhinn IV.
- 0C001 'úrániam nádúrtha' nó 'úrániam laghdaithe' nó tóiriam i bhfoirm miotail, cóimhiotail, cumaisc cheimicigh nó tiúcháin agus aon ábhar eile ina bhfuil aon cheann de na nithe sin.
- 0C002 'Ábhar speisialta inscoilte' amach uathu sin atá sonraithe in Iarscríbhinn IV.
- 0D001 'Bogearraí' a ceapadh nó a coigeartaíodh go speisialta chun earraí atá sonraithe i gCatagóir 0 a 'forbairt', a 'táirgeadh' nó a 'úsáid', a mhéid a bhaineann siad le 0C001 nó leis na hearraí sin in 0C002 atá eisiata ó Iarscríbhinn IV.
- 0E001 'Teicneolaíocht' i gcomhréir leis an Nóta Teicneolaíochta Núicléach chun earraí atá sonraithe i gCatagóir 0 a 'forbairt', a 'táirgeadh' nó a 'úsáid', a mhéid a bhaineann siad le 0C001 nó leis na hearraí sin in 0C002 atá eisiata ó Iarscríbhinn IV.
- 1A102 Comhghabhálais charbóin-carbóin phirealaithe athsáitithe a ceapadh i gcomhair feithiclí láinseála spásárthaí atá sonraithe in 9A004 nó i gcomhair roicéad sondála atá sonraithe in 9A104.
- 1C351 Pataiginí daonna, zónóisí agus 'tocsainí'.
- 1C352 Pataiginí ainmhithe.
- 1C353 Eilimintí géiniteacha agus orgánaigh ghéinathraithe.
- 1C354 Pataiginí plandaí.
- 1C450a.1. amiton: O,O-Dé-éitil S-[2-(Dé-éitilaimínea)éitil] fosfóraláid (78-53-5) agus na salainn alcaileachta nó prótonáitithe chomhfhreagracha.
- 1C450a.2. PFIB: 1,1,3,3,3-Peinteafluara-2-(trífhluaraimeitil)-1-próipéin (382-21-8).
- 7E104 'Teicneolaíocht' chun sonraí maidir le rialú eitilte, treoraíocht, agus tiomáint a chomhtháthú i gcóras bainistíochta eitilte chun córas rothaig roicéid a optamú.
- 9A009.a. Córais hibride tiomána roicéad ar mó ná 1.1MN a n-acmhainn iomlán ríge.
- 9A117 Meicníocht ceann réime, meicníochtaí deighilte agus idirchéimeanna is féidir a úsáid i 'diúracáin'."

RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN

Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún an Rialachán seo a athbhreithniú faoin 31 Nollaig 2013, go háirithe i ndáil le measúnú a dhéanamh le féachaint an bhféadfaí Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin a chur i bhfeidhm le haghaidh lastas ar luach íseal.

RÁITEAS Ó PHARLAIMINT NA hEORPA, ÓN gCOMHAIRLE AGUS ÓN gCOIMISIÚN MAIDIR LE LASTAIS AR LUACH ÍSEAL

Ní dhéantar difear leis an Rialachán seo d'Údaruithe Náisiúnta Ginearálta Onnmhairiúcháin le haghaidh lastas ar luach íseal, ar údaruithe iad arna n-eisiúint ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 9(4) de Rialachán (CE) Uimh. 428/2009.

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 1233/2011 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 16 Samhain 2011**

maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2001/76/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2001/77/CE ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Rannchuidíonn Gníomhaireachtaí Creidmheasa Onnmhairiúcháin, ("GCOanna"), le forbairt na trádála domhanda trí thacú le honnmhairiú agus infheistíochtaí ag cuideachtaí ar shlí ar dá réir a ndéantar soláthar airgeadais agus árachais ag an earnáil phríobháideach a chomhlánú. Is páirtí é an tAontas sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil ("an Socrú") den Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta ("ECFE"). Leis an Socrú, mar atá tugtha i gcrích ag na Rannpháirtithe ann, déantar rialáil ar na téarmaí agus na coiníollacha airgeadais a fhéadfaidh GCOanna a thairiscint, ar mhaithe le machaire réidh a chothú do chreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil.
- (2) De bhua Chinneadh 2001/76/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 lena n-ionadaítear Cinneadh an 4 Aibreán 1978 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil ⁽²⁾ agus de bhua Chinneadh 2001/77/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 maidir le prionsabail creat-chomhaontaithe um maoiniú tion-scadal a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil ⁽³⁾, tá feidhm san Aontas ag na treoirlínte atá sa Socrú agus ag na rialacha sonracha um maoiniú tion-scadal.
- (3) Rannchuidítear leis an Socrú go hindíreach, trí ghníomhaíocht na GCOanna, le trádáil agus le hinfeistíocht atá saor agus cóir ag cuideachtaí ar lú rochtain a bheadh acu thairis sin ar shaoráidí creidmheasa arna soláthar ag an earnáil phríobháideach.
- (4) Le linn dóibh a gcórais náisiúnta creidmheasa onnmhairiúcháin a bhunú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus le linn dóibh maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí creidmheasa onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil, ba cheart do na Ballstáit forálacha ginearálta an Aontais maidir le gníomhaíocht sheachtrach a chomhlíonadh, amhail dlúthpháirtiú an daonlathais, urraim do chearta an duine agus comhleanúnachas beartais i leith forbartha, mar aon leis an gcomhrac in aghaidh athraithe aeráide.
- (5) Tá na Rannpháirtithe sa Socrú páirteach i bpróiseas leanúnach atá ceaptha saobhadh margaidh a íoslaghdú agus machaire réidh a bhunú ina bhfuil na préimheanna a ghearrann na GCOanna bunaithe ar riosca, agus ar préimheanna iad ba cheart a bheith leordhóthanach chun na cailleanais agus na costais oibriúcháin fadtéarmacha a chumhdach i gcomhréir le hoibleagáidí de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála. Chun an sprioc sin a bhaint amach, feidhmíonn na córais chreidmheasanna onnmhairiúcháin ar shlí thrédhearcach agus tuairiscíonn gníomhaireachtaí dá réir sin chuig ECFE.
- (6) Is féidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin atá deaspriocdhírthe arna soláthar ag na GCOanna rannchuidiú le deiseanna um rochtain mhargaidh do chuideachtaí Aontais, lena n-áirítear d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna).
- (7) D'aontaigh na Rannpháirtithe sa Socrú agus Ballstáit an Aontais go ndéanfaidís faisnéis áirithe ar chreidmheasanna onnmhairiúcháin a nochtheadh i gcomhréir le rialacha thrédhearcachta ECFE agus an Aontais chun machaire réidh a éascú do na Rannpháirtithe sa Socrú agus do na Ballstáit.
- (8) Déanann an tAontas bearta thrédhearcachta agus tuairiscithe, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I, a chur i bhfeidhm.
- (9) I bhfianaise staid na hiomaíochta méadaithe ar na margáid domhanda agus chun míbhuntáistí iomaíochta do chuideachtaí Aontais a sheachaint, ba cheart don Choimisiún, i ndáil leis an údarú caibidlíochta ó na Ballstáit, tacú le hiarrachtaí arna ndéanamh ag ECFE lámh a shíneadh do na neamh-Rannpháirtithe sa Socrú. Ba cheart don Choimisiún caibidlíochtaí déthaobhacha agus ilthaobhacha a úsáid chun caighdeán dhomhanda a bhunú le haghaidh na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil. Tá caighdeán dhomhanda sa réimse seo ina réamhriachtanas do mhachaire réidh sa trádáil dhomhanda.
- (10) Cé go bhfuil tíortha ECFE faoi threoir ag an Socrú, ní Rannpháirtithe sa Socrú na tíortha nach comhaltaí de chuid ECFE iad, agus d'fhéadfaid buntáiste iomaíochta leanúint as an méid sin d'onnmhairiúcháin de chuid na dtíortha sin. Tá na tíortha sin á spreagadh, dá bhrí sin, chun an Socrú a chur i bhfeidhm chun a áirithiú gur ann do mhachaire réidh ar an leibhéal domhanda chomh maith.
- (11) I bhfianaise bheartas an Aontais um Rialáil Níos Fearr, arb í is aidhm leis an rialáil atá ann cheana a shimpliú agus a fheabhsú, déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit a n-aird a dhíriú, i gcás inarb íomchuí, ar laghdú a dhéanamh ar ualaí riaracháin ar chuideachtaí agus ar riaracháin náisiúnta, lena n-áirítear GCOanna, mar chuid d'athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar an Socrú.

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2011 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 8 Samhain 2011.

⁽²⁾ IO L 32, 2.2.2001, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 32, 2.2.2001, lch. 55.

- (12) Chinn na rannpháirtithe sa Socrú an Socrú a leasú agus é a chuíochóiriú. I measc na n-athruithe arna gcomhaontú, cuimsítear an áisiúlacht fheabhsaithe don úsáideoir, an comhleánachas sna hoibleagáidí ábhartha idirnáisiúnta a fheabhsú, agus níos mó trédhearcachta a bhaint amach, go háirithe i dtaca leis na neamh-Rannpháirtithe sa Socrú. Anuas air sin, chomhaontaigh na Rannpháirtithe sa Socrú freisin na rialacha um maoiniú tionscadal a ionchorprú i dtéacs an tSocraithe, ar rialacha iad a tugadh isteach le Cinneadh 2001/77/CE, agus na rialacha um chreidmheasanna onnmhairiúcháin i leith long, a tugadh isteach le Cinneadh 2002/634/CE ón gComhairle⁽¹⁾ lena leasaítear Cinneadh 2001/76/CE, a ionchorprú i dtéacs an tSocraithe freisin.
- (13) Ba cheart Cinneadh 2001/76/CE, arna leasú, a aisghairm, agus ba cheart an Rialachán seo agus an téacs comhdhlúite agus athbhreithnithe den Socrú arna chur i gceangal leis a chur ina ionad, agus ba cheart Cinneadh 2001/77/CE a aisghairm.
- (14) Chun na leasuithe ar na treoirlínte a leagtar amach sa Socrú, amhail is atá siad comhaontaithe ag na Rannpháirtithe sa Socrú, a ionchorprú go rianúil agus go pras i reachtaíocht an Aontais, ba cheart don Choimisiún, i gcás inar gá sin, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn II a leasú. Ba cheart, dá bhrí sin, an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le leasuithe ar na treoirlínte amhail is atá siad comhaontaithe ag na Rannpháirtithe sa Socrú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An Socrú a chur i bhfeidhm

Beidh feidhm san Aontas ag na treoirlínte atá sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTácu go hOifigiúil ("an Socrú"). Cuirtear téacs an tSocraithe i gceangal leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

An chumhacht a tharmligean

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 3 chun Iarscríbhinn II a leasú mar thoradh ar leasuithe ar na treoirlínte arna gcomhaontú ag na Rannpháirtithe sa Socrú.

Más rud é, i gcás leasuithe a dhéanfar ar Iarscríbhinn II mar thoradh ar leasuithe ar na treoirlínte arna gcomhaontú ag na

Rannpháirtithe sa Socrú, go n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 4 maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.

Airteagal 3

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Maidir leis an gcumhacht chun na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 2 a ghlacadh, déanfar í a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ón 9 Nollaig 2011.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2 a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ag dáta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.
4. A luaithe agus a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna.
5. Ní thiofadh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó, más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 4

An nós imeachta práinne

1. Tiofadh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach léireofar aon agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomh tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.
2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gnímh tharmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 3(5). Sa chás sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh a aisghairm gan mhoill tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh chun agóid a dhéanamh.

Airteagal 5

Trédhearcacht agus tuairiscíú a dhéanamh

Tá na bearta trédhearcachta agus tuairiscithe atá le cur i bhfeidhm san Aontas leagtha amach in Iarscríbhinn I.

⁽¹⁾ IO L 206, 3.8.2002, lch. 16.

*Airteagal 6***Aisghairm**

Aisghairtear leis seo Cinneadh 2001/76/CE agus Cinneadh 2001/77/CE.

*Airteagal 7***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 16 Samhain 2011.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

J. BUZEK

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

W. SZCZUKA

IARSCRÍBHINN I

1. Gan dochar do shainchumais institiúidí na mBallstát a dhéanann maoirseacht ar na cláir náisiúnta chreidmheasanna onnmhairiúcháin, déanfaidh gach Ballstát Tuarascáil Gníomhaíochta Bhliantúil a chur ar fáil don Choimisiún ionas go gcuirfead leis an trédhearcacht ar leibhéal Aontais. I gcomhréir lena gcreat reachtúil náisiúnta, déanfaidh na Ballstáit tuairisc ar shócmhainní agus dhliteanais, ar éilimh íoctha agus aisghabhálacha, ar ghealltanais nua, ar neamhchosaintí agus ar mhuirir phréimhe. I gcás go dtiocfadh dliteanais theagmhasacha as gníomhaíochtaí creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil, déanfar na gníomhaíochtaí sin a thuairisciú mar chuid den Tuarascáil Gníomhaíochta Bhliantúil.
2. Sa Tuarascáil Gníomhaíochta Bhliantúil, déanfaidh na Ballstáit cur síos ar an tslí a bhfuil rioscaí comhshaoil, a bhféadfadh rioscaí ábhartha eile a bheith ag gabháil leo, á gcur san áireamh sna gníomhaíochtaí creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil a bhíonn á ndéanamh ag a gcuid GCOanna.
3. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú bliantúil is bunaithe ar an bhfaisnéis sin a thabhairt ar aird do Pharlaimint na hEorpa, agus áireofar ann meastóireacht ar an tslí a bhfuil cuspóirí agus oibleagáidí an Aontais á gcomhlíonadh ag na GCOanna.
4. I gcás ina bhfuil údarú caibidlíochta ag an gCoimisiún sna fóraim éagsúla comhair idirnáisiúnta, déanfaidh sé, de réir a inniúlachtaí, tuarascáil bhliantúil a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gcaibidlíocht a rinneadh chun caighdeán dhomhanda a bhunú i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil.

De réir raon feidhme an Rialacháin seo, cuimsítear an bhliain 2011 sa chéad tréimhse tuairiscithe.

IARSCRÍBHINN II

SOCRÚ MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN ARNA dtACÚ GO hOIFIGIÚIL

CLÁR NA nÁBHAR

| | Leathanach |
|---|------------|
| CAIBIDIL I: FORÁLACHA GINEARÁLTA | 52 |
| 1. CUSPÓIR | 52 |
| 2. STÁDAS | 52 |
| 3. RANNPHÁIRTÍOCHT | 52 |
| 4. FAISNÉIS ATÁ AR FÁIL DO NEAMH-RANNPHÁIRTITHE | 52 |
| 5. RAON FEIDHME AN CHUR I bhFEIDHM | 52 |
| 6. TUISCINTÍ EARNÁLA | 53 |
| 7. MAOINIÚ TIONSCADAL | 53 |
| 8. TARRAINGT SIAR | 53 |
| 9. FAIREACHÁN | 53 |
| CAIBIDIL II: TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA AIRGEADAIS MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN | 53 |
| 10. ÉARLAIS, TACAÍOCHT OIFIGIÚIL UASTA AGUS COSTAIS ÁITIÚLA | 53 |
| 11. AICMIÚ NA dtÍORTHA I gCOMHAIR TÉARMAÍ UASTA AISÍOCAÍOCHTA | 54 |
| 12. TÉARMAÍ UASTA AISÍOCAÍOCHTA | 54 |
| 13. TÉARMAÍ AISÍOCAÍOCHTA DO GHLÉASRA CUMHACHTA NEAMHNÚICLÉICHE | 54 |
| 14. AISÍOCAÍOCHT AN BHUNAIRGID AGUS ÍOCAÍOCHT AN ÚIS | 55 |
| 15. RÁTAÍ ÚIS, PRÉIMHRÁTAÍ AGUS TÁILLÍ EILE | 56 |
| 16. TRÉIMHSE BAILÍOCHTA DO CHREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN | 56 |
| 17. GNÍOMHAÍOCHT CHUN CAILLTEANAIS A SHEACHAINT NÓ A ÍOSLAGHDÚ | 56 |
| 18. COMHOIRIÚNÚ | 56 |
| 19. RÁTAÍ ÍOSTA ÚIS SEASTA FAOIN TACAÍOCHT OIFIGIÚIL MAOINITHE | 56 |
| 20. DÉANAMH NA CIRRANNA | 56 |
| 21. BAILÍOCHT NA CIRRANNA | 57 |
| 22. CUR I bhFEIDHM NA CIRRANNA | 57 |
| 23. PRÉIMH DON RIOSCA CREIDMHEASA | 57 |
| 24. PRÉIMHRÁTAÍ ÍOSTA DO RIOSCA CREIDMHEASA TÍRE AGUS FLAITHIÚNAIS | 57 |
| 25. AICMIÚ AN RIOSCA TÍRE | 58 |
| 26. AICMIÚ NA nINSTITIÚIDÍ ILTAOBHACHA AGUS RÉIGIÚNACHA | 59 |

| | Leathanach |
|--|------------|
| 27. CÉATADÁN AGUS CÁILÍOCHT AN CHLÚDAIGH OIFIGIÚIL CREIDMHEASA ONNMHAIRIÚCHÁIN | 59 |
| 28. GNÉITHE ROGHNAITHE RIOSCA TÍRE AGUS TEICNÍCÍ MAOLAITHE RIOSCA TÍRE A EISIAMH | 60 |
| 29. ATHBHREITHNIÚ AR BHAILÍOCHT NA bPRÉIMHRÁTAÍ ÍOSTA DO RIOSCA CREIDMHEASA TÍRE AGUS FLAITHIÚNAIS | 61 |
| CAIBIDIL III: FORÁLACHA MAIDIR LE CABHAIR CHEANGAILTE | 61 |
| 30. PRIONSABAIL GHINEARÁLTA | 61 |
| 31. CINEÁLACHA CABHRACH CEANGAILTE | 61 |
| 32. MAOINIÚ COMHLACHAITHE | 62 |
| 33. INCHÁILITHEACHT TÍRE I gCOMHAIR CABHRACH CEANGAILTE | 62 |
| 34. INCHÁILITHEACHT TIONSCADAIL | 63 |
| 35. LEIBHÉAL ÍOSTA LAMHÁLTAIS | 63 |
| 36. DÍOLÚINTÍ Ó INCHÁILITHEACHT TÍRE NÓ TIONSCADAIL AR CHABHAIR CHEANGAILTE | 64 |
| 37. LEIBHÉAL LAMHÁLTAIS NA CABHRACH CEANGAILTE A RÍOMH | 64 |
| 38. TRÉIMHSE BAILÍOCHTA DON CHABHAIR CHEANGAILTE | 65 |
| 39. COMHOIRIÚNÚ | 65 |
| CAIBIDIL IV: NÓSANNA IMEACHTA | 66 |
| ROINN 1: NÓSANNA IMEACHTA COITEANNA MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN AGUS MAIDIR LE CABHAIR THRÁDGHAOLMHAR. | 66 |
| 40. FÓGRAÍ | 66 |
| 41. FAISNÉIS AR THACAÍOCHT OIFIGIÚIL | 66 |
| 42. NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LEIS AN gCOMHOIRIÚNÚ | 66 |
| 43. COMHAIRLIÚCHÁIN SPEISIALTA | 66 |
| ROINN 2: NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN | 67 |
| 44. FÓGRA ROIMH RÉ AGUS PLÉ INA THEANNTA | 67 |
| 45. FÓGRA ROIMH RÉ D'UIREASA AON PHLÉ | 67 |
| ROINN 3: NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE CABHAIR THRÁDGHAOLMHAR | 67 |
| 46. FÓGRA ROIMH RÉ | 67 |
| 47. FÓGRA PRAS | 68 |
| ROINN 4: NÓSANNA IMEACHTA COMHAIRLIÚCHÁIN MAIDIR LE CABHAIR CHEANGAILTE | 68 |
| 48. CUSPÓIR NA gCOMHAIRLIÚCHÁN | 68 |
| 49. RAON FEIDHME AGUS TRÁTHÚ NA gCOMHAIRLIÚCHÁN | 68 |
| 50. TORADH NA gCOMHAIRLIÚCHÁN | 69 |
| ROINN 5: MALARTÚ FAISNÉISE MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN AGUS MAIDIR LE CABHAIR THRÁDGHAOLMHAR | 69 |

| | Leathanach |
|---|------------|
| 51. POINTÍ TEAGMHÁLA | 69 |
| 52. RAON FEIDHME NA bhFIOSRÚCHÁN | 69 |
| 53. RAON FEIDHME NA bhFREAGAIRTÍ | 69 |
| 54. COMHAIRLIÚCHÁIN DUINE LE DUINE | 69 |
| 55. NÓSANNA IMEACHTA AGUS FORMÁID NA LÍNTE COITEANNA | 70 |
| 56. FREAGAIRTÍ AR THOGRAÍ MAIDIR LE LÍNE CHOITEANN | 70 |
| 57. GLACADH LE LÍNTE COITEANNA | 70 |
| 58. EASAONTÚ FAOI LÍNTE COITEANNA | 71 |
| 59. DÁTA ÉIFEACHTA LÍNE COITINNE | 71 |
| 60. BAILÍOCHT NA LÍNTE COITEANNA | 71 |
| ROINN 6: FORÁLACHA OIBRÍOCHTA MAIDIR LE RÁTAÍ ÍOSTA ÚIS (CIRRANNA) A CHUR IN IÚL | 71 |
| 61. RÁTAÍ ÍOSTA ÚIS A CHUR IN IÚL | 71 |
| 62. DÁTA ÉIFEACHTA DO CHUR I bhFEIDHM RÁTAÍ ÚIS | 71 |
| 63. ATHRUITHE LÁITHREACHA I RÁTAÍ ÚIS | 71 |
| ROINN 7: ATHBHREITHNITHE | 72 |
| 64. ATHBHREITHNIÚ RIALTA AR AN SOCRÚ | 72 |
| 65. ATHBHREITHNIÚ AR RÁTAÍ ÍOSTA ÚIS | 72 |
| 66. ATHBHREITHNIÚ AR PHRÉIMHRÁTAÍ ÍOSTA AGUS SAINCHEISTEANNA GAOLMHARA | 72 |
| IARSCRÍBHINN I: TUISCINT EARNÁLA MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN DO LONGA | 73 |
| IARSCRÍBHINN II: TUISCINT EARNÁLA MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN DO GHLÉASRA CUMHACHTA NÚICLÉICHE | 76 |
| IARSCRÍBHINN III: TUISCINT EARNÁLA MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN D'AERÁRTHAÍ SIBHIALTA | 78 |
| IARSCRÍBHINN IV: TUISCINT EARNÁLA MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN DO THIONSCADAIL SNA RÉIMSÍ UM FHUINNEAMH INATHNUAITE AGUS ACMHAINNÍ UISCE, ATÁ I bhFEIDHM AR FEADH TRÉIMHSE TRIALAÍ GO DTÍ AN 30 MEITHEAMH 2007 | 89 |
| IARSCRÍBHINN V: FAISNÉIS ATÁ LE SOLÁTHAR LE hAGHAIDH FÓGRAÍ | 92 |
| IARSCRÍBHINN VI: RÍOMH NA bPRÉIMHRÁTAÍ ÍOSTA | 97 |
| IARSCRÍBHINN VII: NA CRITÉIR AGUS NA COINNÍOLLACHA A RIALÁIONN CUR I bhFEIDHM AN AICMITHE RIOSCA TÍRE NUAIR A BHÍONN RÁTHÓIR TRÍÚ TÍR NÓ INSTITIÚID ILTAOBHACH NÓ RÉIGIÚNACH I gCEIST | 99 |
| IARSCRÍBHINN VIII: CRITÉIR AGUS COINNÍOLLACHA A RIALÁIONN CUR I bhFEIDHM AN MHAOLAITHE/EISIAIMH RIOSCA TÍRE NUAIR A BHÍONN NA PRÉIMHRÁTAÍ ÍOSTA Á RÍOMH | 101 |
| IARSCRÍBHINN IX: SEICLIOSTA DON CHÁILÍOCHT FORBARTHA | 108 |
| IARSCRÍBHINN X: TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA ATÁ INFHEIDHME MAIDIR LE hIDIRBHEARTA UM MAOINIÚ TIONSCADAIL | 109 |
| IARSCRÍBHINN XI: LIOSTA SAINMHÍNITHE | 111 |

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

1. Cuspóir

- (a) Is é príomhchuspóir an tSocráithe maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil, dá dtagraítear ar fud an doiciméid seo mar an Socrú, ná creat a chur ar fáil lena bhféadfar na creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil a úsáid go rianúil.
- (b) Féachann an Socrú le machaire réidh a chothú don tacaíocht oifigiúil, amhail a shainmhínítear in Airteagal 5(a), d'fhonn an iomaíocht a spreagadh i measc onnmhairséirí bunaithe ar cháilíocht agus ar phraghas na n-earraí agus na seirbhísí a dhéantar a onnmhairiú, seachas ar iad a bheith bunaithe ar na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais is fabhraí agus a bhfuil tacaíocht oifigiúil á fáil acu.

2. Stádas

Tháinig éifeacht leis an Socrú, a forbraíodh faoi chuimsiú an ECFE, ar dtús in Aibreán 1978 agus is go ceann tréimhse éiginnte é. Is Comhaontú Oinigh i measc na Rannpháirtithe atá sa Socrú; ní Gníomh⁽¹⁾ de chuid an ECFE é, cé go bhfaigheann sé tacaíocht riaracháin ó Rúnaíocht an ECFE (anseo feasta: "an Rúnaíocht").

3. Rannpháirtíocht

Is iad seo na Rannpháirtithe don Socrú faoi láthair: An Astráil, Ceanada, an tAontas Eorpach, an tSeapáin, an Chóiré, an Nua Shéalainn, an Iorua, an Eilvéis agus na Stáit Aontaithe. Féadfaidh na Rannpháirtithe reatha cuireadh a thabhairt do Chomhaltaí eile an ECFE agus do thíortha nach Comhaltaí den ECFE iad a bheith ina Rannpháirtithe.

4. Faisnéis atá ar fáil do neamh-rannpháirtithe

- (a) Geallann na Rannpháirtithe go roinnfidh siad faisnéis faoi fhógraí a bhaineann le tacaíocht oifigiúil, faoi mar a leagtar síos in Airteagal 5(a) é, le neamh-rannpháirtithe.
- (b) Má dhéanann Neamh-rannpháirtí, atá i staid iomaíochta, iarraidh i dtaca leis na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais a dhéantar a thairiscint i gcomhair tacaíochta oifigiúla, tabharfaidh Rannpháirtí, ar bhonn cómhartaíthe, freagra ar an iarraidh sin díreach faoi mar a thabharfaidh sé freagra ar iarraidh ó Rannpháirtí.

5. Raon feidhme an chur i bhfeidhm

Beidh feidhm ag an Socrú maidir le gach tacaíocht oifigiúil a sholáthraíonn rialtas, nó a sholáthraítear thar ceann rialtais, le haghaidh onnmhairiú earraí agus/nó seirbhísí, lena n-áirítear léasanna airgeadais, agus a bhfuil téarma aisíocaíochta de dhá bhliain nó níos mó ag gabháil leo.

- (a) Féadfar tacaíocht oifigiúil a sholáthar ar bhealaí éagsúla:

(1) ráthaíocht nó árachas creidmheasa onnmhairiúcháin ("cumhdach foirfe");

(2) tacaíocht oifigiúil maoinithe:

— creidmheas díreach/maoiniú díreach agus athmhaoiniú, nó

— tacaíocht ráta úis;

(3) aon teaghlaim díobh sin thuasluaite.

- (b) Beidh feidhm ag an Socrú maidir le cabhair cheangailte; beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar síos i gCaibidil IV freisin maidir le cabhair neamhcheangailte thrádghaolmhar.

- (c) Níl feidhm ag an Socrú maidir le honnmhairí Trealamh Míleata agus Tráchtearraí Talmhaíochta.

- (d) Ní dhéanfar tacaíocht oifigiúil a sholáthar má tá fianaise shoiléir ann go ndearnadh an conradh a struchtúir le ceannaitheoir i dtír nach í ceann scríbe deiridh na n-earraí í agus é mar aidhm phríomha leis sin go bhfaighfí téarmaí aisíocaíochta níos fabhraí.

⁽¹⁾ Amhail a shainmhínítear in Airteagal 5 de Choinbhinsiún ECFE.

6. Tuiscintí earnála

(a) Tá na Tuiscintí Earnála seo a leanas mar chuid den Socrú:

- Longa (Iarscríbhinn I),
- Gléasraí Cumhachta Núicléiche (Iarscríbhinn II),
- Aerárthaí Sibhialta (Iarscríbhinn III),
- Cineálacha Fuinnimh Inathnuaite agus Tionscadail Uisce (Iarscríbhinn IV).

(b) Féadfaidh Rannpháirtí i dTuiscint Earnála forálacha na tuisceana sin maidir le tacaíocht oifigiúil a fheidhmiú i leith onnmhairiú earraí agus/nó seirbhísí a chuimsítear leis an Tuiscint Earnála sin. Sa chás nach mbíonn foráil sa Tuiscint Earnála a chomhfhreagraíonn d'fhoráil sa Socrú, déanfaidh Rannpháirtí sa Tuiscint Earnála an fhoráil atá sa Socrú a chur i bhfeidhm.

7. Maoiniú tionscadal

(a) Féadfaidh na Rannpháirtithe na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn X a chur i bhfeidhm maidir le honnmhairiú earraí agus/nó seirbhísí d'idirbhearta a chomhlíonann na critéir a leagtar síos i bhFoscscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn X.

(b) Níl feidhm ag mír (a) maidir le honnmhairiú earraí agus seirbhísí atá cuimsithe ag an Tuiscint Earnála maidir le hAerárthaí Sibhialta.

8. Tarraingt siar

Féadfaidh Rannpháirtí tarraingt siar trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Rúnaíocht trí bhíthin cumarsáide láithrí, e.g. Córas Faisnéise Ar Líne (OLIS) an ECFE. Beidh éifeacht ag an tarraingt siar 180 lá féilire tar éis don Rúnaíocht an fógra a fháil.

9. Faireachán

Déanfaidh an Rúnaíocht faireachán ar chur chun feidhme an tSocraithe.

CAIBIDIL II

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA AIRGEADAIS MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN

Cuimsítear leis na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin na forálacha go léir a leagtar síos sa Chaibidil seo, forálacha a léifear i dteannta a chéile.

Leagtar síos leis an Socrú, teorainneacha ar na téarmaí agus na coinníollacha a bhféadfar tacaíocht oifigiúil a thabhairt dóibh. Aithníonn na Rannpháirtithe go bhfuil feidhm go traidisiúnta ag téarmaí agus coinníollacha airgeadais atá níos srianta ná na téarmaí agus na coinníollacha sin dá bhforáiltear sa Socrú maidir le hearnálacha áirithe trádála nó tion-sclaíochta. Beidh urraim i gcónaí ag na Rannpháirtithe do na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais sin is gnách a bheith ann, go háirithe an prionsabal nach rachaidh téarmaí aisíocaíochta thar ré úsáideach na n-earraí.

10. Éarlais, tacaíocht oifigiúil uasta agus costais áitiúla

(a) Cuirfidh na Rannpháirtithe de cheangal ar cheannaitheoirí earraí agus seirbhísí atá faoi réir tacaíochta oifigiúla éarlais de 15 faoin gcéad ar a laghad de luach an chonartha onnmhairiúcháin a dhéanamh ag túsphointe an chreidmheasa, nó roimhe sin, amháil a shainmhínítear in Iarscríbhinn XI. D'fhonn éarlais a mheas, féadfar luach an chonartha onnmhairiúcháin a laghdú go cionmhar más rud é go ndéantar earraí agus seirbhísí ó thríú tír nach bhfaigheann tacaíocht oifigiúil a áireamh san idirbheart. Is incheadaithe maoiniú/árachas 100 faoin gcéad den phréimh a dhéanamh. Féadfar an phréimh a áireamh i luach an chonartha onnmhairiúcháin, nó féadfar an phréimh a fhágáil ar lár as. Sa chomhthéacs seo, ní bhreathnaítear ar íocaíochtaí coinneála a dhéantar tar éis túsphointe an chreidmheasa mar éarlais.

(b) Is i bhfoirm árachais nó ráthaíochta in aghaidh na ngnáthrioscaí réamhchreidmheasa, agus san fhoirm sin amháin, a bheidh an tacaíocht oifigiúil d'éarlais den sórt sin.

(c) Ach amháin mar a fhoráiltear i mír (b) agus i mír (d), ní sholáthróidh na Rannpháirtithe tacaíocht oifigiúil is mó ná 85 faoin gcéad de luach an chonartha onnmhairiúcháin, agus soláthar tríú tíre san áireamh ach gan costais áitiúla san áireamh.

(d) Féadfaidh na Rannpháirtithe tacaíocht oifigiúil do chostais áitiúla a sholáthar, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na forálacha seo a leanas:

- (1) ní rachaidh an tacaíocht oifigiúil chónasctha iomlán a sholáthraítear de bhun mhír (c) agus mhír (d) thar 100 faoin gcéad de luach an chonartha onnmhairiúcháin. Dá thoradh sin, ní rachaidh méid na gcostas áitiúil tacaíthe thar mhéid na hÉiríse;
- (2) ní dhéanfar é á sholáthar ar théarmaí atá níos fabhraí/níos srianta ná na téarmaí sin atá comhaontaithe maidir le honnmhairí gaolmhara;
- (3) maidir le tíortha de Chatagóir I, amháil a shainmhínítear in Airteagal 11(a), beidh sé teoranta sa chaoi gur cumhdach foirfe amháin a sholáthrófar.

11. Aicmiú na dtíortha i gcomhair téarmaí uasta aisíocaíochta

- (a) Is iad na tíortha de Chatagóir I na tíortha sin atá ar liosta um ghrádú an Bhainc Dhomhanda ⁽¹⁾. Tá gach tír eile i gCatagóir II. Déantar liosta um ghrádú an Bhainc Dhomhanda a athríomh go bliantúil. Ní athróidh tír ó chatagóir amháin go ceann eile ach amháin nuair a bhíonn a catagóir Bainc Dhomhanda gan athrú ar feadh dhá bhliain i ndiaidh a chéile.
- (b) Bíonn feidhm ag na critéir agus nósanna imeachta oibríochtúla seo a leanas nuair a bhíonn tíortha á n-aicmiú:
 - (1) déantar Aicmiú chun críche an tSocráithe a chinneadh de réir OIN *per capita* mar atá ríofa ag an mBanc Domhanda chun críocha aicmiú na dtíortha iasachtaíochta ag an mBanc Domhanda;
 - (2) sna cásanna nach mbíonn a dhóthain faisnéise ag an mBanc Domhanda chun sonraí OIN *per capita* a fhoilsiú, iarrfar ar an mBanc Domhanda meastachán a dhéanamh an bhfuil OIN *per capita* na tíre i dtrácht os cionn na tairisí reatha nó faoin tairseach sin. Déanfar an tír a aicmiú de réir an mheastacháin sin, mura rud é go gcinneann na Rannpháirtithe a mhalairt a dhéanamh;
 - (3) má dhéantar tír a athaicmiú i gcomhréir le hAirteagal 11(a), beidh éifeacht ag an athaicmiú dhá sheachtain tar éis don Rúnaíocht na tÁtail a baineadh as na sonraí thuasluaite ón mBanc Domhanda a chur in iúl do na Rannpháirtithe go léir;
 - (4) i gcásanna ina ndéanann an Banc Domhanda athbhreithniú ar na figiúirí, ní bheidh beann ar na hathbhreithnithe sin a fhad agus a bhaineann leis an Socrú. Mar sin féin, féadfar aicmiú tíre a athrú trí bhíthin Líne Coitinne agus dhéanfadh na Rannpháirtithe breithniú fabhrach ar aon athrú mar gheall ar earráidí agus easnaimh sna figiúirí a tugadh faoi deara sa bhliain féilire chéanna ina ndearna an Rúnaíocht na figiúirí a scaipeadh den chéad uair.

12. Téarmaí uasta aisíocaíochta

Gan dochar d'Airteagal 13, athraíonn an téarma uasta aisíocaíochta de réir aicmiú na tíre ceann scríbe arna chinneadh de réir na gcritéir atá in Airteagal 11.

- (a) Maidir le tíortha de Chatagóir I, cúig bliana an téarma uasta aisíocaíochta, ach go bhfuil an fhéidearthacht ann téarma suas go dtí ocht mbliana a chomhaontú nuair a leantar na nósanna imeachta maidir le fógra roimh ré atá leagtha síos in Airteagal 45.
- (b) Maidir le tíortha de Chatagóir II, 10 mbliana an téarma uasta aisíocaíochta.
- (c) Sa chás go mbíonn níos mó ná tír cheann scríbe amháin i gceist leis an gconradh, ba cheart do na Rannpháirtithe féachaint le Líne Choiteann a leagan síos i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá in Airteagal 55 go hAirteagal 60 chun teacht ar chomhaontú i dtaobh na dtéarmaí cuí.

13. Téarmaí aisíocaíochta do ghléasra cumhachta neamhnúicléiche

- (a) Maidir le gléasra cumhachta neamhnúicléiche, 12 bhliain a bheidh sa téarma uasta aisíocaíochta. Más rud é go mbíonn sé ar intinn ag Rannpháirtí tacaíocht a thabhairt do théarma aisíocaíochta is faide ná an téarma dá bhforáiltear in Airteagal 12, tabharfaidh an Rannpháirtí fógra roimh ré i gcomhréir leis an nós imeachta in Airteagal 45.

⁽¹⁾ Bunaithe ar athbhreithniú bliantúil ag an mBanc Domhanda ar aicmiú na dtíortha, bainfead úsáid as tairseach *per capita* Oll-Ioncaim Náisiúnta (OIN) chun catagóir tíre a aicmiú; tá an tairseach sin ar fáil ar láithreán gréasáin an ECFE (www.oecd.org/ech/xcred).

(b) Is éard is gléasra cumhachta neamhnúicléiche ann ná stáisiún chumhachta iomlána, nó codanna díobh, nach ndéantar a bhreoslú le cumhacht núicléach: áirítear leo gach comhchuid, trealamh, ábhar agus seirbhís (lena n-áirítear oiliúint don phearsanra) a bhíonn riachtanach go díreach chun stáisiún chumhachta neamhnúicléiche den sórt sin a thógáil agus a choimisiúnú. Ní áirítear leis seo nithe a mbíonn an ceannaitheoir freagrach astu de ghnáth, e.g. costais a bhaineann le forbairt talún, bóithre, sráidbhailte foirgníochta, línte cumhachta agus lascchlós agus soláthar uisce; chomh maith le costais a eascraíonn as nósanna imeachta um fhaomhadh oifigiúil (e.g. ceadanna láithreáin, ceadanna luchtaithe breosla) i dtír an cheannaitheora, ach amháin:

(1) i gcásanna inarb ionann ceannaitheoir an lasc-chlóis agus ceannaitheoir an ghléasra cumhachta, beidh an téarma uasta aisíocaíochta don lasc-chlós bunaidh mar a chéile leis an téarma don ghléasra cumhachta neamhnúicléiche (i.e. 12 bhliain); agus

(2) beidh an téarma uasta aisíocaíochta d'fhostáisiún, do chlaochladáin agus do línte tarchuir ag a bhfuil tairseach íosta volts de 100 kV mar a chéile leis an téarma don stáisiún cumhachta neamhnúicléiche.

14. Aisíocaíocht an bhunairgid agus íocaíocht an úis

(a) Déanfar an bhunsuim creidmheasa onnmhairiúcháin a aisíoc ina thráthchodanna cothroma.

(b) Déanfar an bunairgead a aisíoc agus déanfar an t-ús a íoc le minicíocht nach mó ná gach sé mhí agus déanfar an chéad tráthchuid den bhunairgead agus ús tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

(c) Maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin a sholáthraítear mar thacaíocht d'idirbhearta léasa, féadfar aisíocaíochtaí comhionanna den bhunairgead agus ús in éineacht a chur i bhfeidhm in ionad aisíocaíochtaí comhionanna den bhunairgead amháil a leagtar amach i mír (a).

(d) Ar bhonn eisceachtúil agus cuí-réasúnaithe, féadfar na creidmheasanna onnmhairiúcháin a sholáthar ar théarmaí eile seachas iad sin a leagtar amach in (a) go dtí (c) thuas. Is éard a bheidh de mhíniú ar sholáthar tacaíochta den sórt sin, gur ann d'éagothromaíocht idir tráthú na gcistí atá ar fáil don fhéichiúnaí agus an phróifíl seirbhíse féich a bheidh ar fáil faoi sceideal aisíocaíochta comhionann, leathbhliantúil, agus comhlíonfar na critéir seo a leanas:

(1) ní rachaidh aon aisíocaíocht shingil den bhunairgead nó aon sraith d'íocaíochtaí an bhunairgid laistigh de thréimhse sé mhí thar 25 faoin gcéad de bhunsuim an chreidmheasa;

(2) déanfar an bunairgead a aisíoc le minicíocht nach mó ná gach 12 mhí. Déanfar an chéad aisíocaíocht den bhunairgead tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa agus beidh 2 faoin gcéad, ar a laghad, de bhunsuim an chreidmheasa aisíoctha 12 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa;

(3) déanfar an t-ús a íoc le minicíocht nach mó ná gach 12 mhí agus déanfar an chéad íocaíocht úis ag tráth nach déanaí ná gach sé mí tar éis thúsphointe an chreidmheasa;

(4) ní rachaidh meánré ualaithe uasta na tréimhse aisíocaíochta thar an tréimhse seo a leanas:

— maidir le hidirbhearta le ceannaitheoirí flaithiúnais (nó le ráthaíocht aisíocaíochta flaithiúnais ann), ceithre bliana go leith maidir le hidirbhearta i dTíortha de Chatagóir I agus cúig bliana agus ráithe do Thíortha de Chatagóir II,

— maidir le hidirbhearta le ceannaitheoirí neamhfhlaitiúnais (agus gan aon ráthaíocht íocaíochta flaithiúnais ann), cúig bliana do Thíortha de Chatagóir I agus sé bliana do Thíortha de Chatagóir II,

— in ainneoin na bhforálacha atá leagtha amach sa dá fhleasc roimhe seo, maidir le hidirbhearta lena mbaineann tacaíocht do ghléasraí cumhachta neamhnúicléiche de réir Airteagal 13, sé bliana agus ráithe;

(5) tabharfaidh an Rannpháirtí fógra roimh ré i gcomhréir le hAirteagal 45 lena mínítear an chúis nach bhfuil tacaíocht á tabhairt de réir mhír (a) go dtí mír (c).

(e) Ní dhéanfar caipitliú ar ús a bheidh dlite tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

15. Rátaí úis, préimhrátaí agus táillí eile

(a) Eisiatar ón ús:

- (1) aon íocaíocht a dhéantar trí phréimh nó muirear eile chun creidmheasanna soláthróra nó creidmheasanna airgeadais a árachú nó a ráthú;
- (2) aon íocaíocht a dhéantar trí tháillí nó coimisiúin bainc éireachta a bhaineann leis an gcreidmheas onnmhairiúcháin, taobh amuigh de mhuirir bhliantúla nó leathbhliantúla bainc is iníochta i rith na tréimhse aisíocaíochta; agus
- (3) cánacha siarchoinneálacha arna bhforchur ag an tír allmhairiúcháin.

(b) Sa chás go dtugtar tacaíocht oifigiúil trí bhíthin creidmheasanna díreacha/maoiniú díreach nó athmhaoiniú, féadfar an phréimh a chur le haghaidh luach an ráta úis nó féadfaidh sí a bheith ina muirear ar leithligh; beidh an dá chomhchuid sin le cur in iúl ar leithligh do na Rannpháirtithe.

16. Tréimhse bailíochta do chreidmheasanna onnmhairiúcháin

Maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais do chreidmheasanna onnmhairiúcháin aonair nó do líne chreidmheasa, seachas an tréimhse bailíochta i gcomhair Rátaí Tagartha don Ús Tráchtála (CIRRanna) a leagtar amach in Airteagal 21, ní bheidh siad socraithe ar feadh tréimhse is mó ná sé mhí roimh an gceangaltas deiridh.

17. Gníomhaíocht chun cailteanais a sheachaint nó a íoslaghú

Ní stopann an Socrú seo údarais chreidmheasa onnmhairiúcháin nó institiúidí airgeadais ó théarmaí agus coinníollacha airgeadais nach bhfuil chomh srianta leis na téarmaí dá bhforáiltear sa Socrú a chomhaontú, más rud é go ndéantar gníomhaíocht den sórt sin tar éis dhámhadh an chonartha (nuair a bhíonn éifeacht cheana leis an gcomhaontú creidmheasa onnmhairiúcháin agus leis na doiciméid theagmhasacha) agus go bhfuil an ghníomhaíocht sin beartaithe go huile agus go hiomlán chun go seachnófaí nó go n-íoslaghódófaí cailteanais ó imeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ina dtrúig le neamhíocaíocht nó éilimh.

18. Comhoiriúnú

Agus oibleagáidí idirnáisiúnta Rannpháirtí á gcur san áireamh, agus ag teacht le cuspóir an tSocráithe, féadfaidh Rannpháirtí, de réir na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 42, comhoiriúnú a dhéanamh ar na téarmaí agus na coinníollacha atá á dtairiscint ag Rannpháirtí nó ag Neamh-rannpháirtí. Meastar go gcomhlíonann téarmaí agus coinníollacha airgeadais a sholáthraítear i gcomhréir leis an Airteagal seo na forálacha atá i gCaibidil I agus i gCaibidil II agus, nuair is infheidhme, atá in Iarscríbhinní I, II, III, IV agus X.

19. Rátaí íosta úis seasta faoin tacaíocht oifigiúil maoinithe

(a) Maidir leis na Rannpháirtithe a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais oifigiúil le haghaidh iasachtaí ar ráta seasta, déanfaidh siad na Rátaí Tagartha don Ús Tráchtála (CIRRanna) ábhartha a fheidhmiú mar rátaí íosta úis. Is éard atá in CIRRanna ná rátaí úis a bhunaítear de réir na bprionsabail seo a leanas:

- (1) ba cheart go mbeadh CIRRanna ina léiriú ar na rátaí úis críochnaitheacha d'iasachtú tráchtála i margadh baile an airgeadra lena mbaineann;
- (2) ba cheart go mbeadh CIRRanna ag comhfhreagairt go dlúth leis an ráta d'iasachtaithe baile den chéad aicme;
- (3) ba cheart go mbeadh CIRRanna bunaithe ar chostas maoinithe mhaoiniú an ráta úis sheasta;
- (4) níor cheart go ndéanadh CIRRanna saobhadh ar dhálaí iomaíochais baile; agus
- (5) ba cheart go mbeadh CIRRanna ag comhfhreagairt go dlúth leis an ráta atá ar fáil d'iasachtaithe coigríche den chéad aicme.

(b) Ní dhéanfar soláthar tacaíochta airgeadais oifigiúil a fhritháireamh ná a chúiteamh, go páirteach ná go hiomlán, chun críche na préimhe riosca creidmheasa iomchuí a bheidh le gearradh as an riosca a ghabhann le neamh-aisíocaíocht de bhun fhorálacha Airteagal 23.

20. Déanamh na cirranna

(a) Déanfaidh gach Rannpháirtí ar mian leis CIRR a bhunú ceann de na córais bunráta seo a leanas a roghnú dá airgeadra náisiúnta:

- (1) torthaí bannaí rialtais trí bliana ar feadh téarma aisíocaíochta suas go dtí cúig bliana, agus cúig bliana san áireamh; torthaí bannaí rialtais cúig bliana ar feadh téarma os cionn cúig bliana agus go dtí ocht mbliana go leith, agus ocht mbliana go leith san áireamh; agus torthaí bannaí rialtais seacht mbliana ar feadh téarma os cionn ocht mbliana go leith; nó

(2) torthaí bannaí rialtais cúig bliana i gcomhair gach aibíochta.

Déanfaidh na Rannpháirtithe aon eisceachtaí ar an gcóras bunráta a chomhaontú eatarthu féin.

- (b) Déanfar CIRRanna a shocrú ag corrlach seasta de 100 bonnphointe os cionn gach bunráta Rannpháirtí, mura rud é go n-aontaíonn na Rannpháirtithe a mhalairt.
- (c) Bainfidh Rannpháirtithe eile úsáid as an gCIRR a bheidh socraithe d'airgeadra ar leith más rud é go gcinneann siad maoiniú a dhéanamh san airgeadra sin.
- (d) Féadfaidh Rannpháirtí a chóras bunráta a athrú tar éis fógra a thabhairt sé mhí roimh ré do na Rannpháirtithe agus ar é a dhul i gcomhairle leo faoi sin.
- (e) Féadfaidh Rannpháirtí nó Neamh-rannpháirtí a iarraidh go ndéanfaí CIRR a bhunú d'airgeadra Neamh-rannpháirtí. Ar a dhul i gcomhairle leis an Neamh-rannpháirtí leasmhar, féadfaidh Rannpháirtí, nó an Rúnaíocht thar ceann an Neamh-rannpháirtí sin, a mholadh go ndéanfaí CIRR san airgeadra sin ag baint úsáid as nósanna imeachta na Líne Coiteann i gcomhréir le hAirteagal 55 go hAirteagal 60.

21. Bailíocht na cirranna

Ní dhéanfar ráta iasachta atá i bhfeidhm maidir le hidirbheart a shocrú ar feadh tréimhse is faide ná 120 lá. Cuirfear corrlach 20 bonnphointe leis an CIRR, más rud é go ndéanfar téarmaí agus coiníollacha na tacaíochta oifigiúla maoinithe a shocrú roimh an dáta conartha.

22. Cur i bhfeidhm na cirranna

- (a) I gcás ina gcuirfear tacaíocht oifigiúil maoinithe ar fáil d'iasachtaí ar rátaí comhdhlúthacha, ní cheadófar do bhainc agus d'institiúidí eile maoinithe an rogha a thabhairt maidir leis an méid is ísle i gcás an CIRR (tráth an chonartha bhunaigh) nó ráta gearrthéarmach an mhargaidh le linn ré na hiasachta.
- (b) I gcás aisíocaíocht luath shaorálach a bheith déanta ar iasacht nó ar aon chuid di, tabharfaidh an t-iasachtaí cúiteamh d'institiúid an rialtais a chuireann tacaíocht oifigiúil maoinithe ar fáil do na costais agus do na cailleanais go léir a thabhaítear mar thoradh ar an aisíocaíocht luath shaorálach sin, lena n-áirítear an méid a chosnódh sé d'institiúid an rialtais an chuid den insreabhadh airgid ag ráta seasta, ar cuireadh as dó leis an aisíocaíocht luath, a chur ar ais.

23. Préimh don riosca creidmheasa

Déanfaidh na Rannpháirtithe muirir phréimhe, in éineacht le muirir úis, a ghearradh d'fhonn riosca neamhíocaíocht creidmheasanna onnmhairiúcháin a chumhdach. Maidir leis na préimhrátaí a ghearrtar ar na Rannpháirtithe, beidh siad bunaithe ar riosca, déanfaidh siad coinbhéirsiú agus ní bheidh siad neamhleordhóthanach chun na costais oibriúcháin fhadthéarmacha agus na cailleanais oibriúcháin fhadthéarmacha a chumhdach.

24. Préimhrátaí íosta do riosca creidmheasa tíre agus flaithiúnais

Ní ghearrfaidh na Rannpháirtithe muirear is lú ná an Préimhráta Íosta (MPR) don Riosca Tíre agus don Riosca Creidmheasa Flaithiúnais, beag beann ar an gceannaitheoir/iasachtaí a bheith ina eintiteas príobháideach nó poiblí.

(a) Déantar an MPR is infheidhme a chinneadh i gcomhréir leis na tosca seo a leanas:

- an t-aicmiú riosca tíre is infheidhme mar a leagtar amach in Airteagal 25 é,
- an bhfuil an clúdach oifigiúil creidmheasa onnmhairiúcháin á theorannú go docht do riosca tíre mar a shainmhínítear in Airteagal 25(a) é,
- an tréimhse a bhfuil an riosca ann (i.e. Ionchas an Riosca nó HOR),
- céatadán an chumhdaigh agus cáilíocht an táirge creidmheasa onnmhairiúcháin oifigiúil mar a leagtar amach in Airteagal 27 é, agus
- aon teicníc don mhaolú/eisiamh riosca tíre mar a leagtar amach in Airteagal 28 é.

(b) Is i gcéatadán de bhunluach an chreidmheasa a shloinntear MPRanna amhail is dá mbaileofaí an phréimh go hiomlán an dáta ar tarraingíodh an creidmheas anuas ar dtús. Cuirtear ar fáil in Iarscríbhinn VI míniú ar an bhfoirmle mhatamaiticiúil a úsáidtear chun MPRanna a ríomh.

- (c) Do na tíortha a aicmítear i gCatagóir 0 mar a leagtar amach in Airteagal 25 é, níor bunaíodh aon MPRanna ach ní ghearrfaidh na Rannpháirtithe préimhrátaí is lú ná an phraghsáil atá ar fáil ar an margadh príobháideach cheana.
- (d) Beidh, i bprionsabal, na tíortha “is mó riosca” i gCatagóir 7 faoi réir préimhrátaí de bhreis ar na MPRanna arna mbunú don Chatagóir sin; is é an Rannpháirtí a bhfuil tacaíocht oifigiúil á cur ar fáil aige a chinneadh na préimhrátaí sin.
- (e) Agus MPR d’idirbheart á ríomh, is é aicmiú thír an cheannaitheora a bheidh san aicmiú riosca tíre is infheidhme, mura rud é:
- maidir leis an tslándáil i bhfoirm ráthaíochta infhorfeidhmithe atá neamh-inchúlghairithe, neamhchoin-níollach, ar fáil nuair a iarrtar í, agus bailí go dlíthiúil don oibleagáid aisíocaíochta fiachais iomlán ar feadh fhad iomlán an chreidmheasa, bíonn sí á cur ar fáil ag eintiteas atá inchairde i ndáil le méid an fhiachais ráthaithe i dtír, agus sa chás sin féadfar gurb é aicmiú na tíre ina bhfuil an ráthóir lonnaithe é an tAicmiú Riosca Tíre is infheidhme, nó
 - maidir le hInstitiúid Iltaobhach nó Réigiúnach, mar a leagtar amach in Airteagal 26 é, a bheidh ag feidhmiú mar iasachtaí nó ráthóir don idirbheart, agus sa chás sin féadfar gurb é aicmiú na hInstitiúide Iltaobhaí nó Réigiúnaí lena mbaineann é an tAicmiú Riosca Tíre is infheidhme.
- (f) Leagtar amach in Iarscríbhinn VII na critéir agus na coinníollacha a bhaineann le cur i bhfeidhm aicmiú riosca tíre i gcomhréir leis na staidéanna a thuairiscítear sa chéad agus sa dara fleasc d’Airteagal 24(e) é.
- (g) Má theorannáitear an tacaíocht oifigiúil go dtí riosca tíre mar a shainmhínítear in Airteagal 25(a) é, i.e. déantar cumhdach riosca an cheannaitheora/iasachtaí a eisiáil go hiomlán, déantar an MPR a laghdú 10 faoin gcéad; déantar é sin a chuimsiú leis an bhfoirmle mhatamataiciúil in Iarscríbhinn VI a úsáidtear chun na MPRanna a ríomh.
- (h) Maidir leis an gcoinbhinsiún HOR a úsáidtear i ríomh MPR, is leath amháin é den fócaíocht amach móide fad na tréimhe iomláine don aisíocaíocht agus glacann sé chuige féin próifíl rialta um aisíocaíocht creidmheasa, i.e. aisíocaíocht i dtráthchodanna comhionanna leathbhliantúla den bhunairgead móide ús fabhráithe dar tús sé mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa. I gcás creidmheasanna onnmhairiúcháin ag a bhfuil próifílí aisíocaíochta neamhchaighdeánacha, déantar an tréimhe aisíocaíochta choibhéiseach (arna sloinneadh i dtráthchodanna comhionanna, leathbhliantúla) a ríomh ag úsáid na foirmle seo a leanas: tréimhe choibhéiseach aisíocaíochta = (meánrú ualaithe na tréimhe aisíocaíochta - 0,25)/0,5.
- (i) Maidir leis an Rannpháirtí a bhfuil an MPR sa chás dá dtagraítear sa chéad fhleasc de mhír (e) thuas á chur i bhfeidhm aige agus as a dtagann préimhráta is ísle ná an MPR is infheidhme do thír an cheannaitheora, tabharfaidh sé fógra roimh ré i gcomhréir le hAirteagal 44(a). Maidir leis an Rannpháirtí a bhfuil an MPR dá dtagraítear sa dara fleasc d’Airteagal 24(e) nó d’Airteagal 24(g) á chur i bhfeidhm aige, tabharfaidh sé fógra roimh ré i gcomhréir le hAirteagal 45(a).

25. Aicmiú an riosca tíre

Déantar tíortha a aicmiú de réir a dhealraithe atá sé go ndéanfaidh siad a bhfiachais sheachtracha a sheirbhísiú (i.e. riosca creidmheasa tíre).

- (a) Is iad seo a leanas cúig eilimint aicmiú an riosca tíre:
- moratóir ginearálta maidir leis na haisíocaíochtaí arna leagan síos ag rialtas an cheannaitheora/iasachtaí/ráthóra nó ag gníomhaireacht na tíre trína ndéantar aisíocaíocht,
 - imeachtaí polaitiúla agus/nó deacrachtaí polaitiúla arna n-eascairt lasmuigh de thír an Rannpháirtí a thugann fógra nó de na bearta dlíthiúla nó riaracháin arna nglacadh lasmuigh de thír an Rannpháirtí a thugann fógra, arb iad is cúis le cosc a chur le cistí a aistriú arna n-íoc maidir leis an gcreidmheas, nó moill a chur orthu,
 - forálacha dlíthiúla arna nglacadh i dtír an cheannaitheora/an iasachtaí lena ndearbhaítear gur glanadh bailí ar an bhfiachas iad na haisíocaíochtaí arna ndéanamh san airgeadra áitiúil, d’ainneoin nach ndéantar, mar thoradh ar an luaineacht sna rátaí malairte, leis na haisíocaíochtaí sin, agus iad á gcomhshó in airgead an chreidmheasa, méid an fhiachais a chumhdach a thuilleadh an dáta a n-aistrefar na cistí,
 - aon bheart eile nó cinneadh eile ó rialtas tíre iasachta a dhéanann aisíocaíocht faoi chuimsiú creidmheasa a chosc, agus
 - cásanna *force majeure* a tharlaíonn lasmuigh de thír an Rannpháirtí a thugann an fógra, i.e. cogadh (lena n-áirítear cogadh cathartha), díshealbhú, réabhlóid, círeib, suathadh sibhialta, cioclóin, tuilte, critheanna talún, brúchtaí bolcánacha, tonnta tuile agus tionóiscí núicléacha.

- (b) Déantar tíortha a aicmiú i gceann de na hocht gCatagóir Riosca (0-7). Rinneadh MPRanna a bhunú do Chatagóirí 1 go dtí 7, agus 7 san áireamh, ach ní dhearnadh é sin do Chatagóir 0 toisc go meastar an riosca tíre a bheith diombaiseach do thíortha sa Chatagóir sin.
- (c) Maidir le Tíortha Ard-Ioncaim an ECFE, arna sainiú ag an mBanc Domhanda ar bhonn bliantúil de réir OIN *per capita*, déantar iad a aicmiú i gCatagóir 0.
- Chun críocha na MPRanna, féadfaidh aon tír san ECFE, arna haicmiú i gCatagóir 0 de bhua a stádais Ard-Ioncaim a bheith aicmithe i gCatagóir 0 i gcónaí go dtí go dtitfidh sí faoi bhun na tairsí Ard-Ioncaim ar feadh dhá bhliain as a chéile, tráth ar cheart an t-aicmiú tíre a athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 25(d) go (f).
 - Déanfar aon tír san ECFE a bhíonn os cionn na tairsí Ard-Ioncaim ar feadh dhá bhliain as a chéile a aicmiú, de réir sainmhíniú, i gCatagóir 0. Beidh éifeacht ag an aicmiú sin díreach tar éis stádas tíre, arna chinneadh ag an mBanc Domhanda, a bheith curtha in iúl ag an Rúnaíocht.
 - Féadfar tíortha eile a meastar leibhéal riosca comhchosúil a bheith acu a aicmiú freisin i gCatagóir 0.
- (d) Déantar na tíortha eile seachas na Tíortha Ard-Ioncaim san ECFE ⁽¹⁾ a aicmiú tríd an Modheolaíocht um Aicmiú Riosca Tíre, arb éard atá ann:
- Samhail Mheasúnaithe Riosca Tíre (an tSamhail), lena gcuirtear ar fáil measúnú cainníochtúil ar riosca creidmheasa tíre atá bunaithe ar thrí ghrúpa táscairí riosca: taithí íocaíochta na Rannpháirtithe, an staid airgeadais agus an staid eacnamaíoch. Trí chéim éagsúla atá i modheolaíocht na Samhla, lena n-áirítear an measúnú ar na trí ghrúpa táscairí riosca, agus teaghlaim agus ualú solúbtha ghrúpaí na dtáscairí riosca,
 - measúnú cáilíochta ar thorthaí na Samhla arna meas de réir gach tíre chun an riosca polaitiúil agus/nó tosca eile riosca nach bhfuil curtha san áireamh go hiomlán nó go páirteach sa tSamhail a chuimsiú inti. Más iomchuí, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh coigeartú ar an tSamhail measúnaithe cainníochtúla as an méid sin chun measúnú deiridh an riosca creidmheasa tíre a léiriú.
- (e) Déanfar faireachán ar Aicmithe Riosca Tíre ar bhonn leanúnach, agus déanfar athbhreithniú orthu go bliantúil ar a laghad, agus déanfaidh an Rúnaíocht na hathruithe a thagann as an Modheolaíocht um Aicmiú Riosca Tíre a chur in iúl láithreach. Nuair a dhéantar tír a athaicmiú i gCatagóir Riosca Tíre níos ísle nó níos airde, déanfaidh na Rannpháirtithe, tráth nach déanaí ná cúig lá oibre tar éis don athaicmiú a bheith curtha in iúl ag an Rúnaíocht, préimhrátaí a ghearradh maidir leis an gCatagóir nua Riosca Tíre ag na MPRanna a bhfuil baint acu leis, nó os a gcionn.
- (f) Cuirfidh an Rúnaíocht na haicmithe tíre is infheidhme ar fáil don phobal.

26. Aicmiú na n-institiúidí iltaobhacha agus réigiúnacha

Déanfar Institiúidí Iltaobhacha agus Réigiúnacha a aicmiú agus a athbhreithniú de réir mar is iomchuí; cuirfidh an Rúnaíocht an t-aicmiú sin is infheidhme ar fáil don phobal.

27. Céatadán agus cáilíocht an chhlúdaigh oifigiúil creidmheasa onnmhairiúcháin

Difreáltar na MPRanna chun cáilíocht éagsúil na dtáirgí creidmheasa onnmhairiúcháin agus céatadán an chhlúdaigh arna chur ar fáil ag na Rannpháirtithe mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VI á chur san áireamh. Is ar dhearcadh an onnmhairtheora atá an difreáil bunaithe (i.e. chun an éifeacht iomaíoch a thagann as cáilíochtaí éagsúla an táirge a chuirtear ar fáil don institiúid onnmhairiúcháin/airgeadais a neodrú.

- (a) Braitheann cáilíocht an táirge creidmheasa onnmhairiúcháin ar cibé acu is árachas, ráthaíocht nó creidmheas díreach/airgeadú díreach é an táirge, agus maidir le táirgí árachais an bhfuil clúdach an úis le linn thréimhse feithimh na n-éileamh (i.e. an tréimhse idir dáta dlite na híocaíochta ag an gceannaitheoir/iasachtaí agus an dáta a ndlífeáir ar an árachóir an t-onnmhaireoir/institiúid airgeadais a aisíoc) á chur ar fáil gan formhuirear.

⁽¹⁾ Chun críocha riaracháin, maidir le roinnt tíortha arb iondúil nach bhfaigheann siad creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil, ní fhéadfar iad a aicmiú.

(b) Déanfar na táirgí creidmheasa onnmhairiúcháin go léir atá ann cheana a aicmiú i gceann de na trí chatagóir táirge, arb é atá iontu:

- táirge a bheidh faoi bhun an chaighdeáin, i.e. árachas gan clúdach úis le linn thréimhse feithimh na n-éileamh agus árachas a mbeidh clúdach úis aige le linn thréimhse feithimh na n-éileamh ag a mbeidh formhuirear préimhe iomchuí,
- táirge caighdeánach, i.e. árachas a mbeidh clúdach úis aige le linn thréimhse feithimh na n-éileamh gan formhuirear préimhe iomchuí agus creidmheas díreach/maoiniú díreach, agus
- táirge a bheidh os cionn an chaighdeáin, i.e. ráthaíochtaí.

28. Gnéithe roghnaithe riosca tíre agus teicnící maolaithe riosca tíre a eisiamh

Féadfaidh na Rannpháirtithe, i gcomhréir leis na critéir shonracha agus na coinníollacha sonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII, eilimintí áirithe de riosca tíre a eisiamh nó teicnící sainithe de mhaolú riosca tíre a liostaítear in Airteagal 28(b) a úsáid, rud as a dtiocfadh MPRanna infheidhme níos ísle trí chur i bhfeidhm Toisc don Mhaolú/Eisiamh Riosca Tíre (MEF) i bhfoirmle an MPR. Cinntear an MEF mar a leanas:

(a) maidir le heisiamh eilimintí roghnaithe riosca creidmheasa tíre ó chlúdach creidmheasa oifigiúil:

- i staideanna nach ndéantar ach na chéad trí eilimint riosca creidmheasa tíre, mar a leagtar amach in Airteagal 25(a) iad, a eisiamh ón gclúdach ina n-iomláine, féadfar MEF 0,5 a chur i bhfeidhm,
- i staideanna nach ndéantar ach an ceathrú nó an cúigiú riosca creidmheasa tíre, mar a leagtar amach in Airteagal 25(a) iad, a eisiamh ón gclúdach ina n-iomláine, féadfar MEF 0,2 a chur i bhfeidhm;

(b) maidir leis na teicnící maolaithe riosca tíre seo a leanas, leagtar amach in Iarscríbhinn VIII an MPR is infheidhme chomh maith leis na critéir agus na coinníollacha faoina bhféadfar an MEF a chur i bhfeidhm:

- Struchtúr ag a bhfuil Sreabhadh Todhchaí Eischósta nasctha le Cuntas Eascró Eischósta,
- Urrús Crua Eischósta,
- Urrús Sócmhainn-bhunaithe Eischósta,
- Maoiniú Eischósta Sócmhainn-urraithe agus Sócmhainn-bhunaithe,
- Cómhaoiniú le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta (IFlanna),
- Maoiniú in Airgeadra Áitiúil,
- Árachas Tríú Tír nó Ráthaíocht Choinníollach,
- Féichiúnaí a léiríonn Riosca níos Fearr ná an Riosca Flaithiúnais;

(c) maidir le cur i bhfeidhm líon is mó ná ceann amháin de na teicnící maolaithe riosca tíre a bhfuil tuairisc orthu in Airteagal 28(b), ní bheidh tionchar carnach díreach acu ar an MEF is infheidhme. Le roghnú MEF iomchuí chun teaghlaim na dteicnící maolaithe riosca tíre a léiriú, cuirfear san áireamh tionchar forluiteach féideartha dhá theicníc nó níos mó maidir le rioscaí comhionanna creidmheasa tíre. Sa chás ina mbíonn forlúí i gceist, ní dhéanfar ach an cháilíocht chreidmheasa is fearr a chur san áireamh de ghnáth maidir leis an MEF iomchuí is infheidhme a chinneadh;

(d) maidir leis an Rannpháirtí a mbeidh an MPR sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 28(a) go (c) á chur i bhfeidhm aige, tabharfaidh sé fógra roimh ré i gcomhréir le hAirteagal 44(a);

(e) níl an liosta de theicnící maolaithe riosca tíre in Airteagal 28(b) ceaptha a bheith ina liosta dúnta; i gcomhréir le hAirteagal 66, déanfaidh na Rannpháirtithe faireachán agus athbhreithniú ar an gcorpas taithí agus úsáid á baint as na teicnící sin lena n-áirítear na critéir is infheidhme, na coinníollacha is infheidhme, na cúinsí is infheidhme, agus na MEFanna mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII iad.

29. Athbhreithniú ar bhailíocht na bpréimhrátaí fosta do riosca creidmheasa tíre agus flaithiúnais

- (a) Chun leordhóthanacht na MPRanna a mheas agus chun a fhoráil, más gá, do choigeartuithe, suas nó síos, úsáidfear trí Uirlis Aiseolais Préimhe (PFTanna) go comhuineach chun faireachán a dhéanamh ar na MPRanna agus chun coigeartú a dhéanamh orthu.
- (b) Is cineálacha cur chuige cuntasáochta iad an PFT um Shreabhadh Airgid Thirim agus an PFT um Fhabhrúithe a dhéanann bailíocht na MPRanna a mheasúnú go comhiomlán, bunaithe ar an gCatagóir Riosca Tíre agus Ionchas an Riosca, i gcomhréir le torthaí iarbhair na Rannpháirtithe i ndáil le riosca creidmheasa tíre agus flaithiúnais na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin faoi réir na MPRanna.
- (c) Ceithre shraith de Tháscairí an Mhargaidh Phríobháidigh⁽¹⁾ atá sa tríú PFT, sraitheanna a thugann faisnéis ar phraghsáil an mhargaidh maidir le riosca creidmheasa tíre agus flaithiúnais.

CAIBIDIL III

FORÁLACHA DO CHABHAIR CHEANGAILTE

30. Prionsabail ghinearálta

- (a) D'aontaigh na Rannpháirtithe beartais chomhlántacha a bheith ann do chreidmheasanna onnmhairiúcháin agus do chabhair cheangailte. Ba cheart gur ar iomaíocht oscailte agus saor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh a bheadh beartais onnmhairiúcháin bunaithe. Le beartais um chabhair cheangailte, ba cheart go gcuirfí ar fáil acmhainní seachtracha a bhfuil gá leo do thíortha, d'earnálacha nó do thionscadail ar beag an rochtain atá acu ar mhaoiniú margaidh nó nach bhfuil aon rochtain acu ar mhaoiniú margaidh. Le beartais um chabhair cheangailte, ba cheart go n-áiritheofaí an luach is fearr ar airgead, go n-íoslaghdófaí ar shaobhadh trádála, agus go gcuirfí le húsáid éifeachtach fhorbarthach na n-acmhainní sin.
- (b) Ní bhaineann na forálacha um chabhair cheangailte an tSocraithe le cláir cabhrach na n-institiúidí iltaobhacha nó réigiúnacha.
- (c) Ní thugtar réamhbhreith sna prionsabail seo ar thuairimí an Choiste Cúnaimh um Fhorbairt (DAC) maidir le cáilíocht cabhrach ceangailte agus neamhcheangailte.
- (d) D'fhéadfadh sé go n-iarrfadh Rannpháirtí faisnéis bhreise a bhainfeadh le stádas ceangailteach aon fhoirme cabhrach. Má tá éiginnteacht ann an dtagann cleachtas maoinithe áirithe laistigh de raon feidhme an tsainmhíneithe maidir le cabhair cheangailte a leagtar amach in Iarscríbhinn XI, cuirfidh an tír bhronntach fianaise ar fáil a thacaíonn le haon éileamh gur "neamhcheangailte" le ceart atá an chabhair i gcomhréir leis an sainmhíniú in Iarscríbhinn XI.

31. Cineálacha cabhrach ceangailte

Féadfaidh an chabhair cheangailte a bheith i gceann de na foirmeacha seo a leanas:

- (a) Iasachtaí um Chúnamh Forbraíochta Oifigiúla (ODA) mar a shainmhínítear iad i "dTreoirphrionsabail DAC do Mhaoiniú Comhlachaithe agus Cúnaimh um Fhorbairt Oifigiúil atá Ceangailte agus Neamhcheangailte go Páirteach (1987)";
- (b) deontais ODA mar a shainmhínítear iad i "dTreoirphrionsabail DAC do Mhaoiniú Comhlachaithe agus Cúnaimh um Fhorbairt Oifigiúil atá Ceangailte agus Neamhcheangailte go Páirteach (1987)"; agus
- (c) Sreafaí Oifigiúla Eile (OOF), lena n-áirítear deontais agus iasachtaí ach a dhéanann na creidmheasanna onnmhairiúcháin, arna dtacú go hoifigiúil, agus atá i gcomhréir leis an Socrú a eisiamh; nó
- (d) aon chomhlachas, e.g. meascán, le dlí agus le gníomh, atá faoi rialú an bhronntóra, an iasachtóra nó an iasachtaí, ar nithe iad lena mbaineann dhá ní nó níos mó de na nithe roimhe seo, agus/nó na comhchodanna maoinithe seo a leanas:
 - (1) creidmheas onnmhairiúcháin a bheidh á thacú go hoifigiúil trí chreidmheas díreach/maoiniú díreach, athmhaoiniú, tacaíocht ráta úis, ráthaíocht nó árachas a mbeidh feidhm ag an Socrú ina leith; agus
 - (2) cistí eile ag téarmaí an mhargaidh, nó gar dóibh, nó éarlais ón gceannaitheoir.

⁽¹⁾ Is iad seo a leanas Táscairí an Mhargaidh Phríobháidigh: bannaí flaithiúnais, modh léamh-thrasna, an margadh don ghéilleadh agus iasacht shindeacáite.

32. Maoiniú comhlachaithe

(a) Féadfaidh foirmeacha éagsúla a bheith ag maoiniú comhlachaithe, lena n-áirítear creidmheasanna measctha, maoiniú measctha, maoiniú comhpháirteach nó idirbhearta comhtháite singile. Is iad na nithe seo a leanas na príomhthréithe atá acu:

- comhchuid lamhátais atá nasctha le dlí nó le gníomh leis an gcomhábhar neamh-lamhátais,
- cuid shingil nó an pacáiste maoinithe go léir arb é atá ann cabhair cheangailte dáiríre, agus
- cistí lamhátais ar cistí iad atá ar fáil más rud é go nglacann an faighteoir leis an gcomhábhar neamh-lamhátais, agus sa chás sin amháin.

(b) Déantar comhlachas nó nascadh “le gníomh” a chinneadh leis na tosca seo a leanas:

- tuiscintí neamhfhoirmiúla a bheith ann idir an faighteoir agus na húdaráis bhronnta,
- intinn an bhronntóra chun inghlachtacht an phacáiste maoinithe a éascú tríd an ODA a úsáid,
- ceangal éifeachtach an phacáiste maoinithe go léir le soláthar sa tír bhronntach,
- stádas ceangailteach an ODA agus an meán chun gach idirbheart maoinithe a chur ar tairiscint nó ar conradh, nó
- aon chleachtas eile, arna aithint ag an DAC nó na Rannpháirtithe nuair a bhíonn teagmháil *de facto* ann idir dhá chomhchuid maoinithe nó níos mó.

(c) Ní chuirfidh na cleachtais seo a leanas cosc ar chomhlachas a nó nascadh a chinneadh “le gníomh”:

- scoilteadh conartha trí fhógra a thabhairt ar leithligh maidir le comhábhair chonartha amháin,
- conarthaí arna maoiniú i gcéimeanna éagsúla a scoilteadh,
- gan fógra a thabhairt faoi chodanna idirpleácha conartha, agus/nó
- gan fógra a thabhairt toisc cuid den phacáiste maoinithe a bheith neamhcheangailte.

33. Incháilitheacht tíre i gcomhair cabhrach ceangailte

(a) Ní bheidh aon chabhair cheangailte ann do thíortha nach bhfuil cáilithe, de réir a OIN *per capita*, iasachtaí 17 mbliana a fháil ón mBanc Domhanda. Déanann an Banc Domhanda atháireamh ar an tairseach don chatagóir seo ar bhonn bliantúil⁽¹⁾. Ní athróidh tír ó chatagóir amháin go ceann eile ach amháin nuair a bhíonn a catagóir Baint Dhomhanda gan athrú ar feadh dhá bhliain i ndiaidh a chéile.

(b) Bíonn feidhm ag na critéir agus nósanna imeachta oibriúcháin seo a leanas nuair a bhíonn tíortha á n-aicmiú:

- (1) déantar Aicmiú chun críche an tSocraithe a chinneadh de réir OIN *per capita* mar atá ríofa ag an mBanc Domhanda chun críocha aicmiú na dtíortha iasachtaíochta ag an mBanc Domhanda; cuirfidh an Rúnaíocht an t-aicmiú seo ar fáil don phobal;
- (2) sna cásanna nach mbíonn a dhóthain faisnéise ag an mBanc Domhanda chun sonraí OIN *per capita* a fhoilsiú, iarrfar ar an mBanc Domhanda meastachán a dhéanamh an bhfuil OIN *per capita* na tíre i dtrácht os cionn na tairsí reatha nó faoin tairseach sin. Déanfar an tír a aicmiú de réir an mheastacháin sin, mura rud é go gcinneann na Rannpháirtithe a mhalairt a dhéanamh;

⁽¹⁾ Bunaithe ar athbhreithniú bliantúil ag an mBanc Domhanda ar aicmiú na dtíortha, bainfear úsáid as tairseach *per capita* Oll-Ioncaim Náisiúnta (OIN) chun críche incháilitheacht na cabhrach ceangailte; tá an tairseach sin ar fáil ar láithreán gréasáin an ECFE (www.oecd.org/ech/xcred).

- (3) má dhéantar incháilitheacht tíre i gcomhair cabhrach ceangailte a athaicmiú i gcomhréir le hAirteagal 33(a), beidh éifeacht ag an athaicmiú dhá sheachtain tar éis don Rúnaíocht na tátail a baineadh as na sonraí thuasluaite ón mBanc Domhanda a chur in iúl do na Rannpháirtithe go léir. Ní fhéadfar fógra a thabhairt maidir le haon mhaoiniú cabhrach ceangailte do thír incháilithe nua roimh dháta éifeachtúil an athaicmiúcháin; tar éis an dáta sin, ní fhéadfar fógra a thabhairt faoi aon mhaoiniú cabhrach ceangailte, ach amháin go bhféadfar fógra a thabhairt faoi idirbhearta aonair, atá á gcumhdach faoi líne chreidmheasa a bhfuil gealltanús tugtha ina leith cheana, go dtí go rachaidh an líne chreidmheasa in éag (tráth nach mbeidh níos faide ná bliain amháin ón dáta éifeachtúil);
- (4) i gcásanna ina ndéanann an Banc Domhanda athbhreithniú ar na figiúirí, ní bheidh beann ar na hathbhreithnithe sin a fhad agus a bhaineann leis an Socrú. Mar sin féin, féadfar aicmiú tíre a athrú trí bhíthin Líne Coitinne i gcomhréir leis na nósanna imeachta iomchúí in Airteagal 55 go hAirteagal 60 agus dhéanfadh na Rannpháirtithe breithniú fabhrach ar aon athrú mar gheall ar earráidí agus easnaimh sna figiúirí a tugadh faoi deara sa bhliain féilire chéanna ina ndearna an Rúnaíocht na figiúirí a scaipeadh den chéad uair;
- (5) d'ainneoin aicmiú na dtíortha atá cáilithe nó neamhcáilithe chun an chabhair cheangailte a ghlacadh, ba cheart go seachnódh na Rannpháirtithe aon chreidmheas do chabhair cheangailte a chur ar fáil, seachas deontais glan amach, bia agus cabhair dhaonnúil agus cabhair atá ceaptha maolú a dhéanamh ar éifeachtaí tionóiscí núicléacha nó mórthionóiscí tionsclaíochta, nó iad a chosc, don Bhealarúis, don Bhulgáir, do Chónaidhm na Rúise agus don Úcráin. Dá mba rud é go rachadh ONI *per capita* aon cheann de na tíortha sin thar thairseach an Bhainc Dhomhanda, trí bliana as a chéile, d'iasachtaí 17 mbliana, bheadh incháilitheacht na tíre do na creidmheasanna sin faoi réir Airteagal 33(a) agus (b) (1) go (4) thuas, chomh maith leis na forálacha eile um chabhair cheangailte sa Socrú ⁽¹⁾.

34. Incháilitheacht tionscadail

- (a) Ní leathnófar cabhair cheangailte chuig tionscadail phoiblí nó phríobháideacha ar cheart, go hiondúil, go mbeidís inmharthana ar bhonn tráchtála má dhéantar iad a mhaoiniú ar théarmaí an mhargaidh nó an tSocráithe.
- (b) Is iad seo a leanas na heochairthástálacha don incháilitheacht sin:
- an bhfuil an tionscadal neamh-inmharthana ar bhonn airgeadais, i.e. an bhfuil cumas de dhíth ar an tionscadal in éineacht le praghsáil chúí arna chinneadh ar phrionsabail an mhargaidh chun sreabhadh airgid a ghiniúint a bheadh leordhóthanach chun costais oibriúcháin an tionscadail a chlúdach agus chun seirbhísiú a dhéanamh ar an gcaipiteal a úsáidtear, i.e. an chéad eochairthástáil, nó
 - an bhfuil sé réasúnach a mheas gur neamhdhóchúil, bunaithe ar chumarsáid leis na Rannpháirtithe eile, gur féidir an tionscadal a mhaoiniú ar théarmaí an mhargaidh nó an tSocráithe, i.e. an dara eochairthástáil. I dtaca le tionscadail ar mó iad ná 50 milliún SDR, leagfar béim ar leith ar infhaighteacht ionchasach a bheith ar mhaoiniú ar théarmaí an mhargaidh nó ar théarmaí an tSocráithe nuair a bhíonn iomchuíbheas na cabhrach sin á bhreithniú.
- (c) Tá na heochairthástálacha faoi fhomhír (b) ceaptha cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar cheart meastóireacht a dhéanamh ar thionscadal chun a chinneadh ar cheart é a mhaoiniú leis an gcabhair sin nó le creidmheasanna onnmhairiúcháin ar théarmaí an mhargaidh nó an tSocráithe. Tríd an bpróiseas comhairliúcháin a thuairiscítear in Airteagal 48 go hAirteagal 50, táthar ag súil go bhforbrófar corpas taithí leis an aimsir a shaineoidh níos beaichte, do chreidmheas onnmhairiúcháin agus do ghníomhaireachtaí creidmheasa araon, treoraíocht *ex ante* idir an dá chatagóir tionscadal.

35. Leibhéal íosta lamháltais

Ní chuirfidh na Rannpháirtithe cabhair cheangailte ar fáil a bhfuil leibhéal lamháltais is lú ná 35 faoin gcéad aige, nó 50 faoin gcéad más Tír is lú Forbairt (LDC) í an tír thairbhíoch, ach amháin sna cásanna a leagtar síos thíos, cásanna atá díolmhaithé ó na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt a leagtar amach in Airteagal 47(a):

- (a) cúnadh teicniúil: cabhair cheangailte arb é atá sa chomhchuid cabhrach forbartha oifigiúla ná comhar teicniúil, agus comhar teicniúil amháin, ar lú é ná 3 faoin gcéad de luach iomlán an idirbhirt nó aon mhilliún Ceart Speisialta Tarraingte (SDR), cibé acu is ísle; agus

⁽¹⁾ Chun críche Airteagal 33(b)(5), féadfar breathnú ar dhíchoimisiúnú gléasra cumhachta núicléiche mar chabhair dhaonnúil. I gcás tionóisc núicléach nó mórthionóisc thionsclaíochta a bheith ann a bhíonn ina chúis do thruailliú tromchúiseach trasteorann, féadfaidh aon Rannpháirtí a bhíonn thíos leis sin cabhair cheangailte a chur ar fáil chun éifeachtaí na tionóisce a dhíothú nó a mhaolú. I gcás go mbíonn riosca suntasach ann go dtarlóidh tionóisc den sórt sin, déanfaidh aon Rannpháirtí a dhéanfadh a bheith thíos leis sin agus a bhfuil sé ar intinn aige cabhair a chur ar fáil ionas nach dtarlódh sé fógra a thabhairt roimh ré i gcomhréir le hAirteagal 46. Breathnóidh Rannpháirtithe eile go fabhrach maidir le dlús a chur le nósanna imeachta i leith cabhrach ceangailte i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha.

- (b) tionscadail bheaga: tionscadail chaipitil is lú ná aon mhilliún SDR a mhaoinítear go hiomlán ó dheontais cúnamh um fhorbairt.

36. Díolúintí ó incháilitheacht tíre nó tionscadail ar chabhair cheangailte

- (a) Níl feidhm ag forálacha Airteagal 33 agus Airteagal 34 maidir le cabhair cheangailte i gcás inar 80 faoin gcéad nó níos mó é an leibhéal lamháltais seachas cabhair cheangailte ar cuid é den phacáiste maoinithe comhlachaithe, a thuairiscítear in Airteagal 32.
- (b) Níl feidhm ag forálacha Airteagal 34 maidir le cabhair cheangailte a bhfuil luach is lú ná dhá mhilliún SDR aige, seachas cabhair cheangailte ar cuid é den phacáiste maoinithe comhlachaithe, a thuairiscítear in Airteagal 32.
- (c) Níl cabhair cheangailte do LDCanna, faoi mar a shainmhínítear í ag na Náisiúin Aontaithe, faoi réir fhorálacha Airteagal 33 agus Airteagal 34.
- (d) D'ainneoin Airteagal 33 agus Airteagal 34, féadfaidh Rannpháirtí, go heisceachtúil, tacaíocht a chur ar fáil trí cheann de na nithe seo a leanas:
- an nós imeachta maidir le Líne Choiteann mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn XI é agus mar a thuairiscítear in Airteagal 55 go hAirteagal 60 é, nó
 - bonn cirt a bheith ann ar fhorais cabhrach trí thacaíocht a fháil ó líon substaintiúil de na Rannpháirtithe mar a thuairiscítear in Airteagal 48 agus Airteagal 49 é, nó
 - litir chuig Ard-Rúnaí an ECFE, i gcomhréir leis na nósanna imeachta in Airteagal 50, a bhfuil súil ag na Rannpháirtithe iad a bheith neamhghnách agus neamhchoitianta.

37. Leibhéal lamháltais na cabhrach ceangailte a ríomh

Déantar an leibhéal lamháltais do chabhair cheangailte a ríomh agus feidhm á baint as an modh céanna agus a úsáideann an DAC d'eilimint an deontais, ach amháin:

- (a) an ráta lascaine a úsáidtear chun an leibhéal lamháltais i gcomhair iasachta a ríomh in airgeadra ar leith, i.e. an Ráta Lascaine Dífreáilte (RLD), tá sé faoi réir athraithe bhliantúil an 15 Eanáir agus déantar é a ríomh mar a leanas:

— meán an CIRR + Corrlach

Braitheann an Lamháil (M) ar an téarma aisíocaíochta (R) mar a leanas:

| R | M |
|--|------|
| níos lú ná 15 bliana | 0,75 |
| ó 15 bliain suas go dtí 20 bliain, ach gan 20 bliain san áireamh | 1,00 |
| ó 20 bliain suas go dtí 30 bliain, ach gan 30 bliain san áireamh | 1,15 |
| ó 30 bliain agus os a chionn | 1,25 |

- déantar meán an CIRR do na hairgeadraí ar fad a ríomh trí mheán a fháil de na CIRRanna míosúla atá bailí ar feadh na tréimhse sé mhí idir an 15 Lúnasa den bhliain roimhe sin agus an 14 Feabhra den bhliain reatha. Slánaítear an ráta ríofa, lena n-áirítear an Corrlach, go dtí na 10 mbonnphointe is gaire. Má bhíonn níos mó ná CIRR amháin ann don airgeadra, déanfar an CIRR don aibíocht is faide, mar a leagtar amach in Airteagal 20(a) é, a úsáid don ríomh seo;
- (b) is é an bonndáta chun an leibhéal lamháltais a ríomh an túsphointe don chreidmheas mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XI é;
- (c) chun críche leibhéal lamháltais foriomlán pacáiste maoinithe comhlachaithe a ríomh, meastar gur nialas iad leibhéal lamháltais na gcreidmheasanna, na gcistí agus na n-íocaíochtaí seo a leanas:
- creidmheasanna onnmhairiúcháin atá i gcomhréir leis an Socrú,
 - cistí eile atá ag rátaí an mhargaidh nó gar dóibh,

— cistí oifigiúla eile a bhfuil leibhéal lamháltais acu is lú ná an t-íosmhéid a cheadaítear faoi Airteagal 35 ach amháin i gcásanna maidir le comhoiriúnú, agus

— éarlais ón gceannaitheoir.

Maidir le hiocaíochtaí ag túsphointe an chreidmheasa, nó roimhe, a mheastar nach éarlais iad, áireofar iad i ríomh an leibhéil lamháltais;

- (d) an ráta lascaine i gcabhair chomhoiriúnaithe: i gcabhair chomhoiriúnaithe, ciallaíonn comhoiriúnú a dhéanamh le leibhéal comhoiriúnaithe comhionann a dhéantar a athríomh leis an ráta lascaine atá i bhfeidhm tráth an chomhoiriúnaithe;
- (e) ní áireofar costais áitiúla agus soláthar tríú tír i ríomh an leibhéil lamháltais ach amháin más í an tír bhronntach a mhaoiníonn iad;
- (f) déantar leibhéal foriomlán pacáiste a chinneadh trí leibhéal ainmniúil gach comhchoda sa phacáiste a iolrú faoi leibhéal lamháltais gach comhchoda lena mbaineann, ag suimiú na dtorthaí, agus an t-iomlán seo a roinnt ar luach ainmniúil comhiomlán na gcomhchodanna;
- (g) is é an ráta lascaine d'iasacht ar leith an ráta atá in éifeacht tráth an fhógra. Má bhíonn fógra pras ann, áfach, is é an ráta lascaine an ráta atá i bhfeidhm an tráth ar socraíodh téarmaí agus coinníollacha na hiasachta cabhrach. Ní dhéanann athrú ar an ráta lascaine le linn ré na hiasachta a leibhéal lamháltais a athrú;
- (h) má dhéantar athrú airgeadra sula dtugtar an conradh chun críche, déanfar an fógra a athbhreithniú. Is é an ráta lascaine a úsáidtear chun an leibhéal lamháltais a ríomh an ráta a bheidh infheidhme tráth an athbhreithnithe. Ní gá athbhreithniú a bheith ann má dhéantar an t-airgeadra malartach agus an fhaisnéis uile is gá do ríomh an leibhéil lamháltais a shonrú san fhógra bunaidh;
- (i) d'ainneoin fhomhír (g), is é an ráta lascaine a úsáidtear chun leibhéal lamháltais idirbheart ar leith arna dtionscnamh faoi líne chreidmheasa um chabhair a ríomh, an ráta ar tugadh fógra faoi i dtús báire don líne chreidmheasa.

38. Tréimhse bailíochta don chabhair cheangailte

- (a) Leagfaidh na Rannpháirtithe síos na téarmaí agus na coinníollacha don chabhair cheangailte, cibé acu a bhaineann sé seo le hidirbhearta ar leith a mhaoiniú nó le prótacail cabhrach, le líne chreidmheasa um chabhair, nó le comhaontú dá shamhail, ar feadh níos mó ná dhá bhliain. I gcás prótacail cabhrach, líne chreidmheasa um chabhair nó comhaontú dá shamhail, tosóidh an tréimhse bailíochta dáta an tsínithe, agus beidh fógra le tabhairt faoi i gcomhréir le hAirteagal 47; tabharfar fógra faoi fhadú na líne chreidmheasa amháin is dá mb'idirbheart nua é lena ngabhfaidh nóta ag míniú gur fadú atá ann agus go bhfuil sí á hathnuachan ag téarmaí a cheadaíodh an tráth ar tugadh fógra faoin bhfadú. I gcás idirbheart aonair, lena n-áirítear iad sin ar tugadh fógra fúthu faoin bprótacail cabhrach líne chreidmheasa um chabhair nó comhaontú dá shamhail, tosóidh an tréimhse bailíochta an dáta a dtabharfar fógra faoin gceangaltas i gcomhréir le hAirteagal 46 nó le hAirteagal 47, de réir mar is iomchuí.
- (b) Nuair a bheidh tír neamhcháilithe d'iasachtaí 17 mbliana ón mBanc Domhanda den chéad uair, déanfar tréimhse bailíochta do phrótacail cabhrach ceangailte agus línte chreidmheasa atá ann cheana agus do phrótacail cabhrach ceangailte agus línte cabhrach nua arna bhfógrú a shrianadh go dtí aon bhliain tar éis dháta an aicmithe ionchasaigh i gcomhréir leis na nósanna imeachta in Airteagal 33(b).
- (c) Ní féidir athnuachan a dhéanamh ar na prótacail agus na línte cabhrach sin ach amháin ar na téarmaí atá i gcomhréir le forálacha Airteagal 33 agus Airteagal 34 den Socrú tar éis an méid seo a leanas:

— athaicmiú na dtíortha, agus

— athrú i bhforálacha an tSocraithe.

Sna cúinsí sin, féadfar na téarmaí agus na coinníollacha atá ann cheana a choimeád d'ainneoin athrú a bheith ar an ráta lascaine a leagtar amach in Airteagal 37.

39. Comhoiriúnú

Agus oibleagáidí idirnáisiúnta Rannpháirtí á gcur san áireamh, agus ag teacht le cuspóir an tSocraithe, féadfaidh Rannpháirtí, de réir na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 42, comhoiriúnú a dhéanamh ar na téarmaí agus na coinníollacha atá á dtairiscint ag Rannpháirtí nó ag Neamh-rannpháirtí.

CAIBIDIL IV

NÓSANNA IMEACHTA

Roinn 1: Nósanna imeachta coiteanna maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin agus maidir le cabhair thrádghaolmhar

40. Fógraí

Na fógraí a leagtar amach leis na nósanna imeachta sa Socrú, déanfar iad i gcomhréir leis an bhfaisnéis a fhaightear in Iarscríbhinn V, agus áireofar iontu an fhaisnéis atá in Iarscríbhinn V, agus déanfar iad a chur i gcóip chuig an Rúnaíocht.

41. Faisnéis ar thacaíocht oifigiúil

- (a) A luaithe a gheallann Rannpháirtí an tacaíocht oifigiúil a bhfuil fógra tugtha fúithi aige i gcomhréir leis na nósanna imeachta in Airteagal 44 go hAirteagal 47, cuirfidh sé na Rannpháirtithe eile go léir ar an eolas dá réir sin trí uimhir thagartha an fhógra a chur i bhFoirm 1C sa Chóras Tuairiscithe Creidmheasaí lena mbaineann.
- (b) Má tá malartú faisnéise i gcomhréir le hAirteagal 52 go hAirteagal 54 ann, cuirfidh Rannpháirtí na Rannpháirtithe eile ar an eolas maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha creidmheasa atá á bheartú aige chun tacaíocht a thabhairt dóibh d'idirbheart ar leith agus d'fhéadfadh sé go n-iarrfadh sé faisnéis chomhcosúil ó na Rannpháirtithe eile.

42. Nósanna imeachta maidir leis an gcomhoiriúnú

- (a) Sula ndéanfaidh Rannpháirtí na téarmaí airgeadais agus na coinníollacha airgeadais a thiomhdítear a bheith á dtairiscint ag Rannpháirtí nó Neamh-rannpháirtí de bhun Airteagal 18 agus Airteagal 39 a chomhoiriúnú, déanfaidh sé gach iarracht réasúnach, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, trí na comhairliúcháin duine le duine a thuairiscítear in Airteagal 54 a úsáid, chun a fhíorú go bhfuil na téarmaí agus na coinníollacha á dtacú go hoifigiúil agus go gcomhlíonfar na nithe seo a leanas leo:
 - (1) tabharfaidh an Rannpháirtí fógra do na Rannpháirtithe eile go léir maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhfuil sé ar intinn aige a thacú agus na nósanna imeachta céanna um fhógra a cheanglaítear leis na téarmaí comhoiriúnaithe agus na coinníollacha comhoiriúnaithe á leanúint aige. I gcás Neamh-rannpháirtí a chomhoiriúnú, leanfaidh an Rannpháirtí na nósanna imeachta céanna um fhógra a cheanglófaí dá mba rud é go dtairgfeadh Rannpháirtí na téarmaí comhoiriúnaithe;
 - (2) d'ainneoin (1) thuas, dá gceanglófaí leis an nós imeachta um fhógra is infheidhme go gcoinneodh an Rannpháirtí comhoiriúnaithe a thairiscint siar go dtí tar éis spriocdháta na himthairisceana deiridh, tabharfaidh an Rannpháirtí comhoiriúnaithe fógra ansin go bhfuil sé i gceist aige an maoiniú a chomhoiriúnú a luaithe is féidir;
 - (3) más rud é go dtarraingíonn an Rannpháirtí tionscnaimh siar an tacaíocht atá ar intinn aige a thabhairt maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a mbeidh fógra tugtha fúthu, cuirfidh sé na Rannpháirtithe eile ar an eolas láithreach dá réir sin.
- (b) Maidir le Rannpháirtí a bhfuil sé ar intinn aige téarmaí combhionanna airgeadais a thairiscint agus na téarmaí a bhfuil fógra tugtha fúthu de réir Airteagal 44 agus faoi Airteagal 45, féadfaidh sé é sin a dhéanamh amhlaidh a luaithe a bheidh an tréimhse feithimh a leagtar síos iontu dulta in éag. Déanfaidh an Rannpháirtí fógra a thabhairt faoina bhfuil ar intinn aige a luaithe is féidir.

43. Comhairliúcháin speisialta

- (a) Maidir le Rannpháirtí a bhfuil forais réasúnacha aige a chreidiúint gur flaitiúla na téarmaí airgeadais agus na coinníollacha airgeadais atá á dtairiscint ag Rannpháirtí eile (an Rannpháirtí tionscnaimh) ná na téarmaí agus na coinníollacha dá bhforáiltear sa Socrú, cuirfidh sé an Rúnaíocht ar an eolas faoi sin. Cuirfidh an Rúnaíocht an fhaisnéis sin ar fáil láithreach.
- (b) Déanfaidh an Rannpháirtí tionscnaimh téarmaí airgeadais agus coinníollacha airgeadais a thairisceana a shoiléiriú laistigh de dhá lá oibre tar éis an fhaisnéis ón Rúnaíocht a eisiúint.
- (c) Tar éis soiléiriú a bheith déanta ag an Rannpháirtí tionscnaimh, féadfaidh aon Rannpháirtí a iarraidh go n-eagródh an Rúnaíocht cruinniú comhairliúcháin speisialta laistigh de chúig lá oibre chun an tsaincheist a phlé.
- (d) Ní bheidh éifeacht leis na téarmaí airgeadais agus leis na coinníollacha airgeadais a thairbheoidh den tacaíocht oifigiúil go dtí go mbeidh toradh ar chruinniú comhairliúcháin speisialta na Rannpháirtithe.

Roinn 2: Nósanna imeachta maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin

44. Fógra roimh ré agus plé ina theannta

- (a) Déanfaidh Rannpháirtí fógra a thabhairt do na Rannpháirtithe eile go léir 10 lá féilire ar a laghad roimh aon cheanglas a eisiúint más rud é go ndearnadh an Préimhráta Íosta a cuireadh i bhfeidhm a chinneadh i gcomhréir leis an gcéad fhleasc d'Airteagal 24(e) nó Airteagal 28 i gcomhréir le hlarscríbhinn V den Socrú. Má iarrann aon Rannpháirtí eile plé le linn na tréimhse sin, fanfaidh an Rannpháirtí tionscnaimh 10 lá féilire eile. Maidir leis an MPR is infheidhme tar éis maolú/eisiamh riosca, más lú ná 75 faoin gcéad é den MPR a bheadh ann de thairbhe chur i bhfeidhm aicmiú riosca tíre do thír an cheannaitheora gan aon mhaolú ná eisiamh riosca, nó más comhionann leis é, tabharfaidh an Rannpháirtí is fógróir fógra do na Rannpháirtithe eile go léir ar a laghad 20 lá féilire roimh aon cheanglas a eisiúint.
- (b) Cuirfidh Rannpháirtí na Rannpháirtithe eile go léir ar an eolas maidir lena chinneadh deiridh tar éis plé a bheith ann chun an t-athbhreithniú ar an gcorpas taithí a éascú i gcomhréir le hAirteagal 66. Coimeádfaidh na Rannpháirtithe taifid faoina dtaithí maidir le préimhrátaí a dtabharfar fógraí fúthu i gcomhréir le mír (a) thuas.

45. Fógra roimh ré d'uireasa aon phlé

- (a) Cuirfidh an Rannpháirtí fógra chuig na Rannpháirtithe go léir ar a laghad 10 lá féilire roimh aon ghealltanais a thabhairt i gcomhréir le hlarscríbhinn V den Socrú má tá sé ar intinn aige:
- (1) téarma aisíocaíochta is mó ná cúig bliana, ach nach dtéann thar ocht mbliana go leith, chuig Tír de Chatagóir 1 a thacú;
 - (2) tacaíocht a chur ar fáil do stáisiún cumhachta neamhnúicléiche a bhfuil téarma aisíocaíochta is faide ná an téarma ábhartha uasta in Airteagal 12, ach nach dtéann thar 12 bhliain mar a leagtar síos in Airteagal 13(a) é;
 - (3) tacaíocht a chur ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 14(d);
 - (4) préimhráta a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an dara fleasc d'Airteagal 24(e);
 - (5) préimhráta a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 24(g).
- (b) Más rud é go maolaíonn Rannpháirtí tionscnaimh an tacaíocht atá ar intinn aige a thabhairt d'idirbheart den sórt sin, nó má tharraingíonn sé siar í, cuirfidh sé na Rannpháirtithe eile ar an eolas láithreach.

Roinn 3: Nósanna imeachta maidir le cabhair thrádghaolmhar

46. Fógra roimh ré

- (a) Tabharfaidh Rannpháirtí fógra roimh ré má tá sé ar intinn aige tacaíocht oifigiúil a chur ar fáil do na nithe seo a leanas:
- cabhair neamhcheangailte thrádghaolmhar a bhfuil luach dhá mhilliún SDR aici, nó níos mó, agus a bhfuil leibhéal lamháltais aici is lú ná 80 faoin gcéad,
 - cabhair neamhcheangailte thrádghaolmhar a bhfuil luach is lú ná dhá mhilliún SDR aici, agus eilimint deontais (arna sainiú ag an DAC) is lú ná 50 faoin gcéad,
 - cabhair neamhcheangailte thrádghaolmhar a bhfuil luach dhá mhilliún SDR aici nó níos mó, agus a bhfuil leibhéal lamháltais aici is lú ná 80 faoin gcéad, nó
 - cabhair neamhcheangailte thrádghaolmhar a bhfuil luach is lú ná dhá mhilliún SDR aici agus leibhéal lamháltais is lú ná 50 faoin gcéad, seachas na cásanna a leagtar amach in Airteagal 35(a) agus (b).
- (b) Tabharfar fógra roimh ré ar a laghad 30 lá oibre roimh dháta deiridh na himthairisceana tráchtála nó roimh an dáta ceangaltais, cibé acu is luaithe.
- (c) Más rud é go dtarraingíonn an Rannpháirtí tionscnaimh siar an tacaíocht atá ar intinn aige a thabhairt maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a mbeidh fógra tugtha fúthu, cuirfidh sé na Rannpháirtithe eile ar an eolas láithreach dá réir sin.
- (d) Beidh feidhm ag foráil an Airteagail seo maidir le cabhair cheangailte ar cuid í den phacáiste maoinithe comhlachaithe, a bhfuil tuairisc tugtha uirthi in Airteagal 32.

47. Fógra pras

- (a) Tabharfaidh Rannpháirtí fógra go pras do na Rannpháirtithe eile go léir, i.e. laistigh de dhá lá oibre ón gceangaltas a dhéanamh, más rud é go dtugann sé tacaíocht oifigiúil do chabhair cheangailte a bhfuil luach ceachtar díobh seo a leanas aici:
- dhá mhilliún SDR nó níos mó agus leibhéal lamháltais de 80 faoin gcéad nó níos mó, nó
 - níos lú ná dhá mhilliún SDR agus leibhéal lamháltais de 50 faoin gcéad nó níos mó seachas na cásanna a leagtar amach in Airteagal 35(a) agus (b).
- (b) Tabharfaidh Rannpháirtí fógra go pras freisin do na Rannpháirtithe eile go léir nuair a dhéantar prótacal cabhrach, líne chreidmheasa nó comhaontú comhchosúil a shíniú.
- (c) Ní gá fógra a thabhairt roimh ré más mian le Rannpháirtí comhoiriúnú a dhéanamh ar na téarmaí agus na coinníollacha a bhí faoi réir fógra phrais.

Roinn 4: *Nósanna imeachta comhairliúcháin maidir le cabhair cheangailte*

48. Cuspóir na gcomhairliúchán

- (a) Féadfaidh Rannpháirtí a bhíonn ag féachaint le soiléiriú a fháil faoi spreagadh trádála a d'fhéadfadh a bheith ann a iarraidh go gcuirfí ar fáil Measúnú Cáilíochta iomlán um Chabhair (arna mhionsonrú in Iarscríbhinn IX).
- (b) Lena chois sin, féadfaidh Rannpháirtí a iarraidh go rachfaí i mbun comhairliúcháin leis na Rannpháirtithe eile i gcomhréir le hAirteagal 49. Áirítear leo sin comhairliúcháin duine le duine amháil a leagtar amach in Airteagal 54 d'fhonn plé a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:
- ar an gcéad dul síos, an bhfuil ceanglais Airteagal 33 agus Airteagal 34 á gcomhlíonadh ag an tairiscint cabhrach, agus
 - más gá sin, an bhfuil bonn cirt leis an tairiscint fiú amháin mura mbíonn ceanglais Airteagal 33 agus Airteagal 34 á gcomhlíonadh.

49. Raon feidhme agus tráthú na gcomhairliúchán

- (a) Le linn comhairliúchán a bheith ar siúl, féadfaidh Rannpháirtí, as measc nithe eile, an fhaisnéis seo a leanas a iarraidh:
- measúnú ar stáidéar féidearthachta mionsonraithe/breithmheas ar thionscadal,
 - an bhfuil tairiscint ann atá in iomaíocht ina bhfuil maoiniú neamh-lamháltach nó maoiniú cabhrach,
 - an t-ionchas a bheith ann airgeadra eachtrach a ghiniúint nó a shábháil,
 - an bhfuil comhar ann leis na heagraíochtaí iltaobhacha amháil an Banc Domhanda,
 - Imthairiscint Iomaíoch Idirnáisiúnta (ICB) a bheith ann, go háirithe más ag soláthróir na tíre bronntaí atá an tairiscint mheasta is ísle,
 - na himpleachtaí don chomhshaol,
 - aon rannpháirtíocht ón earnáil phríobháideach, agus
 - tráthú na bhfógraí (e.g. sé mhí roimh dháta deiridh na himthairisceana nó an dáta ceangaltais), maidir le creidmheasanna lamháltais nó cabhrach.
- (b) Críochnófar an comhairliúchán agus tabharfaidh an Rúnaíocht fógra maidir leis na conclúidí ar an dá cheist in Airteagal 48 chuig na Rannpháirtithe go léir ar a laghad 10 lá oibre roimh dháta deiridh na himthairisceana nó an dáta ceanglais, cibé acu is túisce. Má tá easaontú i measc na bpáirtithe comhairliúcháin, tabharfaidh an Rúnaíocht cuireadh do na Rannpháirtithe eile a dtuairimí a chur in iúl laistigh de chúig lá oibre. Cuirfidh sí na tuairimí sin in iúl don Rannpháirtí a thugann fógra, rannpháirtí ar cheart dó athmhachnamh a dhéanamh ar dhul ar aghaidh má dhealraíonn sé nach bhfuil aon tacaíocht shubstaintiúil ann do thairiscint cabhrach.

50. Toradh na gcomhairliúchán

- (a) Maidir le bronntóir ar mian leis dul ar aghaidh le tionscadal in ainneoin tacaíocht shubstaintiúil a bheith in easnamh, tabharfaidh sé fógra roimh ré maidir lena bhfuil ar intinn aige do na Rannpháirtithe eile tráth nach déanaí ná 60 lá féilire tar éis don Chomhairliúchán a bheith tagtha chun críche, i.e. glacadh le conclúid an Chathaoirligh. Scríobhfaidh an bronntóir litir freisin chuig Ard-Rúnaí an ECFE ag leagan amach torthaí na gcomhairliúchán agus ag míniú an leasa sháraithigh náisiúnta neamh-thrádghaolmhar a bhrúnn an ghníomhaíocht seo ar aghaidh. Bíonn súil ag Rannpháirtithe gur tarlú neamhghnách agus neamhchoitianta a bheidh sa tarlú sin.
- (b) Tabharfaidh an bronntóir fógra do na Rannpháirtithe go bhfuil litir curtha aige chuig Ard-Rúnaí an ECFE, litir a n-áireofar cóip di leis an bhfógra. Ní dhéanfaidh an bronntóir ná aon Rannpháirtí eile ceangaltas um chabhair cheangailte go dtí 10 lá oibre tar éis an fógra seo do na Rannpháirtithe a bheith eisithe. Maidir le tionscadail ar aithníodh tairiscintí tráchtála ina leith a bhí in iomaíocht lena chéile le linn na tréimhse comhairliúcháin, fadófar an tréimhse oibre 10 lá thuasluaite go dtí 15 lá.
- (c) Déanfaidh an Rúnaíocht faireachán ar an dul chun cinn agus ar thorthaí na gcomhairliúchán.

Roinn 5: *Malartú faisnéise maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin agus maidir le cabhair thrádghaolmhar*

51. Pointí teagmhála

Déanfar gach cumarsáid idir na pointí teagmhála ainmnithe i ngach tír trí chumarsáid ar an toirt, e.g. OLIS, agus pléifear leo i modh rúin.

52. Raon feidhme na bhfiosrúchán

- (a) Féadfaidh Rannpháirtí fiafraí de Rannpháirtí eile cad é an dearcadh atá aige maidir le tríú tír, institiúid i dtríú tír nó faoi mhodh ar leith chun gnó a dhéanamh.
- (b) Féadfaidh Rannpháirtí a mbeidh iarratas ar thacaíocht oifigiúil faighte aige fiosrú a chur chuig Rannpháirtí eile, agus féadfar a lua san fhiosrú sin na téarmaí creidmheasa is fabhraí agus na coinníollacha creidmheasa is fabhraí a mbeadh an Rannpháirtí fiafraitheach toilteanach tacaíocht a thabhairt dóibh.
- (c) Má dhéantar fiosrúchán do níos mó ná Rannpháirtí amháin, beidh liosta seolaithe ann.
- (d) Cuirfear cóip de na fiosrúcháin go léir chuig an Rúnaíocht.

53. Raon feidhme na bhfreagairtí

- (a) Tabharfaidh an Rannpháirtí a mbeidh an fiosrúchán dírithe chuige freagairt laistigh de sheacht lá féilire agus cuirfidh sé ar fáil an méid faisnéise agus is féidir. Áireofar sa fhreagra an léiriú is fearr a fhéadfaidh an Rannpháirtí a thabhairt den chinneadh is dócha a thógfaidh sé. Más gá sin, beidh an freagra á leanúint a luaithe is féidir. Cuirfear cóipeanna chuig seolaithe eile an fhiosrúcháin agus chuig an Rúnaíocht.
- (b) Más rud é, i gcás freagra ar fhiosrúchán, go n-éiríonn sé neamhbhailí ina dhiaidh sin ar chúis ar bith, de bhrí mar shampla:
- go ndearnadh iarratas, nó go ndearnadh é a athrú nó a tharraingt siar, nó
 - go bhfuil téarmaí eile á mbreithniú,

tabharfar freagra gan mhoill agus déanfar é a chur i gcóip chuig seolaithe eile an fhiosrúcháin agus chuig an Rúnaíocht.

54. Comhairliúcháin duine le duine

- (a) Aontóidh Rannpháirtí laistigh de 10 lá oibre le hiarrataí chun comhairliúcháin duine le duine a bheith ann.
- (b) Cuirfear iarrataí chun comhairliúcháin duine le duine a bheith ann ar fáil do Rannpháirtithe agus do Neamh-rannpháirtithe. Beidh na comhairliúcháin sin ann a luaithe is féidir tar éis don tréimhse 10 lá oibre dul in éag.
- (c) Déanfaidh Cathaoirleach na Rannpháirtithe comhordú leis an Rúnaíocht maidir le haon ghníomhaíocht leantach is gá, e.g. Líne Choiteann. Déanfaidh an Rúnaíocht an toradh an chomhairliúcháin a chur ar fáil go pras.

55. Nósanna imeachta agus formáid na línte coiteanna

- (a) Is chuig an Rúnaíocht amháin a bhíonn na tograí maidir le Líne Choiteann dírithe. Cuirfidh an Rúnaíocht togra maidir le Líne Choiteann chuig na Rannpháirtithe go léir, agus nuair a bhíonn cabhair cheangailte i gceist, chuig pointí teagmhála DAC go léir. Ní dhéanfar céannacht an tionscnóra ar Chlár na Líne Coitinne a nochtadh ar Chlár Fograí OLIS. Féadfaidh an Rúnaíocht, áfach, céannacht an tionscnóra a nochtadh ó bhéal do Rannpháirtí nó do chomhalta an DAC arna iarraidh sin dó. Coinneoidh an Rúnaíocht taifead de na hiarrataí sin.
- (b) Déanfar dáta ar an togra maidir le Líne Choiteann a dhátú agus is í an fhormaid seo a leanas a bheidh air:
- an uimhir thagartha, agus an “Líne Choiteann” ina diaidh,
 - ainm na tíre allmhairiúcháin agus an cheannaitheora,
 - ainm an tionscadail agus cur síos chomh beacht agus is féidir air chun an tionscadal a aithint go soiléir,
 - na téarmaí agus na coinníollacha dá bhforáiltear ag an tír thionscnaimh,
 - togra maidir le Líne Choiteann,
 - náisiúntacht agus ainmneacha tairgeoirí aitheanta,
 - dáta deiridh imthairisceana tráchtála agus airgeadais agus uimhir thairisceana a mhéid a bhfuil eolas ann fúithi,
 - faisnéis ábhartha eile, lena n-áirítear na cúiseanna chun an Líne Choiteann a mholadh, infhaighteacht na staidéar ar an tionscadal agus/nó na cúinsí speisialta.
- (c) Le togra maidir le Líne Choiteann a chuirtear ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 33(b)4, díreofar chuig an Rúnaíocht é agus déanfar é a chóipeáil chuig na Rannpháirtithe eile. Déanfaidh an Rannpháirtí a bhfuil togra maidir le Líne Choiteann á dhéanamh aige míniú iomlán a chur ar fáil faoi na cúiseanna a mheasann sé gur cheart aicmiú na tíre a bheith éagsúil leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 33(b).
- (d) Déanfaidh an Rúnaíocht na Línte Coiteanna ar aontaíodh orthu a chur ar fáil go poiblí.

56. Freagairtí ar thograí maidir le líne choiteann

- (a) Tabharfar freagraí laistigh de 20 lá féilire, cé go moltar do na Rannpháirtithe freagairt do thogra maidir le Líne Choiteann a thapúla is féidir.
- (b) D’fhéadfadh sé gurbh é a bheadh i bhfreagairt iarraidh ar fhaisnéis bhreise, glacadh, agus diúltú, togra chun modhnú a dhéanamh ar an Líne Choiteann nó togra malartach maidir leis an Líne Choiteann.
- (c) Maidir le Rannpháirtí a thugann le fios nach bhfuil aon seasamh á ghlacadh aige de bhrí nach ndeachaidh onnmhaireoir i dteagmháil leis, nó nach ndeachaidh na húdaráis sa tír fála i dteagmháil leis i gcás cabhair airgid a thabhairt don tionscadal, measfar go mbeidh an togra maidir le Líne Choiteann glactha aige.

57. Glacadh le línte coiteanna

- (a) Déanfaidh an Rúnaíocht, tar éis 20 lá féilire a beith caite, na Rannpháirtithe go léir a chur ar an eolas i dtaca le stádas an togra maidir le Líne Choiteann. Más rud é nach mbeidh an Líne Choiteann glactha ag na Rannpháirtithe go léir, ach nach mbeidh diúltaithe di ag aon Rannpháirtí, fágfar an togra ar oscailt ar feadh tréimhse breise d’ocht lá féilire.
- (b) Tar éis na tréimhse breise sin, maidir le Rannpháirtí nach mbeidh an togra maidir le Líne Choiteann diúltaithe go sainráite aige, measfar go bhfuil an Líne Choiteann glactha aige. Mar sin féin, féadfaidh Rannpháirtí, lena n-áirítear Rannpháirtí tionscnaimh, a chur de choinníoll maidir le glacadh leis an Líne Choiteann go nglacfaidh Rannpháirtí amháin nó níos mó go sainráite léi.

(c) Más rud é nach nglacfaidh Rannpháirtí le heilimint amháin nó níos mó den Líne Choiteann, glacfaidh sé go hintuigthe leis na heilimintí eile go léir den Líne Choiteann. Tuigtear go bhféadfadh sé go leanfadh de ghlacadh páirteach den sórt sin go n-athródh Rannpháirtithe eile a ndearcadh i leith Líne Coitinne a bheadh molta. Tá saoirse ag na Rannpháirtithe go léir na téarmaí agus na coinníollacha nach gcumhdaítear le Líne Choiteann a chomhoiriú.

(d) Féadfar Líne Choiteann nach mbeidh glactha a athbhreithniú agus úsáid á baint as na nósanna imeachta in Airteagal 55 agus in Airteagal 56. Sna cúinsí sin, níl na Rannpháirtithe faoi cheangal ag a gcinneadh bunaidh.

58. Easaontú faoi línte coiteanna

Más rud é nach bhféadfaidh an Rannpháirtí tionscnaimh agus an Rannpháirtí a mhol modhnú nó athrú aontú ar Líne Choiteann laistigh den tréimhse d'ocht lá féilire sa bhreis, féadfar an tréimhse sin a fhadú trína gcomhthoil. Cuirfidh an Rúnaíocht na Rannpháirtithe go léir ar an eolas faoi aon fhadú den sórt sin.

59. Dáta éifeachta líne coitinne

Cuirfidh an Rúnaíocht na Rannpháirtithe go léir ar an eolas go rachaidh an Líne Choiteann in éifeacht nó go mbeidh diúltaithe di; rachaidh an Líne Choiteann in éifeacht trí lá féilire tar éis an fógra sin a fháil. Cuirfidh an Rúnaíocht ar fáil ar OLIS taifead a bheidh á thabhairt cothrom le dáta ar shlí leanúnach maidir leis na Línte Coiteanna a bheidh aontaithe nó a mbeidh cinneadh aontaithe ina leith.

60. Bailíocht na línte coiteanna

(a) Maidir le Líne Choiteann, a luaithe a aontófar faoi, beidh sí bailí go ceann tréimhse dhá bhliain ón dáta a rachaidh sí in éifeacht, mura rud é go gcuirtear an Rúnaíocht ar an eolas nach díol suime feasta í, agus go nglacann na Rannpháirtithe go léir leis sin. Beidh Líne Choiteann bailí i gcónaí ar feadh tréimhse dhá bhliain bhreise má fhéachann Rannpháirtí le fadú a fháil laistigh de 14 lá féilire ón dáta éaga bunaidh. Féadfar aontú ar fhaduithe ina dhiaidh sin a bheidh ann tríd an nós imeachta céanna. Is bailí a bheidh Líne Choiteann arna aontú i gcomhréir le hAirteagal 33(b)(4) go dtí go mbeidh sonraí an Bhainc Dhomhanda don bhliain dár gcionn ar fáil.

(b) Déanfaidh an Rúnaíocht faireachán ar stádas na Línte Coiteanna agus cuirfidh sí na Rannpháirtithe ar an eolas dá réir sin, trí chothabháil a dhéanamh ar an liostáil "Stádas na Línte Coiteanna Bailí" ar OLIS. Dá réir sin, déanfaidh an Rúnaíocht, *inter alia*, an méid seo a leanas:

— Línte Coiteanna breise a chur isteach nuair a bheidh siad sin glactha ag na Rannpháirtithe,

— an dáta éaga a thabhairt cothrom le dáta nuair a iarrfaidh an Rannpháirtí fad a chur leis,

— Línte Coiteanna atá imithe in éag a scriosadh,

— liosta de na Línte Coiteanna atá ceaptha dul in éag an chéad ráithe eile a eisiúint go ráithiúil.

Roinn 6: Forálacha oibríochta maidir le rátaí íosta úis (cIRRanna) a chur in iúl

61. Rátaí íosta úis a chur in iúl

(a) Maidir leis na CIRRanna do na hairgeadraí a chinntear i gcomhréir le forálacha Airteagal 20, cuirfear ar aghaidh trí chumarsáid ar an toirt iad chuig an Rúnaíocht ar a laghad uair sa mhí chun iad a dháileadh ar na Rannpháirtithe go léir.

(b) Sroichfidh an fógra sin an Rúnaíocht tráth nach déanaí ná cúig lá tar éis dheireadh gach míosa a chumhdaítear leis an bhfaisnéis seo. Cuirfidh an Rúnaíocht na Rannpháirtithe go léir ar an eolas láithreach faoi na rátaí infheidhme agus cuirfidh sé ar fáil go poiblí iad.

62. Dáta éifeachta do chur i bhfeidhm rátaí úis

Rachaidh aon athruithe ar na CIRRanna in éifeacht ar an 15ú lá tar éis dheireadh gach míosa.

63. Athruithe láithreacha i rátaí úis

Nuair a cheanglófar le forbairtí an mhargaidh fógra de leasú ar CIRR a thabhairt le linn míosa, cuirfear an ráta leasaithe i bhfeidhm 10 lá tar éis fógra an leasaithe sin a bheith faighte ag an Rúnaíocht.

Roinn 7: Athbhreithnithe

64. Athbhreithniú rialta ar an socrú

- (a) Déanfaidh na Rannpháirtithe athbhreithniú ar fheidhmiú an tSocraithe go tráthrialta. San athbhreithniú, déanfaidh na Rannpháirtithe scrúdú, *inter alia*, ar nósanna imeachta maidir le fógra a thabhairt, cur chun feidhme agus oibriú chóras DDR, na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le cabhair cheangailte, ceisteanna maidir le comhoiriúnú, ceangaltais roimh ré agus na féidearthachtaí maidir le rannpháirtíocht níos leithne sa Socrú.
- (b) Is ar fhaisnéis ar thaithí na Rannpháirtithe a bhunófar an t-athbhreithniú seo agus ar a moltaí chun feabhas a chur ar oibriú agus ar éifeachtacht an tSocraithe. Cuirfidh na Rannpháirtithe cuspóirí an tSocraithe san áireamh mar aon leis an staid eacnamaíoch agus airgeadais atá ann. Maidir leis an bhfaisnéis agus na moltaí is mian leis na Rannpháirtithe a chur ar aghaidh don athbhreithniú seo, sroichfidh siad an Rúnaíocht tráth nach déanaí ná 45 lá féilire roimh dháta an athbhreithnithe.

65. Athbhreithniú ar rátaí íosta úis

- (a) Déanfaidh na Rannpháirtithe an córas chun CIRRanna a leagan síos a athbhreithniú go tráthrialta d'fhonn a áirithiú go léiríonn na rátaí fógartha coinníollacha reatha an mhargaidh agus go bhfuil na haidhmeanna is bun leis na rátaí atá i bhfeidhm á gcomhlíonadh acu. Leis na hathbhreithnithe sin freisin cumhdófar an corrlach a bheidh le cur isteach nuair a chuirfear na rátaí sin i bhfeidhm.
- (b) Féadfáidh Rannpháirtí iarraidh réasúnaithe a chur faoi bhráid Chathaoirleach na Rannpháirtithe chun athbhreithniú urghnách a bheith ann sa chás go measann an Rannpháirtí sin nach léiríonn an CIRR d'airgeadra amháin nó níos mó coinníollacha reatha an mhargaidh a thuilleadh.

66. Athbhreithniú ar phréimhrátaí íosta agus saincheisteanna gaolmhara

Déanfaidh na Rannpháirtithe faireachán agus athbhreithniú ar na gnéithe go léir de na rialacha préimhe agus de na nósanna imeachta préimhe. Áireofar air sin:

- (a) an mhodheolaíocht do Shamhail Mheasúnaithe Riosca Tíre chun a bailíocht a athbhreithniú i bhfianaise na taithí;
- (b) na Préimhrátaí Íosta don tír agus an riosca creidmheasa flaithiúnais chun iad a choigeartú thar thréimse ama d'fhonn a áirithiú gur tomhais bheacht ar riosca iad i gcónaí, agus na trí PFTanna á gcur san áireamh: an sreabhadh airgid thirim agus modhanna cur chuige na bhfabhruithe agus, i gcás inarb iomchuí, táscairí an mhargaidh phríobháidigh;
- (c) na hidirdhealuithe sna MPRanna a chuireann san áireamh cáilíocht éagsúil táirgí creidmheasa onnmhairiúcháin agus céatadán an chumhdaigh a chuirtear ar fáil; agus
- (d) corpas na taithí a bhaineann le maolú riosca agus/nó eisiamh riosca a úsáid faoi mar a leagtar amach in Airteagal 28 é agus bailíocht leanúnach agus iomchuibheas na dTosca sonracha incheadaithe um Maolú/Eisiamh Riosca. Chun cúnaimh a thabhairt don athbhreithniú, cuirfidh an Rúnaíocht tuarascálacha ar fáil maidir leis na fógraí go léir.

IARSCRÍBHINN I

TUISCINT EARNÁLA MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN DO LONGA

CAIBIDIL I

RAON FEIDHME NA TUISCEANA EARNÁLA

1. Rannpháirtíocht

Is iad seo na rannpháirtithe don Tuiscint Earnála: an Astráil, an tAontas Eorpach, an tSeapáin, an Chóiré agus an Iorua.

2. Raon feidhme an chur i bhfeidhm

Maidir leis an Tuiscint Earnála seo, lena gcomhlántar an Socrú, leagtar amach inti treoirlínte sonracha do chreidmheasanna onnmhairiúcháin a bhfuil tacaíocht oifigiúil á fáil acu agus a bhaineann le conarthaí onnmhairiúcháin de na nithe seo a leanas:

- (a) aon árchach farraige 100 gt agus níos mó a úsáidtear chun earraí nó daoine a iompar, nó maidir le seirbhís speisialaithe a chur i gcrích (mar shampla, árthaí iascaireachta, longa monarchana éisc, bristeoirí oighir agus dreidírí, a léiríonn ar shlí bhuan trína ngluaiseacht agus trína dtreo (stiúradh) tréithe go léir na hinseoltachta ar an bhfarraige mhór), tugaí 365 kW nó níos mó agus cabhlacha long neamhchríochnaithe ach atá ar snámh agus atá soghluaiste. Ní chumhdaítear árthaí míleata leis an Tuiscint Earnála. Ní chumhdaítear leis an Tuiscint Earnála dugáí snámha agus aonaid shoghluaiste amach ón gcósta, ach dá dtarlódh fadhbanna maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin do na struchtúir sin, féadfaidh na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála (dá ngairfear na "Rannpháirtithe" anseo feasta) tar éis iarrataí réasúnaíthe ó aon Rannpháirtí a bheith breithnithe acu, a chinneadh go mbeidh siad cumhdaithe;
- (b) aon athchóiriú ar long. Ciallaíonn athchóiriú loinge aon athchóiriú ar árthaí farraige de bhreis ar 1 000 gt ar choinníoll nach mbeidh athruithe radacacha ar phlean an lastais, ar an gcabhail ná ar an gcóras tiomána i gceist leis na hoibríochtaí athchóirithe;
- (c) (1) cé nach n-áirítear árthaí de chineál árthaí foluaineacha sa Tuiscint Earnála, ceadaítear do Rannpháirtithe creidmheasanna onnmhairiúcháin a dheonú d'árthaí foluaineacha ar choinníollacha coibhéiseacha leis na coinníollacha atá i réim sa Tuiscint Earnála. Bíonn siad tiomanta an fhéidearthacht seo a chur i bhfeidhm go measartha agus gan na coinníollacha creidmheasa sin a dheonú d'árthaí foluaineacha i gcásanna ina suítear nach bhfuil aon iomaíocht á tairscint faoi choinníollacha na Tuisceana Earnála;
- (2) sa Tuiscint Earnála, déantar an téarma "árthach foluaineach" a shainiú mar a leanas: feithicil amfaibiach de 100 tonna ar a laghad atá le tacú go hiomlán le haer arna sceitheadh ón bhfeithicil, aer lena bhfoirmítear líonadh atá laistigh de sciorta solúbtha thart timpeall ar chiumhais na feithicle agus an talamh nó an dromchla uisce faoin bhfeithicil, agus a bhfuil ar a cumas a bheith tiomáinte nó á rialú ag aerscríonna nó duchtaithe ó fheananna nó ó fheistí comhchosúla;
- (3) tuigtear maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin a dheonú ag coinníollacha atá coibhéiseach leis na coinníollacha atá san Earnáil Tuisceana seo, gur cheart é a theorannú go dtí na háirthe foluaineacha sin atá in úsáid ar bhealaí muirí agus ar bhealaí neamh-thalún, cés moite de shaoráidí críochfoirt a shroicheadh arb aon chiliméadar is fad uasta dóibh ón uisce.

CAIBIDIL II

FORÁLACHA DO CHREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN AGUS DO CHABHAIR CHEANGAILTE

3. Téarma uasta aisíocaíochta

Is é an téarma uasta aisíocaíochta tar éis seachadta ná 12 bhliain, agus é sin beag beann ar aicmiú tíre.

4. Íocaíocht in airgead tirim

Beidh sé de cheangal go dtabharfaí do na Rannpháirtithe íocaíocht íosta de 20 faoin gcéad in airgead tirim de phraghas an chonartha faoin seachadadh.

5. Aisíoc an bhunairgid

Íocfar an bhunsum den chreidmheas onnmhairiúcháin i dtráthchodanna comhionanna tráthrialta sé mhí de ghnáth agus 12 mhí ar a mhéad.

6. Préimh íosta

Ní chuirfear forálacha an tSocráithe maidir leis na tagarmharcanna íosta préimhe i bhfeidhm go dtí go ndéanfaidh na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála seo na forálacha sin a athbheithniú tuilleadh.

7. Cabhair

Ní mór d'aon Rannpháirtí ar mian leis cabhair a chur ar fáil, i dteannta fhorálacha an tSocráithe, a dhearbhu nach mbeidh an long á hoibriú faoi chlárú oscailte le linn an téarma aisíocaíochta agus go mbeidh an dearbhú iomchuí faighte go bhfuil cónaí ar an úinéir deiridh sa tír ghlactha, nach fochuideachta neamhoibriochtúil é de leas eachtrach agus nár ghlac sé air féin gan an long a dhíol gan formheas a fháil óna rialtas.

CAIBIDIL III

NÓSANNA IMEACHTA

8. Fógra a thabhairt

Chun críche trédhearcachta, déanfaidh gach Rannpháirtí, de bhreis ar fhorálacha an tSocráithe agus Chóras Tuairiscithe Creidmheasaí IBRD/Aontas Bheirn/ECFE, faisnéis a chur ar fáil go bliantúil ar a chóras maidir le tacaíocht oifigiúil a chur ar fáil agus maidir leis an gcaoi a ndéanfar an Tuiscint Earnála seo, lena n-áirítear na scéimeanna atá i bhfeidhm, a chur chun feidhme.

9. Athbhreithniú

- (a) Déanfar an Tuiscint Earnála a athbhreithniú go bliantúil nó arna iarraidh sin ag aon Rannpháirtí i gcomhthéacs Mheitheal an ECFE sa longthógáil, agus déanfar tuarascáil do na Rannpháirtithe sa Socrú.
- (b) D'fhonn comhchuibheas agus comhsheasmhacht idir an Socrú agus an Tuiscint Earnála a éascú agus cineál thionscal na longthógála á chur san áireamh, rachaidh na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála seo agus sa Socrú i gcomhairle lena chéile agus déanfaidh siad comhordú de réir mar is iomchuí.
- (c) Ar chinneadh a bheith déanta ag na Rannpháirtithe sa Socrú an Socrú a athrú, déanfaidh na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála seo (na Rannpháirtithe) an cinneadh sin a scrúdú agus a ábharthacht don Tuiscint Earnála seo a bhreithniú. Go dtí go ndéanfar an breithniú sin, ní bheidh feidhm ag na leasuithe a ghabhann leis an Socrú don Tuiscint Earnála seo. Sa chás go bhféadfaidh na Rannpháirtithe glacadh leis na leasuithe a ghabhann leis an Socrú, déanfaidh siad é sin a thuairisciú i scríbhinn do na Rannpháirtithe sa Socrú. Sa chás nach féidir leis na Rannpháirtithe glacadh leis na leasuithe a ghabhann leis an Socrú a mhéid a bhaineann lena gcur i bhfeidhm sa longthógáil, cuirfidh siad na Rannpháirtithe don Socrú ar an eolas faoina n-agóidí agus rachaidh siad i mbun comhairliúcháin d'fhonn féachaint le réiteach a fháil ar na saincheisteanna. Sa chás nach bhféadfar teacht ar aon socrú idir an dá ghrúpa, is ag tuairimí na Rannpháirtithe, maidir leis an bhfeidhm a bheidh ag na leasuithe don longthógáil, a bheidh an forlámhas.
- (d) Tar éis don "Socrú lena nUrramaítear Gnáthchoinníollacha Iomaíochta i dTionscal na Longthógála Tráchtála agus Desiúcháin" a theacht i bhfeidhm, scoirfidh an Tuiscint Earnála seo d'fheidhm a bheith aici do na Rannpháirtithe sin atá ceangailte go dlíthiúil Tuiscint Earnála maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin do Longa 1994 [C/WP6(94)6] a chur i bhfeidhm. Féachfaidh na Rannpháirtithe sin le hathbhreithniú láithreach a dhéanamh chun Tuiscint 1994 a bheith i gcomhréir leis an Tuiscint Earnála seo.

*Ceangaltán***TIOMANTAIS DON OBAIR A BHEIDH ANN AMACH ANSEO**

I dteannta na hOibre a bheidh ann Amach Anseo maidir leis an Socrú, aontaíonn na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála seo an méid seo a leanas:

- (a) liosta léiritheach a chur le chéile de chineálacha long a mheastar i gcoitinne nach bhfuil inmharthana ó thaobh na tráchtála de, agus na disciplíní i ndáil le cabhair cheangailte a leagtar amach sa Socrú á gcur san áireamh;
 - (b) forálacha an tSocraithe i ndáil leis na tagarmharcanna íosta préimhe a athbhreithniú d'fhonn iad a ionchorprú sa Tuiscint Earnála seo;
 - (c) plé a dhéanamh, faoi réir na bhforbairtí i gcaibidlí ábhartha idirnáisiúnta, maidir le cur isteach disciplíní eile i ndáil le rátaí íosta úis, lena n-áirítear CIRR speisialta agus rátaí comhlúthacha;
 - (d) Infheidhmeacht na dtráthchodanna bliantúla maidir le haisíoc an bhunairgid a phlé.
-

IARSCRÍBHINN II

TUISCINT EARNÁLA MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN DO GHLÉASRA CUMHACHTA NÚICLÉICHE

CAIBIDIL I

RAON FEIDHME NA TUISCEANA EARNÁLA

1. Raon feidhme an chur i bhfeidhm

- (a) Maidir leis an Tuiscint Earnála seo, lena gcomhlántar an Socrú:
- leagtar amach inti na treoirlínte speisialta is infheidhme maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil atá gaolmhar le conarthaí chun onnmhairiú a dhéanamh ar stáisiúin chumhachta núicléiche iomlána, nó codanna díobh, agus cuimsítear leis an méid sin gach comhchuid, trealamh, ábhar agus seirbhís, lena n-áirítear oiliúint don phearsanra, a bhíonn riachtanach go díreach chun stáisiúin chumhachta núicléiche den sórt sin a thógáil agus a choimisiúint. Leagtar amach ann freisin na téarmaí is infheidhme maidir le tacú le breosla núicléach,
 - níl sí infheidhme maidir le nithe a mbíonn an ceannaitheoir freagrach astu de ghnáth, go háirithe costais a bhaineann le forbairt talún, bóithre, sráidbhailte foirgníochta, línte cumhachta, lasc-chlós agus soláthar uisce, chomh maith le costais a eascraíonn as nósanna imeachta um fhaomhadh oifigiúil (e.g. ceadanna láithreáin, ceadanna um luchtú breosla) i dtír an cheannaitheora, ach amháin:
 - i gcásanna inarb ionann ceannaitheoir an lasc-chlóis agus ceannaitheoir an ghléasra cumhachta, agus go dtugtar an Conradh i gcrích i ndáil leis an lasc-chlós bunaidh don ghléasra cumhachta sin, beidh an téarma uasta aisíocaíochta agus na rátaí fosta úis don lasc-chlós bunaidh mar a chéile leis an téarma don ghléasra cumhachta núicléiche (i.e. 15 bliana agus na SCIRRanna),
 - ní bhaineann an méid sin le fostáisiúin, claochladáin agus línte tarchuir.
 - (b) Tá feidhm ag an Tuiscint Earnála seo maidir le nuachóiriú gléasra cumhachta núicléiche atá cheana ann nuair is 80 milliún SDR (Catagóir X), nó os a chionn, luach an nuachóirithe agus nuair is dóichí go bhféadfaí ré eacnamaíoch an ghléasra a fhadú 15 bliana ar a laghad. Mura gcomhlíontar ceachtar den dá chritéar sin, beidh feidhm ag téarmaí an tSocraithe.
 - (c) Is iad téarmaí an tSocraithe, seachas téarmaí na Tuisceana Earnála, a bheidh infheidhme maidir le tacaíocht oifigiúil a thugtar chun gléasra cumhachta núicléiche a dhíchoimisiúint. Is é an sainmhíniú atá ar dhíchoimisiúint, an gléasra cumhachta núicléiche a dhúnadh síos nó a bhaint ó chéile. Leis na nósanna imeachta um Líne Choiteann a leagtar síos in Airteagal 55 go hAirteagal 60 den Socrú, is féidir na téarmaí aisíocaíochta a shrianadh nó a fhadú.

2. Athbhreithniú

Déanfaidh na Rannpháirtithe athbhreithniú go rialta ar fhorálacha na Tuisceana Earnála.

CAIBIDIL II

FORÁLACHA MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN AGUS MAIDIR LE CABHAIR CHEANGAILTE

3. Téarma uasta aisíocaíochta

Cúig bliana déag an téarma uasta aisíocaíochta, beag beann ar aicmiú tíre.

4. Aisíocaíocht an bhunairgid agus íocaíocht an úis

- (a) Déanfar bunsum chreidmheas onnmhairiúcháin a aisíoc ina tráthchodanna cothroma.
- (b) Déanfar an bunairgead a aisíoc agus déanfar an t-ús a íoc ar a laghad gach sé mhí agus déanfar an chéad tráthchuid den bhunairgead agus ús tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa.
- (c) Maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin a sholáthraítear mar thacaíocht d'idirbhearta léasa, féadfar aisíocaíochtaí comhionanna den bhunairgead agus den ús in éineacht a chur i bhfeidhm in ionad aisíocaíochtaí comhionanna den bhunairgead amháil a leagtar amach i mír (a).

5. Rátaí fosta úis

- (a) Maidir le Rannpháirtí a sholáthraíonn tacaíocht oifigiúil airgeadais trí mhaoiniú díreach, athmhaoiniú nó tacaíocht ráta úis, déanfaidh sé rátaí fosta úis a chur i bhfeidhm; déanfaidh an Rannpháirtí an Ráta Speisialta Tagartha don Ús Tráchtála (SCIRR) ábhartha a chur i bhfeidhm. Más rud é go mbíonn an ceangaltas socraithe SCIRR teoranta ar dtús do thréimhse uasta nach mó ná 15 bliana ag tosú ar an dáta ar dámhadh an conradh, beidh aon tacaíocht oifigiúil don thréimhse atá fanta den iasacht teoranta freisin do ráthaíochtaí nó do thacaíocht ráta úis ag an SCIRR ábhartha a bheidh i réim tráth an tar-rollta.

(b) I gcás ina soláthraítear tacaíocht oifigiúil maoinithe don trealamh le haghaidh páirtisoláthair gléasra cumhachta núicléiche, agus nach bhfuil freagracht ar bith ar an soláthróir i leith an choimisiúnaithe, is é an SCIRR i gcomhréir le hAirteagal 6 den Tuiscint Earnála seo a bheidh sa ráta íosta úis. Mar rogha air sin, féadfaidh an Rannpháirtí an CIRR ábhartha a thairiscint i gcomhréir le hAirteagal 20 den Socrú, ar an gcoinníoll nach mó ná 10 mbliana an tréimhse uasta ón dáta ar dámhadh an conradh go dtí dáta na haisíocaíochta deiridh.

6. Déanamh na scirrana

Déanfar SCIRRanna a shocrú ag corrlach seasta de 75 bonnphointe os cionn an CIRR don airgeadra i dtrácht, ach amháin i gcás an CIRR do Yen na Seapáine, lena socrófar an corrlach ag 40 bonnphointe. Maidir leis na hairgeadraí sin a bhfuil níos mó ná ráta amháin CIRR acu, i gcomhréir leis an gcéad fhleasc d'Airteagal 20(a) den Socrú, is é an CIRR ag a bhfuil an téarma is faide a úsáidfear chun an SCIRR a dhéanamh.

7. Costais áitiúla agus caipitliú an úis

Níl feidhm ag forálacha Airteagal 10(d) den Socrú sa chás go soláthraítear tacaíocht oifigiúil maoinithe bunaithe ar an SCIRR. Maidir leis an tacaíocht oifigiúil maoinithe ag rátaí eile seachas na SCIRRanna do na costais áitiúla agus do chaipitliú an úis a fhabhraítear roimh an túsphointe, arna dtógáil le chéile, ní chluódóidh sí méid is mó ná 15 faoin gcéad den luach onnmhairiúcháin.

8. Tacaíocht oifigiúil do bhreosla núicléach

(a) Ní rachaidh an téarma uasta aisíocaíochta don chéad lucht breosla thar ceithre bliana ó thráth a sheachadta. Maidir le Rannpháirtí a sholáthraíonn tacaíocht oifigiúil maoinithe don chéad lucht breosla, déanfaidh sé rátaí íosta úis a chur i bhfeidhm; déanfaidh an Rannpháirtí an CIRR ábhartha a chur i bhfeidhm. Maidir leis an gcéad lucht breosla, ní bheidh níos mó ann ná lán an chroileacáin núicléach a suiteáladh ar dtús, móide dhá athluchtú ina dhiaidh sin, arb éard a bheidh iontu sin le chéile méid suas go dtí dhá thrian de lán an chroileacáin núicléach.

(b) Is é an téarma uasta aisíocaíochta d'athluchtaí breosla núicléach ina dhiaidh sin ná sé mhí. Más rud é, i gcúinsí eisceachtúla, go meastar gurb iomchuí téarmaí níos faide a bheith ann, ach gan na téarmaí sin dul thar dhá bhliain in aon chás, beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 44 den Socrú. Maidir leis an Rannpháirtí a sholáthraíonn tacaíocht oifigiúil maoinithe don athluchtú breosla núicléach ina dhiaidh sin, déanfaidh sé rátaí íosta úis a chur i bhfeidhm; déanfaidh an Rannpháirtí an CIRR ábhartha a chur i bhfeidhm.

(c) Maidir le tacaíocht oifigiúil i dtaca le soláthar ar leithligh a dhéanamh ar Sheirbhísí Saibhriúcháin Úráiniam, ní sholáthrófar í ar théarmaí atá níos fabhraí ná na téarmaí sin is infheidhme maidir le breosla núicléach.

(d) Íocfar as athphróiseáil agus bainistiú breosla spíonta (lena n-áirítear diúscairt dramhaíola) ar bhonn airgid thirim.

(e) Ní dhéanfaidh na Rannpháirtithe breosla núicléach ná seirbhísí gaolmhara a sholáthar saor in aisce.

9. Cabhair

Ní sholáthróidh na Rannpháirtithe tacaíocht chabhrach, mura rud é gur i bhfoirm deontais neamhcheangailte a bheidh an tacaíocht sin.

CAIBIDIL III

Nósanna imeachta

10. Comhairliúchán roimh ré

Á aithint do na Rannpháirtithe na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann dá mbainfí amach dearcadh coiteann i dtaca le téarmaí i gcás gléasra cumhachta núicléiche, comhaontaíonn siad dul i mbun comhairliúcháin roimh ré sna cásanna go léir ina bhfuil sé ar intinn tacaíocht oifigiúil a sholáthar.

11. Fógra roimh ré

(a) Déanfaidh an Rannpháirtí a thionscnaíonn comhairliúchán roimh ré fógra a thabhairt do na Rannpháirtithe eile go léir 10 lá oibre, ar a laghad, sula nglacfaidh sé an cinneadh críochnaitheach faoi na téarmaí a bhfuil sé ar intinn aige tacú leo i gcomhréir le hIarscríbhinn V den Socrú.

(b) Ní ghlacfaidh na Rannpháirtithe eile cinneadh críochnaitheach faoi na téarmaí lena dtacóidh siad i rith na tréimhse 10 lá oibre a shonraítear i bhfomhír (a) thuas, ach déanfaidh siad, laistigh de chúig lá, faisnéis a mhalartú leis na Rannpháirtithe eile go léir sa chomhairliúchán maidir leis na téarmaí creidmheasa is iomchuí don idirbheart agus é mar chuspóir acu dearcadh coiteann a bhaint amach ar na téarmaí sin.

(c) Mura mbaintear dearcadh coiteann amach ar an dóigh sin laistigh den tréimhse 10 lá tar éis an fógra tosaigh a fháil, déanfar an cinneadh críochnaitheach a bheidh glactha ag gach aon Rannpháirtí sa chomhairliúchán a chur siar ar feadh 10 lá oibre eile, agus i rith na tréimhse sin déanfar iarrachtaí breise i gcomhairliúchán duine le duine chun teacht ar dhearcadh coiteann.

IARSCRÍBHINN III

TUISCINT EARNÁLA MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN d'AERÁRTHAÍ SIBHIALTA

CUID 1

MÓR-AERÁRTHAÍ AGUS INNILL d'AERÁRTHAÍ DEN SÓRT SIN

CAIBIDIL I

RAON FEIDHME

1. Foirm agus raon feidhme an chur i bhFeidhm

- (a) Maidir le Cuid 1 den Tuisicint Earnála, lena gcomhlántar an Socrú, leagtar amach inti treoirínte sonracha is infheidhme maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil a bhaineann le díol nó léasú mór-aerárthaí sibhialta nua, atá liostaithe i bhFoscscríbhinn I, mar aon le hinnill a shuiteáiltear in aerárthaí den sórt sin. Is éard is aerárthach nua ann ná aerárthach faoi úinéireacht an mhonaróra, i.e. aerárthach nach bhfuil seachadta nó nár úsáideadh roimhe sin chun na críche atá ceaptha di, eadhon paisinéir táille-íocaíochta agus/nó lastas a iompar. Ní chuirfeadh sé seo bac ar Rannpháirtí tacaíocht a thabhairt do théarmaí is iomchuí d'aerárthaí nua maidir le hidirbhearta a bhfuil socruithe eastramhacha maoinithe tráchtála leagtha síos dóibh mar gheall gur cuireadh moill ar sholáthar na tacaíochta oifigiúla, agus go bhfuil a fhios ag an Rannpháirtí é seo roimh ré. I gcásanna den sórt sin, bheadh an téarma aisíocaíochta, lena n-áirítear "túsphointe an chreidmheasa" agus "dáta na haisíocaíochta deiridh", mar a chéile agus faoi mar a bheadh sé dá mba rud é go mbeadh tacaíocht oifigiúil á tabhairt maidir le díol nó léasú an aerárthaigh, amhail ón dáta ar seachadadh an t-aerárthach i dtús báire.
- (b) Tá téarmaí Chaibidil I infheidhme freisin maidir le hinnill agus páirteanna spártha nuair a bhreathnaítear orthu mar chuid d'ordú bunaidh an aerárthaigh, faoi réir fhorálacha Airteagal 33 de Chuid 3 den Tuisicint Earnála seo. Ní bhaineann an méid sin le hionsamhlóirí eitilte, atá faoi réir théarmaí an tSocraithe.

2. Cuspóir

Is é an cuspóir atá leis an gCuid seo den Tuisicint Earnála ná cothromaíocht chomhchuibhithe a bhunú lena ndéanfar sna margaí go léir:

- coinníollacha maoinithe iomaíochta idir na Rannpháirtithe a thabhairt cothrom lena chéile,
- maoiniú a neodrú i measc na Rannpháirtithe, rud a bheadh ina thoisc sa rogha a dhéanfaí idir aerárthaí iomaíochta, agus
- saobhadh ar iomaíocht a sheachaint.

CAIBIDIL II

FORÁLACHA MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN AGUS MAIDIR LE CABHAIR

3. Éarlais

- (a) Éileoidh na Rannpháirtithe éarlais íosta de 15 faoin gcéad de phraghas iomlán an aerárthaigh, lena n-áirítear an praghas ar chabhail an eitleáin agus ar aon innill atá suiteáilte móide na hinnill spártha agus na páirteanna spártha a mhéid a dtagraítear dóibh in Airteagal 33 de Chuid 3 den Tuisicint Earnála seo.
- (b) Is i bhfoirm árachais agus ráthaíochtaí, i.e. cumhdach foirfe, in aghaidh na ngnáthrioscaí réamhchreidmheasa, agus san fhoirm sin amháin, a fhéadfaidh an tacaíocht oifigiúil d'éarlais den sórt sin a bheith.

4. Téarma uasta aisíocaíochta

Dhá bhliain déag an téarma uasta aisíocaíochta.

5. Airgeadraí incháilithe

Is iad Dollar na Stát Aontaithe, an Euro agus Punt na Ríochta Aontaithe na hairgeadraí atá incháilithe maidir le tacaíocht oifigiúil maoinithe.

6. Aisíoc an bhunairgid

- (a) Déanfar bunsuim chreidmheas onnmhairiúcháin a aisíoc de ghnáth i dtráthchodanna combhionanna agus rialta ar a laghad gach sé mhí agus déanfar an chéad tráthchuid tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis túsphointe an chreidmheasa. I gcás léasanna, féadfar an phróifíl aisíocaíochta sin a chur i bhfeidhm maidir leis an mbunairgead amháin nó maidir leis an mbunairgead agus ús in éineacht.

(b) Déanfaidh Rannpháirtí a bhfuil sé ar intinn aige tacú le haisíocaíocht an bhunairgid ar théarmaí atá éagsúil ó na téarmaí a leagtar síos i mír (a) na nithe seo a leanas a chomhlíonadh:

(1) ní rachaidh aon aisíocaíocht shingil nó aon sraith d'íocaíochtaí laistigh de thréimhse sé mhí thar 25 faoin gcéad den bhunsum is iníochta i rith an téarma aisíocaíochta;

(2) tabharfaidh an Rannpháirtí fógra roimh ré.

7. Íocaíocht an úis

(a) De ghnáth, ní dhéanfar ús a chaipitliú i rith na tréimhse aisíocaíochta.

(b) Beidh an t-ús in-aisíochta ar a laghad gach sé mhí agus déanfar an chéad íocaíocht úis tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

(c) Tabharfaidh Rannpháirtí a bhfuil sé ar intinn aige tacú le híocaíocht an úis ar théarmaí atá éagsúil ó na téarmaí sin a leagtar síos i mír (a) agus i mír (b) fógra roimh ré.

8. Rátaí íosta úis

(a) Maidir leis na Rannpháirtithe a sholáthraíonn tacaíocht oifigiúil maoinithe, nach rachaidh thar 85 faoin gcéad de phraghas iomlán an aerárthaigh dá dtagraítear i bhfomhír (a) d'Airteagal 3 den Tuiscint Earnála seo, déanfaidh siad rátaí íosta úis a chur i bhfeidhm, ar rátaí iad a fhéadfaidh a bheith suas go dtí uasmhéid de 62,5 faoin gcéad de phraghas iomlán an aerárthaigh ar an dóigh seo a leanas:

— ar théarmaí aisíocaíochta suas go dtí 10 mbliana, agus 10 mbliana san áireamh – TB10 + 120 bonnphointe,

— ar théarmaí aisíocaíochta os cionn 10 mbliana go dtí 12 bhliain – TB10 + 175 bonnphointe,

— áit arb ionann brí do TB10 agus toradh bannaí rialtais 10 mbliana don airgeadra ábhartha (seachas an Euro) ag aibíocht sheasmhach meánaithe don dá sheachtain féilire roimhe sin. I gcás an Euro, is ionann brí do TB10 agus toradh aibíocht 10 mbliana chuar toraidh an Euro, arna ríomh ag Eurostat chun CIRR an Euro a leagan síos, meánaithe don dá sheachtain féilire roimhe sin. Déanfar corrlach mar atá sonraithe thuas a chur i bhfeidhm maidir leis na hairgeadraí go léir.

(b) Déanfar an céatadán uasta de phraghas iomlán an aerárthaigh a fhéadfar a mhaoiniú ag na rátaí íosta úis seasta a shonraítear i bhfomhír (a) thuas a theorannú go dtí 62,5 faoin gcéad nuair a dhéantar aisíocaíocht na hiasachta a leathadh amach thar ré iomlán an mhaoinithe agus go dtí 42,5 faoin gcéad nuair a dhéantar aisíocaíocht na hiasachta a leathadh amach thar na haibíochtaí deiridh. Tá de shaorthoil ag na Rannpháirtithe ceachtar den dá chur chuige aisíocaíochta a úsáid, faoi réir na huasteorann is infheidhme don phatrún sin. Tabharfaidh Rannpháirtí a thairgeann tráinse den sórt sin fógra do na Rannpháirtithe eile faoin méid, faoin ráta úis, faoin dáta ar a bhfuil an ráta úis socraithe, faoin tréimhse bhailíochta don ráta úis agus faoin bpatrún aisíocaíochta. Déanfaidh na Rannpháirtithe athbhreithniú ar an dá uasteorainn nuair a dhéantar gach athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 17 den Tuiscint Earnála seo lena scrúdú an bhfuil buntáistí breise ag gabháil le huasteorainn amháin le hais an chinn eile agus é mar chuspóir an ceann is mó buntáiste a choigeartú ionas go mbeidh cothromaíocht níos fearr ann.

(c) Faoi réir na tairisí 85 faoin gcéad atá sonraithe i bhfomhír (a) thuas:

(1) féadfaidh na Rannpháirtithe tacaíocht oifigiúil maoinithe breise a sholáthar ar shlí a bheidh inchurtha leis an tslí a soláthraíonn an Chorpáraid Phríobháideach um Maoiniú Onnmhairiúcháin (PEFCO) í. Maidir le tairiscintí conartha agus forthairiscintí, déanfar faisnéis choicísíúil ar chostais iasachtaíochta PEFCO agus na rátaí iasachtaithe is infheidhme, eisiata ó tháillí ráthaíochta oifigiúla, i dtaca le maoiniú ráta seasta don íocaíocht amach láithreach ar shraith dátaí éagsúla a chur in iúl do na Rannpháirtithe eile ar bhonn rialta. Tabharfaidh Rannpháirtí a thairgeann tráinse den sórt sin fógra do na Rannpháirtithe eile faoin méid, faoin ráta úis, faoin dáta ar a bhfuil an ráta úis socraithe, faoin tréimhse bailíochta don ráta úis agus faoin bpatrún aisíocaíochtaí. Maidir le haon Rannpháirtí a dhéanann maoiniú den sórt sin arna thairiscint ag Rannpháirtí eile a chomhoiriúnú, déanfaidh sé é a chomhoiriúnú i dtaca leis na téarmaí agus na coinníollacha go léir atá ann, cé is moite de thréimhse bhailíochta na dtairiscintí ceangaltas a leagtar síos in Airteagal 8 den Tuiscint Earnála seo;

(2) déanfaidh na Rannpháirtithe go léir na rátaí sin, arna bhfógairt amhlaidh, a chur i bhfeidhm a fhad agus nach dtéann an ráta úis don íocaíocht amach 24 mhí thar 225 bonnphointe os cionn an TB10. Sa chás go dtéann an ráta 24 mhí thar 225 bonnphointe, beidh saorchead ag na Rannpháirtithe an ráta 225 bonnphointe a chur i bhfeidhm maidir leis an íocaíocht amach 24 mhí, maille leis na rátaí comhfhreagracha go léir, agus rachaidh siad i mbun comhairliúcháin láithreach le stíil agus réiteach buan a aimsiú.

(d) Maidir leis na rátaí íosta úis, tá an phréimh árachais creidmheasa agus na táillí ráthaíochta san áireamh iontu. Níl na táillí ceangaltas agus bainistíochta, áfach, san áireamh sa ráta úis.

9. *Coigerartuithe ar an ráta úis*

Déanfar na rátaí íosta úis a leagtar amach in Airteagal 8 den Tuiscint Earnála seo a athbhreithniú gach dhá sheachtain. Má bhíonn 10 mbonnphointe nó níos mó de dhifríocht i meán an toraidh bannaí rialtais don airgeadra ábhartha ag aibíocht leanúnach faoi dheireadh aon tréimhse dhá sheachtain, déanfar na rátaí íosta úis sin a choigeartú leis an difríocht chéanna bonnphointí a shonraítear thuas agus déanfar an ráta athríofa a shlánú go dtí na cúig bhonnphointe is gaire.

10. *Tréimhse bailíochta do chreidmheasanna onnmhairiúcháin/do thairiscintí ráta úis*

Ní rachaidh fad na dtairiscintí íosta ráta úis a shocrófar i gcomhréir le hAirteagal 8 den Tuiscint Earnála seo thar thrí mhí.

11. *Tairiscintí rátaí úis a chinneadh agus rátaí úis a roghnú*

(a) Féadfaidh na Rannpháirtithe tacaíocht oifigiúil maoinithe i gcomhréir le hAirteagal 8 agus le hAirteagal 9 den Tuiscint Earnála seo a sholáthar ag ráta úis a mbeidh feidhm leis ar an dáta a ndearnadh an tairiscint ráta úis maidir le haerárthach ábhartha, ar an gcoinníoll go nglacfaí leis an tairiscint laistigh den tréimhse bailíochta i gcomhréir le hAirteagal 10 den Tuiscint Earnála seo. Mura nglactar amhlaidh leis an tairiscint ráta úis, féadfar tairiscintí ráta úis eile a dhéanamh aon tráth go dtí an dáta a seachadfar an t-aerárthach ábhartha, ach gan é a bheith níos déanaí ná an dáta sin.

(b) Féadfar glacadh leis an tairiscint ráta úis agus féadfar an ráta úis a roghnú am ar bith idir an uair a síníodh an Conradh agus an dáta ar seachadadh an t-aerárthach ábhartha. Beidh an ráta a roghnóidh an t-iasachtaí neamh-inchúlghairthe.

12. *Tacaíocht de chineál cumhdaigh fhoirfe*

Féadfaidh na Rannpháirtithe tacaíocht oifigiúil a sholáthar trí bhíthin ráthaíochta nó árachais amháin, i.e. cumhdach foirfe, faoi réir na tairsí 85 faoin gcéad a shonraítear in Airteagal 8(a) den Tuiscint Earnála seo. Tabharfaidh aon Rannpháirtí a sholáthraíonn tacaíocht den sórt sin fógra do na Rannpháirtithe eile faoin méid, faoin téarma, faoin airgeadra, faoin bpatrún aisíocaíochtaí agus faoi rátaí úis.

13. *Pointe tagartha iomaíochta*

Sa chás gur ann d'iomaíocht arna tacú go hoifigiúil, féadfar i gcás aerárthaí atá ar liosta na mór-aerárthaí sibhialta i bhFoscábhinn I den Tuiscint Earnála seo, agus atá in iomaíocht le haerárthaí eile, go dtairbheoidís de na téarmaí agus na coinníollacha creidmheasa céanna ina leith.

14. *Urrús don riosca aisíocaíochta*

Féadfaidh na Rannpháirtithe urrús a chinneadh, ar urrús é a mheasann siad a bheith inghlactha chun urrú a dhéanamh ar an riosca aisíocaíochta agus gan orthu dul i gcomhairle leis na Rannpháirtithe eile. Comhaontaíonn siad, áfach, mionsonraí an urrúis sin a sholáthar má iarrann na Rannpháirtithe eile é, nó nuair a mheastar gur iomchuí é sin a dhéanamh.

15. *Athruithe múnla*

Sa chás go mbíonn tairiscint ráta úis seasta déanta nó tugtha i gcrích i dtaca le cineál amháin aerárthaigh, comhaontaíonn na Rannpháirtithe nach bhféadfar na téarmaí atá sa tairiscint sin a aistriú chuig cineál eile aerárthaigh a bhfuil ainmníocht múnla dhifriúil air.

16. *Léasanna*

Féadfaidh na Rannpháirtithe, faoi réir théarmaí eile Chuid I den Tuiscint Earnála seo, tacaíocht a sholáthar maidir le léas maoinithe ar an mbonn céanna le Conradh díolacháin.

17. *Cabhair*

Ní sholáthróidh na Rannpháirtithe tacaíocht chabhrach, mura rud é gur i bhfoirm deontais neamhcheangailte a bheidh an tacaíocht sin. Breithneoidh na Rannpháirtithe go báúil, áfach, aon iarrataí ar Líne Choiteann maidir le cabhair cheangailte chun críche daonchairdiúla.

CAIBIDIL III

NÓSANNA IMEACHTA

18. *Fógra roimh ré, comhoiriúnú agus malartú faisnéise*

I dtaca leis na nósanna imeachta maidir le fógra roimh ré, comhoiriúnú agus malartú faisnéise a leagtar amach sa Socrú, tá feidhm acu maidir leis an gCuid seo den Tuiscint Earnála. Chomh maith leis sin, féadfaidh na Rannpháirtithe a iarraidh go ndéanfaí comhairliúchán má tá aon chúis acu lena chreidiúint go bhfuil creidmheas arna thacú go hoifigiúil á thairiscint ag Rannpháirtí eile i dtaca le téarmaí agus coinníollacha nach bhfuil ag luí leis an Tuiscint Earnála. Déanfar an comhairliúchán laistigh de 10 lá, ach taobh amuigh de sin leanfar na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 54 den Socrú.

19. *Athbhreithniú*

Déanfaidh na Rannpháirtithe athbhreithniú go rialta ar nósanna imeachta agus forálacha na Tuisceana Earnála seo lena dtabhairt níos gaire do choinníollacha an mhargaidh. Má thagann athrú as cuimse ar choinníollacha an mhargaidh nó ar ghnáthchleachtais maoinithe, áfach, féadfar athbhreithniú a iarraidh tráth ar bith.

CUID 2

NA hAERÁRTHAÍ NUA GO LÉIR, SEACHAS MÓR-AERÁRTHAÍ

CAIBIDIL IV

RAON FEIDHME20. *Foirm agus raon feidhme an chur i bhFeidhm*

Maidir le Cuid 2 den Tuiscint Earnála, lena gcomhlántar an Socrú, leagtar amach inti treoirlínte sonracha is infheidhme maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil i ndáil le díol agus léasú aerárthaí nua, nach gcuimsítear le Cuid 1 den Tuiscint Earnála seo. Ní bhaineann an méid sin le háirtheáirí foluaineacha ná le hionsamhlóirí eitle, atá faoi réir théarmaí an tSocraithe.

21. *Lándícheall*

Le forálacha na Caibidle seo, cuirtear in iúl na téarmaí is flaitiúla a fhéadfaidh Rannpháirtithe a thairiscint agus tacaíocht oifigiúil á soláthar acu. Beidh urraim i gcónaí ag na Rannpháirtithe, áfach, do ghnáth-théarmaí an mhargaidh maidir le cineálacha éagsúla aerárthaí agus déanfaidh siad gach a bhfuil ar a gcumas lena chinntiú nach mbaintear an bonn de na téarmaí sin.

22. *Catagóirí aerárthaí*

Tá na catagóirí aerárthaí seo a leanas comhaontaithe ag na Rannpháirtithe:

- Catagóir A: aerárthaí faoi chumhacht tuirbín, lena n-áirítear héilecaptair, (e.g. aerárthaí turbascairde, turbailiáin agus trubaghaothráin) ina mbíonn idir 30 agus 70 suíochán de ghnáth,
- Catagóir B: aerárthaí eile faoi chumhacht tuirbín, lena n-áirítear héilecaptair,
- Catagóir C: aerárthaí eile, lena n-áirítear héilecaptair.

Tá liosta léiritheach de na haerárthaí atá i gCatagóir A agus i gCatagóir B le fáil i bhFoscábhinn I.

CAIBIDIL V

FORÁLACHA MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN AGUS MAIDIR LE CABHAIR23. *Téarma uasta aisíocaíochta*

Athraíonn an téarma uasta aisíocaíochta de réir aicmiú chatagóirí na n-aerárthaí, rud a chinnfear de réir na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 22 den Tuiscint Earnála seo.

- (a) Maidir le haerárthaí de Chatagóir A, 10 mbliana an téarma uasta aisíocaíochta.
- (b) Maidir le haerárthaí de Chatagóir B, seacht mbliana an téarma uasta aisíocaíochta.
- (c) Maidir le haerárthaí de Chatagóir C, cúig bliana an téarma uasta aisíocaíochta.

24. *Aisíoc an bhunairgid*

(a) Déanfar bunsum chreidmheas onnmhairiúcháin a aisíoc de ghnáth i dtráthchodanna comhionanna agus rialta gach sé mhí, ar a laghad, agus déanfar an chéad tráthchuid tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa. I gcás léasanna, féadfar an phróifíl aisíocaíochta sin a chur i bhfeidhm maidir leis an mbunairgead amháin nó maidir leis an mbunairgead agus ús in éineacht.

(b) Déanfaidh Rannpháirtí a bhfuil sé ar intinn aige tacú le haisíocaíocht an bhunairgid ar théarmaí atá éagsúil ó na téarmaí a leagtar síos i mír (a) na nithe seo a leanas a chomhlíonadh:

- (1) ní rachaidh aon aisíocaíocht shingil nó aon sraith d'íocaíochtaí laistigh de thréimhse sé mhí thar 25 faoin gcéad den bhunsum is iníochta i rith an téarma aisíocaíochta;
- (2) tabharfaidh an Rannpháirtí fógra roimh ré.

25. *Íocaíocht an úis*

- (a) De ghnáth, ní dhéanfar ús a chaipitliú i rith na tréimhse aisíocaíochta.
- (b) Beidh an t-ús in-aisíochta ná gach sé mhí, ar a laghad, agus déanfar an chéad íocaíocht úis ag tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa.
- (c) Tabharfaidh Rannpháirtí a bhfuil sé ar intinn aige tacú le híocaíocht an úis ar théarmaí atá éagsúil ó na téarmaí sin a leagtar síos i mír (a) agus i mír (b) fógra roimh ré.
- (d) Eisiatar ón ús:
 - (1) aon íocaíocht a dhéantar trí phréimh nó muirear eile chun creidmheasanna soláthróra nó creidmheasanna airgeadais a árachú nó a ráthú. Sa chás go dtugtar tacaíocht oifigiúil trí bhíthin creidmheasanna díreacha/maoiniú díreach nó athmhaoiniú, féadfar an phréimh a chur le haghaidhluach an ráta úis nó féadfaidh sí a bheith ina muirear ar leithligh; beidh an dá chomhchuid sin le cur in iúl ar leithligh do na Rannpháirtithe;
 - (2) aon íocaíocht eile a dhéantar trí tháillí nó coimisiúin baincéireachta a bhaineann leis an gcreidmheas onnmhairiúcháin, taobh amuigh de mhuirir bhliantúla nó leathbhliantúla bainc is iníochta i rith na tréimhse aisíocaíochta; agus
 - (3) cánacha siarchoinneálacha arna bhforchur ag an tír allmhairiúcháin.

26. *Rátaí íosta úis*

Maidir leis na Rannpháirtithe a sholáthraíonn tacaíocht oifigiúil maoinithe, déanfaidh siad rátaí íosta úis a chur i bhfeidhm; déanfaidh an Rannpháirtí an CIRR ábhartha a leagtar amach in Airteagal 20 den Socrú a chur i bhfeidhm.

27. *Préimh árachais agus táillí ráthaíochta*

Ní dhéanfaidh na Rannpháirtithe préimh árachais nó táillí ráthaíochta a tharscaoileadh go páirteach ná ina n-iomláine.

28. *Cabhair*

Ní sholáthróidh na Rannpháirtithe tacaíocht chabhrach, mura rud é gur i bhfoirm deontais neamhcheangailte a bheidh an tacaíocht sin. Breithneoidh na Rannpháirtithe go báúil, áfach, aon iarrataí ar Líne Choiteann maidir le cabhair cheangailte chun críche daonchairdiúla.

CAIBIDIL VI

NÓSANNA IMEACHTA

29. *Fógra roimh ré, comhoiriúnú agus malartú faisnéise*

Sa chás gur ann d'íomaíocht arna tacú go hoifigiúil maidir le díol nó léasú, féadfar i gcás aerárthaí a bhíonn in íomaíocht le haerárthaí ó chatagóir eile nó le haerárthaí a chuimsítear i gCodanna eile den Tuiscint Earnála, i ndáil leis an díol nó léasú sainiúil sin, go dtairbheoidís de na téarmaí agus na coinníollacha creidmheasa céanna agus a dhéantar leis na haerárthaí eile sin. Maidir leis na nósanna imeachta maidir le fógra roimh ré, comhoiriúnú agus malartú faisnéise a leagtar amach sa Socrú, tá feidhm acu maidir leis an gCuid seo den Tuiscint Earnála. Chomh maith leis sin, féadfaidh na Rannpháirtithe a iarraidh go ndéanfaí comhairliúchán má tá aon chúis acu lena chreidiúint go bhfuil creidmheas arna thacú go hoifigiúil á thairiscint ag Rannpháirtí eile i dtaca le téarmaí nach bhfuil ag lú leis an Tuiscint Earnála. Déanfar an comhairliúchán laistigh de 10 lá, ach taobh amuigh de sin leanfar na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 54 den Socrú.

30. *Athbhreithniú*

Déanfaidh na Rannpháirtithe athbhreithniú go rialta ar nósanna imeachta agus forálacha na Tuisceana Earnála seo lena dtabhairt níos gaire do choinníollacha an mhargaidh. Má thagann athrú as cuimse ar choinníollacha an mhargaidh nó ar ghnáthchleachtais maoinithe, áfach, féadfar athbhreithniú a iarraidh tráth ar bith.

CUID 3

AERÁRTHAÍ ATHLÁIMHE, INNILL SPÁRTHA, PÁIRTEANNA SPÁRTHA, CONARTHAÍ COTHABHÁLA AGUS SEIRBHÍSE

CAIBIDIL VII

RAON FEIDHME

31. *Foirm agus raon feidhme an chur i bhFeidhm*

Maidir le Cuid 3 den Tuiscint Earnála, lena gcomhlántar an Socrú, leagtar amach inti treoirínte sonracha is infheidhme maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil a bhaineann le díol nó léasú aerárthaí athláimhe; agus maidir le hinnill spártha, páirteanna spártha agus conarthaí cothabhála agus seirbhíse d'aerárthaí nua agus d'aerárthaí athláimhe ar aon. Níl feidhm ag an gcuid sin le háiríochtaí foluaineacha ná le hionsamhlóirí eitilte, atá faoi réir théarmaí an tSocráithe. Tá feidhm ag na forálacha ábhartha de Chuid 1 agus de Chuid 2 den Tuiscint Earnála seo, ach amháin sna cásanna seo a leanas.

32. *Aerárthaí athlámhe*

Ní thacóidh na Rannpháirtithe le téarmaí creidmheasa atá níos fabhraí ná na téarmaí sin a leagtar amach sa Tuiscint Earnála d'aerárthaí nua. Tá feidhm ag na rialacha seo a leanas go saineúil maidir le haerárthaí athlámhe.

| (a) | Aois an Aerárthaigh (blianta) | | Gnáth-Théarmaí Uasta Aisíocaíochta | | |
|-------------|-------------------------------|---------------|------------------------------------|------------|------------|
| | | Mór-Aerárthaí | Catagóir A | Catagóir B | Catagóir C |
| 1 | 10 | 8 | 6 | 5 | |
| 2 | 9 | 7 | 6 | 5 | |
| 3 | 8 | 6 | 5 | 4 | |
| 4 | 7 | 6 | 5 | 4 | |
| 5-10 | 6 | 6 | 5 | 4 | |
| Os cionn 10 | 5 | 5 | 4 | 3 | |

Déanfar na téarmaí seo a athbhreithniú má athraítear an téarma uasta aisíocaíochta le haghaidh aerárthaí nua.

- (b) Cuirfidh na Rannpháirtithe i bhfeidhm na forálacha a leagtar amach in Airteagal 24 agus in Airteagal 25 den Tuiscint Earnála seo.
- (c) Maidir leis na Rannpháirtithe a sholáthraíonn tacaíocht oifigiúil maoinithe, déanfaidh siad rátaí íosta úis a chur i bhfeidhm; déanfaidh an Rannpháirtí an CIRR ábhartha a leagtar amach in Airteagal 20 den Socrú a chur i bhfeidhm.

33. *Innill spártha agus páirteanna spártha*

- (a) Féadfar an maoiniú do na hítimí sin, nuair a bhreathnaítear orthu mar chuid d'ordú bunaidh an aerárthaigh, a dhéanamh ar na téarmaí céanna atá ann don aerárthach. I gcásanna den sórt sin, áfach, cuirfidh na Rannpháirtithe san áireamh freisin cé chomh mór atá an fhliú de gach cineál aerárthaigh, lena n-áirítear aerárthaí atá á bhfáil, aerárthaí atá faoi réir ordaithe dhocht nó aerárthaí atá faoi úinéireacht cheana féin, bunaithe ar na nithe seo a leanas:

— maidir leis an gcéad chúig aerárthach den chineál sa fhliú: 15 faoin gcéad de phraghas an aerárthaigh, i.e. praghas chabhail an eitleáin móide na hinnill atá suiteáilte, agus

— maidir leis an séú aerárthach den chineál sa fhliú, agus na haerárthaí ina dhiaidh sin: 10 faoin gcéad de phraghas an aerárthaigh, i.e. praghas chabhail an eitleáin móide na hinnill atá suiteáilte.

- (b) Sa chás nach n-ordaítear na hítimí sin in éineacht leis an aerárthach, cúig bliana a bheidh sa téarma uasta aisíocaíochta maidir le hinnill spártha nua agus dhá bhliain a bheidh sa téarma uasta aisíocaíochta maidir le páirteanna spártha eile.

- (c) D'ainneoin fhomhír (b) thuas maidir le hinnill spártha nua do mhór-aerárthaí, féadfaidh na Rannpháirtithe suas go dtí trí bliana eile a chur leis an téarma uasta aisíocaíochta de chúig bliana

— sa chás go bhfuil luach íosta conarthach de níos mó ná USD 20 milliún ag roinnt leis an idirbheart, nó

— go n-áirítear cheithre inneall spártha nua, ar a laghad, ann.

Déanfar an luach conarthach a athbhreithniú gach dhá bhliain agus déanfar é a choigeartú de réir an ardaithe i bpraghas.

- (d) Tá an ceart ar coimeád ag na Rannpháirtithe a gcleachtas a athrú agus é a chomhoiriú le cleachtais na Rannpháirtithe iomaíocha a fhad agus a bhaineann le tráthú na chéad aisíocaíochta den bhunairgead i ndáil le hinnill spártha agus páirteanna spártha.

34. *Conarthaí cothabhála agus seirbhíse*

Féadfaidh na Rannpháirtithe tacaíocht oifigiúil maoinithe a thairiscint maidir le téarma aisíocaíochta de suas go dtí dhá bhliain i dtaca le conarthaí cothabhála agus seirbhíse.

CAIBIDIL VIII

NÓSANNA IMEACHTA

35. *Fógra roimh ré, comhoiriúnú agus malartú faisnéise*

Maidir leis na nósanna imeachta maidir le fógra roimh ré, comhoiriúnú agus malartú faisnéise a leagtar amach sa Socrú, tá feidhm acu maidir leis an gCuid seo den Tuiscint Earnála. Chomh maith leis sin, féadfaidh na Rannpháirtithe a iarraidh go ndéanfaí comhairliúchán má tá aon chúis acu lena chreidiúint go bhfuil creidmheas arna thacú go hoifigiúil á thairiscint ag Rannpháirtí eile i dtaca le téarmaí nach bhfuil ag luí leis an Tuiscint Earnála. Déanfar an comhairliúchán laistigh de 10 lá, ach taobh amuigh de sin leanfar na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 54 den Socrú.

36. *Athbhreithniú*

Déanfaidh na Rannpháirtithe athbhreithniú go rialta ar nósanna imeachta agus forálacha na Tuisceana Earnála seo lena dtabhairt níos gaire do choinníollacha an mhargaidh. Má thagann athrú as cuimse ar choinníollacha an mhargaidh nó ar ghnáthchleachtais maoinithe, áfach, féadfar athbhreithniú a iarraidh tráth ar bith.

Foscábhinn I

LIOSTA LÉIRITHEACH

Beidh gach cineál aerárthaigh chomhchosúil eile a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo cuimsithe ag an Tuiscint Earnála seo agus cuirfear leis an liosta iomchuí iad in am trátha. Ní liostaí uileghabhálacha iad na liostaí seo agus ní ann dóibh ach amháin chun léiriú a thabhairt ar an gcineál aerárthaigh a bheidh le cur sna catagóirí éagsúla sa chás go bhféadfadh amhras a bheith ann ina thaobh.

MÓR-AERÁRTHAÍ SIBHIALTA

| Monaróir | Ainmníocht |
|-------------------|--------------|
| Airbus | A 300 |
| Airbus | A 310 |
| Airbus | A 318 |
| Airbus | A 319 |
| Airbus | A 320 |
| Airbus | A 321 |
| Airbus | A 330 |
| Airbus | A 340 |
| Boeing | B 737 |
| Boeing | B 747 |
| Boeing | B 757 |
| Boeing | B 767 |
| Boeing | B 777 |
| Boeing | B 707, 727 |
| British Aerospace | RJ70 |
| British Aerospace | RJ85 |
| British Aerospace | RJ100 |
| British Aerospace | RJ115 |
| British Aerospace | BAe146 |
| Fairchild Dornier | 728 Jet |
| Fairchild Dornier | 928 Jet |
| Fokker | F 70 |
| Fokker | F 100 |
| Lockheed | L-100 |
| McDonnell Douglas | sraith MD-80 |
| McDonnell Douglas | sraith MD-90 |
| McDonnell Douglas | MD-11 |
| McDonnell Douglas | DC-10 |
| McDonnell Douglas | DC-9 |
| Lockheed | L-1011 |
| Ramaero | 1.11-495 |

AERÁRTHAÍ DE CHATAGÓIR A

Aerárthaí faoi chumhacht tuirbín – lena n-áirítear héileacaptair (e.g. aerárthaí turbascairde, turbailiáin agus trub-
aghaothráin), ina mbíonn idir 30 agus 70 suíochán de ghnáth. Más rud é go bhforbraítear mór-aerárthach nua faoi
chumhacht tuirbín ina bhfuil os cionn 70 suíochán, déanfar comhairliúcháin a thionól láithreach, má iarrtar sin, d'fhonn a
chomhaontú an t-aerárthach sin a aicmiú sa chatagóir seo nó i gCuid 1 den Tuiscint i bhfianaise na staide iomaíochais.

| Monaróir | Ainmníocht |
|------------------------|------------------|
| Aeritalia | G 222 |
| Aeritalia/Aerospatiale | ATR 42 |
| Aeritalia/Aerospatiale | ATR 72 |
| Aerospatiale/MBB | C160 Transall |
| De Havilland | Dash 8 |
| De Havilland | Dash 8 - 100 |
| De Havilland | Dash 8 - 200 |
| De Havilland | Dash 8 - 300 |
| Boeing Vertol | 234 Chinook |
| Broman (U.S.) | BR 2000 |
| British Aerospace | BAe ATP |
| British Aerospace | BAe 748 |
| British Aerospace | BAe Jetstream 41 |
| British Aerospace | BAe Jetstream 61 |
| Canadair | CL 215T |
| Canadair | CL 415 |
| Canadair | RJ |
| Casa | CN235 |
| Dornier | DO 328 |
| EH Industries | EH-101 |
| Embraer | EMB 120 Brasilia |
| Embraer | EMB 145 |
| Fairchild Dornier | 528 Jet |
| Fairchild Dornier | 328 Jet |
| Fokker | F 50 |
| Fokker | F 27 |
| Fokker | F 28 |
| Gulfstream America | Gulfstream I-4 |
| LET | 610 |
| Saab | SF 340 |
| Saab | 2000 |
| Short | SD 3-30 |
| Short | SD 3-60 |
| Short | Sherpa |

AERÁRTHAÍ DE CHATAGÓIR B

Aerárthaí eile faoi chumhacht tuirbín, lena n-áirítear héileacaptair.

| | |
|--|--|
| Monaróir | Ainmníocht |
| Aerospatiale | AS 332 |
| Agusta | A 109, A 119 |
| Beech | 1900 |
| Beech | Super King Air 300 |
| Beech | Starship 1 |
| Bell Helicopter | 206B |
| Bell Helicopter | 206L |
| Bell Helicopter | 212 |
| Bell Helicopter | 230 |
| Bell Helicopter | 412 |
| Bell Helicopter | 430 |
| Bell Helicopter | 214 |
| Bombardier/Canadair | Global Express |
| British Aerospace | BAe Jetstream 31 |
| British Aerospace | BAe 125 |
| British Aerospace | BAe 1000 |
| British Aerospace | BAe Jetstream Super 31 |
| Beech Aircraft Corpn d/b/a Raytheon Aircraft Co. | Hawker 1000 |
| Beech Aircraft Corpn d/b/a Raytheon Aircraft Co. | Hawker 800 |
| Beech Aircraft Corpn d/b/a Raytheon Aircraft Co. | King Air 350 |
| Beech Aircraft Corpn d/b/a Raytheon Aircraft Co. | sraith Beechjet 400 |
| Beech Aircraft Corpn d/b/a Raytheon Aircraft Co. | Starship 2000A |
| Bell | B 407 |
| Canadair | Challenger 601-3A |
| Canadair | Challenger 601-3R |
| Canadair | Challenger 604 |
| Casa | C 212-200 |
| Casa | C 212-300 |
| Cessna | Citation |
| Cessna | 441 Conquest III agus sraith Caravan 208 |
| Claudius Dornier | CD2 |
| Dassault Breguet | Falcon |
| Dornier | DO 228-200 |
| Embraer | EMB 110 P2 |
| Embraer/FAMA | CBA 123 |
| Eurocopter | AS 350, AS 355, EC 120, AS 365, EC 135 |

| | |
|-----------------------------|----------------------------------|
| Monaróir | Ainmníocht |
| Eurocopter | B0105LS |
| Fairchild | Merlin/300 |
| Fairchild | Metro 25 |
| Fairchild | Metro III V |
| Fairchild | Metro III |
| Fairchild | Metro III A |
| Fairchild | Merlin IVC-41 |
| Gulfstream America | Gulfstream II, III, IV agus V |
| IAI | Astra SP agus SPX |
| IAI | Arava 101 B |
| Learjet | sraitheanna 31A, 35A, 45 agus 60 |
| MBB | BK 117 C |
| MBB | BO 105 CBS |
| McDonnell Helicopter System | MD 902, MD 520, MD 600 |
| Mitsubishi | Mu2 Marquise |
| Piaggio | P 180 |
| Pilatus Britten-Norman | BN2T Islander |
| Piper | 400 LS |
| Piper | T 1040 |
| Piper | PA-42-100 (Cheyenne 400) |
| Piper | PA-42-720 (Cheyenne III A) |
| Piper | Cheyenne II |
| Reims | Cessna-Caravan II |
| SIAI-Marchetti | SF 600 Canguro |
| Short | Tucano |
| Westland | W30 |

IARSCRÍBHINN IV

TUISCINT EARNÁLA MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN DO THIONSCADAIL SNA RÉIMÍSÍ UM FHUINNEAMH INATHNUAITE AGUS ACMHAINNÍ UISCE, ATÁ I bhFEIDHM AR FEADH TRÉIMHSE TRIALAÍ GO DTÍ AN 30 MEITHEAMH 2007

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

1. Raon feidhme an chur i bhfeidhm

Maidir leis an Tuiscint Earnála seo, lena gcomhlántar an Socrú, leagtar amach inti téarmaí agus coinníollacha airgeadais a bhféadfadh feidhm a bheith acu maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus a bhaineann le conarthaí onnmhairiúcháin le haghaidh tionscadail sna réimsí um fhuinneamh inathnuaithe agus acmhainní uisce; tá raon feidhme na n-earnálacha incháilithe leagtha amach i bhFoscríbhinn 1.

CAIBIDIL II

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA AIRGEADAIS MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN

2. Téarmaí uasta aisíocaíochta

Cúig bliana déag an téarma uasta aisíocaíochta, beag beann ar aicmiú tíre, amhail a leagtar amach in Airteagal 11 den Socrú.

3. Aisíocaíocht an bhunairgid agus íocaíocht an úis

- (a) Déanfar bunsuim chreidmheas onnmhairiúcháin a aisíoc ina tráthchodanna cothroma.
- (b) Déanfar an bunairgead a aisíoc agus déanfar an t-ús a íoc ar a laghad gach sé mhí agus déanfar an chéad tráthchuid den bhunairgead agus ús tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa.
- (c) Maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin a sholáthraítear mar thacaíocht d'idirbhearta léasa, féadfar aisíocaíochtaí comhionanna den bhunairgead agus den ús in éineacht a chur i bhfeidhm in ionad aisíocaíochtaí comhionanna den bhunairgead amhail a leagtar amach i mír (a).

4. Rátaí íosta úis seasta faoin tacaíocht oifigiúil maoinithe

Maidir le Rannpháirtí a sholáthraíonn tacaíocht oifigiúil maoinithe trí mhaoiniú díreach, athmhaoiniú nó tacaíocht ráta úis, déanfaidh sé na rátaí íosta úis seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- (a) maidir le téarma aisíocaíochta suas go dtí 12 bhliain, agus 12 bhliain san áireamh, déanfaidh an Rannpháirtí an Ráta Tagartha don Ús Tráchtála (CIRR) ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 20 den Chomhaontú, a chur i bhfeidhm;
- (b) maidir le téarma aisíocaíochta is mó na 12 bhliain agus suas go dtí 14 bliana, agus 14 bliana san áireamh, beidh feidhm ag formhuirear de 20 bonnphointe os cionn an CIRR maidir leis na hairgeadraí go léir;
- (c) maidir le téarma aisíocaíochta is mó ná 14 bliana, beidh feidhm ag an Ráta Tagartha Speisialta don Ús Tráchtála (SCIRR) i gcomhréir le hAirteagal 5 den Tuiscint Earnála maidir leis na hairgeadraí go léir.

5. Déanamh na SCIRRanna

Déanfar SCIRRanna a shocrú ag corrlach seasta de 75 bhonnphointe os cionn an CIRR don airgeadra i dtrácht, ach amháin i gcás an CIRR do Yen na Seapáine, lena socrófar an corrlach ag 40 bonnphointe. Maidir leis na hairgeadraí sin a bhfuil níos mó ná ráta amháin CIRR acu, i gcomhréir leis an gcéad fhleasc d'Airteagal 20(a) den Socrú, is é an CIRR ag a bhfuil an téarma is faide a úsáidfear chun an SCIRR a dhéanamh.

CAIBIDIL III

NÓSANNA IMEACHTA

6. Fógra roimh ré d'uireasa aon phlé

Déanfaidh Rannpháirtí fógra a thabhairt do na Rannpháirtithe eile go léir 10 lá oibre, ar a laghad, sula n-eiseoidh sé aon cheagaltas atá cuimsithe le raon feidhme na Tuisceana Earnála seo i gcomhréir le hIarscríbhinn V den Socrú.

CAIBIDIL IV

ATHBHREITHNIÚ

7. Tréimhse trialach agus faireachán

- (a) Beidh feidhm ag na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais a leagtar amach sa Tuiscint Earnála seo ar feadh Tréimhse Trialaí de dhá bhliain i.e. ón 1 Iúil 2005 go dtí an 30 Meitheamh 2007. I rith na tréimhse trialaí dhá bhliain sin, déanfaidh na Rannpháirtithe athbhreithniú ar oibríocht na Tuisceana Earnála seo d'fhonn breithniú a dhéanamh ar an taithí a bheidh faighte.
- (b) Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais seo a scor ag deireadh na Tréimhse Trialaí mura rud é go gcomhaontaíonn na Rannpháirtithe ar cheann díobh seo a leanas:
- leanúint den Tréimhse Trialach, maille le haon fheabhsuithe/modhnuithe is gá, nó
 - na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais a thabhairt isteach sa Socrú, maille le haon fheabhsuithe/modhnuithe is gá.
- (c) Tuairisceoidh an Rúnaíocht ar chur chun feidhme na dtéarmaí agus na gcoinníollacha airgeadais seo.
-

Foscrlbhinn 1

EARNÁLACHA INCHÁILITHE

Beidh na hearnálacha seo a leanas sna réimsí um fhuinneamh inathnuaite agus acmhainní uisce incháilithe do na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais a leagtar síos sa Tuiscint Earnála seo ón 1 Iúil 2005, ar an gcoinníoll go mbreathnaítear dá dtionchar i gcomhréir le Moladh 2003 an ECFE maidir le Bealaí cur chuige Coiteanna i leith an Chomhshaoil agus i leith Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil ⁽¹⁾ (arna leasú ina dhiaidh sin ag Comhaltaí Mheitheal an ECFE um Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin agus um Ráthaíocht Creidmheasa (ECG) agus arna chomhaontú ag Comhairle an ECFE):

- (a) fuinneamh gaoithe;
- (b) fuinneamh geoiteirmeach;
- (c) cumhacht taoide agus srutha taoide;
- (d) cumhacht na dtonnta;
- (e) cumhacht ghrianfhótavoltach;
- (f) grianfhuinneamh teirmeach;
- (g) aigéanfhuinneamh teirmeach;
- (h) bithfhuinneamh: gach bithmhais inbhuanaithe, gás líonadh talún, suiteálacha fuinnimh a úsáideann gás ó ghléasra cóireála séarachais agus suiteálacha fuinnimh a úsáideann bithghás. Ciallóidh “bithmhais” an cion in-bhithdhíghrádaithe de tháirgí, de dhramháil agus d’iarmhair ón talmhaíocht (lena n-áirítear substaintí glasraíocha agus ainmhíocha), ón bhforaoiseacht agus ó thionscail ghaolmhara, chomh maith leis an gcion in-bhithdhíghrádaithe de dhramháil tionsclaíochta agus uirbeach;
- (i) tionscadail a bhaineann le huisce a sholáthar lena úsáid ag an duine agus saoráidí cóireála dramhuisce:
 - an bonneagar chun uisce óil a sholáthar chuig teaghaisí, i.e. íonghlánadh an uisce chun uisce óil a fháil agus an gréasán dáileacháin (lena n-áirítear rialú ar sceitheadh),
 - bailiú dramhuisce agus saoráidí cóireála, i.e. dramhuisce agus séarachas ó theaghaisí agus ó thionscail a bhailiú agus a chóireáil, lena n-áirítear próisis chun uisce a athúsáid nó a athchúrsáil agus cóireáil ar an sloda a bhfuil baint dhíreach aige leis na gníomhaíochtaí sin;
- (j) hidreachumhacht.

⁽¹⁾ Tuigtear go bhfuil feidhm ag Moladh an ECFE chomh maith céanna maidir le tionscadail nach bhfuil incháilithe do na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais seo.

IARSCRÍBHINN V

FAISNÉIS ATÁ LE SOLÁTHAR LE hAGHAIDH FÓGRAÍ

Déanfar an fhaisnéis atá liostaithe i Roinn I thíos a sholáthar le haghaidh na bhfógraí go léir a dhéantar faoin Socrú (lena n-áirítear na hIarscríbhinní a ghabhann leis). Sa bhreis air sin, déanfar an fhaisnéis a shonraítear i Roinn II a sholáthar, de réir mar is iomchuí, maidir leis an gcineál sainiúil fógra atá á dhéanamh.

I. FAISNÉIS ATÁ LE SOLÁTHAR LE hAGHAIDH NA bhFÓGRAÍ GO LÉIR

(a) Faisnéis bhunúsach

1. An tír a dhéanann an fógra
2. An dáta a ndéantar an fógra
3. Ainm an údaráis/na gníomhaireachta a dhéanann an fógra
4. Uimhir thagartha
5. An fógra bunaidh nó athbhreithniú ar fhógra roimhe sin (an uimhir athbhreithnithe de réir mar is ábhartha)
6. Uimhir an tráinse (más ábhartha)
7. Uimhir thagartha na líne creidmheasa (más ábhartha)
8. Airteagal/Airteagail an tSocraithe faoina bhfuil an fógra á dhéanamh
9. Uimhir thagartha an fhógra atá á chomhoiriúnú (más ábhartha)
10. Tuairisc ar an tacaíocht atá á comhoiriúnú (más ábhartha)

(b) Faisnéis ar an gCeannaitheoir/Iasachtaí/Ráthóir

11. Tír an cheannaitheora/an iasachtaí
12. Ainm an cheannaitheora/an iasachtaí
13. Suíomh an cheannaitheora/an iasachtaí
14. Stádas an cheannaitheora/an iasachtaí
15. Tír an ráthóra (más ábhartha)
16. Ainm an ráthóra (más ábhartha)
17. Suíomh an ráthóra (más ábhartha)
18. Stádas an ráthóra (más ábhartha)

(c) Faisnéis ar Earraí agus/nó ar Sheirbhísí atá á n-onnmhairiú agus faisnéis ar an Tionscadal

19. Tuairisc ar na hearraí agus/nó na seirbhísí atá á n-onnmhairiú
20. Tuairisc ar an tionscadal (más ábhartha)
21. Suíomh an tionscadail (más ábhartha)
22. Dáta deiridh don tairiscint (más ábhartha)
23. Dáta éaga na líne creidmheasa (más ábhartha)

24. Luach an chonartha/na gconarthaí atá ag fáil tacaíochta, bíodh sé sin ina luach iarbhír (do gach líne chreidmheasa agus gach idirbheart maoinithe tionscadail nó d'aon idirbheart aonair a dhéantar go saorálach) nó de réir an scála seo a leanas arna shloinneadh i milliúin SDR:

| Earnáil | Ó | Go |
|---------|-----|-----|
| I: | 0 | 1 |
| II: | 1 | 2 |
| III: | 2 | 3 |
| IV: | 3 | 5 |
| V: | 5 | 7 |
| VI: | 7 | 10 |
| VII: | 10 | 20 |
| VIII: | 20 | 40 |
| IX: | 40 | 80 |
| X: | 80 | 120 |
| XI: | 120 | 160 |
| XII: | 160 | 200 |
| XIII: | 200 | 240 |
| XIV: | 240 | 280 |
| XV: | 280 | (*) |

(*) *Sonraigh an líon iolraithe de 40 milliún SDR atá os cionn 280 milliún SDR, e.g. dhéanfaí 410 milliún SDR a fhógairt mar "Catagóir XV + 4".*

25. Airgeadra an chonartha/na gconarthaí

(d) Téarmaí agus Coinníollacha Airgeadais an Chreidmheasa Onnmhairiúcháin arna Thacú go hOifigiúil

26. Luach creidmheasa: an luach iarbhír do na fógraí lena mbaineann línte creidmheasa agus idirbhearta maoinithe tionscadail nó d'aon idirbheart aonair a dhéantar go saorálach, nó de réir an scála SDR

27. Airgeadra an chreidmheasa

28. Éarlais (céatadán de luach iomlán na gconarthaí arna dtacú)

29. Costais áitiúla (céatadán de luach iomlán na gconarthaí arna dtacú)

30. Túsphointe an chreidmheasa agus tagairt don fhomhír infheidhme d'Airteagal 10

31. Fad na tréimhse aisíocaíochta

32. An bonn don ráta úis

33. An ráta úis nó an corrlach

II. FAISNÉIS BHREISE ATÁ LE SOLÁTHAR, DE RÉIR MAR IS IOMCHUÍ, d'FHÓGRAÍ A DHÉANTAR MAIDIR LE FORÁLACHA SAINIÚLA

(a) Socrú, Airteagal 14(d)5

1. Próifíl aisíocaíochta

2. Minicíocht aisíocaíochta

3. An t-achar ama idir túsphointe an chreidmheasa agus an chéad aisíocaíocht ar an mbunairgead

4. An méid den ús a caipitlódh roimh thúsphointe an chreidmheasa

5. Meánré ualaithe na tréimhse aisíocaíochta
 6. Míniú ar an gcúis nach bhfuil tacaíocht á tabhairt de réir mhír (a) go dtí mír (c) d'Airteagal 14
- (b) Socrú, Airteagal 24 agus Airteagal 28
1. An t-aicmiú riosca tíre atá ag tír an cheannaitheora/an iasachtaí nó ag an institiúid iltaobhach/réigiúnach
 2. Fad na tréimhse don íocaíocht amach
 3. Céatadán an chumhdaigh maidir leis an riosca tíre
 4. Cáilíocht an chumhdaigh (i.e. faoi bhun an chaighdeáin, caighdeánach, os cionn an chaighdeáin)
 5. MPR bunaithe ar an aicmiú riosca tíre atá ag tír an cheannaitheora/an iasachtaí d'uireasa aon ráthaíocht ó thríú tír, aon rannpháirtíocht ag institiúid iltaobhach/réigiúnach agus/nó aon mhaolú/eisiamh riosca
 6. An MPR is infheidhme
 7. An préimhráta iarbhír a mhuirearaítear (arna shloinneadh i bhformáid MPR mar chéatadán den bhunairgead)
- (c) Socrú, Airteagal 24(e), an chéad fhleasc
1. An t-aicmiú riosca tíre atá ag tír an ráthóra
 2. Deimhniú go gcuimsíonn an ráthaíocht gach ceann de na cúig riosca tíre atá liostaithe in Airteagal 25(a) ar feadh fad iomlán an chreidmheasa
 3. Léiriú an bhfuil an méid iomlán faoi riosca (i.e. bunairgead agus ús) cuimsithe ag an ráthaíocht
 4. Deimhniú go bhfuil an ráthóir inchairde a mhéid a bhaineann le méid an fhéich atá faoi ráthaíocht
 5. Deimhniú go bhfuil an ráthaíocht bailí go dlíthiúil agus go bhféadfar é a fhorghníomhú i ndlínse an tríú tír
 6. Léiriú an bhfuil aon chaidreamh airgeadais idir an ráthóir agus an ceannaitheoir/iasachtaí
 7. Sa chás go bhfuil caidreamh idir an ráthóir agus an ceannaitheoir/iasachtaí:
 - an cineál caidrimh (m.sh. máthairchuideachta-fochuideachta, fochuideachta-máthairchuideachta, comhúinéireacht),
 - deimhniú go bhfuil an ráthóir neamhspleách, ar bhonn dlíthiúil agus airgeadais, agus gur féidir leis oibleagáid íocaíochta an cheannaitheora/iasachtaí a chomhall,
 - deimhniú nach ndéanadh imeachtaí, rialacháin nó idirghabháil fhlaithiúnais i dtír an cheannaitheora/iasachtaí difear don ráthóir.
- (d) Socrú, Airteagal 28
1. An teicníc don mhaolú/eisiamh riosca a úsáidtear
 2. An MEF a cuireadh i bhfeidhm
 3. Míniú iomlán ar na rioscaí creidmheasa tíre atá seachtrithe/díchurtha nó teoranta/eisiata san idirbheart aonair, chomh maith le míniú ar an gcaoi a dtugann an seachtrú/díchur nó teorannú/eisiamh sin ar rioscaí creidmheasa tíre bonn cirt don MHEF a chuirtear i bhfeidhm.
- (e) Socrú, Airteagal 46 agus Airteagal 47
1. Foirm na cabhrach ceangailte (i.e. cabhair forbartha nó creidmheas réamh-mheasctha nó maoiniú comhlachaithe)
 2. An leibhéal lamháiltais fhoriomláin den mhaoiniú cabhrach ceangailte agus neamhcheangailte i bpáirt, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 37

3. An DDR a úsáidtear chun an leibhéal lamháltais a ríomh
 4. Mar a dhéileáiltear le híocaíochtaí airgid thirim agus an leibhéal lamháltais á ríomh
 5. Srianta ar úsáid na línte creidmheasa
- (f) Iarscríbhinn II, Airteagal 10
1. Próifíl aisíocaíochta
 2. Minicíocht aisíocaíochta
 3. An t-achar ama idir túsphointe an chreidmheasa agus an chéad aisíocaíocht ar an mbunairgead
 4. Tacaíocht don chostas áitiúil: téarmaí íocaíochta agus an cineál tacaíochta
 5. An cion den tionscadal atá le maoiniú (maille le faisnéis ar leithligh faoi luchtanna breosla i gcás inarb iomchuí)
 6. Aon fhaisnéis ábhartha eile (lena n-áirítear tagairtí do chásanna gaolmhara)
- (g) Iarscríbhinn IV, Airteagal 6
1. Tuairisc chuimsitheach ar an tionscadal, lena n-áirítear an earnáil shainiúil mar atá liostaithe i bhFoscríbhinn 1 den Tuiscint Earnála maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin do Thionscadail sna Réimsí um Fhuinneamh Inathnuaite agus Acmhainní Uisce (Iarscríbhinn IV).
 2. Míniú iomlán ar an gcúis go bhfuil gá le téarmaí speisialta airgeadais.
 3. Maidir leis an ráta úis, faisnéis faoin leibhéal formhuirir os cionn an CIRR i gcás inarb infheidhme Airteagal 4(b) nó (c) den Tuiscint Earnála maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin do Thionscadail sna Réimsí um Fhuinneamh Inathnuaite agus Acmhainní Uisce (Iarscríbhinn IV).
- (h) Iarscríbhinn X, Airteagal 5
1. Míniú ar an gcúis go bhfuil téarmaí maoinithe tionscadail á soláthar
 2. Luach an chonartha i ndáil le conradh d'fhoirgníocht lándéanta, cuid d'fhoichonarthaí, etc.
 3. Tuairisc chuimsitheach ar an tionscadal
 4. An cineál cumhdaigh a sholáthraítear roimh túsphointe an chreidmheasa
 5. An céatadán den chumhdach le haghaidh riosca polaitiúil roimh túsphointe an chreidmheasa
 6. An céatadán den chumhdach le haghaidh riosca tráchtála roimh túsphointe an chreidmheasa
 7. An cineál cumhdaigh a sholáthraítear i ndiaidh túsphointe an chreidmheasa
 8. An céatadán den chumhdach le haghaidh riosca polaitiúil i ndiaidh túsphointe an chreidmheasa
 9. An céatadán den chumhdach le haghaidh riosca tráchtála i ndiaidh túsphointe an chreidmheasa
 10. Fad na tréimhe foirgníochta (más infheidhme)
 11. Fad na tréimhe don íocaíocht amach
 12. Meánré ualaithe na tréimhe aisíocaíochta
 13. Próifíl aisíocaíochta
 14. Minicíocht aisíocaíochta
 15. An t-achar ama idir túsphointe an chreidmheasa agus an chéad aisíocaíocht ar an mbunairgead

16. An céatadán den bhunairgead a bheidh íoctha leath bealaigh tríd an téarma creidmheasa
 17. An méid den ús a caipitlíodh roimh thúsphointe an chreidmheasa
 18. Táillí eile a fhaigheann an ECA, e.g. táillí ceangaltais (roghnach, ach amháin i gcás idirbhearta le ceannaitheoirí i dTíortha Ard-Ioncaim an ECFE)
 19. An préimhráta (roghnach, ach amháin i gcás tionscadail i dTíortha Ard-Ioncaim an ECFE)
 20. Deimhniú (agus míniú de réir mar is gá) gurb iad seo a leanas atá i gceist leis an idirbheart nó gur tréith den idirbheart iad:
 - maoiniú ar aonad eacnamaíochta ar leith ina bhfuil an t-iasachtóir sásta sreafaí airgid agus tuillimh an aonaid eacnamaíochta sin a mheas mar fhoinsé cistí as a ndéanfar an iasacht a aisíoc, agus go bhfuil sé sásta sócmhainní an aonaid eacnamaíochta a mheas mar chomhthaobhacht don iasacht,
 - maoiniú ar idirbhearta onnmhairiúcháin le cuideachta tionscadail neamhspleách (go dlíthiúil agus go heacnamaíoch), e.g. cuideachta sainchuspóra, i ndáil le tionscadail infheistiúcháin a mbíonn a n-ioncaim féin acu,
 - comhroinnt iomchuí riosca i measc comhpháirtithe an tionscadail, e.g. scairshealbhóirí príobháideacha nó scairshealbhóirí poiblí inchairde, onnmhairéoirí, creidiúnaithe agus ceannaitheoirí tháirgí na cuideachta tionscadail, lena n-áirítear cothromas dóthanach,
 - sreabhadh airgid tionscadail a bheidh leordhóthanach i rith na tréimhse aisíocaíochta iomláine chun costais oibríochta agus an fhiach-sheirbhís do chistí seachtracha a chumhdach,
 - costas oibríochta agus an fhiach-sheirbhís a asbhaint ar bhonn tosaíochta as ioncaim an tionscadail,
 - ceannaitheoir/iasachtaí neamhfhlaitiúnais gan aon ráthaíocht aisíocaíochta flaitiúnais,
 - urrúis shócmhainnbhunaithe i gcomhair fáltas/sócmhainní an tionscadail, e.g. sannacháin, gealltáin, cuntais fáltas,
 - teacht teoranta, nó gan teacht ar bith, ar urraithe scairshealbhóirí earnála príobháidí/urraithe an tionscadail, tar éis chríochnú an tionscadail.
- (i) Iarscríbhinn X, Airteagal 5, i gcomhair tionscadal i dTíortha Ard-Ioncaim an ECFE
1. Méid iomlán an tsindeacáitithe féich don tionscadal, lena n-áirítear iasachtóirí oifigiúla agus príobháideacha
 2. Méid iomlán an tsindeacáitithe féich ó iasachtóirí príobháideacha
 3. An céatadán den sindeacáitiú féich a sholáthraíonn na Rannpháirtithe
 4. Deimhniú ar an méid seo a leanas:
 - i ndáil le rannpháirtíocht i sindeacáitiú iasachta le hinstiúidí airgeadais príobháideacha nach dtairbhíonn de chreidmheas onnmhairiúcháin arna thacú go hoifigiúil, is comhpháirtí mionlaigh ag a bhfuil stádas *pari passu* é an Rannpháirtí i rith ré na hiasachta,
 - maidir leis an bpréimhráta a thuiriscítear faoi ítim 18 thuas, ní ghearrann sé faoi mhaoiniú margaidh phríobháidigh atá ar fáil agus tá sé ar cóimhéid leis na rátaí comhfhreagracha atá á muirearú ag instiúidí airgeadais príobháideacha eile atá rannpháirteach sa sindeacáitiú.

IARSCRÍBHINN VI

RÍOMH NA bPRÉIMHRÁTAÍ ÍOSTA

Is é seo a leanas an fhoirmle chun an MPR is infheidhme maidir le creidmheas onnmhairiúcháin a ríomh:

$$\text{MPR} = ((a \times \text{HOR}) + b) \times (\text{PC}/0,95) \times \text{QPF} \times \text{PCF} \times (1 - \text{MEF}) \times \text{BRF}$$

sa mhéid gurb iad seo a leanas na noda:

- is iad a agus b na comhéifeachtaí a bhaineann leis an gCatagóir Riosca Tíre is infheidhme,
- is é HOR ionchas an riosca,
- is é PC céatadán an chumhdaigh,
- is é QPF an toisc do cháilíocht an táirge,
- is é PCF an toisc do chéatadán an chumhdaigh,
- is é MEF an toisc don mhaolú/eisiamh riosca tíre,
- is é BRF an toisc do chumhdach an riosca ceannaitheora,

Faightear na luachanna do chomhéifeachtaí a agus b ón tábla seo a leanas:

| | Catagóir Riosca Tíre | | | | | | | |
|---|----------------------|-------|-------|-------|-------|-------|-------|-------|
| | 0 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
| a | n/a | 0,100 | 0,225 | 0,392 | 0,585 | 0,780 | 0,950 | 1,120 |
| b | n/a | 0,350 | 0,350 | 0,400 | 0,500 | 0,800 | 1,200 | 1,800 |

Déantar Ionchas an Riosca (HOR) a ríomh mar a leanas:

I gcás próifíilí aisíocaíochta caighdeánacha (i.e. aisíocaíochtaí comhionanna leathbhliantúla den bhunairgead):

$$\text{HOR} = (\text{fad na tréimhse don íocaíocht amach} \times 0,5) + \text{fad na tréimhse don aisíocaíocht}$$

I gcás próifíilí aisíocaíochta neamhchaighdeánacha, déantar an tréimhse aisíocaíochta choibhéiseach (arna shloinneadh i dtráthchodanna comhionanna, leathbhliantúla) a ríomh ag úsáid na foirmle seo a leanas:

$$\text{HOR} = (\text{meánré ualaithe na tréimhse aisíocaíochta} - 0,25)/0,5$$

Ní dhéanann sé difear ar bith don ríomh má úsáidtear blianta nó míonna san fhoirmle chomh fada agus go mbaintear úsáid as an aonad céanna don tréimhse don íocaíocht amach agus don tréimhse don aisíocaíocht.

An Céatadán den Chumhdach (PC) arna shloinneadh mar luach deachúil (i.e. sloinntear 95 faoin gcéad mar 0,95)

Faightear an Toisc do Cháilíocht an Táirge (QPF) ón tábla seo a leanas:

| Cáilíocht an Táirge | Catagóir Riosca Tíre | | | | | | | |
|--------------------------|----------------------|--------|--------|--------|--------|--------|--------|--------|
| | 0 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
| faoi bhun an chaighdeáin | n/a | 0,9965 | 0,9935 | 0,9850 | 0,9825 | 0,9825 | 0,9800 | 0,9800 |
| caighdeánach | n/a | 1,0000 | 1,0000 | 1,0000 | 1,0000 | 1,0000 | 1,0000 | 1,0000 |
| os cionn an chaighdeáin | n/a | 1,0035 | 1,0065 | 1,0150 | 1,0175 | 1,0175 | 1,0200 | 1,0200 |

Déantar an Toisc do Chéatadán an Chumhdaigh (PCF) a chinneadh mar a leanas:

Maidir le $PC \leq 0,95$, $PCF = 1$

Maidir le $PC > 0,95$, $PCF = 1 + ((PC - 0,95)/0,05) \times$ an chomhéifeacht do chéatadán an chumhdaigh

| | Catagóir Riosca Tíre | | | | | | | |
|---|----------------------|---------|---------|---------|---------|---------|---------|---------|
| | 0 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
| an chomhéifeacht do chéatadán an chumhdaigh | n/a | 0,00000 | 0,00337 | 0,00489 | 0,01639 | 0,03657 | 0,05878 | 0,08598 |

Déantar an Toisc don Mhaolú/Eisiamh Riosca Tíre (MEF) a chinneadh mar a leanas:

Maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin nach bhfuil aon mhaolú riosca tíre ag gabháil leo, $MEF = 0$

Maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin a bhfuil maolú riosca tíre ag gabháil leo, cinntear an MEF i gcomhréir leis na critéir atá leagtha amach in Iarscríbhinn VIII.

Déantar an Toisc do Chumhdach an Riosca Ceannaitheora (BRF) a chinneadh mar a leanas:

Nuair a bhíonn an cumhdach do riosca ceannaitheora eisiata go hiomlán, $BRF = 0,90$

Nuair nach mbíonn an cumhdach do riosca ceannaitheora eisiata, $BRF = 1$

IARSCRÍBHINN VII

NA CRITÉIR AGUS NA COINNÍOLLACHA A RIALAÍONN CUR I bhFEIDHM AN AICMITHE RIOSCA TÍRE NUAIR A BHÍONN RÁTHÓIR TRÍÚ TÍR NÓ INSTITIÚID ILTAOBHACH NÓ RÉIGIÚNACH I gCEIST**CUSPÓIR**

San Iarscríbhinn seo, tugtar na critéir agus na coinníollacha a rialaíonn cur i bhfeidhm an aicmithe riosca tíre nuair a bhíonn ráthóir tríú tír nó institiúid iltaobhach nó réigiúnach i gceist de réir na staidéanna a bhfuil tuairisc orthu sa chéad fhleasc agus sa dara fleasc d'Airteagal 24(e) den Socrú.

CUR I bhFEIDHM

Aicme Riosca Tíre nuair a bhíonn Ráthóir Tríú Tír i gceist

Cás 1: Ráthaíocht don Mhéid Iomlán faoi Riosca

Nuair a dhéantar urrús i bhfoirm ráthaíochta ó eintiteas atá suite lasmuigh de thír an cheannaitheora/iasachtaí a thabhairt don mhéid iomlán faoi riosca (i.e. bunairgead agus ús), féadfar gurb é an tAicmiú Riosca Tíre don tír ina bhfuil an ráthóir lonnaithe a bheidh infheidhme nuair a chomhlíontar na critéir seo a leanas:

- cumhdaíonn an ráthaíocht fad iomlán an chreidmheasa,
- tá an ráthaíocht neamh-inchúlghairthe, neamhchoinníollach agus ar fáil nuair a iarrtar sin,
- tá an ráthaíocht bailí go dlíthiúil agus is féidir í a fhorghníomhú i ndlínse thír an ráthóra,
- is ann don ráthaíocht maidir leis na cúig ghné de na rioscaí creidmheasa tíre i dtír an cheannaitheora/iasachtaí,
- tá an ráthóir inchairde a mhéid a bhaineann le méid an fhéich atá faoi ráthaíocht,
- tá an ráthóir faoi réir rialú airgeadais agus rialacháin aistriithe na tíre ina bhfuil sé lonnaithe,
- más fochuideachta/máthairchuideachta den eintiteas faoi ráthaíocht é an ráthóir, déanfaidh na Rannpháirtithe, ar bhonn cás ar chás, a chinneadh: (1) agus an ghaolmhaireacht idir an fhochuideachta/máthairchuideachta agus méid cheangaltas dlíthiúil na máthairchuideachta á bhreithniú, an bhfuil an fhochuideachta/máthairchuideachta neamhspleách ar bhonn dlí agus ar bhonn airgeadais, agus an bhféadfadh sí a cuid oibleagáidí íocaíochta a chomhall; (2) an bhféadfadh imeachtaí/rialacháin áitiúla nó idirghabháil fhlaithiúnais difear a dhéanamh don fhochuideachta/máthairchuideachta; agus (3) an measfadh an Ceannáras gurb é féin atá faoi dhliteanas i gcás mainneachtana.

Cás 2: Ráthaíocht a bhfuil Teorainn leis an Méid inti

Nuair a dhéantar urrús i bhfoirm ráthaíochta ó eintiteas atá suite lasmuigh de thír an cheannaitheora/iasachtaí a thabhairt don mhéid theoranta faoi riosca (i.e. bunairgead agus ús), féadfar gurb é an tAicmiú Riosca Tíre don tír ina bhfuil an ráthóir lonnaithe a bheidh infheidhme don chion den chreidmheas atá faoi réir ráthaíochta. Sa bhreis ar na critéir atá liostaithe i gcomhair Chás 1, ní fhéadfar aicmiú tíre an ráthóra a chur i bhfeidhm ach amháin nuair atá an méid faoi ráthaíocht (bunairgead móide an t-ús gaolmhar) ar cheann díobh seo a leanas: (1) níos mó ná 10 faoin gcéad den bhunairgead móide an t-ús gaolmhar, nó comhionann leis; nó (2) bunairgead de chúig mhilliún SDR móide an t-ús gaolmhar más mó an t-idirbheart ná 50 milliún SDR.

Maidir leis an gcion nach bhfuil faoi ráthaíocht, is é an tAicmiú Riosca Tíre do thír an cheannaitheora a bheidh infheidhme.

Aicme Riosca Tíre lena léirítear Institiúid Iltaobhach nó Réigiúnach

Cás 1: Ráthaíocht don Mhéid Iomlán faoi Riosca

Nuair a dhéantar urrús i bhfoirm ráthaíochta ó institiúid aicmithe iltaobhach nó réigiúnach a thabhairt don mhéid iomlán faoi riosca (i.e. bunairgead agus ús), féadfar gurb é an tAicmiú Riosca Tíre don institiúid iltaobhach nó réigiúnach sin a bheidh infheidhme nuair a chomhlíontar na critéir seo a leanas:

- cumhdaíonn an ráthaíocht fad iomlán an chreidmheasa,
- tá an ráthaíocht neamh-inchúlghairthe, neamhchoinníollach agus ar fáil nuair a iarrtar sin,

- is ann don ráthaíocht maidir leis na chúig ghné de na rioscaí creidmheasa tíre i dtír an cheannaitheora/iasachtaí,
- tá an ráthóir faoi dhliteanas dlíthiúil i dtaca le méid iomlán an chreidmheasa,
- déantar na haisíocaíochtaí go díreach leis an gcreidiúnaí.

Cás 2: Ráthaíocht a bhfuil Teorainn leis an Méid inti

Nuair a dhéantar urrús i bhfoirm ráthaíochta ó institiúid aicmithe iltaobhach nó réigiúnach a thabhairt do mhéid teoranta faoi riosca (i.e. bunairgead agus ús), féadfar gurb é an tAicmiú Riosca Tíre don institiúid iltaobhach nó réigiúnach sin a bheidh infheidhme don chion den chreidmheas atá faoi réir ráthaíochta. Sa bhreis ar na critéir atá liostaithe i gcomhair Chás 1, ní fhéadfar aicmiú institiúide iltaobhaí nó réigiúnaí a chur i bhfeidhm ach amháin nuair atá an méid faoi ráthaíocht (bunairgead móide an t-ús gaolmhar) ar cheann díobh seo a leanas: (1) níos mó ná 10 faoin gcéad den bhunairgead móide an t-ús gaolmhar, nó comhionann leis; nó (2) bunairgead de chúig mhilliún SDR móide an t-ús gaolmhar más mó ná 50 milliún SDR.

Maidir leis an gcion nach bhfuil faoi ráthaíocht, is é an tAicmiú Riosca Tíre do thír an cheannaitheora a bheidh infheidhme.

Cás 3: Institiúid Iltaobhach nó Réigiúnach ina Iasachtaí

Nuair is í an institiúid iltaobhach nó réigiúnach an t-iasachtaí, féadfar gurb é an tAicmiú Riosca Tíre don institiúid iltaobhach nó réigiúnach sin a bheidh infheidhme.

Institiúidí Iltaobhacha nó Réigiúnacha a aicmiú

Beidh institiúidí iltaobhacha agus réigiúnacha incháilithe lena n-aicmiú más iondúil go mbíonn an institiúid díolmhaithe ó rialú airgeadais agus rialacháin aistriú na tíre ina bhfuil sí lonnaithe. Déanfar institiúidí den sórt sin a aicmiú i gCatagóirí Riosca Tíre ó 0 go dtí 7, ar bhonn cás ar chás de réir measúnaithe ar an riosca a ghabhann le gach ceann acu, bunaithe ar a fhiúntas féin, agus an méid seo a leanas á bhreithniú:

- an bhfuil neamhspleáchas, ar bhonn reachtúil agus ar bhonn airgeadais, ag an institiúid,
- an bhfuil sócmhainní uile na hinstitiúide díolmhaithe ó náisiúnú nó ó choigistiú,
- an bhfuil lánsaoirse ag an institiúid cistí a aistriú agus a chomhshó,
- an bhfuil an institiúid saor ó aon idirghabháil ag an rialtas inti sa tír ina bhfuil sí lonnaithe,
- an bhfuil díolúine cánach ag an institiúid, agus
- an bhfuil oibleagáid ar Bhalltíortha uile na hinstitiúide caipiteal breise a sholáthar chun freastal ar oibleagáidí na hinstitiúide.

Agus an measúnú á dhéanamh, ba cheart go gcuirfí san áireamh freisin an taifead íocaíochta stairiúil i gcásanna mainneachtana ar rioscaí creidmheasa tíre, bíodh sé sin sa tír ina bhfuil sí lonnaithe nó i dtír an cheannaitheora/iasachtaí; mar aon le haon tosca eile a d'fhéadfaí a mhéas a bheith cuí don phróiseas measúnaithe.

Ní liosta iata é an liosta d'institiúidí aicmithe iltaobhacha agus réigiúnacha, agus féadfaidh Rannpháirtí institiúid a ainmniú mar institiúid a ndéanfaí athbhreithniú uirthi de réir na mbreithnithe thuasliostaithe. Poibleoidh na Rannpháirtithe na haicmithe a dhéanfar ar institiúidí iltaobhacha agus réigiúnacha.

IARSCRÍBHINN VIII

CRITÉIR AGUS COINNÍOLLACHA A RIALÁIONN CUR I bhFEIDHM AN MHAOLAITHE/EISIAMH RIOSCA TÍRE NUAIR A BHÍONN NA PRÉIMHRÁTAÍ ÍOSTA Á RÍOMH**CUSPÓIR**

San Iarscríbhinn seo, tugtar mionsonraí ar an tslí a n-úsáidtear na teicnící do mhaolú/eisiamh riosca creidmheasa tíre atá liostaithe in Airteagal 28(b) den Socrú; áirítear air seo na critéir, na coinníollacha agus na himthosca sainiúla atá i bhfeidhm maidir lena n-úsáid chomh maith leis na MEFanna is infheidhme.

CUR I bhFEIDHM GINEARÁLTA

I gcás gach ceann de na teicnící do mhaolú/eisiamh riosca creidmheasa tíre atá liostaithe in Airteagal 28(b) den Socrú:

- is iad na MEFanna atá liostaithe an t-uasmhéid a bheartófaí sna himthosca is fearr agus ba cheart údar maith a lua leo ar bhonn cás ar chás,
- fionnfaidh na Rannpháirtithe an féidir forghníomhú bailí a dhéanamh ar na socruithe slándála ina dtimpeallacht dhlíthiúil/bhreithiúnach,
- maidir leis an MPR a thioctaidh as úsáid na dteicnící do mhaolú/eisiamh riosca creidmheasa tíre, ní bhainfidh sé an bonn de phraghsáil sa mhargadh príobháideach in imthosca comhchosúla,
- sa chás go mbeidh maoiniú á fháil ag idirbheart ó fhoinsí eile ag an am céanna, déileálfar le haon urrús a choimeádfar i dtaca leis an gcreidmheas onnmhairiúcháin oifigiúil ar bhonn *pari passu*, ar a laghad, leis an urrús céanna a bheidh ar seilbh ag na foinsí eile.

CUR I bhFEIDHM SAINIÚIL

1. Struchtúr ag a bhfuil Sreabhadh Ionchasach Eischósta nasctha le Cuntas Eascró Eischósta

Sainmhíniú:

Doiciméad i scríbhinn, amhail gníomhas nó socrú um scaoileadh nó um iontaobhaithe, a bhíonn séalaithe agus a sheachadtar chuig tríú páirtí, i.e. duine nach páirtí san ionstraim sin é nó í, agus ar doiciméad é a choinneofar i seilbh an tríú páirtí sin go dtí go ndéanfar coinníollacha áirithe a chomhall agus an uair sin go ndéanfaidh an tríú páirtí é a sheachadadh chuig an bpáirtí eile chun go mbeidh éifeacht leis. Má chomhlíontar na critéir seo a leanas, faoi réir na dtosca breise atá liostaithe a chur san áireamh, is féidir leis an teicníc seo na rioscaí um aistriú a laghdú nó a dhíothú, go príomha sna catagóirí ardriosca tíre.

Critéir:

- tá an cuntas eascró ceangailte le tionscadal um thuilleamh ó mhalairt eachtrach agus is é an tionscadal féin agus/nó infháiltais onnmhairiúcháin eischósta eile a ghineann na sreafaí isteach sa chuntas eascró,
- is i seilbh eischósta atá an cuntas eascró, i.e. tá sé lonnaithe lasmuigh de thír an cheannaitheora/iasachtaí mar a bhfuil na rioscaí tíre a bhaineann le haistriú nó nithe eile an-teoranta (i.e. tír atá aicmithe i gCatagóir 0),
- tá an cuntas eascró i mbanc den chéad aicme nach bhfuil á rialú go díreach nó go hindíreach le leasanna an cheannaitheora/iasachtaí nó ag tír an cheannaitheora/iasachtaí,
- tá cistiú an chuntais á urrú trí chonarthaí fadtéarmacha nó trí chonarthaí iomchuí eile,
- is in airgeadra crua atá teaghlaim fhoinsí ioncaim (i.e. iad sin a ghintear leis an tionscadal féin agus/nó le foinsí eile) an cheannaitheora/iasachtaí atá ag sreabhadh tríd an gcuntas agus is féidir a bheith ag súil leis go réasúnach gur leor na foinsí ioncaim sin le chéile chun críche na fiach-sheirbhíse ar feadh fhad iomlán an chreidmheasa, agus go dtagann siad ó chustaiméir coigríche inchairde amháin nó níos mó atá lonnaithe i dtíortha ar fearr a leibhéal riosca ná tír an cheannaitheora/iasachtaí (i.e. tíortha a aicmítear de ghnáth i gCatagóir 0),
- tugann an ceannaitheoir/iasachtaí ordú neamh-inchúlghairthe do na custaiméirí coigríche íoc isteach go díreach sa chuntas (i.e. ní chuirtear íocaíochtaí ar aghaidh trí chuntas atá á rialú ag an gceannaitheoir/iasachtaí nó trína thír),
- tá na cistí a bheidh le coinneáil sa chuntas comhionann le sé mhí ar a laghad den fhiach-sheirbhís. Sa chás ina mbíonn téarmaí solúbtha aisíocaíochta á gcur i bhfeidhm faoi struchtúr maoinithe tionscadail, déantar méid is comhionann leis an bhfiach-sheirbhís sé mhí iarbhrí a choinneáil sa chuntas faoi na téarmaí solúbtha sin; d'fhéadfadh an méid sin athrú in imeacht ama ag brath ar phróifíl na fiach-sheirbhíse,

- tá srian curtha ag an gceannaitheoir/iasachtaí ar rochtain chuig an gcuntas (i.e. ní bheidh rochtain ann go dtí go mbeidh focaíocht na fiach-sheirbhíse déanta faoin gcreidmheas),
- déantar na hioncain a thaisctear sa chuntas a shannadh chuig an iasachtóir mar thairbhí díreach ar feadh ré iomlán an chreidmheasa,
- le hoscailt an chuntais, tá na húdaruithe dlíthiúla go léir atá riachtanach faighte ó na húdaráis áitiúla agus ó aon údaráis iomchuí eile,
- ní fhéadfaidh an cuntas eascró agus na socruithe conarthacha a bheith coinníollach agus/nó in-chúlghairthe agus/nó teoranta maidir lena dtréimhse.

Tosca Breise atá le cur san áireamh:

Tá feidhm ag an teicníc faoi réir na saintréithe thuas a bhreithníú ar bhonn cás ar chás agus, *inter alia*, le haird ar na nithe seo a leanas:

- an tír, an ceannaitheoir/iasachtaí (i.e. bíodh sé poiblí nó príobháideach), an earnáil, an leochaileacht i ndáil leis na tráchtearraí nó na seirbhísí atá i gceist, lena n-áirítear iad a bheith ar fáil d'fhad iomlán an chreidmheasa, na custaiméirí,
- na struchtúir dlí, e.g. an bhfuil an sásra díolmhaithe a dhóthain ó thionchar an cheannaitheora/iasachtaí nó a tíre,
- an méid a fhéadfaidh rialtas i gcónaí cur isteach ar an teicníc, í a athnuachan nó a tharraingt siar,
- an mbeadh an cuntas cosanta a dhóthain in aghaidh rioscaí tionscadal-ghaolmhara,
- an méid a shreabhfaidh isteach sa chuntas agus an sásra le haghaidh leanúint den soláthar iomchuí,
- an cás i ndáil le Club Pháras (e.g. gur féidir díolmhú a fháil),
- an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí tíre, taobh amuigh de riosca aistrithe,
- an chosaint ar rioscaí na tíre ina bhfuil an cuntas lonnaithe,
- na conarthaí leis na custaiméirí, lena n-áirítear a gcineál agus a bhfad, agus
- méid foriomlán an tuillimh choigríche ionchasaigh i gcoibhneas le méid iomlán an chreidmheasa.

An MEF is infheidhme

Is é 0,20 an MEF uasta is infheidhme, mura rud é:

Cás Sainiúil 1: Is é 0,40 an MEF uasta is infheidhme má chomhlíontar gach ceann de na critéir bhreise seo a leanas:

- tá leas céadosaíochta ag an gcreidiúnaí sa chuntas eascró agus sna conarthaí fadtéarmacha,
- is eintiteas príobháideach atá níos mó 80 faoin gcéad faoi úinéireacht príobháideach é an ceannaitheoir/iasachtaí,
- is é 2,5:1 ar an meán an Coibhneas Cumhdaigh do Ré na hlasachta (LLCR) atá tuartha, sin nó is é 2,0:1 ar a laghad an LLCR atá tuartha agus níl an Coibhneas Cumhdaigh don Fhiach-Sheirbhís Bhliantúil (ADSCR) níos lú ná 1,0 ag tráth ar bith tar éis thúsphointe an chreidmheasa ⁽¹⁾,
- tá 12 mhí ar a laghad d'fhiach-sheirbhís mar réamh-mhaoiniú in eascró, a ndéanfar é a athshlánú tar éis gach idirbhirt a dhéanann asbhaint ón méid réamh-mhaoinithe.

⁽¹⁾ Déanfar na ríomhanna den LLCR agus den ADSCR i gcomhréir leis na comhghnáis a bhíonn á gcur i bhfeidhm de ghnáth ag iasachtóirí stuama idirnáisiúnta chun cás baincéireachta (cás lárnach) comhaontaithe a bhunú ag tráth chríochnaithe an idirbhirt, nó gar don tráth sin, agus tar éis lándícheall cuí (teicniúil agus eacnamaíoch) a bheith déanta.

Cás Sainiúil 2: Is é 0,30 an MEF uasta is infheidhme má chomhlíontar gach ceann de na critéir bhreise seo a leanas:

- is é 1,75:1 ar a laghad an meán don LLCR, sin nó tá naoi mí ar a laghad d'fhiach-sheirbhís mar réamh-mhaoiniú in eascró, a ndéanfar é a athshlánú tar éis gach idirbhirt a dhéanann asbhaint ón méid réamh-mhaoinithe.

2. Urrús Crua Eischósta

Sainmhíniú:

Urrús i bhfoirm gealltáin céadtoisíochta nó dara toisíochta eischósta nó sannacháin urrús atá i seilbh eischósta ag scairsealbhóir an cheannaitheora/iasachtaí nó atá i seilbh eischósta ag an gceannaitheoir/iasachtaí féin, nó airgead i dtaisce atá i gcuntas eischósta.

Critéir:

- sainmhínítear na hurrúis mar stoic agus bannaí atá liostaithe go poiblí arna n-eisiúint ag eintitis atá lonnaithe i dtíortha ar fearr a leibhéal riosca, atá lasmuigh de thír an cheannaitheora/iasachtaí, agus a ndéantar iad a thrádáil nó a mhalartú i dtíortha atá aicmithe i gCatagóir 0,
- sainmhínítear airgead tirm mar thaiscí in airgeadra cruu na dtíortha atá aicmithe i gCatagóir 0 nó státhistí in airgeadraí cruu den sórt sin arna n-eisiúint ag tíortha atá aicmithe i gCatagóir 0,
- tá an t-urrús neamhchoinníollach agus neamh-inchúlghairthe ar feadh fhad iomlán an chreidmheasa,
- tá riosca níos fearr ag gabháil leis an tír ina bhfuil an t-urrús lonnaithe ná mar atá le tír an cheannaitheora/iasachtaí agus is tír í a dhéanfaí a aicmiú de ghnáth i gCatagóir 0,
- tá an t-urrús thar rochtain an cheannaitheora/iasachtaí agus lasmuigh dá dhlínse,
- i rith na tréimhse aisíocaíochta, comhfhreagraíonn luach margaidh tuartha na n-urrús, arna mheasúnú go stuama, le méid an fhiachais gan fóc atá cumhdaithe ag an urrús,
- in aon chás, is éard a bheidh sa taisce airgid tirim nó luach stuamachta na n-urrús (ar cheart go gcuimseodh sé an Bunairgead agus an tÚs araon) ná (1) méid nach lú ná 10 faoin gcéad den Bhunairgead móide an tÚs gaolmhar; nó (2) Bunairgead de chúig mhilliún SDR móide an tÚs gaolmhar má théann an t-idirbheart thar 50 milliún SDR,
- is féidir an t-urrús a scaoileadh go dleathach agus go neamhchoinníollach i gcás mainneachtana (i.e. mainneachtain na rioscaí creidmheasa tíre i dtír an cheannaitheora/iasachtaí),
- is féidir fáiltais na n-urrús nó an taisce airgid tirim a chomhshó go saoraídeach go dtí airgeadra an chreidmheasa nó go dtí airgeadra cruu eile,
- i gcás mainneachtana, déantar na hurrúis a aistriú go díreach go dtí an creidiúnaí, nó déantar an méid iomchuí den taisce airgid tirim a fóc go díreach leis an gcreidiúnaí.

Tosca Breise atá le cur san áireamh:

Tá feidhm ag an teicníc de ghnáth maidir le gach tír, ceannaitheoir/iasachtaí agus earnáil, faoi réir na saintréithe thuas a bhreithníú ar bhonn cás ar chás agus, *inter alia*, le haird ar na nithe seo a leanas:

- impleachtaí úinéireacht (bíodh sí poiblí nó príobháideach) na n-urrús nó na taisce airgid tirim, e.g. i ndáil lena dhóchúla a bheadh sé go ndéanfaí an t-urrús sin a réadú i gcás féichiúnaithe poiblí,
- luach ionchasach na n-urrús agus a dhóchúla a bheadh sé go ndéanfaí réadú i ndáil leis an eintiteas, an earnáil agus an tír as a dtagann na hurrúis,
- an timpeallacht dhlíthiúil.

An MEF is infheidhme

Maidir leis an MEF sainiúil a chuirfear i bhfeidhm:

- léireoidh sé an méid seachtaithe a d'fhéadfaí a dhéanamh faoi réir, *inter alia*, luach leantach na sócmhainní, agus léireoidh sé freisin na neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le réadú an urrús,

— déanfar é a chinneadh ar bhonn cás ar chás d'fhonn go léireofaí, *inter alia* de réir boinn, luach an urrúis a soláthraíodh i gcoibhneas le bunluach an chreidmheasa mar aon leis an aicmiú riosca tíre is infheidhme don tír ina bhfuil an t-urrús lonnaithe.

Measfar nach mbeidh luach an urrúis in airgead tirim níos mó ná 80 faoin gcéad de agus measfar nach mbeidh luach stoic nó bannaí níos mó ná 35 faoin gcéad dá luacháil stuamachta.

3. Urrús Sócmhainn-bhunaithe Eischósta

Sainmhíniú:

Sócmhainní i bhfoirm morgáistí céadtosaíochta ar shócmhainní réadacha (i.e. dochorraithe) atá i seilbh eischósta.

Critéir:

- tá an t-urrús neamhchoinníollach agus neamh-inchúlghairthe ar feadh fhad iomlán an chreidmheasa,
- tá luach margaidh tuartha, arna mheasúnú go stuama, ag na sócmhainní réadacha agus is cuid shubstaintiúil de chothromas an úinéara iad. I rith na tréimhse aisíocaíochta, comhfhreagraíonn an luach tuartha le méid an fhiachais gan íoc atá amuigh ar an gceannaitheoir/iasachtaí,
- is féidir an t-urrús a scaoileadh go dleathach agus go neamhchoinníollach i gcás mainneachtana (e.g. mainneachtain na rioscaí creidmheasa tíre i dtír an cheannaitheora/iasachtaí),
- is féidir na fáiltais a chomhshó go dtí airgeadra an chreidmheasa nó go dtí airgeadra crua eile,
- i gcás mainneachtana, déantar na fáiltais iomchuí a íoc leis an gcreidiúnaí, nó a shannadh go díreach chuige,
- tá riosca níos fearr ag gabháil leis an tír inar féidir an t-urrús a fhorghníomhú ná mar atá le tír an cheannaitheora/iasachtaí, i.e. is tír í a dhéanfaí a aicmiú de ghnáth sna catagóirí de na rioscaí is fearr.

Tosca Breise atá le cur san áireamh:

Tá feidhm ag an teicníc de ghnáth maidir le gach tír, ceannaitheoir/iasachtaí agus earnáil, faoi réir na saintréithe thuas a bhreithníú ar bhonn cás ar chás agus, *inter alia*, le hairead ar na nithe seo a leanas:

- impleachtaí úinéireacht na sócmhainní réadacha (bíodh sí poiblí nó príobháideach), e.g. i ndáil lena dhóchúlú a bheadh sé go ndéanfaí an t-urrús sin a réadú i gcás úinéirí poiblí,
- cineál na sócmhainní réadacha (e.g. earnáil), rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an leanúnachas ina luach agus ar dhóchúlacht a réadaíthe,
- an timpeallacht dhlíthiúil.

An MEF is infheidhme

Maidir leis an MEF sainiúil a chuirfear i bhfeidhm:

- léireoidh sé an méid seachtarithe a d'fhéadfaí a dhéanamh faoi réir, *inter alia*, luach leantach na sócmhainní, agus léireoidh sé freisin na neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le réadú an urrúis, agus
- déanfar é a chinneadh ar bhonn cás ar chás d'fhonn go léireofaí, *inter alia* de réir boinn, luach an urrúis a soláthraíodh i gcoibhneas le bunluach an chreidmheasa mar aon leis an aicmiú riosca tíre is infheidhme don tír ina bhfuil an t-urrús lonnaithe.

Maidir leis an difríocht idir an MPR a eascróidh as cur i bhfeidhm na teicníce seo agus an MPR a bheadh i bhfeidhm d'uireasa aon mhaolaithe, ní bheidh sí níos mó ná 15 faoin gcéad den difríocht idir an MPR a bheadh i bhfeidhm d'uireasa aon mhaolaithe riosca agus an MPR a d'eascróidh as cur i bhfeidhm an aicmithe riosca tíre don tír ina bhfuil an tsócmhainn lonnaithe.

Sna himthosca seo a leanas, beidh feidhm ag na himpleachtaí praghsála ar bhonn a bhfuil tuairisc tugtha anseo thíos orthu:

- tá an t-urrús (ar cheart go gcuimseodh sé an Bunairgead agus an tÚs araon) teoranta ina mhéid ar bhonn aonfhoirmeach ar feadh fad iomlán an chreidmheasa agus séard a bheidh ann ná (1) méid nach lú ná 10 faoin gcéad den Bunairgead móide an tÚs gaolmhar; nó (2) Bunairgead de chúig mhilliún SDR móide an tÚs gaolmhar mura rachaidh an t-idirbheart thar 50 milliún SDR; sa chás seo, beidh feidhm ag an impleacht praghsála ar bhonn pro-rata i dtaca leis an mBunairgead faoi ráthaíocht/méid Bunairgid an chreidmheasa,

- tá an t-urrús (ar cheart go gcuimseodh sé an Bunairgead agus an tÚs araon) teoranta ina mhéid ar bhonn neamh-aonfhoirmeach ar feadh fad iomlán an chreidmheasa agus is éard a bheidh ann ná (1) méid nach lú ná 10 faoin gcéad den Bunairgead móide an tÚs gaolmhar; nó (2) Bunairgead de chúig mhilliún SDR móide an tÚs gaolmhar má théann an t-idirbheart thar 50 milliún SDR. Sa chás seo, beidh feidhm ag an impleacht praghsála ar bhonn prora-rata arna dhíorthú ó úsáid choincheap na meánré ualaithe.

4. Maoiniú Eischósta Sócmhainn-urraithe agus Sócmhainn-bhunaithe

Sainmhíniú:

Urrús i bhfoirm léasa eischósta nó morgáiste céadtoisíochta ar shócmhainní sochorraithe agus i dtaca leis an urrús sin

- (1) nach ndéantar é a úsáid chun go mbeadh na rioscaí creidmheasa tíre inghlactha (e.g. i gcás tíortha atá i gcatagóirí ardriosca); nó
- (2) nach urrús é atá bainteach go príomha le riosca an cheannaitheora/iasachtaí nó le riosca an iasachtóra.

Critéir:

- is iondúil go bhfuil na sócmhainní bainteach go díreach leis an idirbheart,
- is sócmhainní iad atá so-aitheanta agus soghluaiste nó iniompartha, agus is féidir leis an gcreidiúnaí, a ghníomhaire nó a ainmní lasmuigh de thír an cheannaitheora/iasachtaí nó an léasaí, iad a athshealbhú/urghabháil go hiarbhír agus go dleathach,
- tá an t-urrús neamh-inchúlghairthe agus neamhchoinníollach ar feadh fhad iomlán an chreidmheasa,
- i rith na tréimhse aisíocaíochta, tá luach margaidh tuartha, arna mheasúnú go stuama, ag na sócmhainní a chomhfhreagraíonn le méid an fhiachais gan íoc,
- tá an t-urrús cláraithe i gcríoch eischósta, a bhfuil dlínse inghlactha inti,
- is féidir na sócmhainní a dhíol go saoráideach agus tá deiseanna úsáide ann dóibh lasmuigh de thír an cheannaitheora/iasachtaí nó an léasaí,
- is féidir na fáltais a chomhshó go dtí airgeadra an chreidmheasa nó go dtí aon airgeadra cruá eile,
- sa chás go ndéantar réadú ar an urrús, déantar na fáltais a íoc go díreach leis an gcreidiúnaí.

Tosca Breise atá le cur san áireamh:

Tá feidhm ag an teicníc, ar an gcéad ásc, maidir le haerárthaí, longa agus ardáin ola, mar shampla, a bhfuil sé ceaptha iad a bheith in úsáid lasmuigh de thír an cheannaitheora/iasachtaí nó léasaí, féadfar é a chur i bhfeidhm, áfach, maidir le gach tír, ceannaitheoir/iasachtaí agus earnáil, faoi réir na saintréithe thuas a bhreithníú ar bhonn cás ar chás agus, *inter alia*, le haird ar na nithe seo a leanas:

- cineál na sócmhainní a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a soghluaiseacht iomlán, ar an bhféidearthacht iad a athshealbhú lasmuigh de thír an cheannaitheora/iasachtaí nó léasaí agus ar a luach margaidh tráchtála atá tuartha,
- costais urghabhála, iompair, athchóirithe agus athdhíola na sócmhainní, mar aon leis na costais úis a fhabhraíonn go dtí tráth an athdhíola,
- an fhéidearthacht na sócmhainní a urghabháil sna tíortha is fearr riosca agus a bhfuil timpeallacht dhlíthiúil ionchúí iontu.

An MEF is infheidhme

Maidir leis an MEF sainiúil a chuirfear i bhfeidhm:

- léireoidh sé méid an mhaolaithe féideartha ar riosca creidmheasa tíre ag brath, *inter alia*, ar luach leantach na sócmhainní, agus léireoidh sé freisin na neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le hin-aisghabhálacht idirnáisiúnta,
- déanfar é a chinneadh ar bhonn cás ar chás, agus
- ní rachaidh sé thar 0,10, nó i gcás aerárthaí ní rachaidh sé thar 0,20.

Sa chás ina mbíonn an t-urrús (ar cheart go gcuimseodh sé an Bunairgead agus an tÚs araon) teoranta ina mhéid ar bhonn aonfhoirmeach ar feadh fhad iomlán an chreidmheasa agus gurb éard a bheidh ann: (1) méid nach lú ná 10 faoin gcéad den Bhunairgead móide an tÚs gaolmhar; nó (2) Bunairgead de chúig mhilliún SDR móide an tÚs gaolmhar má théann an t-idirbheart thar 50 milliún SDR, déanfar an MEF a ríomh ar bhonn a léireoidh méid an urrúis i gcomparáid leis an mBunairgead faoi ráthaíocht/le méid Bhunairgead an chreidmheasa.

5. Cómhaoiniú le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta (IFIanna)

Sainmhíniú:

Déantar an creidmheas onnmhairiúcháin (i.e. árachas/ráthaíocht/iasacht) a chómhaoiniú le IFI atá aicmithe chun críocha préimhe ag na Rannpháirtithe.

Critéir:

- tá stádas creidiúnaí tosaíochta ag an IFI,
- tá measúnú déanta ag an IFI ar an tionscadal agus ar ghnéithe teicniúla, eacnamaíochta agus airgeadais an tionscadail mar aon le timpeallacht an riosca tíre,
- meastar go gcoinneoidh an IFI súil ar fhorghníomhú agus ar aisíocaíocht an tionscadail.

Tosca Breise atá le cur san áireamh:

Tá feidhm ag an teicníc maidir le gach tír, ceannaitheoir/iasachtaí agus earnáil ina bhféadfaidh an IFI idirghabháil a dhéanamh i gcomhréir lena stádas agus a bheartas faoi réir na saintréithe thuas a bhreithníú ar bhonn cás ar chás agus, *inter alia*, le haird ar na nithe seo a leanas i dtaca leis an tionscadal:

- an raibh dlúthchomhar idir an Rannpháirtí agus an IFI le linn phróiseas meastóireachta agus bunaithe an tionscadail agus le linn mhaoiniú an tionscadail,
- an bhfuair an Rannpháirtí tairbhe *pari passu* agus clásail trasmhainneachtana ón IFI maidir le méid iomlán agus fad iomlán an chreidmheasa,
- beidh feidhm freisin ag na clásail agus an comhar idir an Rannpháirtí agus an IFI sa chás nach mbíonn sceideal aibíochta an dá chreidmheas mar a chéile, agus
- tá na socrúithe IFI céanna i bhfeidhm maidir le haon tairiscint iomaíoch a thagann ó Rannpháirtí.

An MEF is infheidhme

Ní bheidh an MEF uasta is infheidhme níos mó ná 0,05.

6. Maoiniú in Airgeadra Áitiúil

Sainmhíniú:

Conradh agus maoiniú a dhéantar a chaibidlú in airgeadra in-chomhshóite agus atá ar fáil go háitiúil, ach nach airgeadra crua é, agus a dhéantar a mhaoiniú go háitiúil, rud a dhíothaíonn nó a mhaolaíonn an riosca aistrithe. I bprionsabal, ní dhéanfaidh an chéad dá riosca creidmheasa tíre aon difear don phríomhoibleagáid fiachais san airgeadra áitiúil.

Critéir:

- maidir le híocaíocht dhliteanas agus éilimh an ECA nó maidir leis an íocaíocht leis an Dír-Iasachtóir, sloinntear/déantar go huile agus go hiomlán í san airgeadra áitiúil,
- níl an ECA, de ghnáth, neamhchosanta ar an riosca aistrithe,
- de ghnáth, ní bheidh sé riachtanach taiscí in airgeadra áitiúil a chomhshó go hairgeadra crua,
- is urscaoileadh bailí ar oibleagáid an iasachta é go ndéanfaidh an t-iasachtaí an aisíocaíocht ina airgeadra féin agus ina thír féin,
- má bhíonn ioncam an iasachtaí in airgeadra áitiúil, tá cosaint ag an iasachtaí ar athruithe díobhálacha sa ráta malairte,
- níor cheart go ndéanfaidh rialacháin um aistriú i dtír an iasachtaí difear d'oibleagáidí aisíocaíochta an iasachtaí, óir go bhfanfaidís in airgeadra áitiúil,

- tar éis mainneachtana as a leanfadh íocaíocht éilimh in airgeadra áitiúil, déantar luach an éilimh a aistriú go méid coibhéiseach in airgeadra cruu, amhail a leagtar amach go sainráite i gcomhaontú na hiasachta. Dhéanfaí gnóthú na híocaíochta éileamh in airgeadra áitiúil a bheadh mar fhrithluach ar luach na híocaíochta éileamh in airgeadra cruu ag tráth déanta na híocaíochta éileamh,
- is ar an bpáirtí árachaithe a thitfidh an fhreagracht na haisíocaíochtaí a dhéanfaidh an ceannaitheoir/iasachtaí in airgeadra áitiúil a chomhshó, agus is ar an bpáirtí árachaithe freisin a bheidh an riosca malartaithe a ghabhann le díluacháil nó luachmhéadú ar fháltais in airgeadra áitiúil. (Cé go bhféadfadh neamhchosaint dhíreach ar luaineachtaí airgeadais a bheith ann don Dír-Iasachtóir, ní neamhchosaint é atá gaolmhar le rioscaí tíre ná le rioscaí ceannaitheora/iasachtaí.)

Tosca Breise atá le cur san áireamh:

Tá feidhm ag an teicníc ar bhonn roghnach maidir le hairgeadraí in-chomhshóite agus inaistrithe, sa chás gur slán don eacnamaíocht bhunúsach. Ba cheart go mbeadh ECA an Rannpháirtí in ann a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh a fhad a bhaineann le héilimh arna sloinneadh ina airgeadra féin a íoc sa chás go n-éiríonn don airgeadra áitiúil a bheith “do-inaistrithe” nó “neamh-inchomhshóite” tar éis don ECA dliteanas a ghlacadh ar láimh. (Thitfeadh an neamhchosaint seo ar Dhír-Iasachtóir, áfach.)

Fiú leis an méid arna mhainneachtain (ní hé luach iomlán na hiasachta) a aistriú go méid coibhéiseach in airgeadra cruu, bheadh oibleagáid airgeadra áitiúil fós ar an iasachtaí, cé gur le luach “neamhiata” é, maidir leis an luach coibhéiseach in airgeadra cruu den mhéid arna mhainneachtain. Chaithfeadh íocaíocht an fhiachais gan íoc, arna dhéanamh ag an iasachtaí faoi dheireadh in airgeadra áitiúil, a bheith coibhéiseach le luach na híocaíochta éileamh in airgeadra cruu ag tráth déanta na híocaíochta éileamh.

An MEF is infheidhme

Déanfar an MEF sainiúil a bheidh le feidhmiú a chinneadh ar bhonn cás ar chás, ach má bhíonn na chéad trí riosca creidmheasa tíre eisíata go sainiúil, áfach, is é 0,50 an MEF uasta. Más maolú ar an riosca, agus é sin amháin, a dhéantar, i.e. gan é a eisiamh go sainráite, is é 0,35 an MEF uasta.

7. Árachas Tríú Tíre nó Ráthaíocht Choinníollach

8. Féichiúnaí a léiríonn Riosca níos Fearr ná an Riosca Flaithiúnais

Tá tuilleadh plé le déanamh ag na Rannpháirtithe ar an gcaoi a n-úsáidfear teicníc 7 agus teicníc 8 den Iarscríbhinn seo.

IARSCRÍBHINN IX

SEICLIOSTA DON CHÁILÍOCHT FORBARTHA**SEICLIOSTA DO CHÁILÍOCHT FORBARTHA NA dTIONSADAL CABHAIR-MHAOINITHE**

Tá roinnt critéar curtha i dtoll a chéile le blianta beaga anuas ag an DAC lena áirithiú go mbíonn tionscadail i dtíortha atá i mbéal forbairtha, agus a ndéantar maoiniú orthu, go hiomlán nó go páirteach, le Cabhair Forbartha Oifigiúil (ODA), ag rannchuidiú leis an bhforbairt. Go bunúsach, tá na critéir sin le fáil sna doiciméid seo a leanas:

- Prionsabail an DAC maidir le Breithmheas Tionscadal (DAC Principles for Project Appraisal, 1988),
- Treoirphrionsabail DAC maidir le Maoiniú Comhlachaithe agus Cúnamh Forbartha Oifigiúla atá Ceangailte agus atá Neamhcheangailte go Páirteach (DAC Guiding Principles for Associated Financing and Tied and Partially Untied Official Development Assistance, 1987), agus
- Dea-Chleachtais Soláthair le haghaidh Cúnamh Forbartha Oifigiúla (Good Procurement Practices for Official Development Assistance, 1986).

A MHÉID ATÁ AN TIONSADAL AG LUÍ LE TOSAÍOCHTAÍ FORIOMLÁNA INFHEISTÍOCHTA NA TÍRE FÁLA (ROGHNÚ TIONSADAL)

An bhfuil cuid an tionscadail de na cláir um infheistíocht agus chaiteachas poiblí formheasta cheana féin ag údaráis lárnacha airgeadais agus pleanála na tíre fála?

(Sonraigh an doiciméad beartais ina luaitear an tionscadal, e.g. clár um infheistíocht phoiblí na tíre fála.)

An bhfuil an tionscadal á chómhaoiniú in éineacht le hinstitiúid airgeadais idirnáisiúnta um fhorbairt?

An bhfuil fianaise ann go ndearna institiúid airgeadais idirnáisiúnta um fhorbairt nó Comhalta eile den DAC an tionscadal a bhreithniú agus ansin a dhiúlú ar an bhforas go raibh tosaíocht íseal forbairtha ag an tionscadal?

I gcás tionscadail earnála príobháidí, an bhfuil sé formheasta ag rialtas na tíre fála?

An bhfuil an tionscadal cuimsithe ag comhaontú idir-rialtasach lena bhforáiltear do raon leathan gníomhaíochtaí cabhrach a bheith á ndéanamh ag an mbronntóir sa tír fála?

ULLMHÚ AGUS BREITHMHEAS AN TIONSADAIL

Ar ullmhaíodh, dearadh agus breithmheasadh an tionscadal ag baint leasa as caighdeán agus critéir atá ag teacht, cuid mhór, le Prionsabail an DAC maidir le Breithmheas Tionscadail (PPA)? Baineann prionsabail ábhartha le breithmheas a dhéanamh ar thionscadail de réir na bpointí seo a leanas:

- (a) gnéithe eacnamaíochta (mír 30 go mír 38 den PPA);
- (b) gnéithe teicniúla (mír 22 den PPA);
- (c) gnéithe airgeadais (mír 23 go mír 29 den PPA).

I gcás tionscadail a chruthaíonn ioncam, go háirithe má bhíonn sé i mbun táirgíochta do mhargadh iomaíoch, an bhfuil an mhír lamháiltais den mhaoiniú cabhrach curtha ar aghaidh chuig críochúsáideoir na gcistí? (mír 25 den PPA).

- (a) Measúnú institiúideach (mír 40 go mír 44 den PPA).
- (b) Anailís shóisialta agus imdháiliúcháin (mír 47 go mír 57 den PPA).
- (c) Measúnú comhshaoil (mír 55 go mír 57 den PPA).

NÓSANNA IMEACHTA UM SHOLÁTHAR

Cad é an modh soláthair a bheidh in úsáid as measc na nithe seo a leanas? (Le haghaidh sainmhínte, féach na Prionsabail atá liostaithe in Dea-Chleachtas Soláthair le haghaidh ODA).

- (a) Imthairiscint iomaíoch idirnáisiúnta (Prionsabal Soláthair III agus Iarscríbhinn 2 atá ag gabháil leis: Na coinníollacha íosta maidir le himthairiscint éifeachtach iomaíoch idirnáisiúnta).
- (b) Imthairiscint iomaíoch náisiúnta (Prionsabal Soláthair IV).
- (c) Comórtas neamhfhoirmiúil nó caibidlíocht dhíreach (Prionsabail Soláthair V A nó B).

An bhfuil sé beartaithe praghas agus cáilíocht na soláthairtí a sheiceáil (mír 63 den PPA)?

IARSCRÍBHINN X

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA ATÁ INFHEIDHME MAIDIR LE HIDIRBHEARTA UM MAOINIÚ TIONSCADAIL

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

1. Raon feidhme an chur i bhfeidhm

- (a) Leagtar amach san Iarscríbhinn seo na téarmaí agus na coinníollacha ar dá réir a bhféadfaidh Rannpháirtithe tacú le hidirbhearta um maoiniú tionscadail a chomhlíonann na critéir incháilitheachta atá leagtha amach i bhFoscríbhinn 1.
- (b) Sa chás nach bhfuil aon fhoráil chomhfhreagrach san Iarscríbhinn seo, is iad téarmaí an tSocraithe a mbeidh feidhm acu.

CAIBIDIL II

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA AIRGEADAIS

2. Téarmaí uasta aisíocaíochta

Is é 14 bliana an téarma uasta aisíocaíochta, ach amháin sa chás go mbíonn an tacaíocht oifigiúil a thugann na Rannpháirtithe do chreidmheas onnmhairiúcháin níos mó ná 35 faoin gcéad den sindeacáitíú i gcomhair tionscadail i dtír Ard-Ioncaim den ECFE, agus sa chás sin is é 10 mbliana an téarma uasta aisíocaíochta.

3. Aisíocaíocht an bhunairgid agus íocaíocht an úis

Féadfar bunsuim chreidmheas onnmhairiúcháin a aisíoc i dtráthchodanna neamhchothroma, agus féadfar an bunairgead agus an t-ús a íoc ar a laghad i dtráthchodanna leathbhliana, a fhad agus a chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) ní rachaidh aon aisíocaíocht shingil den bhunairgead nó aon sraith d'íocaíochtaí an bhunairgid laistigh de thréimhse sé mhí thar 25 faoin gcéad de bhunsuim an chreidmheasa;
- (b) déanfar an chéad aisíocaíocht den bhunairgead tráth nach déanaí ná 24 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa agus beidh 2 faoin gcéad, ar a laghad, de bhunsuim an chreidmheasa aisíoctha 24 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa;
- (c) déanfar an t-ús a íoc ar a laghad gach 12 mhí agus déanfar an chéad íocaíocht úis tráth nach déanaí ná gach sé mí tar éis thúsphointe an chreidmheasa;
- (d) ní rachaidh meánré ualaithe na tréimhse aisíocaíochta thar seacht mbliana agus ráithe, ach amháin sa chás go mbíonn an tacaíocht oifigiúil a thugann na Rannpháirtithe do chreidmheas onnmhairiúcháin níos mó ná 35 faoin gcéad den sindeacáitíú i gcomhair tionscadail i dtír Ard-Ioncaim den ECFE, agus sa chás sin ní rachaidh an tréimhse aisíocaíochta thar cúig bliana agus ráithe;
- (e) tabharfaidh an Rannpháirtí fógra roimh ré de réir Airteagal 5 den Iarscríbhinn seo.

4. Rátaí íosta úis seasta

Sa chás go dtugann Rannpháirtithe tacaíocht oifigiúil maoinithe d'iasachtaí ar ráta seasta:

- (a) maidir le téarmaí aisíocaíochta suas go dtí 12 bhliain, agus 12 bhliain san áireamh, déanfaidh an Rannpháirtí na Rátaí Tagartha don Ús Tráchtála (CIRRanna) ábhartha, arna gceapadh i gcomhréir le hAirteagal 20 den Chomhaontú, a chur i bhfeidhm;
- (b) maidir le téarmaí aisíocaíochta is mó ná 12 bhliain, beidh feidhm ag formhuirear de 20 bonnphointe ar an CIRR maidir leis na hairgeadraí go léir.

CAIBIDIL III

NÓSANNA IMEACHTA

5. Fógra roimh ré i ndáil le hidirbhearta um maoiniú tionscadail

Nuair a bhíonn sé ar intinn ag Rannpháirtí tacaíocht a thabhairt de réir théarmaí agus choinníollacha na hIarscríbhinne seo, tabharfaidh sé fógra do na Rannpháirtithe go léir 10 lá féilire ar a laghad sula n-eisítear aon cheangaltas. Déanfar an fógra i gcomhréir le hIarscríbhinn V den Socrú. Más rud é, i rith na tréimhse sin, go lorgaíonn aon Rannpháirtí míniú i dtaca leis na téarmaí agus na coinníollacha ar dá réir atá tacaíocht á thabhairt, fanfaidh an Rannpháirtí a thugann an fógra 10 lá féilire eile sula n-eiseofar aon cheangaltas.

Foscríbhinn 1

CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA I nDÁIL LE HIDIRBHEARTA UM MAOINIÚ TIONSCADAIL

I. Critéir bhunúsacha

Tá an méid seo a leanas i gceist leis an idirbheart nó is tréith den idirbheart iad:

- (a) maoiniú ar aonad eacnamaíochta ar leith ina bhfuil an t-iasachtóir sásta sreafaí airgid agus tuillimh an aonaid eacnamaíochta sin a mheas mar fhoinse cistí as a ndéanfar an iasacht a aisíoc, agus go bhfuil sé sásta sócmhainní an aonaid eacnamaíochta a mheas mar chomhthaobhacht don iasacht;
- (b) maoiniú ar idirbhearta onnmhairiúcháin le cuideachta tionscadail neamhspleách (go dlíthiúil agus go heacnamaíoch), e.g. cuideachta sainchuspóra, i ndáil le tionscadail infheistíochta a ghineann a n-ioncaim féin;
- (c) comhroinnt iomchuí riosca i measc chomhpháirtithe an tionscadail, e.g. scairshealbhóirí príobháideacha nó scairshealbhóirí poiblí inchairde, onnmhairioirí, creidiúnaithe agus ceannaitheoirí tháirgí na cuideachta tionscadail, lena n-áirítear cothromas dóthanach;
- (d) sreabhadh airgid tionscadail a bheidh leordhóthanach i rith na tréimhse aisíocaíochta iomláine chun costais oibríochta agus fiach-sheirbhís do chistí seachtracha a chumhdach;
- (e) costas oibríochta agus fiach-sheirbhís a asbhaint ar bhonn tosaíochta as ioncaim an tionscadail;
- (f) ceannaitheoir/iasachtaí neamhfhlaitiúnais gan aon ráthaíocht aisíocaíochta flaitiúnais (ach gan ráthaíochtaí feidhmíochta, e.g. socruithe do cheannach táirgí na cuideachta tionscadail, san áireamh);
- (g) urrúis shócmhainn-bhunaithe i gcomhair fáltais/sócmhainní an tionscadail, e.g. sannacháin, gealltáin, cuntais fáltais;
- (h) teacht teoranta, nó gan teacht ar bith, ar urraithe scairshealbhóirí earnála príobháidí/urraithe an tionscadail, tar éis chríochnú an tionscadail.

II. Critéir bhreise maidir le hidirbhearta um maoiniú tionscadail i dtíortha ard-iomcaim an ECFE

Tá an méid seo a leanas i gceist leis an idirbheart nó is tréith den idirbheart iad:

- (a) rannpháirtíocht i sindeacáit iasachta in éineacht le hinstitiúidí airgeadais príobháideacha nach dtairbhíonn de Chreidmheas Onnmhairiúcháin arna Thacú go hOifigiúil, agus a bhfuil na nithe seo a leanas i gceist leo:
 - (1) is comhpháirtí mionlaigh ag a bhfuil stádas *pari passu* é an Rannpháirtí i rith ré na hiasachta; agus
 - (2) tá an tacaíocht oifigiúil a thugann na Rannpháirtithe do chreidmheas onnmhairiúcháin níos lú ná 50 faoin gcéad den sindeacáitiú;
- (b) maidir leis an préimhráta i gcomhair aon tacaíochta oifigiúla, ní bhaineann sé an bonn de mhaoiniú margaidh phríobháidigh atá ar fáil agus tá sé ar cóimhéid leis na rátaí comhfhreagracha atá á muirearú ag institiúidí airgeadais príobháideacha eile atá rannpháirteach sa sindeacáitiú.

IARSCRÍBHINN XI

LIOSTA SAINMHÍNITHE

Chun críche an tSocraithe:

- (a) Ceangaltas: aon ráiteas, i gcibé foirm, lena gcuirtear in iúl don tír fála, don cheannaitheoir, don iasachtaí, don onnmhaireoir nó don institiúid airgeadais go dtóilítear tacaíocht oifigiúil a sholáthar, nó go bhfuil sé ar intinn é sin a dhéanamh;
- (b) Líne Choiteann: tuiscint idir na Rannpháirtithe, maidir le hidirbheart ar leith nó in imthosca speisialta, go gcomhaontaíonn siad téarmaí agus coinníollacha airgeadais sainiúla i gcomhair tacaíochta oifigiúla. Ní ghlacann na rialacha maidir le Líne Choiteann atá comhaontaithe ionad rialacha an tSocraithe ach amháin i gcás an idirbhirt nó na n-imthosca atá sainithe sa Líne Choiteann;
- (c) Leibhéal Lamháltais na Cabhrach Ceangailte: i gcás deontas, is 100 faoin gcéad é an leibhéal lamháltais. I gcás iasachtaí, is éard é an leibhéal lamháltais ná an difríocht idir luach ainmniúil na hiasachta agus luach láithreach lascainithe na n-íocaíochtaí fiach-sheirbhíse amach anseo a bheidh le déanamh ag an iasachtaí. Sloinntear an difríocht mar chéatadán de luach ainmniúil na hiasachta;
- (d) Luach an Chonartha Onnmhairiúcháin: an méid iomlán a bheidh le híoc ag an gceannaitheoir, nó thar a cheann, ar earraí agus/nó seirbhísí a onnmhairítear, i.e. gan na costais áitiúla a bhfuil sainmhíniú anseo thíos orthu san áireamh. I gcás léasa, eisiatar an cion sin den íocaíocht léasa atá coibhéiseach leis an ús;
- (e) Ceangaltas Deiridh: maidir le hidirbhearta creidmheasa onnmhairiúcháin (bíodh sé sin ina idirbheart aonair nó ina líne chreidmheasa), is ann do cheangaltas deiridh nuair a cheanglaíonn an Rannpháirtí air féin déanamh de réir téarmaí agus coinníollacha airgeadais atá beacht agus iomlán, bíodh sin trí chomhaontú cómhálartach nó trí ghníomh aontaobhach;
- (f) Tacaíocht Ráta Úis: socrú idir rialtas agus bainc nó institiúidí airgeadais eile lena bhféadtar maoiniú onnmhairiúcháin a sholáthar ar ráta seasta atá ag leibhéal an CIR, nó os a chionn;
- (g) Líne Chreidmheasa: creat, i gcibé foirm, le haghaidh creidmheasanna onnmhairiúcháin a chumhdaíonn sraith idirbheart a d'fhéadfadh a bheith nasctha le togra sainiúil, nó a bhféadfadh sé nach ann do nasc le togra sainiúil;
- (h) Costais Áitiúla: caiteachas ar earraí agus seirbhísí i dtír an cheannaitheora atá riachtanach chun conradh an onnmhaireora a fhorghníomhú nó chun an tionscadal a bhfuil conradh an onnmhaireora mar chuid de a thabhairt chun críche. Eisiatar leis seo aon choimisiún is iníoctha le gníomhaire an onnmhaireora sa tír cheannaigh;
- (i) Cumhdach Foirfe: tacaíocht oifigiúil arna soláthar ag rialtas, nó thar ceann rialtais, trí bhíthin ráthaíocht nó árachas creidmheasa onnmhairiúcháin, agus iad sin amháin, i.e. nach dtairbhíonn de thacaíocht maoinithe oifigiúil;
- (j) Téarma Aisíocaíochta: an tréimhse dar tús túsphointe an chreidmheasa, arna shainmhíniú san Iarscríbhinn seo, agus dar críoch dáta conarthach na haisíocaíochta deiridh den bhunairgead;
- (k) Túsphointe an Chreidmheasa:
 - (1) codanna nó comhchodanna (earraí idirmheánacha), lena n-áirítear na seirbhísí gaolmhara: i gcás codanna nó comhchodanna, ní bheidh túsphointe an chreidmheasa níos déanaí ná an dáta iarbhír a nglacann an ceannaitheoir leis na hearraí nó an meándáta ualaithe a nglacann an ceannaitheoir leis na hearraí (lena n-áirítear seirbhísí, más infheidhme) nó, i gcás seirbhísí, an dáta a seoltar na sonraisc chuig an gcliant nó a nglacann an cliant leis na seirbhísí;
 - (2) earraí cuasachaipitiúla, lena n-áirítear seirbhísí gaolmhara — innealra nó trealamh, a bhfuil luach aonaid sách íseal acu de ghnáth, agus atá beartaithe lena n-úsáid i bpróiseas tionsclaíoch nó chun úsáide táirgíochta nó tráchtála: i gcás earraí cuasachaipitiúla, ní bheidh túsphointe an chreidmheasa níos déanaí ná an dáta iarbhír a nglacann an ceannaitheoir leis na hearraí nó an meándáta ualaithe a nglacann an ceannaitheoir leis na hearraí nó, má tá freagrachtaí i dtaca leis an gcoimisiún ar an onnmhaireoir, ansin is ag tráth an choimisiúnaithe a bheidh an túsphointe is deireanaí, nó i gcás seirbhísí, an dáta a seoltar na sonraisc chuig an gcliant nó a nglacann an cliant leis an tseirbhís. I gcás conartha maidir le seirbhísí a sholáthar agus freagracht ar an soláthróir i leith an choimisiúnaithe, is é tráth an choimisiúnaithe an túsphointe is deireanaí;

(3) earraí caipitiúla agus seirbhísí tionscadail — innealra nó trealamh, a bhfuil luach ard acu, agus atá beartaithe lena n-úsáid i bpróiseas tionsclaíoch nó chun úsáide táirgíochta nó tráchtála:

- i gcás conartha chun earraí caipitiúla atá comhdhéanta d'ítimí aonair is féidir a úsáid iad féin a dhíol, is é an túsphointe is deireanaí ná an dáta iarbhír a nglacann an ceannaitheoir seilbh go fisiceach ar na hearraí, nó an meándáta ualaithe a nglacann an ceannaitheoir seilbh go fisiceach ar na hearraí,
- i gcás conartha chun trealamh caipitiúil a dhíol i gcomhair gléasraí nó monarchana críochnaithe agus nach bhfuil aon fhreagracht ar an soláthróir as an gcoimisiúnú, is é an túsphointe is deireanaí ná an dáta a nglacann an ceannaitheoir seilbh go fisiceach ar an trealamh go léir (gan páirteanna spártha san áireamh) arna sholáthar faoin gconradh,
- má bhíonn an t-onnmhaireoir freagrach as an gcoimisiúnú, is é tráth an choimisiúnaithe an túsphointe is deireanaí,
- maidir le seirbhísí, is é an túsphointe is deireanaí don chreidmheas ná an dáta a seoltar na sonraisc chuig an gcliant nó a nglacann an cliant leis an tseirbhís. I gcás conartha maidir le seirbhísí a sholáthar agus freagracht ar an soláthróir i leith an choimisiúnaithe, is é tráth an choimisiúnaithe an túsphointe is deireanaí;

(4) gléasraí nó monarchana críochnaithe — aonaid táirgíochta críochnaithe a bhfuil luach ard acu agus a gcaithfear earraí caipitiúla a úsáid ina leith:

- i gcás conartha chun trealamh caipitiúil a dhíol i gcomhair gléasraí nó monarchana críochnaithe agus nach bhfuil aon fhreagracht ar an soláthróir as an gcoimisiúnú, is é an túsphointe is deireanaí ná an dáta a nglacann an ceannaitheoir seilbh go fisiceach ar an trealamh go léir (gan páirteanna spártha san áireamh) arna sholáthar faoin gconradh,
- i gcás conarthaí foirgníochta agus nach bhfuil aon fhreagracht ar an gconraitheoir as an gcoimisiúnú, is é an túsphointe is deireanaí ná an dáta a mbeidh an foirgníú tugtha chun críche,
- i gcás aon chonartha agus go bhfuil freagracht ar an soláthróir nó ar an gconraitheoir as an gcoimisiúnú, is é an túsphointe is deireanaí ná an dáta a mbeidh an tsuiteáil nó an foirgníú tugtha chun críche agus na réamhthástálacha déanta lena áirithiú go bhfuil an tsuiteáil nó an foirgníú sin réidh le cur i mbun oibríochta. Beidh feidhm aige seo is cuma má bhíonn an tsuiteáil nó an foirgníú tugtha ar lámh do cheannaitheoir ag an tráth sin, nó nach mbíonn, i gcomhréir le téarmaí an chonartha agus beag beann ar aon cheangaltas leanúnach a d'fhéadfadh a bheith ar an soláthróir nó ar an gconraitheoir, e.g. ráthaíocht a thabhairt i dtaoibh feidhmíochta éifeachtaí nó pearsanra áitiúil a oiliúint,
- más rud é go mbíonn forghníomhú ar leithligh de chodanna aonair de thionscadal i gceist leis an gconradh, is é dáta an túsphointe is deireanaí ná dáta an túsphointe do gach cuid ar leithligh, nó meándáta na dtúsphointí sin, nó, sa chás gur conradh do chuid lárnach den togra atá ag an soláthróir agus nach conradh don tionscadal ina iomláine, féadfar gurb é an túsphointe an dáta sin a bheidh iomchuí don tionscadal ina iomláine,
- maidir le seirbhísí, is é an túsphointe is deireanaí don chreidmheas ná an dáta a seoltar na sonraisc chuig an gcliant nó a nglacann an cliant leis an tseirbhís. I gcás conartha maidir le seirbhísí a sholáthar agus freagracht ar an soláthróir i leith an choimisiúnaithe, is é tráth an choimisiúnaithe an túsphointe is deireanaí;

(l) Cabhair Cheangailte: cabhair atá ceangailte go héifeachtach (le dlí nó le gníomh) le soláthar earraí agus/nó seirbhísí ón tír bhronntach agus/nó ó líon teoranta tíortha; áirítear leis seo iasachtaí, deontais nó pacáistí maoinithe comhlachaithe ag a bhfuil leibhéal lamháltais is mó ná náid faoin gcéad.

Tá feidhm ag an sainmhíniú seo cibé an ndéantar an “ceangal” le comhaontú foirmiúil nó le haon chineál tuisceana neamhfhoirmiúla idir an faighteoir agus an tír bhronntach, nó cibé an áirítear sa phacáiste comhchodanna de na foirmeacha a leagtar amach in Airteagal 31 den Socrú agus nach bhfuil ar fáil go saoráideach agus go hiomlán chun maoiniú a dhéanamh ar sholáthar ó thír fála, ó mhórán gach tír eile atá i mbéal forbartha agus ó na Rannpháirtithe, nó go mbíonn cleachtais i gceist leis a mheasann an DAC nó na Rannpháirtithe a bheidh coibhéseach le ceangal den sórt sin;

(m) Cabhair Neamhcheangailte: cabhair lena n-áirítear iasachtaí nó deontais agus a bhfuil fáiltas na n-iasachtaí nó na ndeontas sin ar fáil go hiomlán agus go saoráideach chun maoiniú a dhéanamh ar sholáthar ó aon tír;

(n) Meánré Ualaithe na Tréimhse Aisíocaíochta: an t-achar a ghlacann sé leath de bhunairgead creidmheasa a íoc ar ais. Déantar é seo a ríomh mar shuim ama (i mblianta) idir túsphointe an chreidmheasa agus gach aisíocaíocht den bhunairgead arna ualú leis an gcion den bhunairgead a íoctar ar ais ag gach dáta aisíocaíochta.

COSTAS SÍNTIÚIS 2011 (gan cáin bhreisluacha, ar chostas caighdeánach seachadta)

| | | |
|---|---------------------------------------|----------------------|
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla de chuid an AE | EUR 1 100 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir + DVD bliantúil | 22 teanga oifigiúla de chuid an AE | EUR 1 200 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla de chuid an AE | EUR 770 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, DVD míosúil (carnach) | 22 teanga oifigiúla de chuid an AE | EUR 400 sa bhliain |
| Forlónadh don Iris Oifigiúil (sraith S), soláthairtí poiblí agus dámhachtainí, DVD, eagrán amháin sa tseachtain | Ilteangach: 23 teanga oifigiúla an AE | EUR 300 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith C - comórtais earcaíochta | Teanga(cha) de réir comórtais(as) | EUR 50 sa bhliain |

Tá an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a thagann amach i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar fáil sna 22 teanga. Dhá shraith atá san Iris Oifigiúil, L (Reachtaíocht) agus C (Faisnéis agus Fógraí).

Ní mór síntiús ar leith do gach teanga.

I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle, a foilsíodh in Iris Oifigiúil L 156 an 18 Meitheamh 2005, níl ceangal ar Institiúidí an Aontais Eorpaigh, faoi láthair, na gníomhartha go léir a tharraingt suas as Gaeilge ná iad a fhoilsiú sa teanga sin. Dá bhrí sin, déantar na heágrain Gaeilge den Iris Oifigiúil a dhíol astu féin leis an bpobal.

Is éard atá san Fhorlónadh den Iris Oifigiúil (Sraith S soláthairtí poiblí agus dámhachtainí) ná na 23 leagan oifigiúla ina n-iomlán ar DVD ilteangach amháin.

Má tá síntiús agat do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá sé de cheart agat larscríbhinní éagsúla na hIrise Oifigiúla a fháil ach iad a iarraidh. Cuirtear síntiúsóirí ar an eolas faoi larscríbhinní trí fhógraí a chuirtear isteach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Díolacháin agus síntiúis

Na síntiúis do thréimhseacháin éagsúla a gcaithfear íoc astu, amhail an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá siad ar fáil ónár n-oifigí díolacháin. Tá liosta de na hoifigí díolachán sin ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige:

http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm

Tairiscíonn EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu>) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an cásdlí agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: <http://europa.eu>

